eDeposit Ireland

Sceimeanna agus seirbhisi 2008

Item Type	report
Citation	Ireland. Department of Agriculture, Fisheries & Food, 'Sceimeanna agus seirbhisi 2008', Dublin: Department of Agriculture, Fisheries & Food, 2008, pp198.
Publisher	Department of Agriculture, Fisheries & Food
Download date	2026-04-11 09:01:32
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/22840

Department of
Agriculture, Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

scéimeanna agus seirbhísí 2008



AN ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA - PRÍOMHOIFIGÍ

Príomhoifig - Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. *Íosghlao: 1890 200 510 nó 01 6072000*	**Oifig Phort Laoise** - Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise. *Íosghlao: 1890 200 506 nó 057 8674400*
Oifig an Chabháin - Foirgnimh Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. *Íosghlao: 1890 200 508 nó 049 4368200*	**Oifig Loch Garman** - Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. *Íosghlao: 1890 200 509 agus 053 9163400*
Oifig Mhaigh Nuad - Campas Gnó Mhaigh Nuad, Bloc B, Maigh Nuad Co. Chill Dara *01 5053300*	**Oifig Chloich na Coillte** - Iascaigh Mhara, Aonad C, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí *Íosghlao 1890 252 741 nó 023 59500*

Féach **Aguisíní 1A go 1G** le haghaidh sonraí teagmhála iomlána d'oifigí na Roinne, saotharlanna srl.

Féach **Aguisín 2** le haghaidh sonraí teagmhála iomlána do Choláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta Teagasc agus do Sheirbhísí Comhairleoireachta agus Traenála na gContaetha.

SCÉIMEANNA AGUS SEIRBHÍSÍ 2008

Tá cóipeanna den leabhrán seo ar fáil ar iarratas ó
oifigí áitiúla na Roinne, ó Oifigí Teagasc,
trí ríomhphost ó *publictions@agriculture.gov.ie*
Nó
sa phost ó Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha,
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Ar fáil freisin ar shuíomh idirlín na Roinne: **www.agriculture.gov.ie**

Tá bearta tacaíochta faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe in Éirinn 2007 – 2013
cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD)

An Ciste Eorpach Talmhaíochta
um Fhorbairt Tuaithe: an Eoraip
ag infheistiú i gCeantair Tuaithe

© AN ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA 2008

Tá an leabhrán seo ceaptha mar threoir amháin ar na scéimeanna agus seirbhísí arna bhfeidhmiú ag An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile agus níl aon stádas dlíthiúil aige.

CLÁR NA nÁBHAR *LEATHANACH*

BROLLACH ÓN AIRE 08

1. EOLAS GINEARÁLTA
Suíomh Idirlín na Roinne 12
Seirbhísí Ar Líne 12
Seirbhís do Chustaiméirí 13
An Cairt um Chearta le hAghaidh Feirmeoirí 14
Ráiteas Íocaíochta Bliantúil na bhFeirmeoirí 14
Íocaíochtaí Sochair Dhíreacha 14
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 15
An Plean Forbartha Náisiúnta/Clár um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013 16
Oifig Achomhairc Talmhaíochta 17
Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra 18
Idirchaidreamh um Sábháilteachta Bia 18

2. ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA D'FHEIRMEOIRÍ
Scéim na hAoníocaíochta 22
An Cúlchiste Náisiúnta 24
Trádáil/Aistriú Teidlíochtaí Aoníocaíochta 25
Modhnú 25
Traschomhlíonadh 26
Nósanna Imeachta Achomhairc 26
Maolú um Níotráití 27
An Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste 27
Scéim Taifeadta, Leasa agus Tógála Ainmhithe do Thréada Diúil 29

3. BEARTA TACAÍOCHTA MARGAIDH
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta 32
Idirghabháil Mhairteola 32
Idirghabháil Arbhar 32
Idirghabháil maidir le hIm agus Púdar Bainne Bhearrta (SMP) 33
Idirghabháil Siúcra 33
Cúnamh do Stóráil Phríobháideach 33
Bearta Tacaíochta Eile do Mhargaí Bainne an AE 33

4. AN COMHSHAOL TALMHAÍOCHTA
An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath - REPS (lena n-áirítear NATURA 2000) 36
Feirmeoireacht Orgánach 39
Scéim Bithfhuinnimh 40

5. FORAOISEACHT
Deontais Coillteoireachta agus Rátaí Préimhe 42
An Clár Foraoiseachta 2007-2013 44
Scéim Oiliúna agus Seirbhísí Comhairleacha um Fhoraoiseacht 44
Taighde agus Forbairt Foraoiseachta 45
Nós Imeachta Achomhairc na Seirbhíse Foraoiseachta 45
Rialú Leagain 46
Cosaint i gcoinne Lotnaidí agus Ghalair Foraoiseachta - Rialacháin Allmhairithe 46
Ábhar Pacáistithe Adhmaid (Pailléid, Cliathbhoscaí, srl) - Rialacháin Onnmhairithe 47
Ábhar Atáirgthe Foraoise 47

6. FEABHSÚCHÁIN STRUCHTÚRTHA
An Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht 50
An Scéim Tithíochta Cránach (Leas Ainmhithe) 51
An Scéim um Shuiteáil Feirmeoirí Óga 51

7. INRIANAITHEACHT AINMHITHE
Córas Sainaitheanta do Bheithígh Éireannacha (CMMS) 54
An Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola (NBAS) 55
An Scéim Náisiúnta Sainaitheanta Caorach (NSIS) 55
Córas Náisiúnta Sainaitheanta agus Rianaithe Muc (NPITS) 57
An Scéim Náisiúnta Sainaitheanta Gabhar (NGIS) 57
Clibeanna agus Soláthraithe Clibeanna 59
Soláthraithe Formheasta Clibeanna 60

8. TÁIRGEADH/TÁIRGÍ AINMHITHE
EALLAIGH
Ceadúnais I.S. Déan Féin É 62
Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh 62
I.S. Ceadúnais Teicneoirí 63
Ceadúnais chun Seamhain Bhuaibhigh a Dháileadh 63
Ionaid Stórála Seamhain Bhuaibhigh a Fhormheas 64
Ionaid Bailiúcháin Seamhain Bhuaibhigh a Fhormheas 64
Formheas na Foirne Bailiúcháin nó Táirgthe Ubhán/Suthanna Buaibheacha 65
Bailiúchán Seamhain Bhuaibhigh ar an bhFeirm 65
Tástálacha Réamh-Iontrála do Thairbh go stáisiúin I.S 65
Scéim Eallaigh Chiarraí 66
Leabhair Thréada 66
Tástáil Feidhmíochta Lárnach 66
Scéim an AE um Chonablaigh Mhairteola a Aicmiú 66
Lipéadú Mairteola 67

BAINNE
Cuótaí Bainne 68
Comhpháirtíochtaí Táirgthe Bainne 68
Caighdeáin AE D'fheirmeacha déiríochta agus do bhainne atá á dhíol do Thomhaltas a daoine 69
Táille Cigireachta Déiríochta 69
Cur Chun Cinn/ Bolscaireacht 69

CAORAIGH
Cláir Feabhsaithe Póir 69
Clár Feabhsaithe Caorach Folúla na Gaillimhe 69
Ceadúnas chun Inseamhnú Saorga agus Aistriú Sutha a Chleachtadh i gCaoirigh 69
Ionad Formheasta Chun Seamhan Caorach a Bhailiú 70
Leabhar Tréada Caorach agus Gabhar Folaíochta 70
Rangú Conablach Uain 70

MUCA
Ionaid Bailiúcháin Seamhain Muc Formheasta 71
Leabhar Tréada agus Clár Póraithe Muc 71
Grádú Conablach Muc 71
Córas Rialaithe Salmonella Muc 71

SLÁINTEACHAS FEOLA
Beartas Beostoic Ghlan 72
Reachtaíocht i leith Sláinteachas Feola 72

ÉANLAITH CHLÓIS AGUS UIBHEACHA
Gorlanna Éanlaithe Chlóis agus Feirmeacha Soláthair Ghortha Uibhe 73
Margaíocht Feoil Éanlaithe Clóis 73
Rialacháin Margaíochta Uibheacha 74

CAPAILL
Leabhar Folaíochta a Fhormheas 74
Clárú Capall 74
Bord na gCapall 75
Forbairt Tionscal na gCapall 76

9. SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE
Galair Infhógartha 78
Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise 79
Eitinn Bhuaibheach 79
Brúsalóis Bhuaibheach 80
Clár Cúitimh I leith Eitinne agus don Bhrúsalóis 81
Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm 82
Fliú Éanúil 86
An Scráibeach 87
Clár Náisiúnta Géinitíopa (NGP) 87
Galar Scrathach Caorach 88
BSE 88
Galar Gormtheanga 88
Péirseog 89

Puchán Ae 89
Liúcóis 89
Galar Aujeszky 89
Rialú Bodarnach 90
An Scéim Bhailithe Ainmhithe Tite 90
Fotháirgí Ainmhithe 91
Seirbhísí Saotharlainne Tréidliachta 91
Cógais Tréidliachta 92
Ceadú agus Clárú Déileálaithe 93
Rialacháin a Rialaíonn Díolachán Ainmhithe ag Margaí Beostoic 94
Rialacháin a Rialaíonn Ionaid Tionólta 94
Allmhairiú agus Onnmhairiú Ainmhithe Feirme Beo 95
Allmhairiú Ainmhithe Neamh-Thráchtála 95
Allmhairiú Táirgí de bhunadh Ainmhithe 97
Leas Ainmhithe 99

10. RIALÚ ÁBHAR BEATHÚCHÁIN
Rialú Déantúis 104
Riachtanas Lipéadaithe 104
Srianta ar Úsáid Phróitéiní Áirithe 104
Sláinteachas Beatha 104
Breiseáin in Ábhair Bheatha 105
Substaintí Neamh-Inmhianaithe 105
Luach Cothaithe 105
Seirbhísí Samplála agus Anailíse d'Fheirmeoirí 106

11. BARRA AGUS GORTÓIREACHT
BARRA
Scéim Deimhnithe Síolta 108
Cúnamh Deontais (Prátaí Póir) 109
Clárú Cineáil 109
Seirbhís Tástála Síl 109
Clár Luachála Cineálacha Barr 110
Acmhainní Géiniteacha Plandaí 110
Prátaí 111
Rialú Fiailí Urchóideacha 111
Scéimeanna Cúnaimh 111
Torthaí agus Glasraí 112

BEACHAIREACHT / MIL **113**

SLÁINTE AGUS TRÁDÁIL/LOTNAIDICÍDÍ PLANDAÍ
Rialacha an AE 114
Táirgí Cosanta Plandaí agus Bithchídí 114
Clárú agus Údarú 114
Leibhéil Fuílligh 115

AOLCHLOCH MHEILTE AGUS LEASACHÁIN
Seirbhís Anailíteach 115

12. AN TIONSCAL BIA AGUS DÍ
An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 118
Treoracha agus Rialacháin Bia 118
Ceadúnais d'Allmhairiú Fíona 119
Ceadúnais d'Allmhairiú Alcól Eitile 119

13. IASCAIGH MHARA
Forbairt ar Thionscail Iasc Mara agus Dobharshaothraithe na hÉireann 122
Bord Iascaigh Mhara (BIM) 122
Údarás na Gaeltachta 122
Rialú Thionscail Iasc Mara agus Dobharshaothraithe na hÉireann 123
Báid Iascaireachta Mara a Cheadúnú 123
Clárú na mbád Iascaireachta Mara 123
Ceadúnais Dobharshaothraithe 123
Nósanna Imeachta Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe 124
Ceadúnais agus Léasanna Urthrá 124
Ceadanna um Dhumpáil ar Farraige 124

14. COMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT
Teagasc 128
Bord Bia 137
Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann Teoranta 138
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne 138
Comhairle Tréidlianna na hÉireann 138
Coillte Teoranta 139
COFORD 139
Bord Iascaigh Mhara (BIM) 140
Foras na Mara 140
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) 140

15. SEIRBHÍSÍ RIALTAIS EILE

AN ROINN EALAÍON, SPÓIRT AGUS TURASÓIREACHTA
Bord na gCon 142
Rásaíocht Capall Éireann (HRI) 142

AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA
Clár um Fhorbairt Tuaithe in Éirinn 2007-2013 aguisín 3 & 4 144
Clár 144
Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) 145

AN ROINN FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHT/AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA CEARTA FOSTAÍOCHTA
Íosmhéid Íocaíochta agus Coinníollacha Fostaíochta d'Oibrithe Talmhaíochta 148

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
Cánachas Tarracóirí 149
Clár Uisce Tuaithe 149
Deontais Eile 150

AN ROINN IOMPAIR
Sábháilteacht Tarracóra 151
Scéim Fheabhsúcháin Áitiúla: Oibreacha Bóthair Feirme 151

AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA 152

CLÁRLANN NA TALÚN 153

MET ÉIREANN 154

OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM
Impleachtaí Cánacha Scéim na hAoníocaíochta 155
Cáin Ioncaim/Cáin Chorparáide/Cáin Ghnóthachan Caipitiúil 155
Faoiseamh Talmhaíochta ó Cháin Fháltais Caipitiúil 155
Dleachtanna Stampála 156
Cáin Bhreisluacha 159
Comhpháirtíochtaí Táirgthe Bainne 162
Plean Bainistíochta Cothaitheach Feirme 162

SUIRBHÉIREACHT ORDÁNAIS NA hÉIREANN 163

AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH
An Scéim um Chúnamh Feirme 165
ÁSPC do Chéilí Feirme 166
Comhpháirtíochtaí Feirme 167

COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR 169

AGUISÍNÍ
1A Oifigí na Roinne 172
1B Oifigí Áitiúla na Roinne 176
1C Cigireachtaí na Seirbhíse Foraoiseachta 181
1D Saotharlanna agus Stáisiúin Allamuigh 187
1E Foireann do Dheimhniú Teicniúil Prátaí Póir 188
1F Cigirí Sláinte Plandaí 190
1G An Rannóg Innealtóireachta Muirí 191

2 Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta Teagasc agus Oifigí Comhairleoireachta agus Traenála na gContaetha 192

Brollach ón Aire

Máire Ní Chochláin, T.D.,
An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tá áthas orm foilseachán "Scéimeanna agus Seirbhísí 2008" mo Roinne a sheoladh, ina leagtar amach go cuimsitheach na seirbhísí atá ar fáil do na pobail fheirmeoireachta agus iascaireachta agus do phobail níos leithne na tuaithe.

Tá na hearnálacha agrabhia agus iascaireachta i measc na n-earnálacha dúchasacha déantúsaíochta is tábhachtaí agus is rathúla sa tír seo. In 2007, agus iomaíocht thréan idirnáisiúnta le sárú, sháraigh onnmhairiú táirgí bia na hÉireann, iasc san áireamh, €8 milliún don chéad uair. Comhartha tréan é sin ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar tháirgiúlacht agus chumas na hearnála feirmeoireachta agus próiseála bia agus tagarmharc atá ann ar an gcaoi a bhfuil ag éirí léi freastal d'éileamh an mhargaidh bhia idirnáisiúnta atá ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile. Tugann neartú tráchtearraí bia an domhain dóchas go leanfaidh rath ár n-onnmhairí bia ar aghaidh, go háirithe toisc go dtugann timpeallacht bhia athraitheach an domhain an oiread sin deiseanna do náisiún a bhíonn ag onnmhairiú bia.

Oibríonn an Roinn agus a Gníomhaireachtaí Stáit i dteannta leis na hearnálacha sin le raon cuimsitheach de thacaí, scéimeanna agus seirbhísí a sholáthar atá curtha in oiriúint lena gcuid riachtanas a riar. In 2007, rinne an Roinn íocaíochtaí de €1.6 billiún san iomlán d'fheirmeoirí faoi scéimeanna éagsúla. Íocadh breis is €1.1 billiún d'fheirmeoirí faoi Scéim na hAoníocaíochta, íocadh €250 milliún eile faoin Scéim do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste agus íocadh €311 milliún faoi REPS.

Íocadh beagnach leath de na híocaíochtaí go léir faoi Scéim na hAoníocaíochta in 2007 díreach isteach i gcuntais bhainc na bhfeirmeoirí. Faoi cheanglais reatha an Choimisiúin Eorpaigh, ó lár Dheireadh Fómhair 2008 ar aghaidh ní mór gach íocaíocht d'fheirmeoir a íoc i gcuntas bainc agus ní thabharfar cead í a íoc trí sheic a thuilleadh. Cuireadh feirmeoirí ar a n-eolas faoin gceanglas sin agus molaim sonraí cuntais bhainc a sholáthar do mo Roinn ar an bhfoirm údaraithe ábhartha.

Tugadh isteach íocaíochtaí ar líne do Scéim na hAoníocaíochta den chéad uair in 2007. Rinneadh an fhoirm iarratais a fheabhsú níos mó agus rinneadh é níos éasca le húsáid le haghaidh 2008. Le sonraí iomlána a fháil air sin agus ar na seirbhísí eile ar líne a chuireann mo Roinn ar fáil tabhair cuairt ar www.agfood.ie

Tugadh an Scéim Taifid Leasa agus Tógála Ainmhithe do Thréada Diúil isteach in 2007. Tabharfaidh an scéim, a thugann an státchiste maoiniú 100% di, €235 milliún d'fheirmeoirí tréad diúil thar na cúig bliana seo amach romhainn. Cabhróidh an Scéim le táirgeoirí freastal d'éilimh thomhaltóirí ar leibhéil arda de leas ainmhithe agus tháirgeadh mairteola ar ardchaighdeán chomh maith leis an mbunús soláthair a fháil do thionscal na mairteola.

Rinne an AE REPS 4 a fhormheas i ndeireadh Iúil 2007 mar chuid den Chlár um Fhorbairt Tuaithe in Éirinn 2007-2013. Cuireadh maoiniú €3 billiún ar fáil don Scéim suas go 2013 agus tagann €1.6 billiún den mhéid sin ón Státchiste Náisiúnta - beagnach méid an tsoláthair náisiúnta go dtí 2006 faoi dhó. Ní hamháin go bhforálann REPS do chosaint na tuaithe, ach cinnteoidh sí go ndéanfar táirgeadh príomhúil talmhaíochta ar bhealach atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Faoi dheireadh, cuirim fáilte roimh chinneadh an Rialtais i Meán Fómhair 2007 an Roinn nua Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a bhunú. Agus freagracht as bia mara á comhtháthú tugtar deiseanna nua forbairt na dtionscal iascach mara agus dobharshaothraithe a bhrú ar aghaidh i dteannta le béim athnuaite ar fhorbairt an tionscail bhia go ginearálta, trí smaoineamh úr ó earnálacha eile den tionscal bia a chur isteach agus trí fhorbairt táirgí agus margaí nua.

Máire Ní Chochláin, T.D.
An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

An tAire Stáit Seán de Brún, T.D.,
(freagrach as Iascaigh Mhara)

An tAire Stáit Máire de Bhailís T.D.,
(freagrach as an bhForaoiseacht)

An tAire Stáit Trevor Sargent, T.D.,
(freagrach as Bia agus Gortóireacht)

01 eolas ginearálta

1. EOLAS GINEARÁLTA

SUÍOMH IDIRLÍN NA ROINNE

"Le haghaidh rochtain láithreach ar uile atá ag tarlú i dTalmhaíocht, Iascaigh agus Bia"

Tabhair cuairt ar ár **suíomh idirlín** ag **www.agriculture.gov.ie**

Le haghaidh eolais ar

- Scéimeanna agus Seirbhísí na Roinne;
- Preaseisiúintí agus Óráidí;
- Nótaí Eolais ar cheisteanna reatha;
- Uimhreacha Teagmhála d'Oifigí na Roinne;
- Foilseacháin.

Is féidir leat ceisteanna a chur i **ríomhphost** chuig info@agriculture.gov.ie

SEIRBHÍSÍ AR LÍNE

Cuireann an Roinn roinnt Seirbhísí leictreonacha ar fáil do chliaint faoi láthair ar féidir rochtain a fháil orthu trí mheán a suímh idirlín ag www.agriculture.gov.ie nó www.agfood.ie. Áirítear leo siúd:

- SAI/iMap - a thugann rochtain ar eolas d'iarratais ar Scéim na hAoníocaíochta (SAI) nó ar Chúnamh Limistéir lena n-áirítear:
    - Iarratas SAI ar líne;
    - Sonraí Iarratais Achoimre, Sonraí an Bhirt agus fiosrúchán faoi Íocaíocht Arúil;
    - Fiosrúchán cáipéise ag taispeáint íomhánna scanta de do chomhfhreagracht Cúnaimh Limistéir/SAI leis an Roinn, agus iad uilig inphriontáilte;
    - Mapáil daite le haghaidh do bhearta talún, ar féidir a phriontáil freisin.
- AIM - a sholáthraíonn rochtain ar an gcóras Sainaitheanta agus Gluaiseachta Ainmhithe, atá go léir ar fáil agus teicneolaíocht fóin phóca á húsáid lena n-áirítear:
    - Áis Cláraithe Breith Laonna, a cheadaíonn duit breith laonna a chlárú ar líne;
    - Fiosrúchán faoi Phróifíl Tréada, a ligeann duit sonraí na n-ainmhithe i do thréad a fheiceáil ar CMMS, chomh maith le gluaiseachtaí isteach agus amach ón tréad;
    - Áis Teastais Chomhlíonta, a ligeann duit iarratas a chur isteach ar líne le haghaidh teastas comhlíonta CMMS, atá riachtanach le haghaidh gluaiseacht ainmhí áirithe.

Molann an Roinn dá cliaint clárú ar a suíomh idirlín (www.agriculture.gov.ie nó www.agfood.ie) le haghaidh seirbhísí eiseacha agus seirbhísí amach anseo tríd an íocón Seirbhísí Ar Líne agfood a chliceáil agus na treoracha simplí a leanúint. Is féidir le feirmeoirí dul i dteagmháil freisin le Deasc Chabhrach Seirbhísí Ar Líne agfood (uimhir ghlao áitiúil 1890 252 118) chun clárú ar an bhfón nó chun foirm iarratais a fháil. Gheobhaidh tú Cód Rochtana Pearsanta agus pasfhocal le haghaidh idirghníomhú sábháilte leis an Roinn. Nuair atá cliant tar éis clárú le haghaidh Seirbhísí Ar Líne beidh rochtain acu ar na háiseanna nua uile arna dtabhairt isteach ag an Roinn a bhaineann leis an gnó atá acu.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá ardchaighdeán na seirbhíse soláthartha dár gcustaiméirí uile mar thosaíocht ag an Roinn, agus táimid de shíor ag lorg slite chun éifeachtacht agus caighdeáin an tseachadta a fheabhsú.

Go dtí seo tá Cairt do Chustaiméirí soláthartha againn agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara, a dhéanfar an dá cheann acu a nuashonrú i rith 2008. Tugann an Chairt gealltanais don chustaiméir maidir leis an leibhéal agus ardchaighdeán na seirbhíse gur féidir a bheith ag súil léi ina d(h)éileálacha leis an Roinn. Leathnaíonn an Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara ar na gealltanais seo, ag leagadh amach conas mar a dhéanfaidh an Roinn seachadadh agus monatóireacht orthu. Tá comhairleoireacht agus aiseolas ónár gcliaint riachtanach i gcabhrú linn ár seachadadh seirbhíse a fheabhsú i ngach slí gur féidir.

AONAD SEIRBHÍSE ARDCHAIGHDEÁIN

Tá an tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, atá faoi cheannas Oifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara agus an Chairt do Chustaiméirí, chomh maith le gníomhaíocht a chomhordú ar fheabhsúcháin bhreise i seachadadh seirbhísí na Roinne dá custaiméirí.

Mar úsáideoir dár seirbhísí, tá tú suite go foirfe chun tairbhe do thaithí a thabhairt dúinn agus chun cúnamh a thabhairt dúinn i bpictiúr cruinn a fháil ar chaighdeán ár seirbhísí agus chun limistéir ina bhfuil feabhsúcháin riachtanach a aithint ionas go leanann an Roinn ar aghaidh ag freastal ar do riachtanais athraitheacha. Má tá aon rud le rá agat, dearfach nó diúltach, faoi na seirbhísí atá faighte agat agus/nó má tá aon mholtaí agat ar conas is féidir an tseirbhís a fheabhsú, ba mhaith leis an Oifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin scéal a fháil uait. Tá Cárta Tuairime Custaiméara ar fáil ó oifigí uile na Roinne agus díreach ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin.

GEARÁIN

Má tá tú míshásta leis an tseirbhís a fhaigheann tú, is féidir leat úsáid a bhaint as Nós Imeachta um Ghearáin Chustaiméara na Roinne tríd an ábhar a tharchur chuig an Oifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin a dhéanfaidh cigireacht iomlán agus neamhchlaon air. D'fhéadfaí gearáin a dhéanamh i bpearsa, i scríbhinn, ar an teileafón nó trí ríomhphoist.

Tá cóipeanna den Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara is deireanaí, den Chairt do Chustaiméirí agus de bhileog ag míniú an Nós Imeachta um Ghearáin Chustaiméirí ar fad ar fáil ó oifigí uile na Roinne nó díreach ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin ag an seoladh thíos, nó trí shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Pailliún B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 8694330, Facs 057 8694381 nó r-phost: qualityserviceunit@agriculture.gov.ie

AN CHAIRT UM CHEARTA LE HAGHAIDH FEIRMEOIRÍ

D'aontaíodh ar an gCairt um Chearta le haghaidh Feirmeoirí 2005/2007 tar éis plé leis na heagraíochtaí feirmeoireachta. Beidh sé ar bun go n-aontófar ar Chairt nua um Chearta i rith 2008.

Leagann an Chairt amach spriocanna ar leith atá le baint amach ag ár gcustaiméirí feirmeora agus clúdaíonn sí na seirbhísí seo a leanas:

- Scéim na hAoníocaíochta;
- An Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste;
- An Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme;
- An Scéim Sláinteachas Déiríochta;
- Scéim na bhFiontar Malartach;
- An Scéim um Chúnamh Suiteála d'Fheirmeoirí Óga;
- An Scéim Leasa Muc;
- An Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht;
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- An Scéim Préimhe agus Deontais Coillteoireachta;
- ERAD agus Scéimeanna Íocaíochta Sláinte Ainmhí eile.

Leanann an Chairt ár ngealltanas chuig an 12 phrionsabal Seirbhíse Chustaiméara Ardchaighdeáin leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse Chustaiméara agus ár gCairt. Déanann coiste athbhreithnithe a bhuaileann le chéile go rialta faoi chathaoirleach neamhspleách monatóireacht ar dhul chun cinn faoin gCairt. Tá an coiste déanta suas d'ionadaithe ó heagraíochtaí feirme agus foireann na Roinne.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le Cairt um Chearta le hAghaidh Feirmeoirí a fháil ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia,Pailliún B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise.
Teil: 057 8694330. Tá cóipeanna den Chairt le fáil ag Oifigí uile na Roinne.

RÁITEAS ÍOCAÍOCHTA BLIANTÚIL NA BHFEIRMEOIRÍ

Mar aon le gealltanas na Roinne sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméara chun eolas soiléir agus cruinn a sholáthair, eisítear Ráiteas Íocaíochta Bliantúil chuig na cliaint fheirmeora uile atá tar éis íocaíochtaí a fháil ón Roinn. Is liosta ilchodach é an ráiteas d'íocaíochtaí uile eisithe ag an Roinn chuig (agus fiacha cruinnithe ag an Roinn ó) feirmeoir in aon bhliain féilire. D'eisíodh an Ráiteas Íocaíochta Bliantúil do 2007, ag tabhairt sonraí d'íocaíochtaí agus de chruinnithe uile déanta in 2007, i bhFeabhra 2008.

ÍOCAÍOCHTAÍ SOCHAIR DHÍREACHA

Eisíonn an Roinn roinnt mhaith íocaíochtaí d'fheirmeoirí trí Shochar Díreach anois. Faoin modh íocaíochta seo aistrítear airgead go leictreonach díreach isteach i gcuntas bainc ainmnithe an fheirmeora. Ag an am céanna eisítear duillín íocaíochta sa phost chuig an bhfeirmeoir le dearbhú na híocaíochta agus sonraí an idirbhirt.

Faoi cheanglais reatha an Choimisiúin Eorpaigh, ó lár Dheireadh Fómhair 2008 ar aghaidh ní mór gach íocaíocht d'fheirmeoir a íoc i gcuntas bainc agus ní thabharfar cead íoc trí sheic a thuilleadh. Cuireadh feirmeoirí ar a n-eolas faoin gceanglas sin agus iarrtar orthu a gcuid sonraí cuntais bhainc a chur chuig an Roinn ar an bhfoirm údaraithe ábhartha.

Seachas ceanglas an Choimisiúin Eorpaigh, modh íocaíochta caoithiúil agus éifeachtach ar chostas atá in íocaíocht ag Sochar Díreach ar go leor cúiseanna:

SÁBHÁIL AMA/NÍOS CAOITHIÚLA;

Seachnaítear am caite ag dul chuig an mbanc agus sa scuaine chun seiceanna a shóinseáil nó a lóisteáil.

MODH ÍOCAÍOCHTA NÍOS TAPÚLA;

Tríd an gcóras seo tugtar sochar do na cuntais seo níos tapúla. Faoin modh íocaíochta Sochair Dhíreach, aistrítear airgead díreach isteach sa chuntas ainmnithe.

NÍOS SÁBHÁILTE;

Díothaíonn íocaíochtaí sochair chuig cuntais bhainc an fhéidearthacht de chaillteanas nó ghoid seiceanna agus an iarracht agus an mhoill a bhíonn i gceist le hionadú a lorg.

FÓGRA ÍOCAÍOCHTA FÓS EISITHE;

Fógraítear lóisteálacha sa phost chuig an bhfeirmeoir mar dhuillín íocaíochta le sonraí iomlána an aistrithe.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha údaraithe don mhodh íocaíochta seo a fháil ó Shochar Díreach, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368283

AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Soláthraíonn na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 go bhfuil an ceart ag gach duine rochtain a lorg ar eolas pearsanta coinnithe fúthu ag comhlachtaí poiblí le neamhchead ar cathain a cruthaíodh iad agus ar thaifid eile a cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán 1998.

Faoin Acht tá an ceart ag gach duine:

- Rochtain a lorg ar thaifid coinnithe ag an Roinn;
- Ceartú a lorg ar eolas pearsanta maidir leis an duine féin coinnithe ag an Roinn, áit atá sé mícheart, easnamhach nó míthreorach;
- Cúiseanna a fháil ar chinntí déanta ag an Roinn áit a bhíonn tionchar díreach ag cinntí dá leithéid ar an duine sin.

Nuair atá iarratas um Shaoráil Faisnéise á dhéanamh tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara:

- Go gcaithfidh an t-iarratas a bheith i scríbhinn agus caithfear a thaispeáint go bhfuil an t-eolas á lorg faoin Acht um Shaoráil Faisnéise;
- Go gcaithfidh an t-iarratas go leor sonraí a sholáthar chun gur féidir na taifid a lorgaítear a aithint. Má tá deacracht agat leis na taifid bheachta atá uait a aithint, tabharfaidh baill foirne cúnamh duit in ullmhú d'iarratais;
- Má tá eolas pearsanta á lorg agat, ba chóir go mbeadh foirm aitheantais éigin, m.sh cóip de theastas tiomána, pas srl. i dteannta d'iarratas;
- Nuair atá eolas ag teastáil i bhformáid ar leithligh .i. fótachóip, diosc ríomhaire, srl. ba chóir go mbeadh sé seo léirithe i d'iarratas, freastalófar ar do rogha chomh fada agus atá féideartha go réasúnta.

Cuimhnigh go bhféadfadh go mbeadh na taifid atá uait ar fáil go poiblí cheana féin. Má tá, níl aon ghá iarratas foirmiúil um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh.

I bhformhór de na cásanna, caithfidh an Roinn a cinneadh maidir le hiarratas a thabhairt laistigh de cheithre seachtaine (.i. 20 lá oibre) ón lá ar a fhaigheann siad é. Áit a bhaineann comhairleoireacht tríú páirtí, soláthraítear do thrí seachtaine breise.

Níl aon chostas ar eolas pearsanta a lorg. Le héifeacht ó 7 Iúil 2003, tá táillí le híoc roimh ré le haghaidh iarratais ar eolas neamhphearsanta. Is í an táille reatha caighdeánach ar an gcéad iarratas d'eolas neamhphearsanta ná €15. Baineann táille laghdaithe de €10 d'iarrthóirí le cárta leighis.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó: An tAonad Saorála Faisnéise, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Pailliún B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 8694327; Facs: 057 8694381; r-phost: foi@agriculture.gov.ie

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA/ AN CLÁR UM FHORBAIRT TUAITHE, 2007-2013

Beidh an ghné agrabhia agus iascaigh faoi fhochláir éagsúla den Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) freagrach as €9.3 billiún de chaiteachas poiblí (€8.7bn d'agrabhia agus €583m d'iascaigh). As an €8.7bn dáiltear €5.78bn don chlár um fhorbairt tuaithe (RDP). Tá an chuid is mó de mhaoiniú NDP curtha in áirithe d'fhorbairt talmhaíochta agus bia faoi cheithre fhochláir a phléann le hiomaíochas (€1.7bn), leis an gcomhshaol (€6bn), leis an tionscal bia (€289m) agus le taighde ar agrabhia (€641m). Ar cheisteanna iascaigh dáileadh €583 milliún san iomlán do thaighde mhara, chosaint cósta, fhorbairt na hearnála iascaigh (próiseáil agus margaíocht bia mara, oiliúint, dobharshaothrú) agus d'fhorbairt bhonneagar cósta na n-iascach (piaraí agus cuanta). Tá moltaí Plean Gníomhaíochta Agri-Vision 2015 léirithe sna bearta tacaíochta faoin NDP.

Tá leithdháileadh €5.78bn ag an RDP a íocfar €2.3bn de as an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe i bhforfheidhmiú Chlár na hÉireann um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013 (RDP). Pléann an RDP le trí thosaíocht - iomaíochas, an comhshaol agus eacnamaíocht níos leithne na tuaithe.

Maidir le hiomaíochas tá maoiniú méadaithe ar fáil do Luathscor, Infheistíocht Fheirme agus Scéimeanna Cúnaimh Suiteála. Méadaíodh maoiniú go mór don Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS 4), Natura 2000 agus an Scéim do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste. Áirítear raon de bheart san RDP le forbairt na gceantar tuaithe a chothú agus cur leis an gcaighdeán maireachtála sna ceantair sin. Is í an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a riarann na bearta tacaíochta d'eacnamaíocht níos leithne na tuaithe (féach caibidil 14 le tuilleadh eolais a fháil).

I dteannta leis an RDP tá bearta tacaíochta eile do Thalmhaíocht, Iascach agus Bhia ann faoin NDP, a mhaoinítear go hiomlán as an státchiste náisiúnta. Áirítear leo siúd Infheistíocht ar an bhFeirm faoin gclár iomaíochais agus Scéim Leasa Ainmhithe um Thréada Diúil faoin gclár comhshaoil. Maoinítear bearta foraoiseachta go hiomlán as an státchiste náisiúnta faoin NDP (féach caibidil 5 le tuilleadh eolais a fháil ar Fhoraoiseacht).

Soláthróidh Clár Bia an NDP infheistíocht i mbonneagar caipitiúil agus margaíocht. Cuirfidh Fochlár Taighde Agrabhia an NDP tacaíocht eolaíochta ar fáil d'earnáil nua-aimseartha, nuálaíoch a bheidh á stiúradh ag eolas (féach caibidil 12 le tuilleadh eolais a fháil).

OIFIG ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA

Is gníomhaireacht í an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a sholáthraíonn an tseirbhís achomhairc d'fheirmeoirí atá míshásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe.

CUID DE GHNÉITHE NA HOIFIGE

- Tá Oifigigh Achomhairc neamhspleách i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna;
- **Caithfidh achomhairc a bheith lóisteáilte laistigh de 3 mhí ó chinneadh na Roinne. Caithfidh gach achomharc a bheith déanta i scríbhinn** agus caithfidh ráiteas na bhfíoras a bheith iontu agus caismirtí ar a bhfuil sé i gceist ag an achomharcóir braith orthu;
- Sealbhaítear gach cás d'Oifigeach Achomhairc indibhidiúil a thógann an fhianaise ar fad san áireamh agus a dhéanann cinneadh ansin. Eisítear litir cinnidh cuimsitheach chuig an achomharcóir agus an Roinn araon;
- Tá sé de cheart ag achomharcóir éisteacht bhéil a bheith aige/aici, le bheith tionólta i láthair neodrach atá áiseach don achomharcóir. Tionóltar éisteachtaí béil go príobháideach agus bíonn siad chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir. Is féidir leis an t-achomharcóir duine a thabhairt leis/léi mar ionadaí ag an éisteacht bhéil agus bíonn ionadaí ag an Roinn ag an éisteacht freisin.

Déileálann an Roinn le hachomhairc faoi réimse scéimeanna lena áirítear iad seo a leanas:

- Scéim na hAoníocaíochta;
- An Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste;
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- An Scéim um Luathscor;
- An Fheirmeoireacht Orgánach;
- Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm (lena áirítear Bainistíocht Dramhaíl Feirme, Feabhsúchán i gCaighdeáin Sláinteachais Déiríochta agus Fiontair Mhalartacha);
- An Clár Feabhsúcháin Feirme (Gortóireacht san áireamh);
- Cúnamh Suiteála;
- Gnéithe neamh-luachála de Scéimeanna Dhíothaithe Eitinne agus Brúsalóise.

Tá foirm 'Nóta Eolais agus Fógra Achomhairc' na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ar fáil ó oifigí áitiúla na Roinne, ón Oifig féin, nó ar shuíomh idirlín na hOifige, **www.agriappeals.gov.ie**, a chuimsíonn eolas eile faoin Oifig.

Do thuilleadh eolais déan teagmháil leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Kilminchy, Port Laoise, Co. Laoise.
Íosghlao: 1890 671671 nó Teil: 057 8667167; Facs: 057 8667177
r-phost: appeals.office@agriculture.gov.ie suíomh idirlín: www.agriappeals.gov.ie

PAINÉAL IDIRCHAIDRIMH TOMHALTÓRA

Bunaíodh an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra chun cumarsáid idir an tomhaltóir agus an Roinn a láidriú. Tá tuairim an tomhaltóra riachtanach do thodhchaí tionscal talmhaíochta ilfheidhmeach forásach, ag iamh ní hamháin an fheidhm bhunúsach de tháirgeadh bia ach sábháilteacht bhia, caighdeán bia, ceisteanna timpeallachta agus leasa ainmhí. Sa chomhthéacs seo bunaíodh an Painéal, mar ionadaí ar thomhaltóirí ginearálta, chun:

- Comhthadhaill ar cheisteanna ginearálta bunaithe ar an tomhaltóir agus an cliant maidir le gníomhaíochtaí na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia;
- Trácht ar an sruth eolais chuig agus ón bpobal araon.

Buaileann an painéal le chéile go rialta chun ionchur agus aiseolas i dtuairim an tomhaltóra a sholáthair chuig an Roinn agus freisin chun a bheith mionteagasctha ar ghníomhaíochtaí na Roinne.

Is féidir le tomhaltóirí a bhfuil fonn orthu cumarsáid a dhéanamh leis an bPainéal é a dhéanamh trí dul i dteagmháil le Rúnaíocht Painéil Idirchaidrimh na dTomhaltóirí, f/ch An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Teach Talmhaíochta (6E), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. 01-6072569, Facs. 01-6621165 nó trí r-phost go consumer@agriculture.gov.ie

IDIRCHAIDREAMH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

Tá an táirgeadh de bhia chuig na caighdeáin is airde sábháilteachta féideartha laistigh de chórais feirmeoireachta inbhuanaithe mar cheann de spriocanna móra na Roinne. Baintear na caighdeáin arda seo amach trí réimse leathan gníomhartha:

- An feidhmiú de chaighdeáin rialaitheacha dhochta maidir le clárú, aithint agus lipéadú, ionchur feirme, sláinte ainmhí, leas ainmhí, sláinteachas tréidliachta, leigheasanna ainmhí, sláinte plandaí agus lotnaidicídí;
- Feidhmiú rialacha an AE agus náisiúnta maidir le hiompar, ionaid margaíochta, monarcha próiseála, oibriúcháin stórála agus dáilte;
- Smachtú allmhairí agus onnmhairí ainmhithe agus plandaí agus a dtáirgí;
- An taighde agus faireachas de phataiginí iompartha in ainmhí agus i mbia bainte amach i saotharlanna taighde tréidliachta na Roinne, saotharlanna eolaíochta déiríochta, saotharlann lotnaidicíde agus saotharlanna príobháideacha formheasta;
- Comhoibriú dlúth le Gníomhaireachtaí Rialtais ar cheisteanna sábháilteachta bia;
- An soláthar de dheontais chuig comhlachtaí bia, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí taighde sa réimse de shábháilteacht bhia.

Is é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) an comhlacht náisiúnta le freagracht foriomlán faoin Acht FSAI 1998 as feidhmiú gach reachtaíocht sábháilteachta bia maidir le próiseáil agus dáileadh. Is gníomhaíocht reachtúil, neamhspleách, eolaíocht-bhunaithe é atá tiomnaithe do shláinte phoiblí agus spéis an tomhaltóra a chosaint i réimse na sábháilteachta agus an tsláinteachais bhia. Baineann an FSAI amach a théarmaí tagartha trí chonarthaí seirbhíse le roinnt mhaith gníomhaireachtaí rialtais. Tá conarthaí seirbhíse ag An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia leis an FSAI i sláinteachas feola, bainne agus táirgí bainne, uibheacha agus táirgí uibhe, smachtú lotnaidicíde, poist cigireachta teorainn, an clár monatóireachta fuílligh, treoir na zónóisí agus lipéadú bia. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an FSAI ar 01 8171300 nó trí chuairt a thabhairt ar a shuíomh idirlín ar www.fsai.ie.

Comhoibríonn an Roinn leis an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia freisin (FSPB, aitheanta freisin mar ***Safefood***) i seachadadh a théarmaí tagartha. Is é an misean atá ag an FSPB, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ná chun muinín a uchtú agus a choinneáil i seachadadh bia in oileán na hÉireann, trí obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú.

Do thuilleadh eolais, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01 6072443 nó 01 6072046

02 Íocaíochtaí Tacaíochta d'Fheirmeoirí

2. ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA D'FHEIRMEOIRÍ

SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA

Tugadh Scéim na hAoníocaíochta isteach in Éirinn ar an 1 Eanáir 2005.

INCHÁILITHEACHT

Go ginearálta, baineann Scéim na hAoníocaíochta le feirmeoirí a bhí gníomhach i bhfeirmeoireacht sna blianta tagartha 2000, 2001 agus 2002, a íocadh Préimheanna Beostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta leo i gceann amháin nó níos mó de na blianta sin agus a lean ar aghaidh ag feirmeoireacht in 2005.

Tá an Aoníocaíocht chomhlán bunaithe ar an meánlíon ainmhithe agus/nó an meánlíon heicteáir (i gcás Cúnamh Curaíochta) ar a ndearnadh íocaíochtaí sna trí bliana tagartha.

SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA 2007

B'é 15 Bealtaine 2007 an dáta deiridh d'iarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta 2007.

IARRATAIS AR LÍNE

Cuireadh an áis le haghaidh iarratais ar líne ar fáil d'fheirmeoirí don chéad uair in 2007. Is féidir le feirmeoirí iarratais dhíreacha a chur isteach nuair atá siad cláraithe leis an Roinn i gcomhair seirbhísí ar líne nó is féidir le gníomhaire talmhaíochta údaraithe iarratas a dhéanamh ar a son (féach sonraí na Seirbhísí Ar Líne a chuireann an Roinn ar fáil i gCaibidil 1).

Caithfidh Gníomhairí Talmhaíochta a bheith ina bpleanálaithe/gcomhairleoirí a bhfuil cáilíochtaí cuí acu le taithí aitheanta de bheith ag comhlíonadh foirmeacha iarratais shuntasacha thar ceann fheirmeoirí, agus a bheith cláraithe leis an Roinn ar mhaithe le hiarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta a chur isteach.

PRÉIMH DHÉIRÍOCHTA

Tugadh isteach Préimh Dhéiríochta nua in 2004. Rinneadh í a chúpláil le táirgeadh bainne in 2004 (bunaithe ar chuóta bainne ag 31 Márta 2004), ach rinneadh í a dhíchúpláil ó tháirgeadh bainne in 2005 (bunaithe ar chuóta bainne ar 31 Márta 2005) agus, nuair ba chuí, cuireadh le haon teidlíochtaí cheana bunaithe faoi Scéim na hAoníocaíochta í.

Na rialacha ginearálta a bhaineann le incháilitheacht don Phréimh Dhéiríochta díchúpláilte in 2005 ná go gcaithfidh feirmeoir (a) cuóta bainne a bheith aige/aici ar 31 Márta 2005, ach amháin má tá léas sealadach tar éis a bheith ceadaithe ar bhonn force majeure/cúinsí eisceachtúla agus (b) a bheith tar éis bainne a sheachadadh ar a g(h)abháltas i rith bhliain an chuóta bainne 2004/2005 nó roimh 15 Bealtaine 2005.

PRÉIMH AN BHAIRR PRÓITÉINE

Déanfar íocaíocht préimhe forlíontach de €55.57 in aghaidh an heicteáir le hiarratasóirí a fhógraíonn próitéiní ar a bhFoirm Iarratais Aoníocaíochta.

CÚNAMH DO BHARRA FUINNIMH

Déanfar cúnamh do bharra fuinnimh ag an ráta de €45 in aghaidh an heicteáir le hiarratasóirí a fhógraíonn barra fuinnimh ar a bhFoirm Iarratais Aoníocaíochta agus a chuir isteach an conradh cuí nó litir ghealltanais taobh istigh den amscála atá ag teastáil.

Bunaíodh Limistéar Ráthaithe Uasta (MGA) san Aontas Eorpach do Bharra Fuinnimh, lenar féidir cúnamh a dheonú dóibh, ag 2 milliún heicteár. Sa chás go sáraíonn an limistéar lena bhfuil cúnamh á éileamh dó an MGA seo, laghdófar an ráta faoina íocfar an cúnamh go coibhneasach don bhliain atá i gceist.

Ba chóir d'iarratasóirí faoi Scéimeanna na mBarr Fuinnimh agus Cur i Leataobh Neamhbhia téarmaí agus coinníollacha iomlána na scéimeanna seo a fháil trí dul i dteagmháil le Rannóg na mBarr Fuinnimh, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, Teil: 057 8678701 agus 057 8678709 nó trí ríomhphost chuig energycrops@agriculture.gov.ie.

PRÉIMH FHUINNIMH NÁISIÚNTA

Is féidir breisiúchán de €80 in aghaidh an heicteáir, maoinithe ón Státchiste Náisiúnta, a íoc chomh maith leis an Scéim do Bharra Fuinnimh. Beidh an breisiúchán seo faoi réir ag buaic uasta de 37.5 heicteár thar tréimhse trí bliana leantacha ar bith ina ndéantar an t-iarratas ar mhaoiniú. Tiocfaidh an íocaíocht bhreise seo i bhfeidhm do bhliain na Scéime 2007 ar aghaidh.

CÚITEAMH BHIATAS SIÚCRA

D'aontaigh Comhairle Airí an AE ar leasú an Chórais Siúcra go déanach in 2005, agus glacadh leis na Rialacháin a rialaíonn ionchorprú an chúiteamh biatais siúcra isteach i Scéim na hAoníocaíochta ina dhiaidh sin. Tar éis roinnt comhairliúcháin, bheartaigh an tAire go ndéanfaí na Teidlíochtaí a ríomh bunaithe ar an méid chonraithe ar an meán a bhí ag duine aonair le Siúcra Éireann Teoranta sa Tréimhse Tagartha 2001, 2002 agus 2004. Cuireadh an cúiteamh a bhí iníoctha le feirmeoirí de bharr an Chórais Siúcra isteach i Scéim na hAoníocaíochta le héifeacht ó 2006.

IARRATAS AR SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA

Tá iarratas ar Scéim na hAoníocaíochta riachtanach ó fheirmeoirí atá ag cur iarratas isteach ar aon cheann de na scéimeanna seo a leanas in 2008:

- An Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste;
- Scéim na hAoníocaíochta;
- Scéim na mBarr Fuinnimh (lena n-áirítear an phréimh Fhuinnimh Náisiúnta);
- Scéim na mBarr Próitéine;
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- An Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramhaíola Feirme;
- An Scéim um Chúnamh Infheistíochta d'Fheabhsúcháin Chaighdeáin Sláinteachais Déiríochta;
- An Scéim um Chúnamh Infheistíochta i bhFiontair Mhalartacha;
- An Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht;
- An Scéim um Chúnamh Suiteála d'Fheirmeoirí Óga;
- Scéim an Fhodair Thriomaithe;
- Scéim na Préimhe Coillteoireachta;
- Scéim Leasa na mBó Diúil.

AN CÚLCHISTE NÁISIÚNTA

Tá sé d'oibleagáid ar gach Ballstáit Cúlchiste Náisiúnta a bhunú, ag úsáid suas le 3% de luach na dteidlíochtaí bunaithe d'fheirmeoirí a bhí ag feirmeoireacht i rith na tréimhse tagartha 2000 – 2002.

D'fhéadfadh teidlíochtaí a bheith riartha ar chatagóirí áirithe d'fheirmeoirí. Bunaíodh Coiste Comhairleoireachta Aonfocaíochta (déanta suas d'ionadaithe na n-eagraíochtaí feirmeoireachta, na Roinne agus Teagasc) chun comhairle a thabhairt don Aire ar cheisteanna ar nós:

- An céatadán asbhainte le bheith curtha i bhfeidhm chun an Cúlchiste Náisiúnta a bhunú;
- Catagóirí faoinar féidir le feirmeoirí iarratas a chur isteach ar an gCúlchiste;
- Critéir chun líon agus luach na dteidlíochtaí atá le dáileadh a ríomh;
- An mheicníocht a bheidh in úsáid chun an cúlchiste a athlíonadh.

Baineadh úsáid as formhór mór na gcistí sa Chúlchiste Náisiúnta chun leithdháileadh a dhéanamh le hiarratasóirí ar éirigh leo faoin gCúlchiste Náisiúnta 2005 nuair a lorgaíodh iarratais ó 4 phríomhchatagóir mar seo a leanas:

Catagóir A: Feirmeoirí a fuair gabháltas le hoidhreacht ó fheirmeoir a scoir nó a fuair bás roimh 16 Bealtaine 2005 áit a léasaíodh an gabháltas amach go tríú páirtí i rith na tréimhse tagartha.

Catagóir B: Feirmeoirí a rinne infheistíocht trí cheannach nó léasú talún fadtéarmach nó a rinne infheistíocht i gcearta chuóta Préimhe na mBó Diúil nó Caorach nó a rinne infheistíocht eile idir 1 Eanáir 2000 agus 19 Deireadh Fómhair 2003, ina raibh méadú i gcumas táirgthe mar thoradh.

Catagóir C: Feirmeoirí a dhíol a gcuóta bainne isteach sa scéim athstruchtúraithe cuóta bainne idir 1 Eanáir 2000 agus 19 Deireadh Fómhair 2003 agus a d'aistrigh go hearnáil feirmeoireachta go mbeadh íocaíocht dhíreach faoi na Scéimeanna Beostoic agus/nó Cúnaimh Churaíochta iníoctha maidir leis na blianta 2000 go 2002.

Catagóir D: Daoine a thosaigh ar an bhfeirmeoireacht ó 31 Nollaig 2002 agus feirmeoirí a thosaigh feirmeoireacht in 2002 ach nach bhfuair aon íocaíochtaí díreacha sa bhliain sin agus nár chuaigh a n-ioncam thar €40,000 agus nár chuaigh aon ioncam lasmuigh den bhfeirm thar €20,000. Tá cáilíochtaí feirmeoireachta riachtanach don chatagóir seo.

D'fhreastal an Cúlchiste Náisiúnta **2006** ar 2 chatagóir d'fheirmeoirí:

Catagóir A: (cosúil le 2005) Feirmeoirí a fuair gabháltas le hoidhreacht ó fheirmeoir a scoir nó a fuair bás roimh 2005 Bealtaine 16 áit a léasaíodh an gabháltas amach go tríú páirtí i rith na tréimhse tagartha.

Catagóir B: Daoine a thosaigh ar an bhfeirmeoireacht ón dtréimhse tagartha i leith. Leathnaíodh an chatagóir seo in 2006 chun daoine nua a chuimsiú a bhí ag déanamh feirmeoireachta ar thalamh a bhí ar cíos/ar léas don trí bliana roimhe sin. Bíonn cáilíochtaí ioncaim agus oideachasúla i gceist sa chatagóir seo.

Baineadh úsáid as maoiniú ón gCúlchiste Náisiúnta 2006 chun luach na dteidlíochtaí a mhéadú d'fheirmeoirí a bhí incháilithe do Chatagóir C in 2005 i gcomhréir leis an ardú i luach na dteidlíochtaí préimhe déiríochta in 2006.

Freastalaíonn an Cúlchiste Náisiúnta **2007** ar 4 chatagóir d'fheirmeoirí:

Catagóir A: (cosúil le 2005 agus 2006) Feirmeoirí a fuair gabháltas le hoidhreacht ó fheirmeoir a scoir nó a fuair bás roimh 2006 Bealtaine 16 áit a léasaíodh an gabháltas amach go tríú páirtí i rith na tréimhse tagartha.

Catagóir B: Daoine nua sa bhfeirmeoireacht ón dtréimhse tagartha i leith, a fuair talamh le hoidhreacht, ceannach léasa. Caithfidh an talamh ar cíos/léas a bheith fógartha ar fhoirmeacha iarratais na hAonfocaíochta 2005, 2006 agus 2007. Bíonn cáilíochtaí ioncaim agus oideachasúla i gceist sa chatagóir seo.

Catagóir C: Cuireann an chatagóir seo breisiúchán ar fáil d'fheirmeoirí caorach áirithe a bhfuil a gcuid teidlíochtaí faoin luach ar an meán don DED atá i gceist agus a fhaigheann Aoníocaíocht comhlán atá níos lú ná €6,000. Caithfidh 40% ar a laghad de luach teidlíochtaí Aoníocaíochta an iarratasóra a bheith faighte ó íocaíochtaí cúpláilte a bhaineann le táirgeadh caorach i rith na tréimhse tagartha. Is é €1,000 an breisiúchán uasta ón gCúlchiste.

Catagóir D: Cuireann an chatagóir seo breisiúchán ar fáil d'fheirmeoirí ar oileáin amach ón gcósta a bhfuil a gcuid teidlíochtaí faoi bhun mheánluach an DED atá i gceist agus a fhaigheann Aoníocaíocht comhlán atá níos lú ná €6,000. Ní dhéanfar níos mó ná €1,000 a leithdháileadh le hiarratasóirí rathúla.

Déanfar cinntí maidir leis na catagóirí a bheidh san áireamh sa Chúlchiste Náisiúnta 2008 in am trátha agus beidh siad ag brath ar an leibhéal maoinithe atá ar fáil sa Chúlchiste ag an bpointe sin.

TRÁDÁIL/AISTRIÚ TEIDLÍOCHTAÍ AONÍOCAÍOCHTA

Féadtar teidlíochtaí a dhíol i dteannta le talamh nó gan talamh más rud é gur cuireadh 80% de na teidlíochtaí i ngníomh in aon bhliain féilire amháin. Seachas sin caithfear na teidlíochtaí nár úsáideadh a ghéilleadh chuig an gCúlchiste Náisiúnta. Úsáideann feirmeoir teidlíochtaí trí heicteár amháin de thalamh incháilithe a fhógairt ar an bhfoirm iarratais Aoníocaíochta atá aige/aici.

Cuireadh céatadán aisghlámtha i bhfeidhm ar dhíolachán teidlíochtaí le nó gan talamh in 2006 agus 2007 ach fuarthas réidh leis an aisghlámadh seo in 2008. Ní féidir léasadh a dhéanamh ar theidlíochtaí ach amháin má tá líon coibhéiseach de heicteáir in éineacht leo. I gcás athrú úinéireachta ar ghabháltas nó athrú ar shonraí clárúcháin uimhir tréada, caithfidh an t-iarratasóir iarratas a dhéanamh ar leithligh chuig Aonad na hAoníocaíochta i bPort Laoise má tá athruithe ag teastáil ar shonraí clárúcháin na dteidlíochtaí Aoníocaíochta.

Caithfear iarratas chun teidlíochtaí a aistriú a líonadh áit a bhfuil díolachán/bronntanas/léas teidlíochtaí i gceist, áit a bhfuil gabháltas á aistriú le bronntanas nó le hoidhreacht nó áit a dhéantar sonraí clárúcháin an ghabháltais a aistriú mar thoradh ar cheann de na nithe seo a leanas:

- Dhá ghabháltas agus teidlíochtaí nó níos mó a chumasc;
- Gabháltas agus teidlíochtaí a roinnt;
- Athrú aonáin dlíthiúil;
- Comhpháirtíocht a bhunú nó a roinnt srl;
- Duine a chur nó a bhaint ar uimhir tréada (Aistriú Riaracháin).

Caithfidh feirmeoirí a athraíonn sonraí clárúcháin a gcuid gabháltais sonraí clárúcháin a gcuid teidlíochtaí a nuashonrú sula gcuireann siad isteach a bhFoirm Iarratais Aoníocaíochta chun Aoníocaíocht a fháil. Mar sin caithfear na foirmeacha iarratais líonta le haghaidh aistriú teidlíochtaí a bheith lóisteáilte in oifigí na Roinne i bPort Laoise ar nó roimh an spriocdháta do Scéim na hAoníocaíochta.

Tá Foirmeacha Iarratais agus Téarmaí agus Coinníollacha ar fáil ó oifigí áitiúla na Roinne agus ar shuíomh idirlín na Roinne.

MODHNÚ

Is próiseas é modhnú ina laghdaítear Aoníocaíocht gach feirmeora de réir chéatadán socraithe (3% in 2005, 4% in 2006 agus 5% in 2007). Is féidir suas le 80% de na cistí a ghintear trí mhodhnú (thart ar €34 milliún in 2007) a choinneáil in Éirinn le caitheamh ar bhearta Forbartha Tuaithe áirithe. Is iad na príomhbhearta Forbartha Tuaithe atá á riaradh ag an Roinn faoi láthair ná an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht agus an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS).

TRASCHOMHLÍONADH

Baineann dhá eilimint ríthábhachtach le traschomhlíonadh:

- Riachtanas d'fheirmeoirí roinnt riachtanais bhainistíochta reachtúla (SMRanna) a chomhlíonadh atá leagtha síos i reachtaíocht AE ar an gcomhshaol, ar shábháilteacht bia, ar shláinte ainmhí, ar leas, agus ar shláinte plandaí; agus
- Riachtanas chun an fheirm a choinneáil i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Beidh sé de dhualgas ar an mBallstát chomh maith a chinntiú nach bhfuil aon laghdú suntasach i méid na talún féaraigh bhuan trí thagairt don achar iomlán talún féaraigh bhuan in 2003.

Rinneadh na riachtanais um thraschomhlíonadh a chéimniú isteach thar tréimhse trí bliana. Tugadh isteach ocht SMRanna traschomhlíonadh in 2005 mar aon leis na riachtanais Dea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil d'Éireann. Tugadh 7 SMRanna breise isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2006 leis an 3 chinn deiridh tugtha isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Ón 1 Eanáir leathnaíodh Traschomhlíonadh chuig roinnt réimsí scéime eile lena n-áirítear an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste agus REPS.

D'fhoilsigh an Roinn leabhrán eolais dar teideal *"The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance"* a eisíodh chuig gach táirgeoir in Aibreán 2005. Leag an leabhrán seo amach na Caighdeáin agus Riachtanais a raibh ar na feirmeoirí a chomhlíonadh maidir leis an gcéad ocht SMRanna ó 1 Eanáir 2005. Bhí na sonraí faoi conas ar chóir d'fheirmeoirí meas a bheith acu ar Dhea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil leagtha amach freisin.

Eisíodh leabhrán eolais breise dar teideal *"The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance Requirements to be Implemented in 2006 and 2007"* i Lúnasa 2007. Leag an leabhrán seo amach tréithe tábhachtacha na SMRanna le haghaidh Traschomhlíonadh le bheith curtha i bhfeidhm ar 1ú Eanáir 2006 agus 1ú Eanáir 2007.

I Lúnasa 2007 eisíodh bileog chuig na feirmeoirí ar fad ag cur síos ar cad ba chóir dóibh a bheith ag súil leis dá mba rud é go roghnófar iad i gcomhair cigireachta faoi Scéim na hAoníocaíochta/an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste.

Is féidir cóipeanna den trí fhoilseachán seo a fháil ar shuíomh idirlín na Roinne faoin gceannteideal "Traschomhlíonadh". Is féidir fiosruithe maidir le Traschomhlíonadh a sheoladh freisin chuig an seoladh ríomhphoist saincheaptha cross.compliance@agriculture.gov.ie

Is féidir tuilleadh eolais maidir le Scéim na hAoníocaíochta a fháil ó Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise. Íosghlao: 1890 200 566

NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Coiste Achomhairc Aoníocaíochta chun déileáil le hachomhairc ó fheirmeoirí maidir lena dteidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta agus ábhair eile maidir le feidhmiú na Scéime. Tá Cathaoirleach neamhspleách ag an gCoiste agus cuimsítear Oifigigh Achomhairc ón Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Ba chóir achomhairc a sheoladh chuig Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise.

MAOLÚ UM NÍOTRÁITÍ

UFaoi na Rialacháin um Níotráití[1] (I.R. Uimh. 378 de 2006) ní féidir le feirmeoirí leasú beostoic agus sciodar ina bhfuil níos mó ná 170kg de nítrigin in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana a leathadh. Is féidir le feirmeoirí féaraigh áfach, a bhfuil beostoc féaraigh acu, iarratas bliantúil a dhéanamh ar mhaolú chun suas le 250kg in aghaidh an heicteáir a leathadh i mbliain féilire, ag brath ar choinníollacha áirithe. Beidh ar fheirmeoirí a dhéanann é seo Plean Leasacháin a bheith acu ar a ngabháltas roimh an 1 Márta gach bliain agus beidh orthu Cuntais Leasacháin a choinneáil.

Caithfear iarratas ar mhaolú a chur faoi bhráid na Roinne gach bliain. Tá socruithe don bhliain 2008 á chríochnú faoi láthair agus beidh sonraí faoi na téarmaí agus coinníollacha atá i bhfeidhm ar fáil ó shuíomh idirlín na Roinne agus foilseofar iad.

Meabhraítear d'fheirmeoirí go bhfuil géilliúntas leis an Treoir um Níotráití ar cheann de na Riachtanais Bhainistíochta Reachtúla faoi Scéim na hAoníocaíochta, agus go bhfuil duine ar bith atá ag oibriú os cionn na teorann de 170kg/heicteár nach bhfuil iarratas ar mhaolú curtha isteach acu don bhliain atá i gceist ag cur a Aoníocaíocht i mbaol.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an Maolú um Níotráití, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Rannóg Comhshaoil, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman. Teil: 053 9163400. Ríomhphost: agenv@agriculture.gov.ie.

AN SCÉIM LIÚNTAIS CHÚITIMH DO LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE BUNAITHE AR LIMISTÉIR

Tá íocaíocht bunaithe ar limistéir foráiste incháilithe atá ainmnithe mar Limistéir faoi Mhíbhuntáiste Níos Géire (ísealchríoch), Gan Mhíbhuntáiste Chomh Géar (ísealchríoch) agus Limistéir Chósta faoi Mhíbhuntáistí ar leith nó Féarach de Chineál Sléibhe. Caithfear na tailte a úsáid le haghaidh féarach eallaigh, caorach, capaill, gabhair nó fia.

Caithfidh iarratas ar an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste in 2008 a bheith déanta ar fhoirm iarratais Aoníocaíochta 2008.

Tá an Scéim seo cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach.

Incháilitheacht

Le bheith incháilithe, caithfidh iarratasóir:

- A bheith mar úinéir thréada d'aois 18 mbliana nó os a chionn, a bhfuil uimhir tréada aige/aici faoi láthair arna heisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia;
- A bheith ag áitiú agus ag saothrú íosmhéid de 3 heicteáir de thalamh foráiste i Limistéir ainmnithe faoi Mhíbhuntáiste;
- Gealltanas a thabhairt chun fanacht i bhfeirmeoireacht ar feadh 5 bliana ón gcéad íocaíocht de Liúntas Cúitimh;
- Cloí le Traschomhlíonadh mar atá leagtha síos ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia;
- Dlús stoic íosta a bhfuil mheán de 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir foráiste acu sa bhliain féilire. Caithfidh an dlús stoic íosta a bheith coinnithe ar feadh íostréimhse de 3 mhí leanúnach in 2008. I ríomh an mheándlúis stoic ar an ngabháltas ar mhaithe leis an íosriachtanas 0.15 Aonad Beostoic/Ha, tógfar na meánchoibhéisí Aonad Beostoic buaibheach ag 5 dháta i rith na bliana. D'fhéadfadh nach mbainfeadh an t-íosleibhéal stoic áit ina bhfuil dlús stoic níos ísle riachtanach do chomhshaol talmhaíochta nó bearta comhshaoil aitheanta eile ar an mbonn go bhfuil an talamh atá i gceist tar éis a bheith díghrádaithe nó i ndainséar a bheith díghrádaithe;

[1] Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2006

- Maidir le coimíneacht sléibhe ar bith a bhfuil tú ag déanamh feirmeoireachta air, bheith i do rannpháirtí faoi REPS nó Scéim Náisiúnta ar bith a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm nó a bheith ag cloí le Creatphlean na gCoimíneachtaí ábhartha.
- Bheith ag comhoibriú le baill foirne na Roinne maidir le cigireacht ar bith nó iarratas ar bith ar cháipéisí.

I gcás iarratasóirí céad uaire ar an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste beidh an dlús stoic íosta ar an ngabháltas, ríofa mar atá leagtha amach thuas, bunaithe ar dhlús stoic síos tríd 2008.

AONAID BEOSTOIC (AB)

- Beithígh os cionn 2 bhliain d'aois = 1 Aonad Beostoic an ceann;
- Beithígh 2 bhliain d'aois agus faoina bhun = 0.6 Aonad Beostoic an ceann;
- Eachaithe 6 mhí d'aois agus faoina bhun, cláraithe in ainm an iarratasóra i gClár Capall na hÉireann nó le Cumann Lucht Capaillíní Chonamara = 0.6 Aonad Beostoic an ceann;
- Eachaithe os cionn 6 mhí d'aois, cláraithe in ainm an iarratasóra i gClár Capall na hÉireann nó le Cumann Lucht Capaillíní Chonamara = 0.6 Aonad Beostoic an ceann;
- Fianna Fireann nó Baineann = 0.3 Aonad Beostoic an ceann;
- Caoirigh Fireann nó Baineann = 0.15 Aonad Beostoic an ceann;
- Gabhair Fireann nó Baineann = 0.15 Aonad Beostoic an ceann.

Caithfidh an beostoc riachtanach chun an dlús stoic íosta a bhunú a bheith faoi úinéireacht, i seilbh agus á choinneáil ag an iarratasóir ar a g(h)abháltas ar feadh tréimhse leanúnach de 3 mhí.

CÚNAMH AR FÁIL

Forálann an scéim d'íocaíochtaí mar seo a leanas:

- **Talamh de chineál sléibhe**
  Ráta Caighdeánach de €109.71 ar an gcéad 10 heicteáir nó cuid de agus €95.99 in aghaidh an heicteáir ar heicteáir atá fágtha faoi réir bhuaic íocaíochta foriomlán de 45 heicteár.
- **Míbhuntáiste Níos Géire (ísealchríoch)**
  Ráta Caighdeánach de €95.99 in aghaidh an heicteáir ar suas le 45 heicteár.
- **Gan Mhíbhuntáiste Chomh Géar (ísealchríoch) agus Limistéir faoi Mhíbhuntáistí ar leith (Limistéir Chósta)**
  Ráta Caighdeánach de €82.27 in aghaidh an heicteáir ar suas le 45 heicteár.

Áit atá meascán de na tailte thuas ag feirmeoir íoctar é/í ar thalamh de chineál sléibhe ar dtús, ísealchríoch (Míbhuntáiste Níos Géire) sa dara háit, agus ísealchríoch (Gan Mhíbhuntáiste Chomh Géar) agus Limistéir faoi Mhíbhuntáistí ar leith (Limistéir Chósta) ar deireadh, faoi réir buaic íocaíochta foriomlán de 45 heicteár.

Tá Ráta Cúnaimh Fuinnimh iníoctha freisin ar Limistéir faoi Míbhuntáiste a úsáidtear chun barra fuinnimh a tháirgeadh, suas go huasmhéid de 10 heicteár. Beidh ar iarratasóirí faoin Scéim do Limistéir faoi Míbhuntáiste fós cloí leis an riachtanas achar foráiste íosta de 3 heicteár leis an riachtanas ó thaobh íosdlús stocála de 0.15 aonad beostoic in aghaidh gach heicteár de thailte foráiste fógartha.

- **Talamh de chineál sléibhe**
  Ráta Fuinnimh de €76.06 ar an gcéad 10 heicteáir nó cuid de agus €95.99 in aghaidh an heicteáir ar heicteáir fágtha faoi réir bhuaic foriomlán de 45 heicteár.

- **Míbhuntáiste Níos Géire (ísealchríoch)**
  Ráta Fuinnimh de €64.34 in aghaidh an heicteáir ar suas le 45 heicteár.
- **Gan Mhíbhuntáiste Chomh Géar (ísealchríoch) agus Limistéir faoi Mhíbhuntáistí ar leith (Limistéir Chósta)**
  Ráta Fuinnimh de €50.62 in aghaidh an heicteáir ar suas le 45 heicteár.

I gcás féarach comónta, íocfar liúntais in aghaidh an heicteáir ar sciar céatadáin de choimíneacht úsáidte.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste a fháil ó Aonad na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise. Íosghlao: 1890 200 114

SCÉIM TAIFEADTA, LEASA AGUS TÓGÁLA AINMHITHE DO THRÉADA DIÚIL

Is scéim nua é seo a fhaigheann 100% dá maoiniú ón Státchiste, agus a bheidh ag oibriú ar feadh 5 bliana ar a mhéad ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2012.

CUSPÓIRÍ NA SCÉIME

Is iad Cuspóirí na Scéime ná spreagadh a thabhairt d'fheirmeoirí diúil chun:

- Caighdeáin leasa d'ainmhithe a fheabhsú, a tháirgtear ón tréad diúil;
- Caighdeáin riar ainmhithe a fheabhsú ag am scoite, le laghdú ar ghalar agus bhás agus sláinte feabhsaithe ar an tréad mairteola náisiúnta mar thoradh air seo;
- A gcuid eolais a leathnú trí oiliúint agus oideachas faoin gcleachtas is fearr maidir le sláinte thréad na mbó diúil;
- Caighdeán póir na mbó diúil a fheabhsú go nádúrtha le Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) ag baint úsáide leanúnaí as na sonraí a thiomsaítear faoin Scéim.

INCHÁILITHEACHT

Le bheith incháilithe chun rannpháirtíocht a ghlacadh sa Scéim, beidh ar fheirmeoir:

- A bheith ocht mbliana déag d'aois nó os a cionn;
- A bheith ag feirmeoireacht ar ghabháltas faoina bhfógrófar na bearta talún ar fad gach bliain den chonradh faoi Scéim Aoníocaíochta an AE;
- Gealltanas a thabhairt go gcuirfear Bearta 1 go 6 i bhfeidhm, ar feadh téarma iomlán na Scéime, ar na bó diúil incháilithe ar fad agus na laonna ar fad a bhfuil siad ag tál orthu a choinnítear ar a g(h)abháltas. Beidh íocaíocht teoranta d'uasmhéid de 100 bó dhiúil incháilithe arna gcoinneáil ag an iarratasóir. Beidh riachtanais na Scéime i bhfeidhm do na ba diúil ar fad, agus na laonna atá á tógáil ag na ba sin (más rud é gur rugadh ar an bhfeirm iad nó gur tógadh isteach iad) a choinnítear ar an ngabháltas. Beidh Beart 7 éigeantach freisin.

Tá íocaíocht ainmhí de €82 (nuair atá an t-iarratasóir ag tuairisciú imeachtaí ainmhithe ar líne) nó €80 (nuair a déantar imeachtaí ainmhithe a thuairisciú i scríbhinn) in aghaidh na bó diúil incháilithe ar fáil faoin Scéim (is féidir le ba póir mairteola i dtréada fiontair measca, .i. tréada ina bhfuil ainmhithe diúil agus déiríochta araon a bheith incháilithe) d'úinéirí tréada a thugann gealltanas, trí chonradh 5 bliana, cloí le 7 mbeart leas ainmhithe.

Is iad na Bearta ná:

1. Sonraí breithe
2. Dí-adharc laonna
3. Coilleadh laonna fireann (má tá coilleadh ar siúl)
4. Aois íosta breithe
5. Cleachtas scoite is fearr
6. Taifead ar Imeachtaí Ainmhithe
7. Oiliúint agus Oideachas

Is féidir tuilleadh eolais faoin Scéim Taifeadta, Leasa agus Tógála Ainmhithe do Thréada Diúil a fháil ó Aonad na dTréad Diúil, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise. Íosghlao 1890 252 707

03 bearta tacaíochta margaidh

3. BEARTA TACAÍOCHTA MARGAIDH

AISÍOCAÍOCHTAÍ ONNMHAIRÍOCHTA

Is fóirdheontais iad aisíocaíochtaí onnmhairíochta, go bhféadfadh a bheith íoctha maidir le mairteoil, eallach beo, bainne agus táirgí bainne, siúcra, arbhar, muiceoil, éanlaith chlóis agus táirgí uibhe agus táirgí próiseáilte áirithe atá á onnmhairiú lasmuigh den AE. Tá méid an fhóirdheontais, gur féidir leis athrú ag brath ar cheann scríbe an táirge, deartha chun an difríocht idir margadhphraghas an AE agus na margadhphraghsanna domhanda níos ísle a chlúdach agus chun na praghsanna arda ionchuir nó amhábhair atá le fáil san Aontas Eorpach a thógáil san áireamh. Cumasaíonn an scéim d'onnmhaireoirí an AE dul in iomaíocht níos fearr ar mhargaí domhanda.

- Tá ar onnmhaireoir ceadúnas onnmhairíochta a bheith aige/aici chun na táirgí seo a onnmhairiú agus chun iarratas a chur isteach ar aisíocaíochtaí onnmhairíochta;
- Tá coinníollacha éagsúla a bhaineann le ceadúnú agus aisíocaíochtaí lena n-áirítear méideanna, teorainneacha ama, slándáileacha, srl. go gcaithfidh an onnmhaireoir a chomhlíonadh;
- Tá rialacháin AE cothrománacha agus earnála a rialaíonn ceadúnú agus an scéim aisíocaíochta onnmhairíochta;
- Cuimsíonn iarratais ar aisíocaíochtaí dearbhuithe onnmhairíochta, a cuirtear ar dtús chuig an údarás custaim (.i. na Coimisinéirí Ioncaim). Ansin déantar na dearbhuithe onnmhairíochta seo (a thugtar SADanna orthu) a dheimhniú agus a aistriú chuig an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia;
- Anois is féidir le honnmhaireoir atá ag úsáid seirbhís ROS ar líne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim na dearbhuithe seo a dhéanamh ar líne;
- Bunaíonn coistí bainistíochta atá faoi chathaoirleacht agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún Eorpach rátaí aisíocaíochta ó am go ham; is féidir le rátaí athrú ag am ar bith.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9163400.

IDIRGHABHÁIL MHAIRTEOLA

Is córas í idirghabháil gur féidir a úsáid chun praghsanna mairteola a thacú trí fharasbairr mairteola a ruaigeadh ón margadh, agus é a chur i stóráil. Díoltar an mairteoil níos déanaí ó idirghabháil nuair atá margadhphraghsanna an AE tar éis cobhsú ag leibhéal inghlactha. Gníomhaíonn an Roinn do Choimisiún an AE i gceannach táirge d'idirghabháil.

IDIRGHABHÁIL ARBHAR

Tá an córas idirghabhála d'arbhair, atá mar scéim tacaíochta margaidh, oscailte idir 1 Samhain agus 31 Bealtaine na bliana dar gcionn, faoi réir íosmhéid a bheith á thairiscint agus an grán ag comhlíonadh na sonraíochtaí cáilíochta atá leagtha amach. Déantar an praghas idirghabhála a íoctar leis an táirgeoir a mhéadú le breiseanna míosúla. Is é an praghas a íoctar as grán de cháilíocht chaighdeánach faoi láthair ná €101.77 in aghaidh an tona a bheidh ag méadú go €104.53 roimh dheireadh na tréimhse ceannaithe isteach i mBealtaine. Braitheann an praghas a íoctar ar mhí an mhalartaithe. Déantar bónais nó asbhaintí ag braith ar cháilíocht an ghráin.

IDIRGHABHÁIL MAIDIR LE HIM AGUS PÚDAR BAINNE BEARRTHA (SMP)

Tá an córas idirghabhála deartha chun praghsanna do tháirgí bunúsacha a thacú trí fharasbairr ime agus SMP a ruaigeadh ón margadh. Ó Márta go Lúnasa, déantar ceannach idirghabhála d'im a thruicear i mBallstát an AE nuair a thiteann an margadhphraghas faoi bhun 92% den phraghas idirghabhála ime ar feadh dhá sheachtain leantach sa Bhallstát atá i gceist. Ní cheannaítear im ach amháin nuair atá an áis ar oscailt. Ó 2008 ar aghaidh, cuirfear deireadh le ceannach isteach chomh luath agus a bheidh níos mó ná 30,000 tona á thairiscint ar fud an Chomhphobail. Sa leithéid seo de chásanna, d'fhéadfadh ceannach isteach tarlú ag baint úsáide as córas tairisceana. Cuirtear ceannach idirghabhála d'im ar fionraí nuair atá an margadhphraghas tuairiscithe d'im cothrom le, nó níos airde ná, 92% den phraghas idirghabhála ar feadh dhá sheachtain leantach. Feidhmíonn ceannach isteach idirghabhála do SMP ó Mhárta go Lúnasa gach bliain. D'fhéadfaí méideanna suas le teorainn de 109,000 tonna in aghaidh na bliana a cheannach ar an bpraghas idirghabhála - ina dhiaidh sin d'fhéadfadh córas tairisceana a bheith i bhfeidhm.

IDIRGHABHÁIL SIÚCRA

In Éirinn tá deireadh le siúcra a cheannach chuig idirghabháil. Is é an t-aon ghníomh a bheidh ann faoin scéim idirghabhála siúcra ná na stoic idirghabhála de shiúcra bán atá fágtha a dhíol.

Is féidir tuilleadh eolais ar na Scéimeanna Idirghabhála a fháil ó Infheistíocht Ar An bhFeirm, An Rannóg Fóirdheontais agus Stórála, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9163400

CÚNAMH DO STÓRÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Tá na Scéimeanna do Chúnamh le Stóráil Phríobháideach d'im, cháis, mhuiceoil, chaoireoil agus mhairteoil mar bhearta tacaíochta margaidh arna dtabhairt isteach ag an gCoimisiún AE nuair a thagann neamhchothroime shéasúrach chun cinn idir sholáthar agus éileamh sna margaí ime, uachtair agus cáise nó i gcás muiceoil, caoireoil agus mairteoil nuair a thiteann an praghas faoi bhun leibhéal tagarmhairc in aon cheann de Bhallstáit an AE.

Is í aidhm na Scéimeanna ná cabhrú le táirgeoirí chun na táirgí seo a stóráil ar feadh tréimhse stórála ordaithe. Ag deireadh na tréimhse stórála faigheann an stórálaí cúnamh ag ráta a socraíodh roimh ré.

Is rogha eile iad ar idirghabháil phoiblí sa mhéid is go bhfanann na táirgí mar dhílseánacht na stórálaithe le díol ag a ndiscréid neamhshrianta ag deireadh na tréimhse stórála.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Cúnaimh um Stóráil Phríobháideach, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9163400

BEARTA TACAÍOCHTA EILE DO MHARGAÍ BAINNE AN AE

CÁISÉIN AGUS CÁISÉINEÁIT

Déanann Rialachán 2921/90 an AE foráil le haghaidh fóirdheontas do tháirgeoirí cáiséine agus cáiséineáite a dhéantar as bainne bearrtha nó as cáiséin amh a thógtar as bainne de bhunadh an AE. Athraíonn an fóirdheontas de réir an chineáil cháiséine a tháirgtear.

SCÉIMEANNA CHUN PÚDAR BAINNE BEARRTHA (SMP) A DHIÚSCAIRT

Déanann Rialachán 2799/99 an AE foráil do chúnamh a íoc chun SMP a ionchorprú nó a dhínádúrú isteach i mbia ainmhithe. De ghnáth caithfidh an ábhair bheathaithe chomhdhúile a bheith déanta suas de idir 50% agus 80% SMP, gan a bheith níos lú ná 5% de shaill neamh-ime agus ar a laghad 2% stáirse. Tugtar faoi tháirgeadh faoi mhaoirseoireacht na Roinne.

IM TAOSRÁIN DON TIONSCAL MILSEOGRA AGUS D'ÚSÁID DHÍREACH

Forálann Rialachán 1898/2005 an AE do chúnamh a cheadú d'uachtar, im agus im tiubhaithe ón margadh le húsáid i dtáirgeadh táirgí taosráin, uachtar reoite agus ábhair bheathaithe eile. Ó am go ham, cuirtear im idirghabhála ar fáil ag praghas laghdaithe ar mhaithe leis an rud céanna.

Bíonn na rátaí cúnaimh agus praghsanna ceannaigh difriúil ag brath ar an gcineál táirge deiridh a dhéantar agus socraítear iad trí bhreithniú a dhéanamh ar thairiscintí ag cruinnithe an Choiste Bainistíochta Bainne de chuid Coimisiún an AE.

Déanann Rialachán 429/90 an AE foráil d'im idirghabhála atá ceaptha le haghaidh tomhailt dhíreach i bhfoirm ime tiubhaithe a dhíol, ag praghsanna laghdaithe, agus a dhíol in asraonta miondíola ina dhiaidh sin.

SCÉIM BHAINNE DO SCOILEANNA

Déanann Rialachán 2707/2000 an AE, arna leasú ag Rialachán 816/2004 an AE agus Rialachán 1152/2007, foráil do chúnamh ar dhíolachán bainne agus táirgí bainne a chuirtear ar fáil do dhaltaí scoile. Ceadaítear .25 lítir bainne do gach páiste in aghaidh an lae scoile. Tá an scéim seo cómhaoinithe ag an AE agus an Státchiste.

IM D'EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHBHRABÚSACHA

Déanann Rialachán 1898/2005 an AE foráil chun go gceannóidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha áirithe .i. ospidéil, institiúidí leasa agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn béilí mar bhunchuid dá seirbhís im ag praghas laghdaithe.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg na bhFóirdheontas Bainne, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9163400

04 An Comhshaol Talmhaíochta

4. AN COMHSHAOL TALMHAÍOCHTA

AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS)

Tá an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) mar chuid de Phlean na hÉireann um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013. Tugadh isteach an Scéim reatha, REPS 4 i Lúnasa 2007.

Is iad aidhmeanna REPS ná:

- Cur chun cinn a dhéanamh ar:
  - Bealaí le talamh talmhaíochta a úsáid a réitíonn le cosaint agus feabhsú an chomhshaoil, bithéagsúlacht, an tírdhreach agus a chuid gnéithe, athrú aeráide, acmhainní nádúrtha, caighdeán uisce, an ithir agus éagsúlacht ghéiniteach;
  - Córais fheirmeoireachta a oireann don chomhshaol;
  - Timpeallachtaí a ndéantar feirmeoireacht orthu, a bhfuil luach ard orthu ó thaobh an dúlra de agus atá i mbaol a chaomhnú;
  - Gnéithe stairiúla ar thalamh talmhaíochta a chothabháil;
  - Pleanáil comhshaoil a úsáid i gcleachtas feirmeoireachta;
- Cosaint i gcoinne thréigean na talún;
- An gréasán sóisialta a choimeád i bpobail tuaithe;
- Cur le bainistíocht dhearfach chomhshaoil ar láithreáin NATURA 2000 a ndéantar feirmeoireacht orthu.

Tá an Scéim ar fáil d'fheirmeoirí uile agus tá sí cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach agus an Státchiste Náisiúnta.

Faoi REPS, tá sé riachtanach d'fheirmeoir páirteach plean bainistíochta cothaitheach agus plean bainistíochta féaraigh a dhréachtú dá f(h)eirm. Caithfidh pleananna atá riachtanach don Scéim a bheith dréachtaithe ag pleanálaí/ gníomhaireacht pleanála formheasta ag an Roinn.

Ní mór d'fheirmeoirí a bhfuil talamh acu i láithreán NATURA 2000 i. Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) na tailte sin a áireamh sa phlean feirme do REPS.

ROGHANNA BITHÉAGSÚLACHTA

Tá 11 bheart bunúsach i REPS atá éigeantach. Chun bithéagsúlacht méadaithe a bhaint amach ag leibhéal na feirme, tá feabhsú an 11 Bheart bunúsach sin inmhianaithe. Trí feirmeoirí a sholáthar le rogha ó shraith de ghnóthais roghnacha, tugtar an deis do gach feirmeoir na hoibreacha is oiriúnaí do thréithe chomhshaoil nó tírdhreacha na feirme a roghnú.

Caithfidh iarratasóirí scéime glacadh le dhá rogha ar a laghad, le ceann amháin ar a laghad ag teacht ó Chatagóir 1.

ROGHANNA CATAGÓIR 1:

- Móinéir Féir Thraidisiúnta;
- Féarach Saibhir i Speicis;
- Úsáid Seimre i Mínligh;
- Cruthú Gnáthóige Nua;
- Bunú Coillearnach Feirme;
- Barrscoitheadh Fál Sceach;
- Leagan Fál Sceach;
- Fál Sceach Nua a Phlandú;

- Cothabháil Balla Cloiche Breise;
- Úlloird Thraidisiúnta na hÉireann;
- Suiteáil Boscaí Éin;
- Bunú Clúdaigh Glais;
- Bainistíocht Chomhshaoil de Chur i leataobh;
- Imill Churaíochta Méadaithe;
- Arbhair Earraigh le hIonchur Íseal;
- Barra Íoschuraíochta.

ROGHANNA CATAGÓIR 2:

- Móinéir Féir Thraidisiúnta;
- Féarach Saibhir i Speicis;
- Úsáid Chrainn Bhróga Reatha;
- Rialú Speiceas Ionrach;
- Imeall Sruthchúrsa Méadaithe;
- Eisiaigh Rochtain Buaibheach uile ar Shruthchúrsaí;
- Úsáid criosanna maolánacha plandaithe;
- Plandú Crainn Leathanduilleacha;
- Pasáistí Nádúir;
- Méadú i gCriosanna Maolánacha Seandálaíochta;
- Bunú Úlloird Thraidisiúnta na hÉireann;
- Suiteáil boscaí éin nó ialtóige;
- Bunú Clúdaigh Glais;
- Imill Churaíochta Méadaithe;
- Íoschuraíocht.

Caithfidh gach gnóthas áirithe i bplean REPS na bhfeirmeoirí a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana.

BEARTA FORLÍONTACHA:

- Gnáthóg Éan Fiáin;
- Úlloird Thraidisiúnta na hÉireann;
- Caomhnú Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe;
- Criosanna Bruachánacha;
- Gnáthóga na nGEALBHAN;
- Arbhair Earraigh le hIonchur Íseal;
- Íoschuraíocht;
- Innilt Inbhuanaithe Thraidisiúnta;
- Cuimsiú Seimre i Mínligh Fhéaraigh;
- Innilt Mheasctha;
- Lochanna agus Dobharcheantair;
- Foirgnimh Oidhreachta;

BEARTA FORLÍONTACHA

Tá siadsan ceaptha leis an ngá le réiteach a fháil ar shainfhadhbanna comhshaoil a bhaineann leis na téamaí tosaíochta don chomhshaol mar atá caighdeán uisce, bithéagsúlacht/tírdhreach agus athrú aeráide a thógáil san áireamh. Tugann na Bearta Forlíontacha sin deis d'fheirmeoirí íocaíochtaí breise a tharraingt faoin scéim.

Caithfidh feirmeoirí gur mian leo glacadh le Beart(a) Forlíontach(a) an beart (na bearta) a chomhlíonadh ó dháta tosaigh an phlean, ach amháin i gcás na mbeart forlíontach i leith Dobharcheantair Locha agus Foirgneamh Oidhreachta, mar choinníoll incháilitheachta d'íocaíocht.

RÁTAÍ ÍOCAÍOCHTA REPS (IN AGHAIDH NA BLIANA)

Clár Ginearálta REPS	€234/ha don chéad 20 ha €205/ha don chéad 20 ha eile suas go 40 ha €82/ha don chéad 15 ha eile suas go 55 ha €10/ha do limistéir os cionn 55 ha
Talamh Natura 2000, coimíneacht agus talamh NHA	€282/ha don chéad 40 ha €29/ha don chéad 40 ha eile suas go 80 ha €22ha don chéad 40 ha eile suas go 120 ha €5/ha do limistéir os cionn 120 ha
Bearta Forlíontacha:	
Póir Uathúla	€234 in aghaidh LU an phóir atá cláraithe leis an gcumann póir
Úlloird Thraidisiúnta	€300 in aghaidh an ghabháltais
Bruachánach	€850/ha
Caomhnú Éan Fiáin	€100/ha
Tionscnamh GEALBHAIN	€700/ha céad ha €400/ha ó 1 go 2.5 ha
Barra Curaíochta le hIonchur Íseal	€370/ha suas go huasmhéid de 2.5 ha
Íoschuraíocht	€25/ha suas go huasmhéid de 40 ha
Innilt Inbhuanaithe Thraidisiúnta;	€50/ha suas go limistéar 20 ha ar a mhéad
Innilt Mheasctha;	€50/ha suas go limistéar 20 ha ar a mhéad
Dobharcheantair Locha	
■ Laghdú feirme iomláine i N Orgánach trí laghdú ar mhéid an stoic	€80/ha
■ Móinéir Féir Thraidisiúnta;	€120/ha suas go 2.5 ha
■ Féarach Saibhir i Speicis;	€120/ha suas go 2.5 ha
■ Imeall Sruthchúrsa Méadaithe;	€3 in aghaidh 100m
■ Pointí óil eile	€5 in aghaidh ha/in aghaidh an aonaid óil
■ Criosanna maolánacha	€200/ha suas go huasmhéid de 2.5 ha
Mínligh Sheimre	€30/ha suas go huasmhéid de 40 ha

Tá sonraí agus foirmeacha iarratais le fáil ó Oifigí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúr (AES) áitiúla na Roinne. (Féach Aguisín 1B)

FEIRMEOIREACHT ORGÁNACH

Is córas ar leith feirmeoireachta í an Fheirmeoireacht Orgánach go bhfuil sé mar aidhm aici bia ardchaighdeáin a tháirgeadh i slí atá tairbheach don chomhshaol agus d'fhiadhúlra. Cleachtann feirmeoirí orgánacha feirmeoireacht de réir chaighdeáin atá tar éis a bheith deartha do tháirgeadh bairr agus beostoic. Is é sá na gcaighdeán seo ná chun córas feirmeoireachta a fhorbairt a chomheiseann le córais eile, a chothaíonn torthúlacht talún agus a thugann cosaint don timpeallacht, d'fhiadhúlra agus d'acmhainní neamh-inathnuaite.

Tá táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha rialaithe ag rialacháin Eorpacha agus náisiúnta .i. Rialachán Uimh. 2092/91 ón gComhairle Eorpach mar a leasaíodh, atá tacaithe ag Ionstraimí Reachtúla Uimh. 112 de 2004 agus 698 de 2007. Ceadaíonn an reachtaíocht AE do Bhallstáit comhlachtaí cigireachta príobháideacha a úsáid le córas cigireachta agus ceadúnaithe oibreoirí orgánacha a dhéanamh. Tá dhá chomhlacht deimhnithe formheasta leis an obair sin a dhéanamh in Éirinn, .i. Irish Organic Farmers and Growers Association (IOFGA) agus Organic Trust Limited.

CÚNAMH D'FHORBAIRT NA HEARNÁLA

AN SCÉIM UM FHEIRMEOIREACHT ORGÁNACH

Ó 1994, tugtar tacaíocht d'fheirmeoirí orgánacha tríd an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS). Faoin gClár nua um Fhorbairt Tuaithe, a ritheann ó 2007 go 2013, féadann feirmeoirí orgánacha anois íocaíochtaí tacaíochta orgánaí a fháil gan iachall a bheith orthu bheith sa Scéim REPS. Ar ndóigh féadann táirgeoirí orgánacha fós dul isteach i REPS freisin.

Is í aidhm na Scéime ná tairbhí feabhsaithe a sheachadadh i leith an chomhshaoil agus leas ainmhithe agus táirgeoirí a spreagadh chun freagairt don éileamh margaidh do bhia táirgthe go horgánach.

Le bheith incháilithe don bheart seo, ní mór d'fheirmeoirí a bheith ceadúnaithe ag ceann amháin den dá chomhlacht deimhnithe atá formheasta ag an Roinn, ní mór dóibh freisin clárú le hAonad Orgánach na Roinne agus feirmeoireacht orgánach a dhéanamh ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Is iad seo a leanas na rátaí íocaíochta, atá sa bhreis ar aon bhuníocaíochtaí REPS:

	≥ 3ha agus suas le 55ha	> 55 ha
I gclaochlú	€212/ha	€30/ha
Stádas orgánach iomlán	€106/ha	€15/ha

Gabháltais Ghairneoireachta Amháin	Limistéar Gairneoireachta ≤ 6 heicteár (ha)	Limistéar Gairneoireachta > 6ha agus suas le 55ha	Limistéar Gairneoireachta > 55 ha
I gclaochlú	€283/ha	€212/ha	€30/ha
Stádas orgánach iomlán	€142/ha	€106/ha	€15/ha

SCÉIMEANNA UM CHÚNAMH DEONTAIS D'FHORBAIRT NA HEARNÁLA ORGÁNAÍ

Tá deontais forbartha ar fáil d'fheirmeoirí agus próiseálaithe araon faoi na Scéimeanna um Chúnamh Deontais d'Fhorbairt na hEarnála Orgánaí, a formheasadh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013. Soláthraíonn na scéimeanna ar an bhfeirm agus amach ón bhfeirm cúnamh deontais do threalamh agus áiseanna nua do tháirgeadh, réiteach, ghrádú, phacáil, stóráil, dháileadh agus dhíol táirgí orgánacha. Is iad seo a leanas na sonraí:

- Cúnamh deontais de 40% d'infheistíochtaí thar €1,500;
- Uaschúnamh deontais ar an bhfeirm de €60,000 iníoctha le haghaidh thréimhse na scéime, a ritheann ó 2007-2013;
- Uaschúnamh deontais amach ón bhfeirm de €500,000 iníoctha le haghaidh thréimhse na scéime, a ritheann ó 2007-2013.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Aonad Orgánach, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman. Íosghlao: 1890 200 509 nó 053 9163400, Facs: 053 9143965 nó ríomhphost: organics@agriculture.gov.ie

SCÉIM BITHFHUINNIMH

Soláthraíonn an Scéim Bithfhuinnimh deontais bhunaithe d'fheirmeoirí le miscanthus agus saileach a fhás le bithmhais a tháirgeadh a bheidh oiriúnach le húsáid mar fhoinse inathnuaite fuinnimh. Is í aidhm na Scéime ná táirgeadh miscanthus agus sailí in Éirinn a mhéadú agus bealaí eile le talamh a úsáid a spreagadh. Is é atá i ndeontais bhunaithe ná íocaíochtaí le cuid de na costais a íoc a bhaineann leis na barra a bhunú. Áirítear le costais incháilithe iad siúd a bhaineann le réiteach na talún, fálú, rialú fásra, ceannach stoc plandaithe, plandú agus gearradh siar na céad bliana, agus costais a bhaineann le hoibríochtaí formheasta eile.

PRÍOMHGHNÉITHE

Tá deontais bhunaithe iníoctha;

- Ar thalamh a úsáidtear le saileach agus micanthus a fhás faoi Scéim Barra Fuinnimh an AE;
- Ní dheonófar cuntas ach áit a bhfuil fianaise ar naisc le húsáideoirí deiridh reatha nó féideartha, mar litir rúin nó conartha idir an feirmeoir agus an t-úsáideoir deiridh;
- Níl earraí ar tugadh sonrasc dóibh, a seachadadh nó a ceannaíodh, ná íocaíochtaí a rinneadh, sular eisíodh formheas Reámhphlandaithe, incháilithe do chúnamh deontais;
- Ní mór d'iarratasóirí cothabháil agus bainistíocht dhóthanach a dhéanamh ar an mbarr mar bharr bithmhais a fhástar le haghaidh bithfhuinnimh ar feadh 7 mbliana ar a laghad ó tugadh an formheas.

Tá cúnamh iníoctha ar 50% de na costais fhormheasta a bhaineann leis an mbarr a bhunú, faoi réir uasráta íocaíochta de €1,450 in aghaidh an heicteáir, agus an chuid eile le hinfheistiú ag an iarratasóir. Cáilíonn limistéir a bhfuil saileach agus miscanthus plandaithe iontu freisin do Phréimh AE faoi Scéim Barra Fuinnimh an AE agus do Phréimh Fuinnimh Náisiúnta de €80 in aghaidh an heicteáir agus íocaíochtaí leasaithe faoi REPS agus faoin Scéim do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste, faoi réir roinnt srianta ar an limistéir a ndéantar plandú iontu.

Ba cheart iarratais ar fhormheas réamhphlandaithe a chur chuig an Aonad Beartais Bithbhreosla, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Lár-Ionad Gnó Kea-Lew, Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise, Co. Laoise. Teileafón 057- 8692231; Ríomhphostbioenergy@agriculture.gov.ie

05 foraoiseacht

5. FORAOISEACHT

DEONTAIS COILLTEOIREACHTA AGUS RÁTAÍ PRÉIMHE

Tá na Scéimeanna um Dheontais agus Préimheanna Coillteoireachta ceaptha le 100% den chostas a bhaineann le foraoisí nua a bhunú a chlúdach, agus deontais suas go €7,604.00 in aghaidh an heicteáir ar fáil chun na críche sin agus préimheanna bliantúla de suas le €573.86 in aghaidh an heicteáir ar feadh suas le 20 bliain. Tá caiteachas ar na scéimeanna sin maoinithe go náisiúnta amháin. I gcás feirmeoirí i REPS, táirgeann an Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Foraoise (FEPS) préimh bhliantúil fhorlíontach de suas le €200.00 in aghaidh an heicteáir atá iníoctha ar feadh 5 bliana i dteanna leis an bPréimh Choillteoireachta.

RÁTAÍ DEONTAIS (I BHFEIDHM Ó 01.09.06)

	Deontas Iomlán
	€/ha
Talamh Neamhiata	3,414.00
Talamh Iata agus Feabhsaithe	
Cónaiféir neamhéagsúla	3,414.00
20% cónaiféir éagsúla	3,573.00
Cónaiféir éagsúla	3,927.00
Leathanduilleach	
Speicis Formheasta Seachas Dair/Feá 100% coinnithe	5,199.57
Dair 75%- 100% coinnithe	6,920.07
Feá 80%-100%	7,604.00

Is iad na rátaí a taispeántar thuas na huasmhéid atá iníoctha. Clúdaíonn sé costas an phlandaithe suas go dtí an chéim bunaithe agus íoctar é ina dhá pháirt, 75% tar éis plandaithe agus íoctar na dara deontais suiteála de 25% 4 bliana ina dhiaidh sin faoi réir bunaithe sásúil.

RÁTAÍ PRÉIMHE FORAOISE COILLTEOIREACHTA (I BHFEIDHM Ó 01.01.07)

Catagóir Deontais/Préimhe (GPC)	Préimh Fheirmeora (íocaíocht bhliantúil, 20 bliain) € / ha			Préimh Neamh-fheirmeora (íocaíocht bhliantúil, 15 bliain) € / ha
	Achar plandaithe			
	< 6ha	≥ 6ha	≥ 12ha	
GPC 1 - Neamhiata	240.94	240.94	240.94	197.12
GPC 2 - Sprús Sitceach/péine contórtach	386.95	401.56	416.16	
GPC 3 - 20% Meascán éagsúil	449.74	464.35	478.94	
GPC 4 - Éagsúil	478.94	493.55	508.15	
GPC 5 - Leathanduilleach (seachas dair & feá)	508.15	522.76	537.35	211.73
GPC 6 - Dair	544.65	559.26	573.86	
GPC 7 - Feá	544.65	559.26	573.86	

Ar mhaithe le haidhmeanna foraoiseachta ilfheidhmeacha, d'fhéadfaí rátaí cúnaimh leathanduilleacha a leathnú go talamh neamhiata ar bhonn cás ar chás.

FEPS PRÉIMH - ÍOCAÍOCHT BHLIANTÚIL BHREISE BLIAIN 1-5

	Préimh FEPS (€/ha coilltithe)		
Achar Iomlán Feirme (lena n-áirítear achar le plandú)	≤30 ha plandaithe ≥5 agus < 8	≤30 ha plandaithe ≥ 8	>30 ha
GPCanna 1, 3 - 7	150	200	200

Is féidir sonraí iomlána na ndeontas a fháil ón tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9160200, Íosghlao: 1890 200 223, Facs: 053 9143834

AN COMHSHAOL

Tá sé mar choinníoll de chúnamh deontais, faoi Chlár 2007-2013, go mbeadh forbairt comhoiriúnach le cosaint an chomhshaoil. Áiríonn breithniúcháin comhshaoil ag am an iarratais caighdeán an uisce, gnáthóga ainmnithe, seandálaíocht, tírdhreach agus méid an limistéir Déantar comhairliú le gníomhaireachtaí poiblí agus leis an bpobal ginearálta maidir le hiarratais ar dheontais foraoiseachta i limistéir d'íogaireacht comhshaoil speisialta. Táirgeadh treoirlínte ar:

- "Foraoiseacht agus Seandálaíocht";
- "Foraoiseacht agus Caighdeán an Uisce";
- "Foraoiseacht agus Bithéagsúlacht";
- "Treoirlínte faoin gComhshaoil agus Sábháil Foraoiseachta";
- "Foraoiseacht agus an Tírdhreach";
- "Treoirlínte Cosanta Foraoiseachta".

Ina theannta, ní féidir toirchiú ón aer a dhéanamh ar fhoraoisí ach faoi shaincheadúnas ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, de réir Ionstraim Reachtúil nua a tugadh isteach in 2006.

Spreagtar éagsúlacht i bplandú agus i bplandú leathanduilleach, ach go háirithe, trí dhifreálacha na scéime deontais Baineadh amach an sprioc do phlandú leathanduilleach, 30% d'iomlán an phlandaithe nua, faoi dheireadh an chláir dheireanaigh in 2006 agus tá sí á coimeád mar sprioc bhliantúil do Chlár 2007-2013.

Tugadh isteach an Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Fhoraoise (FEPS) (an modúl plandaithe nua) ar bhonn píolótach in 2007 le plandú foraoisí a bhfuil luach ard uirthi don dúlra ar fheirmeacha a spreagadh. Tarraingíodh go leor daoine leis an scéim. Tá Dara Modúl (Feabhsú Coillearnach) beartaithe le scaoileadh in 2008. Tacóidh sé sin le hidirghabháil i bhforaoisí reatha atá buaircíneach go príomha le cur leis an gcomhshaol a fheabhsú (m.sh. plásóga a oscailt, leathanduilleacha a thabhairt isteach, speicis dhúchasacha, plandú leathanduilleach taobh le haibhneacha srl.)

Tá Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol éigeantach d'iarratais ar choilltiú a dhéanamh ar limistéir 50 heicteár nó níos mó agus d'fhéadfadh sé a bheith ag teastáil do limistéir níos lú áit a meastar go mbeidh tionchar mór ag forbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. Tá gach iarratas níos lú ná 50 heicteár faoi réir Nós Imeachta sonrach Scagtha leis an ngá le EIA den sórt sin a mheasúnú.

Déantar comhairliú le húdaráis áitiúla gach iarratas ar choillteoireacht os cionn 25 heicteár agus déantar iad a chomhairliú maidir le gach iarratas ar choillteoireacht laistigh de limistéir scéimhe príomha i bPlean Forbartha an Chontae nó laistigh de limistéar liostaithe i bhFardal na dTírdhreach sárscéimhe.

AN CLÁR FORAOISEACHTA 2007-2013

Tá na scéimeanna seo a leanas beartaithe don tréimhse cláreagraithe 2007-2013. Tá go leor acu tugtha isteach cheana, agus seolfar scéimeanna eile i rith 2008.

- an **Scéim Choillteoireachta** do thalamh talmhaíochta (don chéad uair) agus talamh neamhthalmhaíochta;
- an **Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Foraoise(FEPS): an Modúl Plandaithe nua** Le plandú foraoiseachta a bhfuil luach ard uirthi don dúlra ar fheirmeacha a spreagadh; (Féach thíos don Mhodúl Feabhsúcháin FEPS);
- an **Scéim um Choillearnacha Dúchasach**, a chuirfidh chun cinn plandú agus caomhnú speicis dhúchasacha choillearnach na hÉireann;
- **Scéim na Coille Seo Againne**, a dhéanfar a leathnú anois níos faide ná údaráis áitiúla le deiseanna nua a chruthú um bunú coillearnach taitneamhachta;
- an **Scéim Agrafhoraoiseachta**, nua, le plandú foraoiseachta ar scála beag ar ghabháltais talmhaíochta a spreagadh, lena n-áirítear adhmaid breosla agus plandú bruachánach;
- an **Scéim leathnaithe um Fheabhsú Coillearnach**, ag cur chun cinn bearradh, múnlú agus tanú foraoisí bunaithe leis an acmhainn eacnamaíochta a uasmhéadú;
- an **Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Foraoise (FEPS) - Feabhsú Coillearnach**. An dara modúl de FEBS a chuirfidh chun cinn idirghabháil i bhforaoiseacht reatha lena gclaochlú go coillearnacha a mbeidh luach ard orthu ó thaobh an chomhshaoil de.
- **Scéim nua um Bonneagar Foraoise**, a chuimsíonn an scéim reatha um Bóithre Foraoise ach a sholáthraíonn do raon de riachtanais bhonneagair agus caithimh aimsire eile;
- **Scéim um Chosaint agus Athdhéanamh Foraoise**, a sholáthraíonn bunús leis an bhforaois fáis a chosaint ó chreachóireacht agus d'athphlandú áit ar gá.

FORBAIRT FORAOISEACHTA

SCÉIM OILIÚNA AGUS SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA UM FHORAOISEACHT

Is iad cuspóirí iomlána an bhirt ná:

- Eolas ar bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn;
- Tacú le gairmoiliúint;
- Feidhmíocht agus iomaíochas fhoraoisí ar an iomlán a fheabhsú;
- Cabhrú le húinéirí fhoraoisí a gcuid eolais ar phleananna bainistíochta foraoise a mhéadú.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil leis an tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.
Teil: 053 9160200 Íosghlao: 1890 200 223 Facs: 053 9143836

TAIGHDE AGUS FORBAIRT FORAOISEACHTA

Is gníomhaireacht neamh-reachtúil é COFORD (An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise) faoi scáth na Roinne. Soláthraíonn COFORD maoiniú, faoin gClár Forbartha Náisiúnta 2007-2013, do thaighde agus fhorbairt san earnáil foraoiseachta faoi na cláir seo a leanas:

- **Clár Taighde agus Forbartha:**
  Cúnamh deontais do thaighde agus thacaíocht mhaith phoiblí mar thacaíocht d'iomaíochas iomlán na hearnála foraoiseachta in Éirinn agus an chaoi a gcuireann sí le leas an phobail;
- **Clár um Líonrú agus Aistriú Eolais:**
  Cúnamh deontais d'oiliúint agus shoghluaisteacht taighdeoirí agus do sheimineáir agus cheardlanna bunaithe ar thorthaí taighde forbartha, agus í mar aidhm iomlán feabhas a chur ar inniúlacht agus fheidhmíocht taighde ar fhoraoisí;
- **Clár COFORD um Aistriú Eolais:**
  Torthaí taighde agus forbartha foraoise a aistriú go héifeachtach trí himeachtaí, foilseacháin agus meáin idirlín mar thacaíocht d'iomaíochas iomlán na hearnála foraoiseachta in Éirinn agus an chaoi a gcuireann sí le leas an phobail.

Cuireann COFORD na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Áireamhán Carbóin;
  Leagann sé béim ar ról na bhforaoisí in athrú aeráide a mhaolú;
- Bainistíocht agus Luacháil Foraoise:
  Méadaíonn sé an toradh a bhaineann an stát agus an saothróir as foraoisí
- Cúrsaí Crua-Adhmaid:
  Úsáid crua-adhmad dúchasach in Éirinn agus an luach a chuirtear leo a fheabhsú mar thacaíocht do bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí;
- Réamhaithriseoir Gaothscoite:
  Costas agus tarlúintí dochar gaothscoite i bhforaoisí a laghdú mar thacaíocht do bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí;
- Comhairle ar Shonraíochtaí Táirgí Adhmaid:
  Úsáid táirgí adhmaid i dtógáil a mhéadú, ag tarraingt ar thorthaí T&F;
- Seirbhís Chomhairleach ar Fhuinneamh Adhmaid:
  An earnáil fuinnimh adhmaid in Éirinn a mhéadú de réir bheartas an rialtais maidir le húsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le COFORD, Tigh Arena, Bóthar Arena, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18. Teil: 01 2130725, suíomh idirlín: www.coford.ie

NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC NA SEIRBHÍSE FORAOISEACHTA

Déanann aonad riaracháin na Seirbhíse Foraoiseachta an nós imeachta achomhairc sa tSeirbhís Foraoiseachta a láimhseáil. D'fhéadfadh custaiméirí achomharc a dhéanamh in aghaidh aon chinneadh a dhéanann an tSeirbhís Foraoiseachta a chuireann isteach ar a dteidlíochtaí faoi na scéimeanna deontais agus préimhe. Baineann formhór na n-achomharc arna láimhseáil ag an Aonad le diúltú formheasa réamh-phlandaithe agus diúltú nó laghdú i ndeontais.

Tá an áis ag an bpobal agus eagraíochtaí timpeallachta freisin chun achomharc a dhéanamh in aghaidh moltaí coillteoireachta i suímh íogaire timpeallachta áirithe. Faoi na Rialacháin comhshaoil atá i bhfeidhm ó 2001, tá gnáthamh comhairliúcháin an-fhairsing ar gá don tSeirbhís Foraoiseachta a ghlacadh sula bhformheasann sí coillteoireacht i limistéir ainmnithe mar íogair timpeallachta.

Cuirtear preasfhógraí sna nuachtáin áitiúla chun tuairimí an phobail a iarraidh ar mholtaí coillteoireachta i limistéir ainmnithe mar aon cheann díobh seo a leanas:

- Limistéar Oidhreachta Náisiúnta, Limistéar Caomhantais Speisialta, Limistéar Cosanta Speisialta nó Páirc Náisiúnta molta;
- Limistéir ina bhfuil suíomh nó gné seandálaíochta le dian úsáid poiblí;
- Limistéir scéimhe príomha i bPlean Forbartha Chontae nó liostaithe i bhFardal na dTírdhreach Sárscéimhe.

Déantar comhairliú díreach le hÚdaráis Áitiúla agus le heagraíochtaí comhshaoil freisin maidir leis na hiarratais seo. Má chuireann an pobal nó aon cheann de na heagraíochtaí seo in aghaidh an mholta plandaithe tógtar a gcuid tuairimí agus agóidí san áireamh i bplé na Seirbhíse Foraoiseachta ar an moladh. Má chiallaíonn an cinneadh ar an moladh nár seasadh lena hagóidí, tairgtear an deis dóibh achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá.

Caithfidh achomhairc maidir le nós imeachta comhairliúcháin a bheith lóisteáilte laistigh de 21 lá ón lá a fhaightear cinneadh na Seirbhíse Foraoiseachta.

Ba chóir achomhairc i gcoinne aon cinneadh eile a chuireann isteach ar theidlíochtaí na dtomhaltóirí faoi na scéimeanna deontais agus préimhe a lóisteáil chomh luath agus is féidir tar éis fógra an chinnidh áibhirsigh ag an tSeirbhís Foraoiseachta.

Caithfear gach achomharc a dhéanamh i scríbhinn, ag leagadh amach forais an achomhairc agus a sheoladh chuig: An tAonad Achomhairc, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Íosghlao 1890 200 223

RIALÚ LEAGAIN

Faoi Rannóg 37 den Acht Foraoiseachta 1946 tá sé mídhleathach crann os cionn deich mbliana a stoitheadh, nó crann d'aois ar bith a ghearradh síos, nó crann d'aois ar bith a ghortú gan Ceadúnas Leagtha. Caithfear fógra rúin chun crann a leagadh nó a stoitheadh a thabhairt i scríbhinn ar fhoirm ar a dtugtar Fógra Leagain. Ar fháil Fógra Leagain comhlíonta, eisítear Ordú ag cosc leagan crainn. Cosnaíonn sé seo na crainn atá i gceist fad a déantar breithniúchán ar eisiúint ceadúnas leagtha. D'fhéadfaí aon duine ag stoitheadh nó ag gearradh síos crann gan ceadúnas leagtha a ionchúiseamh trí na Cúirteanna. Is féidir pionóis dian a thabhairt do leaganacha mídhleathacha agus in éineacht le fíneálacha gearrtha ag an gCúirt, d'fhéadfadh an tAire, trí Ordú, iachall a chur ar an duine ciontaithe athphlandú a dhéanamh. Ba cheart d'úinéirí talún sonrú nach dtugann deonú Cead Pleanála cead crainn a leagan, agus nach mór fós cur isteach ar cheadúnas leagain sula leagtar aon chrainn ar an láithreán.

Is féidir Fógra Leagain a fháil ó Stáisiún na nGarda nó go díreach ón Rannóg Leagain, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman; teil: (053) 9160170/9160174/9160175/9160181.

COSAINT I GCOINNE LOTNAIDÍ AGUS GALAIR FORAOISEACHTA - RIALACHÁIN ALLMHAIRITHE

Tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as feidhmiú na ngnéithe foraoiseachta de Threoir 2000/29/CE ón gComhairle ar bhearta cosanta in aghaidh d'orgánaigh díobhálach do phlandaí nó táirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus in aghaidh a scaipeadh laistigh den Chomhphobal. Feidhmíonn an tSeirbhís Foraoiseachta na forálacha maidir le hadhmad, pacáistiú

adhmaid, plandaí foraoise agus crainn Nollag. Tá lorgaireacht luath de lotnaid nó ghalar nuathionscanta riachtanach agus spreagtar úinéirí fhoraoisí agus an tionscal foraoiseachta chun a bheith faireach in aimsiú a leithéid de thabhairt isteach. Má bhreathnaítear aon lotnaid nó galar neamhghnách déan teagmháil leis an tSeirbhís Foraoiseachta le do thoil. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Clárú allmhaireoirí (allmhairiú ó Thíortha neamh-AE) d'adhmad, de tháirgí adhmaid agus de phlandaí foraoiseachta rialaithe;
- Clárú táirgeoirí ábhair foraoiseachta ar nós plandlanna foraoiseachta;
- Seirbhís diagnóiseach lotnaide agus galair foraoiseachta;
- Comhairle maidir le rialacháin allmhairiú maidir le hadhmad, pacáistiú adhmaid, plandaí foraoiseachta agus crainn Nollag;
- Eisiúint Teastais Fíteashláintíocha d'onnmhairiú ábhar foraoiseachta.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an méid atá thuas déan teagmháil le, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Teach Talmhaíochta (3 Thiar), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01 6072651, Facs: 01 6072545, r-phost: forestprotection@agriculture.gov.ie, suíomh idirlín: www.agriculture.gov.ie/forestservice

ÁBHAR PACÁISTITHE ADHMAID (PAILLÉID, CLIATHBHOSCAÍ, SRL) - RIALACHÁIN ONNMHAIRITHE

Maidir le honnmhairí, tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as feidhmiú an Chaighdeán Idirnáisiúnta nua do Bhearta Fíteashláintíocha (ISPM) Uimh. 15. Treoirlínte chun pacáistiú adhmaid a rialú i dtrádáil idirnáisiúnta. Tugann ISPM Uimh. 15 cur síos ar bheartais fíteashláintíocha chun an baol de thabhairt isteach agus/ nó scaipeadh lotnaidí coraintín a samhlaítear le pacáistiú adhmaid déanta ó adhmad amh, in úsáid i dtrádáil idirnáisiúnta a laghdú. I gcleachtas caithfidh pacáistiú adhmaid (pailléid, ciseanna, boscaí srl.) déanta ó adhmad amh neamhphróiseáilte agus úsáidte i dtacú, i gcosaint nó in iompar gach cineál earra, a bheith teaschóireáilte nó toitrithe i slí sainithe agus caithfidh an pacáistiú a bheith stampáilte ar dhá thaobh ar a laghad leis an marc formheasta oifigiúil ag fíorú na cóireála agus ag ionchorprú uimhir chláraithe tháirgeoir an phacáistithe. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil maidir le ISPM Uimh. 15:

- Clár oibreoirí tornóige agus táirgeoirí pacáistiú adhmaid;
- Comhairle do tháirgeoirí pacáistiú adhmaid agus d'oibrithe tornóige maidir le ISPM Uimh. 15;
- Comhairle do chomhlachtaí onnmhairithe maidir le ISPM Uimh. 15.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an méid atá thuas déan teagmháil le, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Teach Talmhaíochta (3 Thiar), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01 6072651, Facs: 01 6072545, r-phost: forestprotection@agriculture.gov.ie, suíomh idirlín: www.agriculture.gov.ie/forestservice

ÁBHAR ATÁIRGTHE FORAOISE

Is téarma comhchoiteann é Ábhar Atáirgthe Foraoise (FRM) chun cur síos a dhéanamh ar shíolta, ar phlandaí agus ar ghearradh atá tábhachtach ar mhaithe le foraoiseacht. Tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as cur i bhfeidhm Threoir 1999/105/CE ón gComhairle ar mhargaíocht FRM. Is í aidhm na reachtaíochta ná a chinntiú go bhfuil FRM atá margaithe tagtha ó fhoinsí formheasta oiriúnacha agus go bhfuil sé lipéadaithe agus aitheanta tríd síos an gnáthamh ar fad ó bhailiú síl go próiseáil, stóráil, táirgeadh planda agus seachadadh chuig an úsáideoir deiridh.

Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Clárú soláthraithe d'ábhar atáirgthe foraoiseachta - bailitheoirí síl, plandlanna, allmhaireoirí síl agus plandaí;
- Clárú seastáin síolta le cúnamh ó COFORD. (féach Caibidil 13 d'eolas ar COFORD);
- Eisiúint Teastais Dualfhoinse do bhailiúcháin síl;
- Comhairle ar rialacháin síl agus plandaí foraoiseachta.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an méid atá thuas déan teagmháil le, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Teach Talmhaíochta (3 Thiar), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01 607 2651, Facs: 01 607 2545, r-phost: frm@agriculture.gov.ie,
suíomh idirlín: www.agriculture.gov.ie/forestservice

06 feabhsúcháin struchtúrtha

6. FEABHSÚCHAIN STRUCHTÚRTHA

AN SCÉIM UM LUATHSCOR Ó FHEIRMEOIREACHT

AN SCÉIM UM LUATHSCOR Ó FHEIRMEOIREACHT (1994-1999)

Faigheann rannpháirtithe sa chéad Scéim seo íocaíochtaí pinsin ar feadh deich mbliana nó go dtí a 70ú lá breithe, pé acu atá níos luaithe, chomh fada agus a leanann siad siúd agus na haistrithe atá acu ar aghaidh ag cloí lena ngnóthais. Soláthraíonn an Scéim freisin do phinsin d'fheirmeoirí atá imithe ar scor. Ba é an dáta deiridh a bhí ann d'iarratais faoin Scéim seo ná 31 Nollaig 1999. Méadaíodh an t-uasphinsean bliantúil a bhí iníoctha faoin Scéim seo go €14,075 le héifeacht ó Shamhain 2006.

AN SCÉIM UM LUATHSCOR Ó FHEIRMEOIREACHT (2000-2006)

Faigheann rannpháirtithe sa dara Scéim seo íocaíochtaí pinsin ar feadh deich mbliana nó go dtí go mbaineann siad an uasteorainn aoise amach, pé acu is luaithe, chomh fada agus a leanann siad siúd agus na haistrithe atá acu ar aghaidh ag cloí lena ngnóthais. Soláthraíonn an Scéim freisin do phinsin d'fheirmeoirí atá imithe ar scor. Ba é an dáta deiridh a bhí ann d'iarratais faoin Scéim seo ná 31 Nollaig 2006. Méadaíodh an t-uasphinsean bliantúil a bhí iníoctha faoin Scéim seo go dtí €15,000 le héifeacht ó Shamhain 2006. Tugadh isteach Scéim nua um Luathscor i Meitheamh 2007.

AN SCÉIM UM LUATHSCOR Ó FHEIRMEOIREACHT (2007-2013)

Tugadh isteach an Scéim um Luathscor reatha, le bheith i bhfeidhm don tréimhse ó 2007 go 2013, ar 13 Meitheamh 2007. Tá sé ar cheann de na bearta a foráiltear dó i gClár um Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2007-2013. Forálann an Scéim do phinsean le haghaidh oibreoirí feirme atá ag imeacht ar scor i gcúinsí áirithe agus tá sí cómhaoinithe ag an AE.

IS IAD CUSPÓIRÍ NA SCÉIME NÁ:

- Tacú le feirmeoirí a shocraíonn éirí as a gcuid gníomhaíochta talmhaíochta lena ngabháltas a aistriú go feirmeoirí níos óige;
- Tacú le hoibreoirí éirí as gach cineál oibre feirme nuair a aistrítear an gabháltas;
- Chun an Scéim um Shuiteáil Feirmeoirí Óga a chomhlánú.

IS IAD PRÍOMHGHNÉITHE NA SCÉIME NÁ:

- **Teorainneacha aoise**
  Caithfidh an feirmeoir (aistreoir) atá ag imeacht ar scor a bheith idir aois 55 agus 66 bliana. Tá trí chatagóir d'aistrithe feirmeoireachta ann faoin Scéim; ní mór go mbeidís idir 18 agus 35 bliain d'aois, nó 45 agus 50 bliain d'aois ag brath ar chatagóir an aistrithe.
- **Fad an Phinsin:**
  Íocfar an pinsean ar feadh suas le 10 mbliana nó go dtí 66ú lá breithe an iarratasóra, pé acu atá níos luaithe.
- **Méideanna Iníoctha**
  Cuimseoidh an pinsean bunráta de €9,300 le haghaidh an chéad 5 heicteár móide €300 in aghaidh an heicteáir de thalamh talmhaíochta a aistrítear/a léasaítear go haistrí incháilithe suas le huasíocaíocht de €15,000 in aghaidh na bliana. Íoctar pinsean an oibreora ag an mbunráta de €4,000 in aghaidh na bliana.

- **Dianfhiontair**
  Tá feirmeoirí atá ag imeacht ar scor ó Dhianfhiontair incháilithe don Scéim seo. Sna cásanna seo bíonn inmharthanacht agus íocaíochtaí bunaithe ar Aonaid Táirgthe in áit líon na heicteár.
- **Pinsin Scoir Náisiúnta**
  Íoctar an Pinsean Luathscoir mar fhorlíonadh ar aon phinsean scoir náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith iníoctha. Dá bharr sin, caithfidh méid aon phinsin scoir náisiúnta a bheith asbhainte ón bPinsean Luathscoir. Áiríonn an tsainmhíniú ar phinsean scoir náisiúnta Pinsean Seanaoise (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach),Pinsean Scoir agus Pinsean Ranníocach agus Neamh-Ranníocach Baintrí. Ar mhaithe leis an Scéim um Luathscor, ní ghlactar leis na Pinsin Baintrí mar phinsin scoir náisiúnta go dtí go bhfuil an aois scoir náisiúnta (66 bliana) bainte amach ag na faighteoirí.

Tá cáipéis agus foirm iarratais na Scéime le fáil ó oifigí áitiúla na Roinne (féach Aguisín 1B), nó ón Rannóg Luathscoir, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman (Teil 053 9163400). Caithfear iarratais faoin Scéim a dhéanamh go dtí an Rannóg Luathscoir i Loch Garman. Tá an cháipéis ar shuíomh idirlín na Roinne chomh maith ag www.agriculture.gov.ie.

AN SCÉIM TITHÍOCHTA CRÁNACH (LEAS AINMHITHE)

Is í aidhm na Scéime ná chun cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí in uasghrádú agus aistriú a dtithíocht cránach reatha chun comhlíonadh caighdeán leasa ainmhithe an AE a chinntiú.

INCHÁILITHEACHT

Tá an Scéim oscailte d'fheirmeoirí a bhfuil íosmhéid de 60 aonad táirgthe acu ó tháirgeadh muc. Beidh an ráta caighdeánach de dheontas iníoctha ag 40% de na costais formheasta.

Chomh maith tá cúnamh deontais ar fáil le haghaidh Measúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol agus Ráitis Faoin Tionchar ar an gComhshaol a ullmhú atá riachtanach maidir leis na hinfheistíochtaí molta, agus atá iníoctha ag ráta de 12% suas go deontas uasta de €20,000.

Is é an deontas uasta atá iníoctha faoin Scéim ná €120,000 in aghaidh an ghabháltais lena n-áirítear aon deontas íoctha maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus/nó Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol.

Tá an Scéim cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013 agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

AN SCÉIM UM SHUITEÁIL FEIRMEOIRÍ ÓGA

Tá sí d'aidhm ag an scéim seo daoine óga a spreagadh chun dul i mbun feirmeoireachta.

INCHÁILITHEACHT

Under the Scheme, a premium of €15,000 is payable to farmers under 35 years of age who:

- Ghineann íosmhéid de 5 aonad táirgthe ó fheirmeoireacht ag a bhunú, nó laistigh de 12 mhí ón dáta sin;
- Chomhlíonann, ag am an bhunaithe ar an bhfeirm nó laistigh de dhá bhliain ón dáta sin ar a dhéanaí, riachtanais áirithe maidir le scil agus inniúlacht cheirde;

- Chuireann isteach agus a chríochnaíonn plean gnó;
- Fuair teideal/teideal léasach ar 15 heicteár de thailte incháilithe ar a laghad i limistéir mhídheisiúla agus 20 heicteár i limistéir eile;
- Nach bhfuil níos mó ná €50,000 ioncam neamhfheirme acu i mbliain chánach ainmnithe;
- Chuireann isteach réamhiarratas laistigh de 12 mhí ó bhunú i bhfeirmeoireacht ar dtús agus a chuireann isteach iarratas deireanach laistigh de 36 mhí óna bhunú.

Tá an Scéim cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013 agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais do na Scéimeanna a fháil ó do Oifig Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúir (AES) áitiúil (Féach Aguisín 1B do shonraí iomlána)

07 inrianaitheacht ainmhithe

7. INRIANAITHEACHT AINMHITHE

CÓRAS SAINAITHEANTA DO BHEITHÍGH ÉIREANNACHA (CMMS)

Tá ceithre chuid sa Chóras Sainaitheanta do Bheithígh Éireannach: clibeáil, pasanna beithíoch, cláir thréad bólachta ar an bhfeirm agus bunachar sonraí ríomhairithe.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais sainaitheanta:

- **Clibeáil**
  Éilíonn an córas clibeála go ngreamódh an coimeádaí na n-ainmhithe dhá chlib phlaisteach bhuí a bhfuil na huimhreacha céanna orthu ar chluasa gach lao a bheirtear ar an ngabháltas laistigh de fiche lá ó bheirtear iad. Ní mór do lucht coimeádta na n-eallach an oiread clibeanna cluas a ordú ó sholáthraí formheasta ag an Roinn is a bheidh ag teastáil uathu don bhliain. Déanann siad é seo tríd an gcárta orduithe clibeanna a sheolann an soláthraí chucu a chomhlánú agus é a sheoladh ar ais leis an táille chuí. Nuair a ghreamaítear péire clibeanna do lao ní mór don choimeádaí foirm iarratais chláraithe a chomhlánú a bhfuil na huimhreacha céanna uirthi is atá ar an bpéire clibeanna is a cuireadh ar fáil mar aon leo.
- **Clárú agus Pasanna**
  Tá sé de dhualgas ar choimeádaithe breith gach lao a chlárú ar bhunachar sonraí lárnach breitheanna. Déanann siad é seo trí bhreith an lao a chlárú ar líne nó tríd an bhfoirm iarratais thuasluaite a chomhlánú agus í a sheoladh chuig an ngníomhaireacht atá ainmnithe ag an Roinn laistigh de seacht lá ó chlibeáil an lao. Eisíonn an ghníomhaireacht pas don choimeádaí le haghaidh an ainmhí atá i gceist nuair a fhaightear an t-iarratas comhlánaithe agus bailí. Ní mór an pas seo a bheith in éineacht leis an ainmhí aon uair a aistrítear é. Ní mór gluaiseachtaí uile an ainmhí sin i rith a shaoil a thaifeadadh ar an bpas.
- **Cláir Thréad Bólachta**
  Ní mór do choimeádaithe eallaí cláir thréad bólachta a choinneáil maidir lena ngabháltas. Ní mór na cláir seo a choinneáil suas chun dáta agus ní mór faisnéis a thaifeadadh iontu faoi na laonna a bheirtear ar an ngabháltas mar aon le sonraí na n-ainmhithe a chuirtear leis an tréad nó a thógtar de nó a fuair bás ar an ngabháltas.
- **An bunachar sonraí - An Córas Faireacháin ar Aistriú Eallaigh (CMMS)**
  An Córas Faireacháin ar Aistriú Eallaigh (CMMS) a thugtar ar an mbunachar sonraí. Déanann sé rianú ar gach beithíoch Éireannach ó bhreith go marú agus taifead ar gach breith, gluaiseacht agus diúscairt. Tá an bunachar sonraí seo go hiomlán i bhfeidhm ó 2000 i leith.

  Tá sonraí sa chóras faoi na milliúin aistriú ainmhithe in aghaidh na bliana, agus baintear leas as an bhfaisnéis seo chun bunús, aitheantas agus scéal a mbeatha a fhíorú i gcás na n-eallaí atá ag dul isteach sa slabhra bia. Baintear leas as an mbunachar seo le seiceáil an sásaíonn na heallaí na critéir incháilitheachta maidir le Scéim na hAoníocaíochta. Is féidir an bunachar a úsáid freisin le cabhrú maidir le rianú teagmhála agus deimhniúcháin tréidliachta agus chun faisnéis staitistiúil a sholáthar faoi earnáil na n-eallaí.

FÓGRAÍ A THABHAIRT DON CHÓRAS FAIREACHÁIN

Tá dualgas ar lucht coimeádta eallaí fógra a thabhairt don Roinn faoi aistriú eallaigh isteach ar a ngabháltas nó amach as. Má tá eallaí le díol go príobháideach ní mór don choimeádaí réamhtheastas ceada a fháil ón nGníomhaireacht Fógra um Aistriú Eallaigh sula mbogtar aon ainmhí ón ngabháltas. Ní mór don choimeádaí bunaigh agus an té a fhaigheann iad a dheimhniú ina dhiaidh sin ar aistríodh iad nó nár aistríodh. Ní mór do choimeádaithe an Roinn a chur ar an eolas faoi bhásanna ar an bhfeirm.

ÁISEANNA AR LÍNE AGUS AR THEILEAFÓIN PHÓCA D'FHEIRMEOIRÍ LE BEITHÍGH

Tá an Córas Faireacháin ar Aistriú Eallaigh (CMMS) á athsholáthar ar bhonn céimnitheach leis an gcóras ar líne um Shainaithint agus Aistriú Ainmhithe (AIMS). Is féidir le feirmeoirí roinnt áiseanna ar líne a úsáid faoin gCóras am Shainaithint agus Aistriú Ainmhithe chun -

- Breith Laonna a Chlárú;
- Cur isteach ar Theastas Dearbhaithe (chun eallaí a aistriú ó fheirm go feirm);
- Eallaí ina dtréad a sheiceáil de réir an bhunachair shonraí AIM;
- A bheith cinnte go bhfuil gach gluaiseacht isteach sa tréad agus amach as taifeadta sa chóras;
- Stair gach ainmhí díobh a léamh go dtí go bhfágann siad an tréad.

Is féidir cuid den obair seo a dhéanamh ar theileafón póca.

Ní mór d'fheirmeoirí clárú le Agfood.ie de chuid na Roinne chun leas a bhaint as na seirbhísí ar líne agus teileafóin phóca atá saor in aisce. Is féidir é seo a dhéanamh trí chiceáil ar an deilbhín Agfood ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie agus na treoracha simplí a leanúint. Is féidir le feirmeoirí dul i dteagmháil freisin leis an Deasc Chabhrach ríomhSheirbhísí (uimhir ghlao áitiúil 1890 252 118) chun clárú thar an bhfón nó chun foirm iarratais a fháil (féach Caibidil 1 freisin do shonraí ar Sheirbhísí Ar Líne a gcuireann an Roinn ar fáil).

AN SCÉIM NÁISIÚNTA DEARBHAITHE MAIRTEOLA (NBAS)

Is í aidhm na scéime ná a chinntiú go bhfuil mairteoil agus táirgí mairteola slán trí:

- Chóras éifeachtach sainaitheanta agus rianaithe ainmhithe a fheidhmiú;
- Ardchaighdeáin tairgthe agus phróiseála a fhorbairt;
- Na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm trí chóras cláraithe agus formheasa.

Is féidir tuilleadh eolais faoi na bearta thuas a fháil ó Rannóg na Scéime Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053300

AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA CAORACH (NSIS)

Tá na rialacha maidir le feidhmiú na Scéime Náisiúnta Sainaitheanta Caorach (NSIS) leagtha síos san Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Córas Náisiúnta Sainaitheanta Caorach) Ordú, 2001 – I.R. Uimh. 281 de 2001. Tháinig Rialachán Uimh. 21/2004 ón gComhairle (CE), a chuireann córas sainaitheanta agus cláraithe ar fáil ar fud an AE do chaoirigh agus do ghabhair, i bhfeidhm ar **9 Iúil 2005**.

De réir an NSIS ní foláir clibeanna a chur ar gach caora, agus sonraí faoi na caoirigh go léir atá ar fheirmeacha mar aon lena ngluaiseachtaí a thaifeadadh go cruinn. Ní mór do phróiseálaithe lipéid a cheangal don chonablach próiseáilte a léireoidh tír a bhunúis, tréaduimhir agus uimhir an ainmhí féin. Bainfidh an córas seo le táirgeoirí, marglanna, monarchana feola agus eile agus beifear in ann rianú iomlán a dhéanamh ar gach caora in Éirinn.

CLÁRÚ

Ní mór do gach duine a bhfuil caoirigh aige nó aici sa Stát seo cur isteach ar Oifig Thréidliachta Áitiúil na Roinne chun a g(h)abháltas a chlárú.

SAINAITHINT CAORACH

Ní mór gach caora ar ghabháltas atá thar naoi mí, nó atá á aistriú ón ngabháltas (pé acu a tharlaíonn ar dtús) a chlibeáil sa chluas chlé le clib (bán) a thaispeánann uimhir sainitheora caorach an úinéara (le heolas a fháil ar an uimhir sin déan teagmháil le hOifig Thréidliachta Áitiúil na Roinne) nó le huimhir aonair a thosaíonn ag 1. Nuair a thagann caora chuig dara gabháltas, ní mór d'úinéir an dara gabháltais é a chlibeáil sa chluas dheas le clib (bán) an ghabháltais nua.

Ní mór clibeanna a ordú ó chomhlacht formheasta – tá liosta de na comhlachtaí sin le fáil ar leathanach 60.

CÓRAS BUNACHAR SONRAÍ UM AISTRIÚ CAORACH AGUS CÁIPÉISÍ AISTRITHE

Ní mór go rachadh Cáipéis Seolta/Aistrithe le húinéir an chaora le caoirigh atá ag aistriú amach ón ngabháltas, agus iad i mbun aistrithe. Is é atá sa Cháipéis Seolta/Aistrithe ná cáipéis pearsantaithe ina trí chuid a eisítear in ainm agus seoladh úinéir an tréada agus ina bhfuil Tréaduimhir, Sraithuimhir agus Sainuimhir Caorach. Ní mór go síneodh an coimeádaí Tréada a bhfuil na caoirigh á n-aistriú amach óna g(h)abháltas an Cháipéis Seolta/Aistrithe. Ina theannta, ní mór d'úinéir na gcaorach na spáis bhána sa Cháipéis a líonadh, ag léiriú líon na gcaorach atá á n-aistriú, uimhir clibe gach caorach sa choinsíneacht atá á aistriú agus Tréaduimhir na feirme nó (i gcás ionad maraithe nó margadh) ainm agus seoladh an ghabháltais ar coinsíníodh na caoirigh dó.

Tá sé tábhachtach go gcinnteodh feirmeoirí atá ag aistriú caorach óna ngabháltas gurb é an Cháipéis Seolta atá ag dul le gach ualach atá ag imeacht ón ngabháltas an leagan is déanaí den Cháipéis Seolta. Beidh an leagan reatha den Cháipéis Seolta inaitheanta toisc go n-eisítear é ar bhonn pearsantaithe. **Níor cheart d'fheirmeoirí riamh ar chúinse ar bith leaganacha de na Cáipéisí Seolta atá imithe as feidhm nó atá as dáta a úsáid.**

Tá trí chuid sa Cháipéis Seolta/Gluaiseachta. Ba chóir an chóip bhán uachtair a chur leis na caoirigh atá ag fágáil na feirme is á dtabhairt don cheannaí. Ba chóir an chóip bhándearg lárnach a chur leis na caoirigh má tá siad le díol i marglann. Beidh sí seo ag teastáil le haghaidh taifid na marglainne féin agus ba chóir don díoltóir an chóip bhuí íochtair a choinneáil dá t(h)aifid féin.

Le Leabhair Cáipéise Seolta a ordú, glaoigh ar 1890 252 434 (líne ordaithe 24-uaire atá anseo)

CLÁR TRÉADA

Ní mór do gach duine a bhfuil caoirigh aige nó aici ar ghabháltas chláraithe taifid a dhéanamh de na huimhreacha aitheanta ar chlibeanna na n-ainmhithe. Ní mór dóibh freisin taifead a choinneáil i scríbhinn de ghluaiseachtaí ainmhithe isteach ar an ngabháltas agus amach as. Eisítear Cláir Tréad do gach úinéir tréada le cabhrú leo na sonraí seo a thaifeadadh. Ní mór sonraí faoi clibeanna athsholáthair a thaifeadadh freisin sa chlár tréada.

Le tuilleadh eolais a fháil ar aon ghné den NSIS nó den chóras cuibhithe-AE nua, nó le Clár Tréada a ordú, déan teagmháil leis an rannóg Cártaí Aitheantais agus Aistrithe Caorach agus Gabhar de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Líne Chabhrach: 1890 252 713 nó Teil: 01 6072901

DAONÁIREAMH BLIANTÚIL CAORACH

Faoi Rialachán AE 21/2004 ní mór do gach coimeádaí caorach comhaireamh a dhéanamh ar na caoirigh atá i láthair sa tréad ar an ngabháltas, an uimhir sin a thaifeadadh ar an gclár tréada agus tá dualgas dlíthiúil orthu an uimhir sin a fhilleadh ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia uair amháin sa bhliain.

De ghnáth tarlaíonn Daonáireamh Bliantúil na gCaorach i mí na Nollag agus gheobhaidh gach úinéir tréada Tuairisceán Daonáirimh sa phost ar cheart dó/di a líonadh i dtaobh líon na gcaorach ar a g(h)abháltas agus a fhilleadh láithreach sa chlúdach litreach réamhíoctha a chuirtear ar fáil.

Muna bhfuil aon chaoirigh agat ní mór duit tuairisceán nialais a líonadh. Muna ndéanann tú tuairisceán daonáirimh déanfar do shainuimhir caorach neamhghníomhach. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh tú incháilithe clibeanna caorach, leabhair Cáipéise Seolta/Aistrithe nó Cláir Thréada a ordú.

CÓRAS NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA AGUS RIANAITHE MUC (NPITS)

D'fhorbair an Roinn Córas Náisiúnta Sainaitheanta agus Rianaithe Muc de réir na riachtanas dlíthiúil agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2002. Is éard a dhéantar go bunúsach sa chóras seo ná gach muc a aistrítear ó fheirm a aithint le clib cluaise nó marc buailte agus uimhir faoi leith a thabhairt do gach ainmhí tógála. Ní mór gach aistriú muc a thaifeadadh ar bhunachar sonraí lárnach.

Níl cead ag aon duine muca a dhíol nó a cheannach gan tréaduimhreacha bailí muc a bheith acu.

Ní mór clibeanna agus marcanna buailte a ordú ó chomhlacht formheasta – tá liosta de na comhlachtaí sin le fáil ar leathanach 60.

Ba chóir d'úinéirí tréada muc ar mhian leo go gclárófaí iad ar an mBunachar Náisiúnta Sonraí dul i dteagmháil le hAonad na dTionscadal Speisialta, Rannóg Sláinte agus Leasa Ainmhithe na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Líne Chabhrach: 1890 504 604 nó Teil: 01 6072827

AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA GABHAR (NGIS)

Cuireadh córas sainaitheanta gabhar ar fáil ar fud an AE faoi Rialachán Uimh. 21/2004 ón gComhairle (CE). Rud suntasach a bhí ansin d'earnáil gabhar na hÉireann. Le tabhairt isteach NGIS tá córas náisiúnta sainaitheanta gabhar ar fáil in Éirinn atá riachtanach do rialú galar mar aon le córas rianaithe agus dearbhú do chustaiméirí. Tá an córas bunaithe ar:

- Clibeáil dúbailte a dhéanamh ar gach gabhar roimh aois a sé mhí nó roimh aistriú ón bhfeirm, cibé acu is túisce;
- Leas a bhaint as cláir thréad chun líon na ngabhar ar an ngabháltas a thaifeadadh mar aon le sonraí aistrithe;
- Cáipéis seolta a úsáid chun aistrithe a thaifeadadh.

CLÁRÚ

Ní mór do gach duine a bhfuil gabhair aige nó aici sa Stát seo cur isteach ar Oifig Thréidliachta Áitiúil na Roinne chun a g(h)abháltas a chlárú.

SAINITHINT GABHAR

Ní mór clibeanna dúbailte (.i. clib i ngach cluas) a léireoidh sainuimhir tréad gabhar an úinéara (atá ar fáil ón Oifig Tréidliachta Áitiúil) agus uimhir faoi leith a bheith ar gach gabhar ar ghabháltas atá thar aois a shé mhí, nó atá á aistriú ón ngabháltas (pé acu a tharlaíonn ar dtús).

Eisítear clibeanna d'úinéir an tréada ar a bheidh sainuimhir 7 ndigit a t(h)réada (le heolas a fháil ar an uimhir sin déan teagmháil le hOifig Thréidliachta Áitiúil na Roinne) agus uimhir an ainmhí féin ag tosú le 1. Níl ar an úinéir na huimhreacha **faoi leith** seo a thaifeadadh ar an gcáipéis seolta nó sna cláir thréada murar mian leis/léi é sin a dhéanamh.

Ní mór clibeanna a ordú ó chomhlacht formheasta – tá liosta de na comhlachtaí sin le fáil ar leathanach 60.

CLÁR TRÉADA

Ní mór do gach úinéir tréada clár tréada a choinneáil san fhormáid sin a sholáthraíonn an Roinn. Ní mór sonraí a thaifeadadh sa chlár tréada ar bhonn baisce (agus ní ar bhonn gach ainmhí faoi leith) faoi gach aistriú gabhar isteach sa ghabháltas agus amach as. Dar ndóigh is féidir na taifid seo a choinneáil ar bhonn gach ainmhí faoi leith más é sin is mian le húinéir an tréada. Ní mór sonraí a bheith ar an gclár tréada faoi gach gabhar ar an ngabháltas atá os cionn aois sé mhí. Ní mór sonraí faoi chlibeanna athsholáthair a thaifeadadh sa chlár tréada.

CÁIPÉIS AISTRITHE

Ní mór go rachadh Cáipéis Seolta/Aistrithe le húinéir na ngabhar le gabhair atá ag aistriú amach ón ngabháltas, agus iad i mbun aistrithe. Ní mór don choimeádaí Tréada a bhfuil na gabhair á n-aistriú amach óna g(h)abháltas an Cháipéis Seolta/Aistrithe a shíniú. Ina theannta, ní mór d'úinéir an ghabhair/na ngabhar na spáis bhána sa Cháipéis a líonadh, ag léiriú líon na ngabhar atá á n-aistriú, uimhir clibe gach gabhair sa choinsíneacht atá á aistriú agus Tréaduimhir na feirme nó (i gcás ionad maraithe nó margadh) ainm agus seoladh an ghabháltais ar coinsíníodh an gabhar/na gabhair dó.

DAONÁIREAMH BLIANTÚIL GABHAR

Faoi Rialachán AE 21/2004 ní mór do gach coimeádaí gabhar comhaireamh a dhéanamh ar na gabhair atá i láthair sa tréad ar an ngabháltas, an uimhir sin a thaifeadadh ar an gclár tréada agus tá dualgas dlíthiúil orthu an uimhir sin a fhilleadh ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia uair amháin sa bhliain.

Is gnách go dtarlaíonn Daonáireamh Bliantúil na nGabhar i mí na Nollag agus gheobhaidh gach úinéir tréada Tuairisceán Daonáirimh sa phost ar cheart dó/di a líonadh i dtaobh líon na ngabhar ar a g(h)abháltas agus a fhilleadh láithreach sa chlúdach litreach réamhíoctha a chuirtear ar fáil.

Muna bhfuil aon ghabhar agat ní mór duit tuairisceán nialais a líonadh. Muna ndéanann tú tuairisceán daonáirimh déanfar do shainuimhir gabhair neamhghníomhach. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh tú incháilithe clibeanna gabhair, leabhair Cáipéise Seolta/Gluaiseachta nó Cláir Thréada a ordú.

ALLMHAIRÍ

Beidh clibeanna dúbailte ar ghabhair a allmhairítear ó Bhallstát eile agus ní bheidh aon chlibeáil eile riachtanach. Ní bheidh aon athrú ar na riachtanais leighis tréidliachta atá ann faoi láthair. Ní mór clibeanna dearga allmhairithe a chur ar ainmhithe ó thíortha lasmuigh den AE.

Le tuilleadh eolais a fháil ar aon ghné den NSIS nó den chóras cuibhithe-AE nua, nó le Clár Tréada a ordú, déan teagmháil leis an rannóg Cártaí Aitheantais agus Aistrithe Caorach agus Gabhar de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Líne Chabhrach: 1890 252 713 nó Teil: 01 6072901

CLIBEANNA AGUS SOLÁTHRAITHE CLIBEANNA

Tugadh cead roinnt clibeanna éagsúla a úsáid faoi na scéimeanna NSIS, NPITS agus NGIS. Níl cead clibeanna a cheannach ach ó sholáthraithe formheasta clibeanna.

Tá sé ceadaithe clibeanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha a úsáid ach ba chóir cuimhneamh nach féidir na clibeanna caighdeánacha gearrthéarmacha caorach a úsáid **ach amháin** ar uain a bheidh á gcur go **díreach** chun a mharaithe. Is féidir clibeanna caighdeánacha fadtéarmacha caorach a chur ar na caoirigh go léir.

Clibeanna bána a bhíonn ar chaoirigh agus ar ghabhair ach amháin i gcás na gclibeanna dearga allmhairithe agus na gclibeanna buí athsholáthair.

Dath glas atá ar chlibeanna muc.

Is féidir clibeanna a ordú ó roinnt soláthraithe éagsúla agus is **tríd an bpost amháin** a sheolfar na horduithe go díreach chuig úinéir an tréada a ordaíonn iad. Féach an liosta de na comhlachtaí formheasta ar leathanach 60.

AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA CAORACH - NSIS
AN CÓRAS NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA AGUS RIANAITHE MUC (NPITS)
AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA GABHAR (NGIS)

SOLÁTHRAITHE FORMHEASTA CLIBEANNA

Is é seo leanas liosta de na comhlachtaí formheasta chun clibeanna sainaitheanta cluaise a sholáthar d'ainmhithe faoi na scéimeanna thuasluaite.

Ainm & seoladh an Chomhlachta	Córas Sainaitheanta Ceadaithe	Teileafón	Facs	Seoladh Ríomhphoist/Gréasáin
Agrihealth Ltd. Bóthar Chluain Eois Muineachán Co. Mhuineacháin	NSIS NPITS NGIS	1890 515151 047 71800	047 74190	eartags@agrihealth.ie www.eartags.ie
Co-Operative Animal Health Ltd. Eastát Tionsclaíochta na Tulaí An Tulach Co. Cheatharlach	NSIS NPITS NGIS	059 9151251	059 9151856	nbyrne@cahl.ie www.cahl.ie
Cormac Sheep Tagging Sráid an Bhiocáire Tuaim Co. na Gaillimhe	NSIS NPITS NGIS	093 28231	093 28019	sheeptagging@eircom.net
Dalton I.D. Systems (Ireland) Ltd. Cairéal Chill Tuathail Conmhaigh Co. Dhún na nGall	NSIS NPITS NGIS	074 9101962	074 9101959	md@dalton.co.uk holden@dalton.ie www.dalton.ie
Eurotags Comharchumann Mhuileann na hUamhan Muileann na hUamhan Co. Thiobraid Árann	NSIS NPITS NGIS	052 53357	052 53289	mdwyer@mull-coop.ie
Quicktag 7A Churchfield Road Ballycastle Antrim BT54 6PJ Tuaisceart Éireann	NSIS NPITS NGIS	048 2076 8696	028 2076 8699	info@quicktag.co.uk www.quicktag.co.uk
Ritchey Tagg plc Fearby Road Masham Ripon North Yorkshire HG4 4ES Sasana	NSIS NPITS NGIS	0044 1765 689541	0044 1765 689851	john.robinson@ritchey.co.uk www.ritcheytagg.com
Merko nv Leo Baekelandstraat 7 Unit 5 B-2950 Kapellen An Bheilg	NPITS	00 32 3 360 2670	00 32 3 326 3398	merko@merko.be www.merko.be
Shearwell Data Ltd PuthamFarm Wheddon Cross, Minehead, Somerset TA24 7AS RA	NSIS NPITS NGIS	00 44 1643 841611	00 44 1643 841628	Mike.Fletcher@shearwell.co.uk www.shearwell.co.uk

08 táirgeadh/táirgí ainmhithe

8. TÁIRGEADH/TÁIRGÍ AINMHITHE

EALLAIGH

CEADÚNAIS I.S. DFÉ

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Chun a chinntiú go bhfuil traenáil iomchuí ag daoine a bhfuil fonn orthu Inseamhnú Saorga a chleachtadh ina dtréad bólachta agus nach mbaintear úsáid ach as seamhan ó fhoinsí formheasta amháin sa phróiseas.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint ceadúnais:

- Ní thabharfaidh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a fhormheas do dhuine ar bith seachas úinéir an tréada, nó a fhostaí lánaimseartha, a bhfuil clár formheasta traenála i gcleachtadh Inseamhnaithe Shaorga curtha i gcrích go sásúil aige, chun inseamhnuithe a dhéanamh laistigh den tréad sin;
- Beidh inseamhnuithe ag úinéir tréada nó ag a fhostaí lánaimseartha teoranta don tréad atá sainithe sa cheadúnas;
- Beidh an méid seamhain ar féidir a cur ar fáil d'úinéir tréada ar bith faoi na socrúcháin seo a bheith bainteach le líon na mbó sa tréad atá i gceist agus ní sháróidh sé 2.5 cochán do gach bó in aghaidh na bliana;
- Caithfidh úinéirí tréada a n-oiliúint I.S. DFÉ nó cúrsa athnuachana a chur in áirithe le comhlacht atá ceadúnaithe ag an Roinn chun a leithéid de chúrsaí a reáchtáil;
- Tugtar cead do shealbhóirí Ceadúnais I.S. DFÉ méideanna teoranta de sheamhan a stóráil ar an bhfeirm.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Déantar iarratais ar Fhoirm **DIY A.I.1.** Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le ceadúnas I.S. DFÉ. Tá liosta de na comhlachtaí atá ceadúnaithe cúrsaí a sholáthar ar fáil ach é a iarraidh.

CEADÚNAIS SEIRBHÍSE ALLAMUIGH

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Soláthraíonn Sealbhóirí Cheadúnais Seirbhíse Allamuigh seirbhís inseamhnaithe shaorga (I.S.) buaibheach d'ardchaighdeáin ar feadh na bliana d'fheirmeoirí trí líonra de theicneoirí I.S. oilte.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

Caithfidh sealbhóir an Cheadúnais Seirbhíse Allamuigh:

- A chinntiú go gcloíonn an eagraíocht le dea-cleachtais agus nósanna imeachta tréidliachta;
- Seamhan a úsáid ó fhoinsí formheasta amháin;
- Taifid sásúla a choinneáil; agus
- éascú a dhéanamh ar thaifeadadh, thástáil, mheasúnú géiniteach agus ar fhoilsiú torthaí tarbh do chuspóirí tástála.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH
Déantar iarratais don chéad uair le **Form FSL 1**. Déantar iarratais athnuachana le Foirm FSL 2. Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le Ceadúnas Seirbhíse Allamuigh.

I.S. CEADÚNAIS TEICNEOIRÍ

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME
Is í aidhm na scéime go príomha ná seirbhís I.S. buaibheach d'ardchaighdeán a sholáthar tríd an líonra Seirbhíse Allamuigh ceadúnaithe ag coinneáil caighdeáin sláinte agus leasa ainmhithe agus inrianaitheacht an táirgthe an t-am ar fad.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT
Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint ceadúnais:

- caithfidh teicneoirí I.S. agus pearsanra díolacháin a bheith fostaithe ag sealbhóir Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh;
- caithfidh teicneoirí I.S. a bheith inteagmhála an t-am ar fad;
- caithfidh teicneoirí I.S. a bheith fostaithe ag an sealbhóir Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh atá ainmnithe ar a gceadúnas.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH
Déantar iarratais ar Cheadúnas Sealadach Teicneora I.S. ar Fhoirm **AI PROV.**
Déantar iarratais ar Cheadúnas Iomlán Teicneora ar Fhoirm **AI FUL.**
Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le ceadúnas teicneora I.S.

CEADÚNAIS CHUN SEAMHAN BUAIBHEACH A DHÁILEADH

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME
Lena chinntiú go bhfuil eagraíochtaí nó daoine aonair a bhfuil fonn orthu seamhan buaibheach a thrádáil, ceadúnaithe go hiomchuí ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun dáileadh seamhain bhuaibhigh a dhéanamh agus mar sin sláinte agus leas ainmhithe agus inrianaitheacht an táirgthe a chosaint.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT
Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint ceadúnais:

- Caithfidh dáileoirí taifid shásúla a choinneáil;
- Níor chóir seamhan a sholáthar ach do shealbhóirí ceadúnas I.S. DFÉ amháin;
- Tá an ceadúnaí faoi réir ag rialú foriomlán tréidliachta agus zótheicniúil na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH
Má tá iarratas ar dháileadh seamhain bhuaibhigh á chur isteach don chéad uair ag allmhaireoir cláraithe de sheamhan buaibheach úsáidtear Foirm **DC 1.** Déantar iarratais athnuachana le Foirm **DC 2.** Déanann duine aonair iarratas ar cheadúnas chun seamhan a dhíol agus a dháileadh ar son chuideachta IS ar Fhoirm **DBSL 1.**

Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann leis an gceadúnas.

IONAID STÓRÁLA SEAMHAIN BHUAIBHIGH A FHORMHEAS

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Lena chinntiú go gcomhlíonann áitreabh ina ndéantar seamhan a stóráil na caighdeáin shainithe a leagtar amach in I.R. Uimh. 499 de 2004

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint formheasa:

- Caithfidh an t-ionad a bheith faoi mhaoirseacht thréidlia an ionaid atá formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia;
- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha nó leithlisithe ionas go gcuirfí bac ar theagmháil le hainmhithe ón taobh amuigh;
- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha ionas gur féidir áiseanna stórála a ghlanadh agus a dhíghalrú;
- Caithfear taifid shásúla a choinneáil;
- Déanfar cigireacht ar an ionad stórála ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia dhá uair sa bhliain ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le coinníollacha formheasa agus maoirseachta.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Déantar iarratais ar Fhoirm **SSC.**

IONAID BAILIÚCHÁN SEAMHAIN BHUAIBHIGH A FHORMHEAS

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Lena chinntiú go gcomhlíonann áitreabh ina ndéantar seamhan a bhailiú na caighdeáin shainithe a leagtar amach in I.R. Uimh.112 de 1996, mar a leasaíodh.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint formheasa:

- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha nó leithlisithe ionas go gcuirfí bac ar theagmháil le hainmhithe ón taobh amuigh;
- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha ionas gur féidir áiseanna stórála a ghlanadh agus a dhíghalrú;
- Caithfidh an t-ionad coinníollacha formheasa, maoirseachta agus aistrithe ainmhithe a chomhlíonadh chomh maith le gnáth-thástálacha agus cóireáil a bheidh le cur i bhfeidhm i dtaobh gach beithígh san Ionad;
- Caithfidh anailís ar bith a bheith déanta i saotharlanna formheasta;
- Déanfar cigireacht ar an ionad stórála ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia dhá uair sa bhliain ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí uile a bhaineann le coinníollacha formheasa agus maoirseachta;
- Caithfear taifid shásúla a choinneáil.

Tabhair faoi deara go moltar do dhaoine a bhfuil fonn orthu formheas a fháil d'ionad bailiúchán seamhain teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ón tús ionas go bhfaighidís eolas iomlán ar an bpróiseas formheasa.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Déantar iarratais ar Fhoirm **SCC.**

FORMHEAS NA FOIRNE BAILIÚCHÁIN NÓ TÁIRGTHE UBHÁN/SUTHANNA BUAIBHEACHA

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Chun a chinntiú nach bhfeidhmíonn ach amháin foirne atá ceadaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia don chuspóir de tháirgeadh agus nó bhailiú ubhán beithígh/suthanna a leithéid de sheirbhíse.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint formheasa:

- Ní mór nach ndéanfaí bailiú, próiseáil agus stóráil suthanna ach amháin ag pearsanra atá cáilithe go hiomchuí;
- Caithfidh foireann bailiúcháin suthanna a bheith faoi mhaoirseacht ag tréidlia oifigiúil;
- Caithfidh saotharlanna buana nó soghluaiste a bheith ar fáil.

Conas iarratas a dhéanamh

Déantar iarratais ar Fhoirm **ECT 1.**

BAILIÚCHÁN SEAMHAIN BHUAIBHIGHH AR AN bhFEIRM

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Cead a thabhairt d'úinéirí tréada chun folaíocht a dtréad bólachta a chaomhnú trí sheamhan a bhailiú óna dtréad féin d'úsáid laistigh dá dtréad féin.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

- Ní féidir bailiú ar an bhfeirm de sheamhan buaibheach a bheith déanta ach amháin ag ionad bailiúchán seamhain bhuaibhigh;
- Ní mór d'iarratasóirí nó a bhfostaithe do bhailiú ar an bhfeirm ceadúnas IS 'Déan Féin É' a bheith acu chun seamhan a stóráil agus ní féidir leo ach méid áirithe seamhain a stóráil (bailithe ar an bhfeirm nó i slí eile) de réir an uasmhéid atá ceadaithe ag a c(h)eadúnas;
- I gcás nach bhfuil ceadúnas IS DFÉ ag an iarratasóir caithfear an seamhan a bailíodh ar an bhfeirm a bheith stóráilte ag ionad formheasta agus ní scaoilfear é ach amháin le n-úsáid ina t(h)réad féin agus le inseamhnaitheoir ó chomhlacht IS ceadúnaithe.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Déantar iarratais ar Fhoirm **OFC1.**

TÁSTÁLACHA RÉAMH-IONTRÁLA DO THAIRBH GO STÁISIÚIN I.S.

AIDHM GHINEARÁLTA BHEART NA SCÉIME

Is í aidhm na scéime ná a chinntiú go gcomhlíonann an seamhan buaibheach uile d'úsáid in I.S. gach riachtanas maidir le sláinte ainmhithe.

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME/AN BHIRT

Caithfidh tairbh pas a fháil i roinnt saintástálacha sláinte sular féidir iad a ligean isteach i stáisiún I.S.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Déantar iarratais ar Fhoirm **HT 1.**

SCÉIM EALLAIGH CHIARRAÍ

Cuspóir
Chun cothabháil roinnt tréad eallaigh Chiarraí ar leith a spreagadh in Éirinn chomh maith le cúltaca imleor a chruthú agus a chothabháil de stoc síolraíochta folaíochta.

Is féidir tuilleadh eolais faoi na scéimeanna thuas a fháil ón Rannán um Shíolrú Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Tithe an Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil. Uimh. 049 4368296 nó 049 436 8200 Facs: 049 4361486 R-phost: bovineai@agriculture.gov.ie

LEABHAIR TRÉADA

Is é is brí le leabhair tréada ná leabhar, clár, comhad nó meán sonraí ar bith atá á chothabháil ag eagraíocht aitheanta agus ina bhfuil beithígh cláraithe le tagairt dá sinsir go léir a bhfuil eolas ann fúthu. Rialaítear feidhmiú leabhair thréada faoi Rialacháin (Trádáil i mBeithígh Síolraíochta a Seamhan, Ubháin agus Suthanna) na gComhphobal Eorpach 1996 I.R. Uimh. 112 de 1996.

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil chun formheas a thabhairt faoin reachtaíocht seo faoi réir ag an iarratasóir a bheith tar éis na critéir d'fhormheas a chomhlíonadh. Tá Téarmaí agus Coinníollacha infheidhme.

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ón Rannán um Shíolrú Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 R-phost: zootechnics@agriculture.gov.ie

TÁSTÁIL FEIDHMÍOCHTA LÁRNACH

Feidhmíonn Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) stáisiún tástála feidhmíochta tarbh ag Tulach, Co. Chill Dara. Is é príomhchuspóir na seirbhíse ná tairbh mhairt ardchaighdeáin a shainaithint le haghaidh tástála sleachta trí I.S. Bainfear úsáid forleathan as na cinn is fearr díobh siúd trí I.S. ag póraitheoirí de ghinealaigh mar aithreacha do bha ginealacha athsholáthair agus mar aithreacha do thairbh stoic le húsáid i dtréada diúil tráchtála. Maireann an tréimhse tástála ar feadh timpeall 120 lá agus i rith an ama sin cothaítear agus cuirtear na tairbh óga isteach faoi choinníollacha aonfhoirmeacha. Déantar measúnú ar thairbh maidir le ráta fáis, comhshó beathaithe, tomhais agus cruth coirp. Tá na táillí iníoctha ar fáil le téarmaí agus coinníollacha ar iarratas ón ICBF.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Chónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann, Teach Highfield, Droichead na Bandan, Co Chorcaí. Teil: 023 20222 Facs: 023 20229. Suíomh idirlín: www.icbf.com

SCÉIM AN AE UM CHONABLAIGH MHAIRTEOLA A AICMIÚ

AIDHM

Is í aidhm na Scéime um Chonablaigh Mhairteola a Aicmiú na comhchaighdeán aicmithe a chinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé seo ar chumas an AE córas tuairiscithe um praghas mairteola caighdeánaithe a fheidhmiú. Ó dheireadh 2004, déantar an chuid is mó de na mairt a aicmiú le modhanna meicniúla. Déanann fostaithe monarchan atá ceadúnaithe ag an Roinn an fuílleach a aicmiú.

Tá na critéir don aicmiú mar seo a leanas:

- Cruth (cruth agus forbairt an chonablaigh): sonraítear é leis na litreacha E, U, R, O, P le E mar an ceann is fearr agus P mar an ceann is measa;
- Saill: sonraítear méid na saille sonraithe leis na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 de réir méid saille méadaitheach;
- Catagóir ghnéis: sonraítear é leis na litreacha A (tarbhán), B (tarbh), C (bullán), D (bó) agus E (bearach).

Cuireann an seamlas eolas aicmithe ar ais chuig an soláthraí. Déantar níos mó ná 90% de mhairt a aicmiú le meaisín. Úsáideann aicmiú meaisín Anailíse Íomhá Físe chun tomhais éagsúla a dhéanamh ar an mart. Ós rud é go socraítear an t-aicmiú sa chás seo i ndóigh oibiachtúil, ní féidir achomharc a dhéanamh. I ngléasraí níos lú déanann fostaithe monarchan, atá ceadaithe ag an Roinn, an t-aicmiú. Sna cásanna seo, is féidir leis an soláthraí achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh an aicmitheora don seamlas.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannán um Mairteoil a Aicmiú, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Ionad Gnó Grattan, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 869 4407

LIPÉADÚ MAIRTEOLA

Is é an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-údarás inniúil d'fhonn na rialacháin a chur i bhfeidhm chun lipéadú mairteola agus táirgí mairteola a rialú.

Faoi na rialacháin seo, caithfidh oibreoirí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le margaíocht mairteola mairteoil a lipéadú ionas go soláthrófar an t-eolas seo a leanas do thomhaltóirí:

- Uimhir thagartha nó cód tagartha ag ceadú sainaithint an ainmhí nó an ghrúpa ainmhithe arb as a théarnaíodh an mhairteoil;
- Uimhir fhormheasa agus tír an tseamlais - ba chóir a bheith scríofa ar an táscaire: 'Rinneadh an marú in' (ainm an Bhallstáit nó na Tríú Tíre) (Uimhir fhormheasa);
- Uimhir fhormheasa agus tír an halla díchnámhaithe - ba chóir a bheith scríofa ar an táscaire: 'Gearradh in' (ainm an Bhallstáit nó na Tríú Tíre) (Uimhir fhormheasa);
- An Ballstát nó Tríú Tír inar rugadh an t-ainmhí, inar méathaíodh é agus inar maraíodh é (Bunús).

Forálann na rialacháin do scéim um lipéadú deonach chomh maith sa chaoi nach bhfuil oibreoirí a theastaíonn uathu eolas forlíontach a chur ar lipéid in ann é a dhéanamh ach amháin faoi réir fhormheas na Roinne.

Tugadh rialacháin isteach in 2006, a shín na dlíthe um lipéadú mairteola go dtí na hearnálacha bialainne agus lónadóireachta. Éilítear faoi na Rialacháin (Tír Thionscnaimh Mhairteola) Sláinte 2006 (I.R. Uimh. 307 de 2006), nach ndéanfaidh oibreoir gnólachta bia a sholáthraíonn mairteoil ullmhaithe do chustaiméirí (a) díolachán nó soláthar mairteola a fhógairt, (b) é a chur ar fáil le haghaidh díolacháin nó soláthair, nó (c) é a dhíol nó a sholáthar muna bhfuil tír nó tíortha tionscnaimh an mhairteola curtha in iúl ag pointe na fógraíochta, an cur i láthair, an díolacháin nó an tsoláthair i gcló soiléir inléite ar an bhfógra, ar an mbiachlár nó ar aon chur i láthair eile a úsáidtear. Tá na rialacháin á bhforfheidhmiú ag Údarás Sábhailteachta Bia na hÉireann.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannán Beartais Feola, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil 01 607 2880

BAINNE

CUÓTAÍ BAINNE

Forálann Rialacháin an Chuóta Bainne d'íocaíocht tobhaigh, ar a dtugtar an "t-olltobhach", ar sheachadtaí bainne i bhfarasbarr ar chuóta náisiúnta bliantúil na hÉireann. Socraítear dliteanas na dtáirgeoirí aonair a sháraíonn a gcuóta, a léirítear i dtéarmaí an toirte agus an mhéid saille, i ndiaidh athdháileadh cuóta nár úsáideadh é.

Tá na scéimeanna dáilte cuóta seo a leanas á bhfeidhmiú de réir na rialacha atá leagtha síos ag an Aire:

- **Scéim Trádála na gCuótaí Bainne** - a feidhmítear i dtosach na bliana cuóta bainne ábhartha. Is í Scéim Trádála na gCuótaí Bainne an príomh-mhodh trína bhfaigheann táirgeoirí cuóta bainne breise. Feidhmíonn an Roinn an scéim ach déantar í a reáchtáil ar bhonn cheantar na gComharchumann. Cuimsíonn sí linn tosaíochta agus malartán margaidh. Faoin scéim tugtar deis do na táirgeoirí cuóta a dhíol agus a cheannach ar phraghsanna a shocraíonn siad féin. Cuirtear uasmhéid de tríocha faoin gcéad den chuóta atá á thairiscint le díol in aon cheantar Comharchumainn ar fáil do tháirgeoirí na catagóire tosaíochta ar phraghas a shocraíonn an tAire. Déantar an fuílleach a thrádáil ar an malartán margaidh ar Phraghas Imréitigh Margaidh, a dhéantar a ríomh ar bhonn na méideanna agus na bpraghsanna a shonraíonn na díoltóirí agus na ceannaitheoirí.
- **Scéim Léasaithe Sealadach** - á feidhmiú le linn bhliain an chuóta bainne. Faoin Scéim Léasaithe Sealadach is féidir le táirgeoirí tairiscint a dhéanamh chun cuid dá gcuóta nach n-úsáidfidh siad le linn na bliana cuóta bainne seo dar leo a léasú do stór a gcomharchumainn/a ndéirí. Ní féidir le duine a cuóta lán a léasú ach amháin nuair atá cead bronnta air/uirthi chun é a dhéanamh ag an Roinn mar gheall ar chúinsí eisceachtúla á c(h)áis. Is féidir le táirgeoirí eile, a bhfuil cuóta breise ag teastáil uathu don bhliain sin, iarratas a dhéanamh do chuóta léasaithe sealadacha ón stór. Téann an tréimhse léasaithe as feidhm i ngach cás ar an 31 Márta .i. deireadh na bliana cuóta bainne.
- **Athdháileadh an Chuóta Neamhúsáidte** - a riartar i ndiaidh dheireadh na bliana cuóta bainne. I gcás go mbíonn barraíocht táirgthe thar chuóta ag leibhéal náisiúnta, déantar athdháileadh ar chuóta nach n-úsáideadh do tháirgeoirí thar-chuóta incháilithe. Tugtar "flexi-milk" ar an gcóras seo.

Chomh maith leis sin, feidhmítear scéim do dháileadh cuóta bainne breise ón gCúlchiste Náisiúnta ag an Roinn. Déanann an Binse Achomhairc Cuóta Bainne measúnú ar Iarratais ar fhorais Cruatain agus Galar Ainmhithe agus déanann sé moltaí don Aire.

Socraíonn an tAire na critéir mhionsonraithe d'fheidhmiú na Scéimeanna seo agus fógraítear iad sna meáin náisiúnta.

Tá sonraí na socrúchán ar fáil do tháirgeoirí freisin ag a gcomharchumainn/a ndéirithe nó ar iarratas ón Rannán Beartais Bainne, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072857

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TÁIRGTHE BAINNE

Ó 2002, d'éascaigh na Rialacháin Cuóta Bainne bunú Chomhpháirtíochtaí Tairgthe Bainne (MPPanna). Is féidir le dhá chineál comhpháirtíochta a bheith ann: MPP Caighdeánach a bhaineann le comhpháirtíocht idir feirmeoirí aonair, agus caithfidh duine acu a bheith ina tháirgeoir bainne, a bhfuil a ghabháltas féin aige, agus MPP Nua/Iontrálaí le Déanaí/Tuismitheora (ar a dtugtar MPP Teaghlaigh fosta), a éascaíonn teacht isteach iontrálaithe nua agus le déanaí chuig an déiríocht agus a ligeann dóibh feirmeoireacht a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí. Déantar an Scéim a mhaoirsiú ag Rannán Beartais Bainne na Roinne (teil. 01-6072262), agus caithfidh rannpháirtithe a MPP a chlárú le hOifig Chláraithe na gComhpháirtíochtaí Déiríochta de chuid Teagasc i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí (teil. 025-42312).

CAIGHDEÁIN AE D'FHEIRMEACHA DÉIRÍOCHTA AGUS DO BHAINNE ATÁ Á DHÍOL DO THOMHALTAS A DAOINE

Leagtar amach rialacha um chosaint sláinte poiblí agus sláinteachas do tháirgeadh agus phróiseáil táirgí bainne agus déiríochta i sraith de chúig Rialachán a cheap an Coimisiún Eorpach agus tá siad infheidhmithe ar fud an Aontais. Leagann siad caighdeáin síos do gach rud ó tháirgeadh bhainne amh ar fheirmeacha do phacáil agus lipéadú na dtáirgí déiríochta críochnaithe a fhágann na bunaíochtaí próiseála.

TÁILLE CIGIREACHTA DÉIRÍOCHTA

Tá tobhach iníoctha ar an mbainne uile a cheannaítear le haghaidh próiseála faoin Acht Bainne (Foráil Ilghnéitheach), 1979. Tá sé mar aidhm ag an tobhach costais chóras cigireachta na Roinne a chlúdach laistigh den earnáil déiríochta. Seasann ráta an tobhaigh faoi láthair ag 0.1 cent an lítear.

CUR CHUN CINN/BOLSCAIREACHT

Cuirtear maoiniú AE ar fáil do chur chun cinn cineálach thomhaltas bainne agus táirgí bainne. Tá an maoiniú curtha ar fáil de réir moltaí arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin agus reáchtáiltear é taobh le taobh le haon fheachtas chur chun cinn agus bolscaireachta cineálaí.

CAORAIGH

CLÁIR FEABHAITHE PÓIR

Is é cuspóir an **Chláir Fheabhsaithe Póir Chaorach** atá á fheidhmiú ag an Roinn ná chun feabhas a chur ar ráta fáis fíocháin thrua agus ar mhatán i bpóir chríochaithreacha (feoil) chaoirigh in Éirinn. Ionchorpraíonn sé taifeadadh feidhmíochta agus tomhas ultrasonach de dhoimhne matáin agus saille. Tá na gnéithe seo san áireamh i luach folaíochta iomlán darb ainm an tInnéacs Truafheola (L.M.I.). Tá rannpháirtíocht oscailte do thógálaí pórchaoirigh ar bith le tréad caorach de 10, nó níos mó, caoirigh fholúla.

CLÁR FEABHSAITHE CAORACH FOLÚLA NA GAILLIMHE

Is iad cuspóirí an chláir ná:

- chun taifead a dhéanamh ar fheidhmíocht bhreithe uain gach caorach folúil atá i dtéada cláraithe na Gaillimhe;
- chun rangú a dhéanamh ar na caoirigh agus a shliocht de réir ranganna fiúntais ghéinitigh i dtaobh torthúlachta;
- chun úsáid an eolais seo a spreagadh maidir le roghnú stoic thógála;

agus mar sin feabhas géiniteach a chur chun cinn do thorthúlacht i dtréada folúla cláraithe na Gaillimhe.

CEADÚNAS CHUN INSEAMHNÚ SAORGA AGUS AISTRIÚ SUTHA A CHLEACHTADH I gCAOIRIGH

Tá cosc ar Inseamhnú Saorga agus Aistriú Suthanna a chleachtadh ar chaoirigh ach amháin le ceadúnas arna eisiúint ag an Roinn faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Galar Crúb agus Béil) (Rialú ar Inseamhnú Saorga agus Aistriú Suthanna i gCaoirigh) Ordú, 2001, I.R. Uimh. 381 de 2001.

Ní bhronnfar ceadúnais chun inseamhnú saorga agus aistriú suthanna a chleachtadh i gcaoirigh ach amháin ar thréidlianna cláraithe.

IONAID FORMHEASTA CHUN SEAMHAN CAORACH A BHAILIÚ

Bíonn ionaid bailiúchán seamhan caorach á rialú faoi Rialacháin (Trádáil in Ainmhithe agus Seamhan, Ubháin agus Suthanna Ainmhithe) na gComhphobal Eorpacha, 1996 I.R. Uimh. 12 de 1996. Caithfidh trádáil i seamhan caorach a bheith déanta de réir na Rialachán seo.

Tabhair faoi deara go moltar do dhaoine a bhfuil fonn orthu formheas a fháil d'ionad bailiúchán seamhain teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ón tús ionas go bhfaighidís eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta.

Is féidir eolas breise a fháil ar na seirbhísí thuas ón Rannán Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 R-phost: zootechnics@agriculture.gov.ie

LEABHAR TRÉADA CAORACH AGUS GABHAR FOLAÍOCHTA

Is é is brí le Leabhar Tréada ná leabhar, clár, comhad nó meán sonraí ar bith atá á chothabháil ag eagraíocht aitheanta agus ina bhfuil ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair cláraithe le tagairt dá sinsir go léir a bhfuil eolas ann fúthu. Tá feidhmiú leabhair thréada á rialú faoi Rialacháin (Leabhar Tréada do Chaoirigh agus do Ghabhair Fholaíochta) na gComhphobal Eorpach, 1994 I.R. Uimh. 16 de 1994.

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil chun formheas a thabhairt faoin reachtaíocht seo faoi réir ag an iarratasóir a bheith tar éis na critéir d'fhormheas a chomhlíonadh. Tá Téarmaí agus Coinníollacha infheidhme.

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ón Rannán um Shíolrú Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 R-phost: zootechnics@agriculture.gov.ie

RANGÚ CONABLACH UAIN

Leagann Rialachán 2137/92 ón gComhairle amach an cuspóir chun úsáid na heangaí AE a dhéanamh éigeantach do gach Seamlas AE atá formheasta.

Rangaítear conablaigh uain trí mheasúnú a dhéanamh ar:

- Cruth (cruth agus forbairt matáin an chonablaigh), a shonraítear leis na litreacha E, U, R, O, P le E mar an ceann is fearr agus P mar an ceann is measa;
- Saill: tá méid na saille sonraithe leis na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 de réir méithe méadaithí;

Tá scéim rangaithe conablaigh uain go hiomlán de réir eangach an AE i bhfeidhm i bhformhór na seamlas uain atá formheasta d'onnmhairiú.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannán Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Pailliún A, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, Teileafón: 057-8694406

MUCA

IONAID BAILIÚCHÁN SEAMHAN MUC FORMHEASTA

Tá ionaid bailiúchán seamhan muc á rialú faoi Rialacháin (Trádáil i Seamhan Muc-Sláinte Ainmhithe) na gComhphobal Eorpach, 1993 I.R. Uimh. 242 de 1993. Ní féidir trádáil a dhéanamh i seamhan muc ach amháin de réir na Rialachán seo.

Tabhair faoi deara go moltar do dhaoine a bhfuil fonn orthu formheas a fháil d'ionad bailiúcháin sheamhain teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ón tús ionas go bhfaighidís eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta.

TRÉADLEABHAR AGUS CLÁR PÓRAITHE MUC

Formheas na Roinne d'eagraíocht chun tréadleabhar nó clár a chothabháil faoi Rialacháin (Tréadleabhar agus Clár Póraithe Muc) na gComhphobal Eorpach, 1994 I.R. Uimh. 151 de 1994.

Is féidir eolas breise a fháil ar na seirbhísí thuas ón Rannán Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292, Facs: 049 4361486 Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie

GRÁDÚ CONABLACH MUC

Cuirtear córas an AE do ghrádú conablach muc i bhfeidhm in Éirinn leis na Rialacháin (Grádú) um Chonablach Muc, 1988 go 2001. Caithfidh gach seamlas muc, ina maraítear níos mó ná 200 muc sa tseachtain ar an meán i rith na bliana, conablaigh muc a ghrádú de réir a n-ábhair truafheola. Caithfidh grádú a bheith déanta de réir ceann de na modhanna atá formheasta ag Coimisiún an AE d'úsáid in Éirinn. Beidh Grád léirithe ar chraiceann na lorga nó an liamháis ag uimhir atá mar an t-ábhar truafheola measta nó an litir grádaithe chomhfhreagrach. Is é cuspóir an chórais ghrádaithe ná chun trédhearcacht a éascú sa réimse praghsála agus chun cabhrú le híocaíocht chothrom de réir chaighdeán an chonablaigh. Caithfidh oibreoir an tseamlais ráiteas a thabhairt do sholáthraithe muc, maidir le gach muc, ag taispeáint uimhir an chonablaigh, meáchan an chonablaigh, meastachán ar chéatadán an ábhair thruafheola agus an praghas iomlán a íocadh.

CÓRAS RIALAITHE SALMONELLA MUC

Is é cuspóir an chláir seo ná chun laghdú a dhéanamh ar riosca ar bith d'fhadhbanna sláinte poiblí a éiríonn as tomhaltas muiceola agus táirgí muiceola. Faoi Ordú 2007 maidir leis an Acht um Ghalair Ainmhithe, 1996 (Salmonella i Muca), caithfidh gach táirgeoir muc a chinntiú go bhfuil teastas bailí catagóirithe acu dá dtréada muc.

Is féidir tuilleadh eolais ar na seirbhísí thuas a fháil ón Rannóg Beartais Feola, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072735

SLÁINTEACHAS FEOLA

BEARTAS BEOSTOIC GHLAN

Soláthraíonn an Pacáiste Sláinteachais, a tháinig i bhfeidhm i ngach Ballstát den Aontas Eorpach ar 1 Eanáir 2006, na rudaí seo a leanas maidir le glaineacht an bheostoic a chuirtear i láthair le haghaidh maraithe.

Rialachán (CE) Uimh. 852/2004

Caithfidh oibreoirí gnólachtaí bia a thógann ainmhithe nó a tháirgeann buntáirgí de thionscnamh ainmhí bearta imleora a ghlacadh, mar is cuí agus chomh fada agus is féidir chun glaineacht na n-ainmhithe a bheidh le marú a chinntiú agus, nuair is gá, glaineacht na n-ainmhithe táirgeachta a chinntiú chomh maith.

Rialachán (CE) Uimh. 853/2004

Caithfidh nósanna imeachta glactha bunaithe ar HACCP a bheith ag oibreoirí gnólachtaí bia a bhfuil seamlais á n-oibriú acu chun a ráthú go mbíonn gach ainmhí, nó nuair is cuí, go bhfuil gach beart d'ainmhithe a ghlactar isteach in áitreabh an tseamlais glan. Sa chás go dteipeann ar an oibreoir gnólachta bia ceann ar bith de na riachtanais seo a chomhlíonadh caithfidh sé a leithéid a chur in iúl don tréidlia oifigiúil agus bearta cuí a ghlacadh.

Rialachán (CE) Uimh. 854/2002

Déanfaidh an tréidlia oifigiúil comhlíonadh dhualgais na n-oibreoirí gnólachtaí bia faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a dheimhniú; lena chinntiú nach maraítear ainmhithe do thomhaltas ag daoine a mbíonn a leithéid de riochtaí seithe acu ná go bhfuil riosca do-ghlactha ann go ndéanfar an feoil a thruailliú le linn an mharaithe mura nglantar iad roimh ré.

D'eisigh an Roinn fógra maidir le glaineacht eallaigh a chuireann oibleagáid ar oibreoir gnólachta bia catagóiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

- Eallach is féidir a mharú, gan riosca do-ghlactha den fheoil a thruailliú le linn an phróisis mharaithe agus na nósanna imeachta cóirithe caighdeánacha á n-úsáid a úsáidtear de ghnáth sa ghléasra;
- Eallach nach féidir a mharú gan riosca do-ghlactha den fheoil a thruailliú le linn an phróisis mharaithe, trí rialaithe cóirithe sláintíocha breise a chur i bhfeidhm;
- Eallach nach bhfuil oiriúnach do mharú mar gheall ar riocht na seithe. Níor chóir an t-eallach seo a chur i láthair le haghaidh ante mortem agus is é freagracht an FBO an beart leasúcháin riachtanach a dhéanamh maidir leis an eallach seo.

REACHTAÍOCHT I LEITH SLÁINTEACHAS FEOLA

Tháinig reachtaíocht sláinteachais bhia agus bheatha (an Pacáiste Sláinteachais) an AE i bhfeidhm ar fud na mBallstát uile ó 1 Eanáir 2006. Déanann an Pacáiste Sláinteachais reachtaíocht a bhaineann le sláinteachas bia agus beatha a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú in éineacht le táirgeadh, rialú agus margaíocht tháirgí de thionscnamh ainmhí agus saincheisteanna sláinte ainmhithe maidir le táirgeadh na dtáirgí sin.

Spreagadh an Pacáiste Sláinteachais ón ngá le cinntiú go mbíonn ardleibhéil cosanta ann maidir le sláinte phoiblí i dtaca le táirgeadh bia. Déanann an Pacáiste raon na reachtaíochtaí casta agus forluiteacha a tháinig chun cinn sa réimse seo sna 30 bliain nó mar sin atá caite a shimpliú. Is í an bhunfhealsúnacht ná gur chóir go mbeadh táirgeoirí bia freagrach go hiomlán as sábháilteacht an bhia a tháirgeann siad.

Rinneadh an Pacáiste Sláinteachais a thrashuí i ndlí na hÉireann le hIonstraim Reachtúil I.R. Uimh. 910 de 2005 (mar a leasaíodh le I.R. Uimh. 387 de 2006 agus I.R. Uimh. 56 de 2007). Teastaíonn ón reachtaíocht go ndéanann buntáirgeoirí táirgí bia iarratas ar chlárú agus is údarás cláraithe an Roinn don chuspóir seo. Sula mbíonn bunaíocht in ann marc aitheantais a úsáid ar aon cheann dá táirgí, caithfidh údarás cláraithe í a formheas.

Trína Seirbhís Cigireachta um Shláinte Phoiblí Thréidliachta (VPHIS), déanann an Roinn maoirseacht ar bhunaíochtaí móra a bhfuil marú ainmhithe ar siúl acu (eallach, caoirigh, muca, éanlaith chlóis, gabhair, fianna, géim fiáin nó géim feirme) agus ar phróiseáil táirgí feola, feoil mhionaithe agus ullmhúcháin feola. Déanann an VPHIS iniúchtaí ar bhunaíochtaí is iarratasóirí iad chun comhlíonadh an Oibreora Gnólachta Bia le reachtaíocht shláinteachais a dheimhniú sula moltar formheas ag an Roinn.

Déantar na hiniúchtaí an-mhionsonraithe um Pacáiste Sláinteachais seo i dteannta na monatóireachta sláinte poiblí agus na n-iniúchtaí atá ina gcuid laethúil d'obair an VPHIS.

Déantar scrúdú eolaíochta ar fheoil agus táirgí feola ag Saotharlann Rialaithe Lárnach Feola na Roinne, Campas Backweston, Cill Droichid, Co. Chill Dara. Teil: 01-6157368

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an nós imeachta formheasa ón Rannán um Shláinteachas Feola, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise. Teil: 057 8694101. Is féidir leathanaigh gréasáin an Rannáin a fháil ag www.agriculture.gov.ie

ÉANLAITH CHLÓIS AGUS UIBHEACHA

GORLANNA ÉANLAITHE CHLÓIS AGUS FEIRMEACHA SOLÁTHAIR GHORTHA UIBHE

Caithfidh gach gorlann éanlaithe atá i mbun táirgeadh sicíní lá amháin d'aois, éin turcaí nó éin lachan do tháirgeadh éin boird nó athsholáthar ealtaí breithe a bheith ceadúnaithe ag an Roinn. Ní féidir ach uibheacha gortha a fhaightear de réir ceada eisithe ag an Roinn a bheith goraithe ag gorlann éanlaithe cheadúnaithe. Caithfidh stoc tógála uile ag feirmeacha soláthair a bheith faighte ó fhoinsí tógála formheasta agus tá siad faoi réir ag cigireacht agus tástáil-fola chun saoirse a chinntiú ó ghalar tromchúiseach éanlaithe.

Tá sé riachtanach ó gach gorlann éanlaithe agus ó fheirmeacha soláthair a bhaineann le trádáil AE maidir le héanlaithe beo agus uibheacha gortha formheas a fháil ón Roinn. Caithfear gach coinsíneacht le haghaidh onnmhairithe a iniúchadh agus caithfidh an teastas sláinte ábhartha a bheith in éineacht léi.

MARGAÍOCHT FEOIL ÉANLAITHE CLÓIS

Caithfidh circeoil a margaítear san AE a bheith rangaithe mar rang A nó rang B de réir a chaighdeáin agus a bheith pacáilte, lipéadaithe, iompartha agus curtha i láthair de réir riachtanais an AE agus reachtaíocht náisiúnta a rialaíonn caighdeáin mhargaíochta d'éanlaith. Caithfidh méid an uisce ghafa in éanlaith titim faoi bhun teorainneacha sonraithe. Is féidir le circeoil a bheith margaithe mar 'shaor-raoin', 'tógtha i mbanrach', 'saor-raoin traidisiúnta' nó 'saor-raoin-saoirse iomlán', nó is féidir le feoil éanlaithe tagairt a choinneáil maidir leis an ráta bia a úsáideadh, chomh fada agus a chomhlíontar ar chritéir áirithe. Tá sé riachtanach ar tháirgeoirí agus sheamlais a bhfuil fonn orthu na téarmaí a úsáid clárú leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus taifid iomchuí a choinneáil dá bhfuil faoi réir cigireachtaí Roinne oifigiúla.

RIALACHÁIN MARGAÍOCHTA UIBHEACHA

Caithfidh uibheacha boird arna margú san AE a bheith grádaithe de réir caighdeáin agus meáchain, lipéadaithe, stóráilte, iompartha agus á thairiscint dá ndíoladh de réir reachtaíocht náisiúnta agus AE maidir le caighdeáin mhargaíochta d'uibheacha. Caithfidh uibheacha a bheith margaithe agus ba chóir d'uibheacha a bheith pacáilte in ionad pacála-uibheacha cláraithe. Tugtar uimhir shuaitheantais do gach ionad pacála cláraithe agus tá sé riachtanach dóibh táille bhliantúil a íoc maidir lena gclárú. Caithfidh pacaí uibheacha treoir a thabhairt maidir leis an modh feirmeoireachta agus dáta 'b'fhearr roimh' a bheith air. Tá an dáta seo 28 lá i ndiaidh breithe ach is é an dáta is déanaí gur féidir leis na huibheacha a bheith díolta leis an tomhaltóir ná 21 lá i ndiaidh breithe. Ní féidir uibheacha gortha a dhíol do thomhaltas daonna.

D'fhéadfadh go mbeadh uibheacha margaithe faoi na téarmaí 'saor-raoin', 'caighean', 'fara/banrach' nó 'orgánach' chomh fada agus a rinneadh freastal ar riachtanais na reachtaíochta. Tá coinníollacha i bhfeidhm chomh maith i gcásanna nuair atá eolas maidir le conas a mbeathaítear na gcearc ar uibheacha agus phacaí. Caithfidh táirgeoirí agus pacáilte a úsáideann na téarmaí agus na leideanna seo a bheith cláraithe leis an Roinn agus caithfidh siad taifid iomchuí a choinneáil.

D'ainneoin an méid atá thuas, is féidir le táirgeoirí a gcuid uibheacha féin a dhíol go díreach leis an tomhaltóir óna bhfeirm féin agus trí dhíolachán ó dhoras-go-doras chomh fada agus nach bhfuil na huibheacha grádaithe nó pacáilte i modh atá leagtha amach de réir na reachtaíochta um chaighdeáin mhargaíochta.

Is féidir tuilleadh eolais ar na seirbhísí thuas a fháil ón Rannóg Beartais Feola, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072263

CAPAILL

LEABHAR FOLAÍOCHTA A FHORMHEAS

Is é is brí le leabhar folaíochta ná leabhar, clár, comhad nó meán sonraí ar bith atá á chothabháil ag eagraíocht aitheanta agus ina bhfuil eachaithe cláraithe le tagairt dá sinsir go léir a bhfuil eolas ann fúthu. Tá feidhmiú leabhair fholaíochta á rialú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leabhar Folaíochta agus Iomaíocht Eachaithe), 2004 I.R. Uimh. 399 de 2004 mar a leasaíodh le Rialacháin (Leabhar Folaíochta agus Iomaíocht Eachaithe) (Leasú) na gComhphobal Eorpach 2007 (I.R. Uimh. 530 de 2007).

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil chun formheas a thabhairt faoin reachtaíocht seo faoi réir ag an iarratasóir a bheith tar éis na critéir d'fhormheas a chomhlíonadh. Tá Téarmaí agus Coinníollacha infheidhme.

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ón Rannán um Shíolrú Beostoic, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie

CLÁRÚ CAPALL

Caithfear equidae uile in Éirinn (capaill, asail, capaillíní, séabraí, srl.) a shainaithint de réir Rialacháin (Leabhar Folaíochta agus Iomaíocht Eachaithe) na gComhphobal Eorpach 2004 (I.R. Uimh. 399 de 2004) agus Rialacháin (Leabhar Folaíochta agus Iomaíocht Eachaithe) (Leasú) na gComhphobal Eorpach 2007 (I.R. Uimh. 530 de 2007). Feidhmíonn na Rialacháin seo Cinneadh 2000/68 ón AE, agus teastaíonn uathu:

- Go gcaithfidh cáipéis aitheantais a bheith in éineacht leis na equidae uile agus iad á n-aistriú amach as gabháltas. San áireamh lena leithéid d'aistrithe beidh aistriú idir áitribh, iad a iontráil i gcomórtais, d'fhonn pórú, ag fágáil na hÉireann, á ndíol nó á gcur amach i gcomhair mharaithe;
- Má thugann tréidlia cógas áirithe do equidae atá ann do thomhaltas ag daoine ní mór dó/di an cógas sin a scríobh sa cháipéis aitheantais;
- Ón 1 Eanáir 2005, caithfidh cáipéis aitheantais a bheith in éineacht leis na equidae uile atá á gcur ar fáil do mharú d'fhonn tomhaltas ag daoine, agus caithfidh an cháipéis seo a bheith eisithe 6 mhí ar a laghad sula gcuirtear i láthair le haghaidh maraithe iad.

Sonraí teagmhála d'eagraíochtaí atá formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun cáipéisí aitheantais a eisiúint d'eachaithe ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannán um Bonneagair Eachaí, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368291, Facs: 049 4361486 Ríomhphost: equineinfrastructures@agriculture.gov.ie

BORD NA gCAPALL

Bunaíodh Comharchumann Teo. Bhord na gCapall i 1993.

Is iad cuspóirí an Bhoird ná:

- Chun Clár Capall na hÉireann a choinneáil;
- Chun an leabhar folaíochta tionscnaimh a choinneáil don chapall tarraingthe Éireannach;
- Chun feabhas a chur ar cháilíocht an Chapaill Spóirt Éireannaigh;
- Chun margaí a aithint agus chun an Capall Éireannach a chur chun cinn sna margaí seo;
- Chun traenáil na dtógálaithe a chur chun cinn ó thaobh gnéithe teicniúla de agus chun cúnamh a thabhairt maidir le cur chun cinn na turasóireachta eachaí;
- Chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasa na dtógálaithe ar roinnt comhlachtaí, ina n-áirítear comhphléanna leis na Ranna Rialtais.

Ó 1 Eanáir 2008, gníomhóidh Bord na gCapall mar fho-Bhord comhairliúcháin laistigh de Horse Sport Ireland (HSI) ar shaincheisteanna a bhaineann le leabhar folaíochta agus beartas póraithe.

Chun tuilleadh sonraí ar Bhord na gCapall agus foirmeacha iarratais um bhallraíocht a fháil déan teagmháil le: Bord na gCapall, Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053584, Facs: 01 5053562, ríomhphost ihb@ihb.ie, suíomh idirlín: www.irishsporthorse.com

Chun sonraí breise a fháil ar Horse Sport Ireland déan teagmháil le: Horse Sport Ireland, 1úUrlár, Teach na Feá, Páirc na Mílaoise, Osberstown, Nás, Co. Chill Dara. Teil: 045 854744, ríomhphost info@horsesportireland.ie

FORBAIRT TIONSCAL NA gCAPALL

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA (NDP) 2007-2013

Soláthrófar cúnamh deontais faoin NDP d'eagraíochtaí le haghaidh tionscadail atá formheasta ag an Roinn, agus atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fheabhsuithe i bpórú eachaí ardcháilíochta agus sa bhonneagar ina n-oibríonn na hearnálacha capall folaíochta agus neamhfholaíochta. Déanfar roinnt bearta a oibrítear faoin NDP a riar ag an Roinn i gcomhar le Bord na gCapall.

Díreoidh cúnamh ar:

- Táirgeadh Capaill Neamhfholaíochta de Ardchaighdeán - obair ar fhoirmliú innéacsanna géiniteacha do staileanna, sampláil fola/tástáil DNA chun folaíocht a fhíorú, uasghrádú na gcóras clárúcháin eachaí agus do chur chun cinn agus margaíocht capall neamhfholúil na hÉireann;
- Táirgeadh Capaill Fholaíochta de Ardchaighdeán – tionscnaimh i réimsí oideachais, traenála agus chur chun cinn maidir le Sláinte agus Riar Capall, Bainistiú agus Sábháilteacht Graí, Cothú agus Pórú de Ardchaighdeán;
- Taighde ar ghalair agus phórú capall agus chostas caipitiúil na bhfoirgneamh agus an trealaimh chun éascaíocht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí fáthmheasacha agus coimhdeacha feabhsaithe ag Lárionad Capall na hÉireann;
- Bailiú agus anailísiú sonraí as a dtiocfaidh eolas a chuirfidh taca le feabhsuithe i gcáilíocht ghéiniteach san earnáil neamhfholaíochta. Tacaíocht le deiseanna oideachais agus oiliúna le freastal ar riachtanais na n-iontrálaithe nua agus iad siúd a bhfuil baint acu cheana féin leis an tionscal eachaí agus le tionscail ghaolmhara.

Tá eolas mionsonraithe ar scéimeanna eachaí NDP ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannán um Bonneagair Eachaí, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368291, Facs: 049 4361486 Ríomhphost: equineinfrastructures@agriculture.gov.ie

09 Sláinte agus Leas Ainmhithe

9. SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

GALAIR INFHÓGARTHA

Forálann an tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 an bhunreachtaíocht do rialú agus dhíothú ghalar ainmhithe. Má tá amhras faoi na galair seo a leanas a bheith ann, nó má tá sé cinnte go bhfuil, caithfear fógra a thabhairt don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

GINEARÁLTA

Antrasc, Galar Gormtheanga, Brúsalóis, Campalabaictéaróis, Caseous Lymphadenitis, Agalaicse Thógálach, An Galar Crúibe is Béil, Galar Johne, Claimhe Sheadánach, Peste des Petits Ruminants, Adenomatosis Scamhógach, Confadh, Fiabhras Rift Valley, Salmonella enteriditis agus typhimurium, Einceifileapaite Spúinseach In-tarchurtha (seachas BSE/Scráibeach), Eitinn.

EALLAIGH

Liúcóis Bhólachta, BSE, Plá na mBó (Rinderpest), Pliúra-niúmóine Tógálach Bólachta, Galar Craicinn Ghambaigh, Péirseog.

MUCA

Fiabhras Muc na hAfraice, Galar Aujeszky, Fiabhras Muc Clasaiceach, Buinneach Muice Eipidéimigh, Víreas Corónach Muice, Siondróim Athghiniúna agus Análacha Muice, Fliú Mucra, Galar Boiligíneach Muca, Galar Teschen, Gaistreintríteas In-tarchurtha, Stomatitis Saicín.

CAOIRIGH

Ginmhilleadh Eansótach Caorach, Maedi Visna, an Scráibeach, Bolgach Caoirigh, Galar Scrathach.

ÉANLAITH CHLÓIS

Galar Arizona, Claimhe Éanlaithe lena n-áirítear Galar Newcastle agus Plá Éanlaithe (Fliú na nÉan), Laryngo-Tracheitis Tógálach, Mycoplasma gallisepticum, meleagridis agus synovia, Psittacosis, Salmonella gallinarum agus pullorum, Rhinotracheitis Turcaí, Galair a bhaineann le Yersinia spp.

CAPAILL AGUS EACHAITHE EILE

Tinneas Capall na hAfraice, Metritis Tógálach Eachaí, Dourine, Epizootic Lymphangitis, Anaemacht Eachaí Tógálach, Arteritis Eachaí Víreasach, Boilg Fola nó Farcy, Encephalomyelitis Eachaí.

GABHAIR

Airtríteas-Einceifilíteas Víreasach Gabhar, Bolgach Gabhair.

FIANNA

Galar Eipeasótach Fuilreatha

Má tharlaíonn ráig de cheann de na galair sin atá níos tromchúisí m.sh. Galar Crúibe agus Béil nó Fiabhras Muc glacfaidh an Roinn leis an mbeartas den tréad a mharú (le cúiteamh) agus srianadh

gluaiseachtaí de bharr nádúr tógálach na ngalar sin agus an dochar a d'fhéadfaidís a dhéanamh do chúrsaí trádála. Is é luath-mhúchadh an bealach is éifeachtaí chun dul i ngleic le cuid mhaith de na galair seo agus mar sin tá sé rí-thábhachtach iad a fhógairt láithreach.

SCÉIMEANNA DÍOTHAITHE EITINNE AGUS BRÚSALÓISE

Tá sé riachtanach Eitinn Bhólachta agus Brúsalóis a rialú (agus iad a dhíothú faoi dheireadh) ar mhaithe le folláine ár dtáirgeadh beostoic ar mhargaí baile agus onnmhairithe araon agus ar mhaithe lena fhorbairt sa todhchaí.

NA SOCRUITHE REATHA

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na Scéimeanna um Dhíothú Eitinne agus Brúsalóise:

- tástáil bhliantúil an tréada náisiúnta agus/nó catagóirí sonraithe ainmhithe, agus é de bhundualgas ar na feirmeoirí na socruithe a dhéanamh faoi na tástálacha agus íoc as tástálacha áirithe;
- tástálacha leantacha agus tástálacha breise straitéiseacha dírithe ar chúrsaí faoi leith, lena n-áirítear tástálacha fola i gcúinsí áirithe;
- imoibreoirí a chur go tapa chuig monarchana feola agus an Roinn ag íoc astu;
- réimse beartas cúitimh d'fheirmeoirí a bhfuil tionchar ag an ngalar ar a dtréada;
- eipidéimeolaíocht feabhsaithe agus aiseolas a chur ar fáil d'fheirmeoirí;
- clár cuimsitheach taighde dírithe ar chosc a chur ar an bhfiadhúlra eitinn a fhorleathnú maraon le taighde ar fhorbairt tástálacha fola, vacsaíní agus gléasra teicneolaíochta eile chun feabhas a chur ar éifeachtacht chláir.

Is iad na feirmeoirí atá freagrach as na céad thástálacha tréada a shocrú gach bliain agus as íoc astu. Lena chois sin, is ar na feirmeoirí féin atá an phríomhfhreagracht a dtréada a chosaint agus moltar dóibh gach cúnamh a thabhairt d'Oifigí Tréidliachta Dúiche na Roinne maidir lena mbearta taighde, de réir mar a bhíonn sé sin riachtanach.

EITINN BHUAIBHEACH

Is galar ainsealach an-tógálach í Eitinn Bhuaibheach a bhíonn ar eallaigh agus is é an Mycobacterium bovis is cúis leis. Is féidir leis an mbaictéar galar a thionscnamh in ainmhithe fiáine nó in ainmhithe clóis agus i ndaoine chomh maith.

Is riachtanas dlíthiúil é go ndéantar tástáil Eitinne ar eallaigh níos aosta ná 6 sheachtain taobh istigh den 12 mhí sula n-aistrítear iad amach as gabháltas.

Níor chóir bainne amh neamhchóireáilte ó imoibreoirí a thomhailt choíche.

Cúiseanna le galrú in eallaigh

- Análú aeir atá fabhtach cheana féin ag ainmhithe galracha;
- Tomhailt bia nó uisce fabhtach;
- Aistriú ainmhithe agus teagmháil le hainmhithe galracha m.sh. thar fálta;
- Roinnt meaisíní idir fheirmeacha (leantóirí eallaigh, leatóirí aoiligh/sciodair, srl.) nó áiseanna feirme (gabhlaigh eallaí);
- Úsáid leoraithe salacha chun ainmhithe a iompar;
- Is féidir go bhfuil fiadhúlra, broic ach go háirithe, atá galraithe le Mycobacterium Bovis ina fhachtóir suntasach maidir le heitinn bhuaibheach fanacht buan i gceantair áirithe.

Réamhchúraimí in aghaidh Ghalrú Eitinne

- Bíodh fálta teorann stocdhíonach agat;
- Seachain teagmháil le tréada eile agus stoc de stádas neamhaithnid;
- Bí cúramach agus tú ag ceannach isteach eallaí. Déan cinnte nach gceadaítear aon eallaí isteach ar d'fheirm le bheith in éineacht le do stoc ach amháin eallaigh ar thástáladh le déanaí iad;
- Seachain úsáid a bhaint as trealamh ar conradh atá salach m.sh. iompróirí eallaigh, scaradóirí sciodair. Ba chóir a leithéid de threalaimh a bheith sciomartha agus díghalraithe sula mbaineann tú úsáid as.

Is féidir an baol maidir le galair ó fhiadhúlra a laghdú ach na heallaigh agus an fiadhúlra a choinneáil ó chéile agus na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Fálta a chur idir an eallach agus uiscebhealaí coiteann, locháin mharbhánta, brocairí agus láithreáin leithris na mbroc;
- Trachanna uisce agus bia a ardú níos mó ná 84 cm (32 orlach) os cionn na talún agus iad a choinneáil amach ó bhallaí agus ó chlaíocha chun nach mbeifear in ann ithe ná ól astu;
- Gan beatha láimhe a thabhairt d'eallach áit ar féidir le fianna é a roinnt leo - i mbeathaitheoirí ciorclacha, mar shampla, nó i dtrachanna mine;
- Ionaid stórála beatha, sciobóil eallaigh agus clóis a choinneáil iata chun nach mbeidh an fiadhúlra in ann teacht isteach;
- Na páirceanna a sheiceáil go rialta le féachaint an bhfuil conablaigh bhroc iontu agus go mór mór sula gcuirtear eallaigh amach ar féarach nua. Tabhair faoi deara gur féidir le broic dul isteach i mbloic láimhe a coimeádtar i bpáirceanna.
- Tabhair aire má bhíonn aon rud neamhghnách i gceist nuair a bhíonn broic le feiceáil, iad a fheiceáil i rith an lae, mar shampla. D'fhéadfadh eitinn a bheith orthu - téigh i dteagmháil le d'Oifig Tréidliachta Dúiche.

Is é an freagra fadtréimhseach is idéalaí ar eitinn bhuaibheach ná í a dhíothú. Le cur chuige comhordaithe iomchuí agus an teicneolaíocht atá á fhorbairt faoi láthair, is féidir le hÉirinn bearta a dhéanamh chun Eitinn Bhuaibheach a dhíothú.

BRÚSALÓIS BHUAIBHEACH

Is galar an-tógálach é Brúsalóis in eallaigh. Scaiptear í trí ábhar galraithe nuair a bheirtear lao nó nuair a tharlaíonn forlao agus is féidir le bó a bheith seasc nó galrach dá bharr nó táirge bainne laghdaithe a bheith aici. Maraítear an t-orgánach go réidh trí dhíghalrú. Tá baol ann do shláinte an duine chomh maith os rud é gur féidir an galar a tharchur trí bhainne neamhphaistéartha ó bha galraithe a ól, trí ion-análú, trí ghearrthacha agus bristeacha cnis, nó trí ghalrú i bhfoirm braonáin. Is é forlao an t-aon chomhartha cliniciúil go bhfuil brúsalóis ar eallaigh agus tá sé riachtanach go dtuairisceofar gach forlao chuig Oifig Thréidliachta Dúiche áitiúil na Roinne (DVO) (féach liosta na DVOanna in Aguisín 1B).

Is é beartas na Roinne ná foinsí deireanacha an ghalraithe a dhíothú trí thréada brúsalóise a bhfuil galrú gníomhach acu a mharú.

Maidir le riachtanais tástála:

- Déantar babhta iomlán de thástáil fola gach bliain mar aon leis na tástálacha bainne a dhéantar ar thréada déiríochta gach mí. Ní mór gach ainmhí baineann 12 mhí d'aois nó níos sine agus gach tarbh 24 mí nó níos sine a chur i láthair chun go ndéanfar tástáil Bhrúsalóise bhliantúil orthu. Ní mór na riachtanais tástála eile a chomhlíonadh i gcás tarbh óg idir 12 agus 24 mí d'aois, lena n-áirítear an tástáil sin ar ghá í a dhéanamh 30 lá sula n-aistrítear iad agus an tástáil Bhrúsalóise easpórtála. Lena chois sin má tá duine le bheith i dteideal an Ghnáthráta mar aon le Deontas Bánaithe Feirme a fháil ní mór tástálacha Brúsalóise a bheith déanta ar na hainmhithe nua laistigh de 30 lá sula dtugtar isteach sa ghabháltas iad.

- Coinníonn an Roinn de cheart aici féin a iarradh go gcuirfear aon ainmhí ar fáil lena t(h)ástáil má mheastar go mbeadh sé sin oiriúnach ar fháthanna tréidliachta;
- Caithfidh gach eallach baineann agus tarbh atá 12 mhí d'aois nó os a chionn, agus atá á aistriú isteach nó amach as gabháltas (seachas á chur go díreach chuig seamlas) pas a bheith faighte acu i dtástáil fola laistigh den 30 lá roimh an dáta gluaiseachta, is é sin le rá, an tástáil 30 lá roimh gluaiseachta.
- Chomh maith leis sin, ní féidir le tairbh thar 12 mhí d'aois agus eallaí baineannacha thar 18 mí d'aois a dhíol níos mó ná uair amháin, is cuma más díol poiblí nó príobháideach é, de bhun tástáil brúsalóise, agus lena chois sin ní mór a leithéid d'eallaí atá á ndíol a aistriú go díreach ón ngabháltas ina ndéantar na tástálacha go gabháltas an cheannaitheora nó go díreach chuig margadh agus as sin go díreach go gabháltas an cheannaitheora.

Réamhchúraimí in aghaidh Brúsalóise in eallach

- Ainmhithe athsholáthair a bheith de phór na feirme féin más féidir;
- Déan deimhin de, má tá ainmhithe baineann nó tairbh athsholáthair á gceannach,
    - go dtagann siad ó áit iontaofa is go ndearnadh an tástáil réamh-aistrithe orthu laistigh de 30 lá sular aistríodh iad;
    - Coinnigh ainmhithe nua-cheannaithe ar leithlis ó eallaí baineanna agus ó thairbh; Má thugtar aon ainmhí torrach isteach ní mór í a choinneáil ar leithlis go dtí go ndéantar tástáil iarbhreithe uirthi;
    - Déan deimhin de go ndéantar gach tástáil fola go pras, lena n-áirítear an tástáil dheonach iarghluaiseachta laistigh de 30 lá i ndiaidh teacht chun na feirme. Mura ndéantar é seo agus má tharlaíonn ráig den ghalar ní íocfar ach rátaí laghdaithe cúitimh;
- Glac réamhchúraimí lena chinntiú nach bhfaigheann do thréad galar ó thréad comharsan. Féach chuige go bhfuil fálta maithe teorainn agat agus coinnigh ainmhithe a d'fhéadfadh an galar sin a tholgadh amach ó na fálta sin - bíodh bulláin nó ainmhithe neamhbhuaibheacha sna hionaid taobh leo nó cuir fodar ag fás ann.
- NÁ TABHAIR AGUS NÁ FAIGH trealamh ar nós gléas breithe, leantóir eallaigh, leatóir sciodair is araile ar iasacht;
- Coinnigh na hainmhithe go léir atá torrach amach ó fhálta teorann agus bí ag faire go géar ar eagla breitheanna neamhaibí;
- Cuir saoráidí leordhóthaineacha breithe ar fáil.

CLÁR CÚITIMH I LEITH EITINNE AGUS DON BHRÚSALÓIS

Riachtanais

- Fiú má tá tréad glan, ba chóir do gach úinéir/coimeádaí téarmaí na gcóras cúitimh le haghaidh Eitinne agus Bhrúsalóise a beith ar eolas aige/aici.
- Is iad príomheilimintí na gcóras cúitimh atá ann ná Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm, Scéim Fhorlíontach Ioncaim, Scéim Dheontas Dhídhaonraithe agus Scéim Dheontais Chruatain. D'fhonn cáilíocht a bhaint amach don scéim, caithfidh an t-úinéir/coimeádaí coinníollacha incháilithe áirithe a shásamh faoi gach Scéim díobh.
- Braitheann teidlíocht maidir le híocaíocht cúitimh a fháil ar fhorálacha an Achta um Ghalair Ainmhithe,1966 a chomhlíonadh freisin mar aon le horduithe ar bith a rinneadh faoi agus rialaithe ar bith eile a leagadh síos faoi na Scéimeanna Díothaithe Galair, le rialacháin aitheantais agus riachtanais reachtúla náisiúnta/AE eile atá á riaradh ag an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus a bhaineann le beithígh. **Is féidir leis an Aire diúltú íocaíocht cúitimh a dhéanamh, ina iomlán nó i bpáirt, mura sásaíonn úinéir/coimeádaí na forálacha thuasluaite nó má tá an tAire sásta nár chomhoibrigh an t-úinéir/coimeádaí leis na hoifigigh údaraithe nó le Cigirí Tréidliachta na Roinne ó thaobh cur i gcrích a gcuid dualgais faoi na Scéimeanna.**

- Bíonn íocaíochtaí cúitimh struchtúrtha chun tairbhe a thabhairt don úinéir/choimeádaí a chabhraíonn a c(h)leachtas feirme le sláinte an tréada a chosaint. Tá eolas úsáideach faoin Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm, Forlíonadh Ioncaim agus na riachtanais incháilithe agus na rátaí, maidir le Deontais Dhídhaonraithe agus Deontas Cruatain, srl. le fáil i leabhrán na Roinne "Socruithe Cúitimh maidir le hEitinn agus Brúsalóis - *Eolas Tábhachtach d'Fheirmeoirí."* Tá an leabhrán le fáil ag an D.V.O ach é a iarradh.
- Caithfidh gach ainmhí incháilithe a bheith tástáilte de réir na rialacha thuas faoin Scéim Díothaithe Brúsalóise. Má tharlaíonn ráig Brúsalóise i dtréad ní mór do gach ainmhí incháilithe a tugadh isteach tástáil Brúsalóise a bheith déanta orthu 30 lá sular tugadh isteach sa ghabháltas iad chun go mbeifear in ann iad a chur san áireamh le haghaidh an íocaíocht cúitimh is mó.
- I gcás ráige Brúsalóise, cuirfidh an DVO tús le críochnú na Foirme **ER 111** ag baint leas as gach eolas atá ar fáil faoi ainmhithe incháilithe a d'fhéadfadh a bheith tar éis teacht isteach chuig an tréad le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoi íocaíocht chúitimh. Cuirfear an Fhoirm **ER 111** ar aghaidh go dtí an t-úinéir/coimeádaí agus beidh sé riachtanach dó/di dearbhú a shíniú agus b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach dó/di eolas breise a sholáthar. Beidh tréimhse athbhreithnithe uathúil ag gach úinéir/coimeádaí a bhraithfidh ar, inter alia, dháta scrúdaithe na ráige agus ar dháta an scrúdaithe deireanaigh a rinneadh ar an tréad go léir roimh an ráig
- Seachas an riachtanas dlíthiúil chun clár tréada a choinneáil faoi aistrithe uile ainmhithe, tá sé fíor-riachtanach ar mhaithe le socrúcháin chúitimh Brúsalóise go gcoinníonn an t-úinéir/coimeádaí taifid faoi aistrithe ainmhithe incháilithe go léir isteach/amach as a t(h)réad trí chlár tréada a úsáid agus eolas ábhartha eile a choinneáil mar chruthúnas ceannacháin nó díolacháin. I gcás ráige Brúsalóise, beidh an t-úinéir/coimeádaí in ann eolas breise a thabhairt go tapaigh atá riachtanach chun an luacháil agus na próisis chúitimh eile a chríochnú m.sh. dáta an cheannacháin. **Ní féidir leis an DVO cinneadh a dhéanamh faoin méid atá iníoctha maidir leis an luacháil Brúsalóise agus catagóir an Deontais Dhídhaonraithe gan chomhoibriú iomlán an úinéara/choimeádaithe maidir le comhlánú na Foirme ER 111 chomh luath agus is féidir i ndiaidh na ráige agus an t-eolas go léir atá á lorg a sholáthar. Tá dualgas ar an úinéir/gcoimeádaí an t-eolas go léir a sholáthar don luachálaí agus don DVO. D'fhéadfadh an luachálaí agus/nó an DVO an clár tréada agus/nó cáipéis bhundíolachán nó cáipéis ábhartha eile a iarraidh ón úinéir/gcoimeádaí.**

SCÉIM LUACHÁLA MARGAIDH AR AN bhFEIRM

Is faoin Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm a íoctar cúiteamh i leith eallaí a thógtar mar imoibreoirí. Cuireadh an scéim seo in áit na Scéime um Dheontas Imoibreoirí i 2002. Beidh rátaí deontais imoibreora i bhfeidhm i gcónaí áfach, i gcás tréada ceannaí agus tréada díomuana.

D'fhonn cuspóir na luachálacha, is é is brí le "**Luach Margaidh**" ná an praghas coibhéiseach a bhfaigheadh an t-ainmhí ag am cinnidh cúitimh ó cheannaitheoir ar an margadh mura mbeadh éifeacht ag Eitinn nó Brúsalóis ar an ainmhí nó mura mbeadh sé á dhíláithriú mar chuid de dhídhaonrú faoin gclár díothaithe galair.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais luachála bheo:

- Is luachálaithe atá cáilithe go cuí a dhéanann an luacháil agus is de réir threoirlínte a chruthaigh foireann na Roinne, agus laistigh d'achair áirithe atá leagtha síos, a dhéanann siad é;
- Is é **€2,800** an méid is mó a íoctar i gcás ainmhí aonair ar bith (agus íocaíocht na monarchan feola san áireamh san fhigiúr seo), ach amháin i gcás tairbh amháin de stoc folúil ar fheirm ar bith nuair is féidir suas le **€3,500** a íoc (agus íocaíocht na monarchan feola san áireamh san fhigiúr seo freisin);
- I gcás nach nglacann an t-úinéir/coimeádaí nó an Roinn leis an luacháil tionscantach, is féidir achomharc a dhéanamh faoi le luachálaí eile ar an bpainéal;

- Nuair a bhíonn an próiseas luachála ar an bhfeirm críochnaithe (.i. an chéad luacháil nó an t-achomharc), tógann an tSeirbhís Bhailiúcháin Imoibreora na himoibreoirí ó na feirmeacha;
- Mura bhfuil comhaontú ann i ndiaidh achomhairc; déantar an cheist a tharchur chuig an bPainéal Eadrána a bhfuil a chinneadh críochnaitheach agus ceangailteach maidir leis an dá páirtí;
- Baineann pionóis ghrádaithe leis an íocaíocht chúitimh dheireanach a déantar leis an úinéir/gcoimeádaí má dhéanann sé/sí moill mhíréasúnta maidir le na himoibreoirí a chur ón bhfeirm nó de bharr sáruithe eile na rialachán;
- Ní íocfar íocaíochtaí luachála maidir le hainmhí ar bith ar tugadh isteach é/í (seachas tarbh stoic, athchur lao diúil nó tréad atá bunaithe go húrnua) agus a mheastar go raibh sé/sí ina (h)imoibreoir nuair a bogadh isteach sa ghabháltas é/í le linn tréimhse srianta;
- Má iarrann feirmeoirí cead ainmhithe a aistriú isteach i ngabháltas le linn na tréimhse srianta, ba chóir go mbeadh a fhios acu nach mbeidh siad incháilithe de gnáth le haghaidh Deontas Cruatain, nó le haghaidh scéimeanna Dídhaonraithe nó Forlíonta Ioncaim.

LÁNLUACH MARGAIDH

Beidh lánluach margaidh faoi réir na teorainneacha thuasluaite iníoctha sna cásanna sin ina mbíonn tréada na ráige **cobhsaí** (.i. nach tréada díomuana nó tréada ceannaithe iad) agus go bhfuil na riachtanais dhlíthiúla agus eile a bhaineann leis na scéimeanna díothaithe galair agus le sainaithint/clárú eallach agus riachtanais leighis tréidliachta comhlíonta ag an úinéir/gcoimeádaí. Maidir le tréada ceannaithe agus **tréada díomuana**, ní sháróidh an cúiteamh, is cuma an cás, na teorainneacha atá i bhfeidhm faoin gCóras Cúitimh Imoibreora 27 Aibreán 1998.

DEONTAS DÍDHAONRAITHE

Is féidir go gcáileofaí úinéir/coimeádaí a bhfuil a thréad dídhaonraithe (go hiomlán nó i bpáirt) ar mhaithe le rialú galair le haghaidh Deontais Dhídhaonraithe. Íoctar Deontais Dhídhaonraithe i gcás gach ainmhí a thógtar mar chuid den bheart dídhaonraithe agus ina gcás siúd a dtógtar mar imoibreoirí ón am a bhí an gabháltas srianta, ar an gcoinníoll go n-aontaíonn an t-úinéir/coimeádaí le dídhaonrú ag am a shonraíonn an DVO. Mura n-aontaítear leis, agus má tharlaíonn dídhaonrú ina dhiaidh sin, ní bheidh an t-úinéir/coimeádaí incháilithe chun Deontais Dhídhaonraithe a fháil maidir le himoibreoirí san am atá caite, láithreach nó le teacht le linn na tréimhse srianta. Is é sin le rá, ní íocfar Deontais Dhídhaonraithe ach amháin i gcás ainmhithe i dtadhall a thógfar le linn dídhaonrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin. Íoctar Deontais Dhídhaonraithe maidir le gach mí den tréimhse sosa arna shainmhíniú ag an DVO.

Is iad seo a leanas na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair:

	Cobhsaí			Díomuan/Ceannaí/Eile
	Eitinn	Brúsalóis		Eitinn agus Brúsalóis
Ainmhí	**Ráta (€)**	**An ráta caighdeánach (€)**	**Ráta caighdeánach móide (€)**	
(i) Ba Déirí /Bearacha Torracha/Tairbh Fholúla > 12 mh	228.52	126.97	228.55	Tada
(ii) Ba Eile / Bearacha Torracha	126.96	126.97	126.97	Tada
(iii) Ainmhithe Eile	76.16	38.09	76.18	Tada

Nóta:

Léiríonn na rátaí Deontais Dhídhaonraithe atá luaite thuas an t-uasmhéid atá ar fáil maidir le tréimhse sosa 4 mhí i ndiaidh dídhaonraithe. Déanfar asbhaintí nó méadaithe pro rata má tá an tréimhse sosa i ndiaidh dídhaonrú níos lú nó níos mó ná 4 mhí

FORLÍONADH IONCAIM

Bíonn Forlíonadh Ioncaim iníoctha i gcásanna ina dtógtar **breis agus 10%** de na hainmhithe i dtréad de thoradh ráige agus nach gceaptar go mbeadh dídhaonrú oiriúnach. Déantar íocaíocht maidir le gach ainmhí a thógtar mar imoibreoir ó thréad, **ach gan ach 100 ainmhí ar a mhéid a bheith incháilithe.**

Níl Forlíonadh Ioncaim iníoctha i gcás ainmhithe (seachas tarbh stoic, athchur lao diúil nó i gcás tréada atá bunaithe go húrnua) atá á gceannach nó á n-aistriú i ngabháltas srianta le cead an DVO **ag am ar bith le linn na tréimhse srianta. (Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil cosc ar aistriú ainmhí ar bith go tréad srianta, ach amháin le cead scríofa an DVO agus de bhun cead aistrithe, más iomchuí).** Ina leithéid de chásanna, beidh deireadh le hincháilitheacht maidir le híocaíocht ó dháta an aistrithe isteach sa tréad agus ar feadh fuílleach na tréimhse srianta.

Cuirfear deireadh le hincháilitheacht maidir le Forlíonadh Ioncaim freisin i gcás:

- Teip an úinéara/choimeádaí comhoibriú leis na Cigirí Tréidliachta nó leis na hoifigigh údaraithe agus iad ag déanamh a gcuid dualgas faoi na Scéimeanna Díothaithe Galar;
- Má cheapann an Roinn gurb é dídhaonrú an tréada (go hiomlán nó i bpáirt) an beart cuí;
- Má chuirtear deireadh le srianadh an ghabháltais.

Is iad seo a leanas na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair:

RÁTAÍ MÍOSÚLA AN FHORLÍONAIDH IONCAIM

Ainmhí	Cobhsaí		Díomuan/ Ceannaí/Eile
	Eitinn	Brúsalóis	
	Ráta (€)	Ráta (€)	Ráta (€)
(i) Ba Eile	38.09	38.09	TADA
(ii) Ba Déiríochta & Ainmhithe Eile	25.39	25.39	TADA

Nóta:

Tá coinníollacha faoi leith ann le bheith incháilithe ar íocaíocht d'Fhorlíonadh Ioncaim agus chun deireadh a chur leis. Déantar an íocaíocht seo maidir le **míonna iomlána** agus maidir leo siúd amháin (ó 13 Meán Fómhair go 12 Deireadh Fómhair mar shampla) agus, dá réir sin, ní eiseofar íocaíocht pro rata maidir le fuílleach coda míosa ar bith nuair a thagann deireadh le hincháilitheacht.

DEONTAS CRUATAIN

Reáchtáiltear an tréimhse incháilithe don Deontas Cruatain ó 1 Samhain go 30 Aibreán. Ceapadh an Scéim seo chun na costais sin a laghdú a bhíonn ar roinnt úinéirí/coimeádaithe a bhfuil a ngabháltais srianta de bhun ath-thástáil tréada agus a mbíonn ainmhithe á gcoinneáil agus á mbeathú iontu le linn tréimhsí srianta. Caithfidh úinéirí/coimeádaithe a d'fhéadfadh a bheith incháilithe coinníollacha áirithe a shásamh lena n-áirítear an riachtanas (i) gan aon ioncam a bheith acu ó dhíolachán bainne agus (ii) gan ioncam ar bith a bheith acu lasmuigh den bhfeirm. Lena chois sin, is é an riail ghinearálta atá ann ná go mbíonn deireadh le hincháilitheacht maidir le deontas cruatain má aistrítear ainmhithe isteach ar ghabháltas le linn na tréimhse srianta (cé go bhfuil eisceachtaí faoi leith ann) agus go leanann an scéal amhlaidh ar feadh na tréimhse.

D'fhéadfadh an Deontas íocaíocht suas le **€250.00** sa mhí a chur ar fáil d'úinéirí/choimeádaithe incháilithe ar feadh tréimhse nach faide ná 4 mhí sa tréimhse ó 1 Samhain go 30 Aibreán.

Tá sé de dhualgas ar na húinéirí/coimeádaithe a d'fhéadfadh a bheith incháilithe a chinntiú go bhfaigheann siad an cháipéis faoi théarmaí agus choinníollacha an Deontais agus go bhfoghlaimíonn siad a bhfuil ann agus go bhfaigheann siad an fhoirm iarratais **ER97**. Eisíonn an DVO cáipéis faoi na téarmaí agus na coinníollacha, fógra tábhachtach agus an fhoirm iarratais **ER97** chuig na húinéirí/ coimeádaithe a d'fhéadfadh a bheith incháilithe. Bíonn na cáipéisí ábhartha ar fáil chomh maith ag na DVOanna. **Is ar an úinéir/gcoimeádaí atá an dualgas iarratas a dhéanamh ar an Deontas Cruatain.**

SEIRBHÍS BHAILIÚCHÁIN IMOIBREORA

Tá sé ar cheann de na príomhchoinníollacha le bheith incháilithe chun íocaíocht cúitimh a fháil ná go dtógtar gach imoibreoir láithreach lena m(h)arú de réir socruithe Sheirbhís Bhailiúcháin Imoibreora/Thairiscint Monarchana Feola. Nuair a mheastar go bhfuil dídhaonrú tréada iomchuí agus go n-aontaíonn an t-úinéir/coimeádaí go ndéanfaidh sé dídhaonrú ar a thréad, caithfear an tréad iomlán a chur go pras lena mharú agus é sin a dhéanamh i gcomhairle leis an DVO.

ILGHNÉITHEACH

- Ní mór uimhir thagartha cánach (PSP) a sholáthar sula ndéanfaidh an Roinn aon íocaíocht a eisiúint. Bíonn Teastas Imréiteach Cánach riachtanach má bhíonn an íocaíocht chúitimh faoin scéim níos mó ná **€10,000** i dtréimhse 12 mhí;

- De réir spriocanna íocaíochta arna chomhaontú maidir le hÍocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí faoin gCairt Cearta Feirmeoirí, íocfar cúiteamh Eitinne agus Brúsalóise de ghnáth laistigh de 3 sheachtain ó dháta fála na gcáipéisí cúltaca dá bhfuil riachtanach ón úinéir/gcoimeádaí agus an mhonarcha fheola. Tá cuntas ar na cáipéisí cúltaca atá riachtanach le haghaidh íocaíocht luachála sa Leabhrán "Socruithe Cúitimh maidir le hEitinn agus Brúsalóis - *Eolas Tábhachtach d'Fheirmeoirí*."
- Íocfaidh an Roinn cúiteamh de réir fhorálacha an chórais chúitimh agus sainspriocanna íocaíochta. Ní bhaineann sé seo an bonn ón úinéir/gcoimeádaí maidir le hachomharc ar bith is ní chuirfidh sé i mbaol é. I gcás achomhairc rathúil, íocfar an méid atá éilithe mar íocaíocht faoi leith;
- Déantar leasú ar na socrúcháin chúitimh agus ar na rátaí ó am go ham i gcomhairle leis na heagraíochtaí feirme. Ba chóir go mbeadh ceisteanna ar bith maidir le hábhair chúitimh a bheith curtha ar an DVO iomchuí ar an gcéad dul síos.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na Scéimeanna Díothaithe Galair a fháil ó Rannóg ERAD na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara nó ó Oifigí Tréidliachta Dúiche (DVOanna) na Roinne. (Féach Aguisín 1 B le haghaidh liosta iomlán na DVOanna)

FLIÚ ÉANÚIL

Clárú Gabháltas agus Suíomh ina gCoinnítear Éanlaithe Clóis nó Éin Ghafa

Tá an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ag coinneáil taifead lárnach faoi na gabháltais agus na suímh go léir ina gcoinnítear éanlaithe clóis nó éin ghafa. Beidh an t-eolas seo ina chuid lárnach de phleanáil teagmhais na Roinne maidir le Fliú Éanúil. Is riachtanas reachtúil é ó 31 Nollaig 2005, faoin Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Clárú na nÁitreabh Éanlaithe) Ordú 2005, go mbeadh gach gabháltas agus gach suíomh ina gcoinnítear éanlaith chlóis nó éin ghafa cláraithe leis an Roinn.

Mura bhfuil tú cláraithe leis an Roinn mar tháirgeoir éanlaithe tráchtála nó mar phróiseálaí agus má tá cosúlacht ann, faoi láthair nó san am díreach amach anseo go;

- mbeadh úinéireacht nó trádáil agat in éanlaith chlóis nó éin ghafa eile (mar phiasúin, cholúir, éin spóirt nó éin choimhthíocha, ach ní éin pheata i dteaghlaigh), nó
- go gcoinneofá éanlaith chlóis (fiú líon beag sicíní, cearca, turcaithe, lachan nó géanna lena dtomhailt tú féin nó lena dtomhailt sa chomharsanacht),

Beidh sé riachtanach duit de réir an dlí clárú leis an Roinn. Ba chóir d'úinéirí éanlaithe a thabhairt faoi deara go ndlitear ionchúiseamh a dhéanamh air faoin Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 má theipeann orthu clárú a dhéanamh, mar atá riachtanach de réir I.R. Uimh. 677 de 2005.

Is féidir leat clárú a dhéanamh trí fhoirm iarratais a chomhlánú (ar fáil ó d'oifig áitiúil de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (féach an liosta ag Aguisín 1B) agus ar shuíomh idirlín na Roinne: www.agriculture.gov.ie). Ba chóir iarratais chomhlánaithe a chur thar n-ais chuig oifig áitiúil na Roinne.

AN SCRÁIBEACH

CÚLRA

Is galar caorach é an Scráibeach atá gaolmhar le BSE (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha nó ESI). Ceaptar go bhfuil ráta réasúnta íseal den Scráibeach in Éirinn, le claonadh geografach i dtreo an Oirdheiscirt.

Lena chois sin níl an scráibeach cosúil le BSE sa mhéid is go bhfuil sé intarchurtha ó ainmhí go hainmhí, go háirithe nuair a bhíonn uain á mbreith.

BEARTA RIALAITHE AGUS DÍOTHAITHE

I mí Dheireadh Fómhair 2001, sula raibh bearta cothrománach an AE i bhfeidhm, thug an Roinn córas iomlán dídhaonraithe isteach do na tréada galraithe agus bhí cosc ar athstocáil le caoirigh ar feadh tréimhse dhá bhliain i ndiaidh an dhídhaonraithe mar chuid de.

Ó 1 Deireadh Fómhair 2003, rinneadh an beartas maidir le rialú agus díothú na Scráibe a fhorbairt i gcomhar le forbairt córais chomhoiriúnaithe ag leibhéal an AE. Is iad na príomheilimintí ná:

FAIREACHAS GNÍOMHACH

Déantar clár tástála cuimsitheach don ghalar ag seamlais agus ag cnioglanna.

TRÉADA GALRAITHE

Déantar géinitíopa ar thréada galraithe agus cuirtear de láimh na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an Scráibeach a tholgadh. Bíonn sé riachtanach d'úinéirí tréada as sin amach ainmhithe atá diúltach don Scráibeach, agus iad sin amháin, a bheidh á bpórú acu agus caithfidh siad géilleadh do shrianta eile atá leagtha síos i reachtaíocht an AE. Tá géinitíopa saor in aisce mar chuid de phacáiste na Roinne mar aon le luach margaidh a íoc i gcás ainmhithe ar gá iad a dhiúscairt, agus íocaíocht "cruatain" de €84 i gcás gach caora póraíochta.

CLÁR NÁISIÚNTA GÉINITÍOPA (NGP)

Tugann an Clár Náisiúnta Géinitíopa cúnamh d'úinéirí tréada chun caoirigh póraíochta a roghnú nach mbeidh baol chomh mór ann go dtolgfaidís an Scráibeach. Is é Orchid Cellmark Ltd. an tsaotharlann tráchtála atá formheasta ag an Roinn chun seirbhís tástála fola a chur ar fáil chun cinneadh a dhéanamh faoi ghéinitíop na caorach.

Mar chuid de rannpháirtíocht sa Chlár Náisiúnta Géinitíopa caithfidh úinéir tréada iarratas a dhéanamh ar an Roinn chun géinitíopú a dhéanamh ar chaoirigh atá aitheanta ag an gCóras Náisiúnta Céannaithe Caorach (NSIS). Ceapann sé/sí Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach chun samplaí fola a thógáil. Ginfear agus éileofar "Foirm-Saotharlainne" ag cuimsiú sonraí a bhaineann leis an úinéir stoic, an Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach atá ceaptha agus uimhreacha clibe na gcaorach atá le bheith tástáilte chuig an gCleachtóir Tréidliachta Príobháideach.

Roghnaíonn an Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach i gcomhairle leis an úinéir tréada an tsaotharlann inar mhian leis/léi go ndéanfaí na samplaí a thástáil iontu ó liosta na saotharlann atá formheasta faoin gClár Náisiúnta Géinitíopa. Tá an tsaotharlann roghnaithe freagrach as na trealaimh samplála fola a sholáthar mar aon le treoracha lena n-úsáid. Is idir úinéir an tréada, an cleachtóir tréidliachta príobháideach agus an tsaotharlann ceaptha atá sé socruithe a dhéanamh faoi na samplaí fola a chur chuig an saotharlann roghnaithe.

Seolann an tsaotharlann toradh gach tástáil faoi leith go leictreonach chun na Roinne agus ansin eisíonn an Roinn Teastas faoin gClár Náisiúnta Géinitíopa a insíonn ghéinitíop gach caora an ndearnadh tástáil uirthi chuig an úinéir tréada.

Is é/í an t-úinéir tréada nó an Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach a íocann costas na seirbhíse géinitíopa go díreach leis an tsaotharlann tástála fhormheasta. I 2007 laghdaigh an Roinn costas a leithéid de thástálacha trí ranníocaíocht €12 a íoc i gcás gach sampla a thástáiltear.

Líne-Chabhrach Náisiúnta Géinitíopa 1890-441-250

GALAR SCRATHACH CAORACH

Faoi Ordú a rinneadh in 2006 - I.R. Uimh. Faoin Ordú a rinneadh i 2006 - S.I. Uimh. 359 de 2006 faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 Ordú (Galair Ainmhithe a Fhógairt agus a Rialú) 2006 tá Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia freagrach as galar scrathach caorach a rialú. Tá foráil san Ordú seo i gcás aon duine a bhfuil ainmhí ina s(h)eilbh a bhfuil an galar seo air/uirthi go gcuirfeadh an té sin Ard-Rúnaí na Roinne agus an Oifig Tréidliachta Dúiche áitiúil ar an eolas faoin scéal. Féadfaidh an Roinn srianta a chur leis an tréad ar feadh tréimhse áirithe nuair a fhaigheann siad an fhaisnéis seo.

BSE

Galar marfach eallach is ea BSE agus d'fhéadfadh baint a bheith aige leis an leagan marfach athraitheach CJD (vCJD) i ndaoine. Is í an chaoi is coitianta a fhaigheann eallaigh an galar ná beatha a thomhailt ina bhfuil min feola agus cnámh (MBM) ann déanta dá raibh fágtha d'ainmhithe a raibh an galar orthu nó beatha a thomhailt atá truaillithe lena leithéid. Ní féidir a dhearbhú go bhfuil BSE orthu ach amháin trí scrúdú iarbháis na hinchinne. Tá sé níos coitinne i measc bó atá 11 bliana d'aois nó níos sine. I measc na gcomharthaí cliniciúla tá imní agus eagla, gúngáil, crúbáil an talaimh nó lí leantach na sróine, táirge laghdaithe bainne, báiní nó forrán. Déanann an Roinn ainmhithe faoi amhras a scrios (le cúiteamh) agus cuirtear srianadh ar thréada agus torthaí an scrúdaithe iarbháis ar feitheamh. Tá córas dídhaonraithe páirteach i bhfeidhm ag an Roinn faoina dtógtar cohóirt (faoi mar a shainmhínítear iad i reachtaíocht an AE) agus ainmhithe sleachta chun siúil agus íoctar cúiteamh ar luach an mhargaidh.

Ó 2001 i leith tá sé de dhualgas ar gach Ballstáit an AE tástáil a dhéanamh ar gach ainmhí sláintiúil bhuaibheach os cionn 30 mí d'aois a maraíodh atá i ndán do thomhaltas daonna agus ar gach ainmhí tite agus taismeach os cionn 24 mí d'aois.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 607 2407

GALAR GORMTHEANGA

Is galar é an gormtheanga a bhíonn ar gach cineál ainmhí athchogantach - eallaigh, caoirigh, fianna, gabhair agus ainmhithe coimhthíocha lena n-áirítear camaill, lámaí agus araile. Víreas is cúis leis agus is greamanna míoltóg a leathann é. Ní féidir é a tharchur go díreach nó go hindíreach de bharr ainmhithe a bheith i dteagmháil lena chéile. Bíonn na míoltóga a leathann an galar gníomhach in Éirinn ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair agus bíonn siad le fáil go coitianta ar fheirmeacha. Bíonn na míoltóga níos flúirsí go déanach sa samhradh agus san fhómhar agus is ag an am seo is minice a fheictear an galar.

Ní féidir le daoine an galar seo a tholgadh agus ní baol don tsláinte poiblí é. Ní féidir an víreas a tholgadh trí bhia a ithe.

Is é an príomhthoradh a bhíonn ag an víreas ná go mbíonn drochghalair (agus fiú galair mharfacha) ar chaoirigh agus ar ghabhair dá bharr. Tá an galar gormtheanga ina measc agus tarlaíonn sé seo de bharr cur fola. Is féidir le heallaigh an galar a iompar ach ní gnách dóibh a bheith tinn dá bharr. Feadfaidh ainmhithe a bhfuil galrú ainsealach orthu bás a fháil laistigh de 3 nó 5 seachtaine de bharr ghalraithe tánaisteacha baictéaracha, nó féadfaidh sé tamall fada a thógáil ortha teacht chucu féin agus caillteanas gruaige nó olann orthu dá bharr nó moill curtha ar a bhfás nó iad aimrid dá bharr. Féadfaidh ainmhithe a bhfuil galrú éadrom orthu teacht chucu féin go hiomlán.

Tá tréithchineál nua den ghalar gormtheanga ag leathadh thar thuaisceart na hEorpa ó Lúnasa 2006 i leith. Deimhníodh go riabh sé sa Fhrainc, sa Ghearmáin, i Lucsamburg, sa Bheilg, san Ísiltír, sa Danmhairg, i bPoblacht na Seice, san Ostair agus san Eilvéis agus fuarthas é don chéad uair sa Ríocht Aontaithe i Meán Fómhair 2007 in East Anglia. Bhí sé gan teacht go hÉirinn fós i mí Feabhra 2008. Bunófar criosanna rialaithe, cosanta agus faireacháin má tharlaíonn ráig anseo agus cuirfear srianta ar aistriú ainmhithe laistigh de na criosanna seo agus amach astu. Ní mheastar go ndéanfar aon mharú forleathan ar ainmhithe.

Is faoi choinníollacha sainithe i Rialachán an AE a déantar ainmhithe a iompórtáil beo ó limistéir sin na hEorpa ina bhfuil srianta gormtheanga i bhfeidhm iontu. Baineann iad seo leis an Ríocht Aontaithe. Tá sé éigeantach tástálacha gormtheanga a dhéanamh ar na hainmhithe seo tar éis dóibh a thabhairt isteach.

Níl aon vacsaín le fáil fós in aghaidh thréithchineáil sin an ghalair atá ag scaipeadh (BTV8) ach táthar ag obair le ceann a fhorbairt. Táthar ag súil go mbeidh sé seo ar fáil i rith shamhradh 2008.

Galar infhógartha is ea Gormtheanga agus caithfear tuairisc a thabhairt don Roinn faoi aon chúis amhrais. Tá bileoga eolais curtha chuig gach feirmeoir agus tréidlia ag tabhairt mionfhaisnéis dóibh faoi na comharthaí cliniciúla ar chóir a bheith ar eolas acu. Tá tuilleadh eolais faoi Ghormtheanga mar aon le grianghraif de chuid de na comharthaí cliniciúla le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne agus ag www.bluetongue.ie.

PÉIRSEOG

Léiríonn péirseoga iad féin mar chnapán ag éirí ar dhromanna eallaí ó lár mí Fheabhra go dtí go dtagann an chuileog féin amach idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh. Caithfidh úinéirí tréada fógra a thabhairt mar gheall ar inmhíolú ar bith agus níl cead acu eallaí galraithe a bhogadh mura bhfuil teastas cóireála acu. Níl aon fhianaise ann go raibh péirseoga i dtréad na tíre le blianta beaga anuas, ach fuarthas iad in eallaí allmhairithe. D'fhéadfadh siad leathnú amach arís agus d'fhéadfadh cóireáil cheantair a bheith riachtanach. **Cosnaíonn allmhairiú freagrach an tréad: ná ceannaigh ach amháin ó fhoinse chreidiúnach agus cuir do DVO ar an eolas maidir le hallmhairithe ar bith atá ar na bacáin.**

PUCHÁN AE

Gach fómhar, eisíonn an Roinn réamhaisnéis maidir le teagmhas an phucháin ae agus tugtar cothrom le dáta í de réir mar is gá. Ba chóir d'úinéirí stoic an chomhairle a tugtar a leanúint.

LIÚCÓIS

Dearbhaíodh go hoifigiúil go raibh Éire saor ó liúcóis ón 1 Márta 1993 i ndiaidh bhabhta tástálacha náisiúnta a rinneadh i 1991/1992. Dearbhaíonn Cinneadh 1999/465/CE ón gCoimisiún an 13 Iúil 1999 (IO L181, 1999, leathanach 32) go bhfuil tréad eallaí na hÉireann saor ó liúcóis bhólachta eansótaigh. Déantar faireachas gach bliain chun an stádas saor ó ghalar atá ag Éirinn a choinneáil.

GALAR AUJESZKY

CLÁR RIALAITHE AGUS DÍOTHAITHE GALAIR AUJESZKY (MUCA)

Seoladh clár náisiúnta do rialú agus díothú an ghalair Aujeszky i muca i ndeireadh 2002. Ba é cuspóir an chláir ná galar Aujeszky a dhíothú ón tréad náisiúnta muc. Rachaidh díothú an ghalair seo in Éirinn chun tairbhe na hearnála muc ina iomláine trí caighdeán sláinte an tréada náisiúnta a fheabhsú agus rochtain na hÉireann ar mhargaí idirnáisiúnta a chosaint.

Faoin gclár seo caithfear tástáil fola a dhéanamh ar gach tréad muc sa tír, is cuma cé chomh beag agus atá sé. Eisítear stádas galair Aujeszky do na tréada bunaithe ar thorthaí tástálacha fola, agus ní mór plean rialaithe, lena n-áirítear vacsaíniú éigeantach, a chur i bhfeidhm dóibh siúd a mbíonn torthaí dearfacha acu. Is féidir le húinéirí nach bhfuil an galar ar a dtréada a stádas a chosaint trí ainmhithe a cheannach ó thréada slána eile – is féidir le húinéirí tréada eolas a fháil faoin stádas galair Aujeszky atá ag tréad ar bith trí dhul i dteagmháil le lár-bhunachar sonraí na muc.

RIALÚ BODARNACH

Cuireann an tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (arna leasú), an tOrdú um Ghalair Ainmhithe (Beathú agus Úsáid Briodarnaí), 1985 (I.R. Uimh 153 de 1985), an tOrdú um Ghalair Ainmhithe (Beathú agus an Úsáid Briodarnaí) (Leasú) Ainmhithe, 1987 (I.R. Uimh 133 de 1987) agus an tOrdú faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Cosc ar an Úsáid Briodarnaí), 2001 (I.R. Uimh. 597 de 2001), Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair a leagann síos rialacha sláinte maidir le fotháirgí ainmhithe nach bhfuil tomhailt daonna i ndán dóibh, cosc ar feadh tréimhse éiginnte ar bhailiú briodarnaí agus ar a tabhairt mar bheatha d'ainmhithe ar chúiseanna sláinte ainmhithe, ach ceadaíonn siad táirgí áirithe nach táirgí ainmhithe iad agus táirgí bainne a thabhairt mar bheatha dóibh. Tá ceadúnas ag teastáil chun briodarnach idirnáisiúnta a thabhairt i dtír ag chalafoirt agus aerfoirt, nó a easpórtáil uathu, faoi na hOrduithe Briodarnaí thuasluaite. Níor chóir briodarnach idirnáisiúnta a thabhairt i dtír ag calafort nó ag aerfort nó a seoladh amach uathu ach amháin ag oibreoirí ceadúnaithe. Bhí cosc i gcónaí ar a leithéid de bhriodarnach nó de dhríodar bia idirnáisiúnta a thabhairt d'ainmhithe.

AN SCÉIM BHAILITHE AINMHITHE TITE

Tá foráil sa Scéim Bhailithe Ainmhithe Tite ar tugadh isteach é in Iúil 2001 maidir le hainmhithe athchogantacha tite a bhailiú agus a scrios ar phraghas fóirdheonaithe agus tá an scéim seo ar fáil i ngach ceann de na 26 contae. Déanann an scéim fóirdheonú chomh maith ar ainmhithe áirithe neamh-athchogantacha tite eile a scrios. Caithfidh monarchana idirmheánacha de Chatagóir 2 a thairgeann an tseirbhís seo d'fheirmeoirí a bheith ceadúnaithe de réir Rialacháin (Fo-tháirgí Ainmhithe) na gComhphobal Eorpach, 2006 (I.R. Uimh 612/2006).

Is iad seo a leanas na táillí atá iníoctha ag feirmeoir le bailitheoir maidir le hainmhithe athchogantacha a bailítear faoin scéim:

- €12.70 móide CBL do gach lao le clib (.i. ainmhí suas le sé mhí d'aois);
- €19.05 móide CBL do gach ainmhí buaibheach fásta óg (.i. ainmhithe idir sé mhí agus dhá bhliain);
- €31.74 móide CBL do gach ainmhí buaibheach fásta le clib (.i. ainmhithe thar dhá bhliain d'aois).

Is cion é ainmhithe marbha a adhlacadh ar fheirm, ach amháin de réir ceadúnais eisithe ag an Roinn.

Meabhraítear d'fheirmeoirí freisin gur chion é ligean do chonablach ainmhí os cionn 24 mí d'aois meathlú an oiread sin nach féidir sampla uaidh a thástáil go réidh. Ní mór dul i dteagmháil le cnioglann áitiúil laistigh de 24 uaire ó bhás an ainmhí. Ba chóir taifead a dhéanamh den am agus den dáta ar insíodh don chnioglann faoin mbás. Ní mór conablaigh atá le bailiú a choinneáil sa chaoi sin nach féidir le hainmhithe baile, lena n-áirítear stoc feirme agus ainmhithe allta teacht orthu. Mura ngéilltear do na coinníollacha seo is féidir ionchúiseamh a dhéanamh faoi I.R. Uimh. 612 de 2006.

Ní foláir an Fhoirm NBAS 31D a bheith comhlánaithe agus sínithe agus pas an ainmhí a bheith ar fáil nuair a bhailítear an t-ainmhí. Ní mór an fhoirm agus an pas a thabhairt don Bhailitheoir a thógann conablach an ainmhí ó d'fheirm. Mura bhfuil pas an ainmhí mhairbh agat, caithfidh tú ceadúnas ar a dtugtar FAL 1 a iarradh ó do DVO áitiúil **sula mbailítear** an conablach. Cuirfidh an DVO an ceadúnas díreach chuig an gcnioglann i bhfoirm facs.

Tá liosta de na cnioglanna ceadúnaithe le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Bhailithe Ainmhithe Tite,
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.
Teil: 053 9170327

FOTHÁIRGÍ AINMHITHE

Is éard atá i bhFotháirgí Ainmhithe (ABP) ná coirp iomlána nó codanna d'ainmhithe, nó táirgí de bhunús ainmhithe nach bhfuil i ndán do thomhaltas daonna. Tá rialú dian déanta maidir le diúscairt na bhfotháirgí seo chun sláinte daoine agus ainmhithe a chosaint. Tá na príomhriachtanais dhlíthiúla leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002.

De réir an Rialacháin seo ní mór faomhadh a fháil ón Roinn maidir le formhór na n-oibríochtaí a bhaineann leis na bhfotháirgí seo. I measc na n-oibríochtaí sin tá oibriú:

- Gléasra rindreála;
- Gléasra múirín;
- Gléasra bithgháis;
- Cniogairí;
- Monarchana bia peataí;
- Stórais olla agus seithí;
- Monarchana teicniúla;
- Stórais min feola agus cnámh;
- Cniogairí;
- Iompar fotháirgí ainmhithe;
- Feoil ainmhithe tite a thabhairt do chúnna nó d'ainmhithe zú.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais le haghaidh faomhadh faoi na rialacháin ABP a fháil ón Rannóg Fotháirgí Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Pailliún B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 8694343/057 8694343 nó 057 8693346, Facs: 057 8694385.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE TRÉIDLIACHTA

Cuireann an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta seirbhís chuimsitheach um fhaireachas galair ainmhithe ar fáil don tír agus raon áiseanna diagnóiseacha doimhne mar thacaíocht léi. Tá sonraí na seirbhísí agus na dtáillí ar fáil ó gach saotharlann. (Féach Aguisín 1D le haghaidh liosta iomlán na saotharlann)

CÓGAIS TRÉIDLIACHTA

Cuireann an Roinn roinnt rialuithe i bhfeidhm maidir le cógais tréidliachta chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus ar mhaithe le sláinte agus leas ainmhithe. Cuireann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna Ainmhithe) (Uimh. 2) 2007 (I.R. Uimh. 786 de 2007) bunús reachtaíochta cuimsitheach ar fáil maidir le ceadúnú cógas tréidliachta agus srianta ar a leithdháileadh. Faoin réim seo, gníomhaíonn Bord Leigheasra na hÉireann mar údarás ceadúnaithe do chógais tréidliachta (leighis ainmhithe), agus tugann an Roinn ceadúnú d'áitribh atá i mbun dáileadh tráchtála na gcógas tréidliachta. Caithfidh na leighis ainmhithe a bhfuiltear ag súil lena n-úsáid a bheith údaraithe sa Stát agus ní féidir iad a úsáid ach amháin de réir na gcoinníollacha a leagadh síos maidir le ceadúnú an táirge.

Leasaíodh reachtaíocht na hÉireann faoi chógais tréidliachta le blianta beaga anuas de bharr leasuithe a rinneadh ar chód dlíthiúil an AE maidir le faomhadh agus dáileadh cógais tréidliachta. Bhí rath ar an gcaibidlíocht maidir le critéir (Treoir 2006/130/CE ón gCoimisiún) chun díolúine a thabhairt do chógais tréidliachta áirithe ón riachtanas éigeantach maidir le hoideas tréidliachta a fháil agus d'fhéach an Roinn chuige go mbeadh an díolúine seo sa reachtaíocht náisiúnta. I measc na leasuithe a rinneadh le deireanas tá uastréimhse bhailíochta oideas tréidliachta a shíneadh go 12 mhí le cabhrú le feirmeoirí agus le tréidlianna athbhreithnithe agus bainistiú a dhéanamh ar riachtanais ghnáthaimh bhliantúla leighis agus chun mionchoigeartú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hoidis scríofa le haghaidh meas ainmhithe. Tá foráil sna Rialacháin nua faoi chóras malartach oidis maidir le leigheasanna ionmhamacha le haghaidh ainmhithe, nach mbeifear in ann a fháil ach le hoideas tréidliachta ó 1ú Eanáir 2008, tráth a chuirfear clár i bhfeidhm a bheidh sé d'aidhm aige laghdú a dhéanamh ar mhinicíocht mhaistítis agus ar a leithéid de chóireáil antaibheathach. Tá beart breise de chuid an AE sna Rialacháin seo (Rialachán Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún (CE)) a bhfuil foráil ann faoi shubstaintí riachtanacha áirithe a úsáid i gcúinsí eisceachtúla i gcás capall, ach tréidlia a bheith freagrach as agus cosaint a bheith ar fáil do thomhaltóirí.

Faoi láthair, tá níos mó ná 1,000 táirge aonair ceadúnaithe de réir riachtanais mionsonraithe de chuid reachtaíocht an AE. Chomh maith leis sin, déantar rialú agus ceadúnú ar thart ar 75 áitreabh mórdhíola agus 730 áitreabh miondíola de réir na reachtaíochta ábhartha arna scrúdú ag an Roinn lena chinntiú go bhfuil an caighdeán riachtanach bainte amach acu. Tá táirgeadh, dáileadh agus díol beathaithe íocleasaithe, agus na dtáirgí idirmheánacha chun a dhéanta, faoi réir ag ceadúnú ón Aire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna d'Ainmhithe agus Beathú íocleasaithe), 1994, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna d'Ainmhithe agus Beathú Íocleasaithe) (Leasú), 2003. Tá cosc ar ábhair beathaithe íocleasaithe a úsáid ach amháin faoi threoir tréidliachta i scríbhinn atá eisithe ag máinlia tréidliachta cláraithe agus de réir théarmaí na treorach sin. Caithfidh Bord Leigheasra na hÉireann réamh-mheascáin íocleasaithe a údarú freisin. Tá thart ar 25 déantúsóir beathaí íocleasaithe ceadúnaithe faoi láthair agus tá ceadúnas ag 8 meascthóir baile chun beathaí íocleasaithe a dhéanamh.

Cuireann an Roinn Plean Fuílligh Náisiúnta cuimsitheach i bhfeidhm chomh maith atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint ó fhuílligh mídhleathacha, bídís ann de bharr táirgí faoi chosc (mar hormóin a chuireann fás chun cinn) nó ó leigheasra ceadúnaithe (bíonn siad seo i gceist má chuirtear ainmhithe sa tslabhra bia roimh dheireadh na tréimhse aistarraingthe a bhaineann le cibé leigheas a bhí acu), nó de bharr ábhair shalaithe comhshaoil. Clúdaíonn an Plean Fuílligh aon chineál déag a tháirgeann bia lena n-áirítear dobharshaothrú. Tógadh breis agus 28,000 sampla le linn 2006 agus tástáladh iad le haghaidh 18 ngrúpa fuílligh i saotharlanna a formheasadh go hoifigiúil. Déantar gach toradh dearfach a iniúchadh trí fhiosrúchán ar an bhfeirm bhunadh d'fhonn na bearta forfheidhmithe riachtanacha a dhéanamh, lena n-áirítear ionchúiseamh sna Cúirteanna.

Rinneadh comhlánú ar thástáil oifigiúil i 2000 nuair a cuireadh córas i bhfeidhm a bhí bunaithe go reachtúil agus a chuir de dhualgas ar bhunphróiseálaithe bearta monatóireachta fuílligh a chur i bhfeidhm. Is cuid den chóras seo aighneachtaí bliantúla a chur chuig an Roinn chun faomhadh a fháil le haghaidh pleananna fuílligh faoi leith agus bíonn sé éigeantach do phróiseálaithe monatóireacht i bhfad níos déine a dhéanamh ar tháirgeoirí a raibh torthaí dearfa ar na tástálacha a rinneadh ar a gcuid ainmhithe nó ar a dtáirgí ainmhithe. Scrúdaíonn an Roinn an córas féin-mhonatóireachta seo.

PIONÓIS

Is féidir leis na cúirteanna pionóis ghéara a ghearradh de bharr sárú na reachtaíochta maidir le díol, sealbhú nó úsáid leigheasanna neamhúdaraithe ainmhithe; má fhaightear duine ciontach as a leithéid de chiona is féidir toirmeasc a chur air/uirthi ainmhithe nó leigheasanna ainmhithe a choinneáil. Is féidir bpionós ó €1,270.00 go €5,000 agus/nó 1 bhliain i bpríosún a ghearradh ar dhuine a chiontaítear in ionchúiseamh achomair nó fíneáil ó €317,500 go €350,000 agus/nó 10 mbliana i bpríosún a ghearradh ar dhuine a chiontaítear don dara huair ar dhíotáil.

TAIFID

De réir Rialachán na Leigheasanna Ainmhithe 2007, tá sé riachtanach d'fheirmeoirí taifead a choinneáil (an "Taifead Leigheasanna Ainmhithe") faoi na leigheasanna a thagann ar an bhfeirm lena dtabhairt d'ainmhithe a tháirgeann bia. Tá leagan amach an taifid le fáil thíos:

Sonraí ceannacháin/isteach			
Cainníocht	Ainm údaraithe an leighis ainmhithe	Dáta fála	Ainm & seoladh an tSoláthraí

Sonraí Riaracháin/Amach						
Dáta ar Tugadh	Ainm údaraithe agus cainníocht an leighis ainmhí a tugadh	Aitheantas an ainmhí dar tugadh an leigheas ainmhithe lena n-áirítear Uimh. Chlib Cluaise más cuí	Dáta éagtha na tréimhse aistarraingthe	Ainm an duine a thug an Leigheas Ainmhithe	Ainm an Chleachtóra Tréidliachta a scríobh an t-oideas (más bainteach)	Méideanna na leigheasanna nár úsáideadh ar cuireadh thar n-ais iad

CEADÚ AGUS CLÁRÚ DÉILEÁLAITHE

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Déileálaithe Bó-Ainmhithe agus Muc a Cheadú agus a Chlárú) 2007 (I.R. Uimh. 151 de 2007) caithfidh gach ceannaí a bhfuil baint aige/aici le ceannach nó díol eallaí nó muc a bheith ceadaithe agus cláraithe ag an Roinn. Ní cheadaítear do dhuine ainmhí a cheannach, a fháil nó a fhoinsiú ó cheannaí nó ainmhí ar bith a dhíol, a sholáthar nó a dhiúscairt do cheannaí mura bhfuil an ceannaí ceadaithe, cláraithe agus uimhir reatha ceadaithe faoin reachtaíocht thuasluaite ina s(h)eilbh.

Sainmhínítear déileálaí mar dhuine a cheannaíonn ainmhithe agus a dhíolann nó a sholáthraíonn iad do dhuine eile laistigh de thréimhse 30 lá. Lena chois sin má tá déileálaí ag bailiú nó ag coinneáil ainmhithe, caithfidh sé/sí áitreabh a bheith aige/aici atá ceadaithe don sainchuspóir úd.

Tá na díolúintí seo a leanas ann, áfach:

- Níl sé riachtanach do dhuine a cheannaíonn níos lú ná 100 ainmhí buaibheach nó 100 muc in aon tréimhse 12 mhí, agus a dhíolann arís iad laistigh de thréimhse 30 lá, go gceadófaí é/í mar dhéileálaí;
- Níl sé riachtanach ach oiread i gcás duine atá ina c(h)ónaí lasmuigh den Stát is a cheannaíonn ainmhithe buaibheacha nó muca sa Stát dó féin;
- Ní bhaineann an tsainmhíniú déileálaí le duine a roghnaíonn éin nó ainmhithe ar son daoine eile - déileálaithe, monarchana nó daoine aonair - (bíodh sé sin ar bhunús coimisiúin nó de réir an cheann) ach nach gceannaíonn is nach n-íocann as na hainmhithe, agus ní gá do dhuine dá leithéid ceadú a fháil mar dhéileálaí.

Éilíonn an reachtaíocht go gcláródh daoine a cheannaíonn agus a athdhíolann eallaí nó muca laistigh de 30 lá iad féin mar dhéileálaithe agus go gcloífeadh siad leis na socruithe maidir le leas agus iompar ainmhithe, caighdeáin agus cothabháil áitreabh, coinneáil taifead agus go ngéillfeadh siad do na nósanna imeachta maidir le fógra agus tástálacha galar le haghaidh ainmhithe.

Caithfidh gach déileálaí iarratas a dhéanamh i scríbhinn go gceadófar is go gclárófar é/í mar cheannaí i gcás gach áitreabh a úsáidtear ina (h)oibríochtaí. Ní mór an t-iarratas (na hiarratais) i scríbhinn a chur chuig Oifig Tréidliachta Dúiche (DVO) na Roinne ina bhfuil an t-áitreabh lonnaithe. (Féach liosta na DVOanna in Aguisín 1B). Má tá iarratas á dhéanamh chun ceadú a fháil mar dhéileálaí gan áitreabh, ba chóir an t-iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid an DVO sa Chontae ina bhfuil an ceannaí ina chónaí nó ina dhéanann sé an chuid is mó dá c(h)uid oibre déileála. Ní mór dhá ghrianghraf pas den déileálaí sínithe agus stampáilte ag an nGarda áitiúil nó ag Feidhmeannach Síochána a bheith in éineacht le gach iarratas.

RIALACHÁIN A RIALAÍONN DÍOLACHÁN AINMHITHE AG MARGAÍ BEOSTOIC

Tháinig na Rialacháin fán Acht um Marglanna Beostoic, 1967 (Dáta Tástála agus Céannú Díoltóra) 2002 (I.R. Uimh. 188 de 2002) i bhfeidhm ar 1 Iúil 2002. Tá sé riachtanach faoin reachtaíocht seo go dtaispeánfadh marglanna beostoic uile an t-eolas seo a leanas ar aonad taispeána leictreonach, nuair a díoltar ainmhí ar marglann:

- Ainm agus seoladh iomlán an úinéara agus an t-é sin a bhfuil an tréad nó an ealbha gurb as don ainmhí atá á thairiscint lena d(h)íol cláraithe ina (h)ainm;
- An áit inar tástáladh na hainmhithe le haghaidh Eitinne buaibhí nó Brúsalóise buaibhí nó an dá cheann faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Uimh. 6 de 1966);
- Má chuireann déileálaí ainmhí i láthair lena dhíol nó má chuirtear ar díol é ar a s(h)on tá sé riachtanach ráiteas a thabhairt faoi sin.

Caithfidh an t-eolas seo a bheith soiléir, soléite ag gach duine atá i láthair san fháinne díolacháin ina bhfuil an t-ainmhí á t(h)airiscint le díol nó atá cóngarach dó. Éilíonn na Rialacháin go ndéanfaí na sonraí ábhartha a fhógairt go poiblí roimh an díolachán má tá caoirigh á ndíol go díreach ó phionnaí.

Is é cuspóir na reachtaíochta seo ná a chinntiú go bhfuil níos mó tréshoilseachta i bhfeidhmiú na marglanna beostoic agus go gcuirtear seirbhís den chaighdeán céanna ar fáil do chliaint.

RIALACHÁIN MAIDIR LE HIONAID TIONÓLA

Feidhmíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ionaid Tionólta) 2000 (I.R. Uimh. 257 de 2000) Treoir 97/12/CE ón gComhairle an 17 Márta 1997. Is gabháltas, ionad bailiúcháin nó margadh é láthair tionóil ina cuirtear ainmhithe ó ghabháltais dhifriúla le chéile chun coinsíneachtaí a dhéanamh suas d'ainmhithe atá ceaptha le haghaidh onnmhairiú go Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh. Caithfidh Ionaid Tionóil a bheith formheasta ar mhaithe le trádáil agus ní mór dóibh na

riachtanais atá leagtha síos sa reachtaíocht thuasluaite a chomhlíonadh. Ní féidir tús a chur le feidhmiú Ionaid Tionóil go dtí go mbíonn sé iniúchta agus formheasta ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Féadfar coinníollacha agus téarmaí a mheasann an tAire a bheith oiriúnach a chur mar shrian le speicis, aicme agus cineál na n-ainmhithe a cheadaítear a láimhseáil ag ionad tionóil. Nuair a cheadaíonn an tAire ionad tionólta tabharfar uimhir fhormheasa dó mar aon le haon téarmaí agus coinníollacha bainteach.

ALLMHAIRIÚ AGUS ONNMHAIRIÚ AINMHITHE BEO FEIRME

Tá deireadh curtha leis an gcoraintín a gcuirtí ar ainmhithe beo feirme ag teacht ó thíortha eile an AE agus ní bhíonn seiceanna teorann ann maidir lena leithéid de thrádáil níos mó. Déantar cigireacht tréidliachta agus tugtar deimhniúchán sláinte d'ainmhithe beo san áit ina mbíodh siad i dtír a n-onnmhairithe agus déantar seiceáil orthu ag a gceann scríbe i dtír a n-allmhairithe. Is baol bhreise do stádas sláinte ainmhithe na hÉireann an méadú atá tagtha ar shaoirse gluaiseachta agus ní mór d'allmhaireoirí agus d'fheirmeoirí a bheith níos airdeallaí nach n-allmhairítear galair ainmhithe costasach in éineacht leo. Tá cód cleachtais dheonacha i bhfeidhm i roinnt earnálacha a leagann amach bearta cosanta breise maidir le hallmhairithe. Ar thaobh na honnmhairithe de caithfidh ainmhithe feirme ag dul go chinn scríbe AE, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, a bheith scrúdaithe ag tréidlia oifigiúil i lárionad tionóil formheasta roimh onnmhairiú chun eisiúint na dteastas sláinte riachtanacha a éascú.

Leagann reachtaíocht tréidliachta an AE síos réimse leathan riachtanas a chaithfidh feirmeoirí cloí leo. Caithfidh ainmhithe a bheith aitheanta sa chaoi gur féidir a ngabháltas dúchais a rianú. I roinnt maith cásanna, caithfidh feirmeoirí taifid a choinneáil de na hainmhithe a choimeádann siad agus sonraí faoi na gluaiseachtaí stoic go léir isteach ina ngabháltais agus amach astu. Caithfidh feirmeacha uile a bheith cláraithe leis an Roinn agus déanfar seiceanna tréidliachta oifigiúla ar a stádas sláinte.

ALLMHAIRIÚ ÉANLAITHE CLÓIS

Tá sé ceadaithe éanlaith chlóis a allmhairiú ó Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh má tá deimhniú tugtha fúthu agus an teastas sláinte oiriúnach in Iarscríbhinn IV le Treoir 90/539/CEE ón gComhairle in éineacht leo agus é droimscríofa ag Tréidlia Oifigiúil, atá údaraithe ag an Údarás Inniúil sa Bhallstát ónar allmhairíodh iad.

Ba chóir ceisteanna uile maidir le hallmhairiú ainmhithe feirme beo, lena n-áirítear éanlaith chlóis, a chur ar An Rannóg Trádála Beo, Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072466/ 6072709/6072698.

ALLMHAIRIÚ AINMHITHE NEAMHTHRÁCHTÁLA

MADRAÍ AGUS CAIT - CÓRAS PAS PEATAÍ AN AE

Cuireadh comhaontú faoi chóras armónaithe maidir le haistriú neamhthráchtála pheataí -madraí agus cait - don Aontas Eorpach uile i bhfeidhm ar 3 Iúil 2004. Faoin scéim nua seo beifear in ann madraí agus cait ina bpeataí a thabhairt díreach isteach in Éirinn, faoi réir choinníollacha áirithe, ó raon de thíortha incháilithe (lena n-áirítear ballstáit uile an AE, tíortha agus dúichí Eorpacha eile, agus Tríú Tíortha áirithe) a mheastar gur beag an baol confaidh atá iontu.

Is féidir le madraí agus cait ina bpeataí taisteal díreach isteach in Éirinn ar an gcoinníoll:

- Go bhfuil an t-ainmhí ag taisteal ó thír incháilithe;
- Go bhfuil an t-ainmhí sainaitheanta le micrishlis;
- Gur tugadh vacsaín don ainmhí in aghaidh confaidh;
- Go ndearnadh tástáil-fola le haghaidh frithchoirpíní confaidh ar a laghad sé mhí roimh iontráil agus nach bhfuarthas iad;
- Go ndearnadh cóireáil cheart ar an ainmhí in aghaidh sceartán agus péiste ribíní.

Beidh fianaise go sásaíonn an t-ainmhí an ceithre choinníoll dheireanach le fáil sa **Phas**. Is cáipéis caighdeánaithe é seo ar fud an AE.

Chomh maith leis na riachtanais atá leagtha amach thuas, beidh sé riachtanach freisin taisteal **ar iompróir formheasta agus ar bhealach formheasta go pointe iontrála formheasta.**

Tá an comhlimistéar taistil idir Éire agus an RA ann i gcónaí.

Socruithe le haghaidh madraí agus cait ina bpeataí ó thíortha neamhcháilithe

Ní mór madraí agus cait ina bpeataí a thagann ó thíortha nach tíortha incháilithe iad sé mhí a chaitheamh i gcoraintín ar theacht isteach in Éirinn dóibh.

Ba chóir gach ceist maidir le hallmhairiú madraí agus cait ina bpeataí a sheoladh chuig Aonad na dTionscnamh Speisialta, Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 607 2827.
Is féidir sonraí a fháil freisin ag www.agriculture.gov.ie/pets

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE HALLMHAIRIÚ COINÍNÍ, HAMSTAIR, SEIRBILÍ, MUCA GHUINE, FRANCAIGH, LUCHÓGA AGUS SINSILÍ ATÁ INA BPEATAÍ.

Cuireann an tOrdú Confaidh (Allmhairiú, Cur i dTír agus Aistriú Ainmhithe), 1972 (I.R. Uimh. 16 de 1972) agus an tOrdú Confaidh (Allmhairiú, Cur i dTír agus Aistriú Ainmhithe) (Leasú), (I.R. Uimh. 95 de 1976) cosc ar Choiníní, Hamstair, Seirbilí, Muca Guine, Francaigh, Luchóga agus Sinsilí atá ina bpeataí a allmhairiú go hÉirinn ach amháin faoi cheadúnas. Cuirfear stádas na tíre onnmhairithe, go mór mór a stádas maidir le confadh, san áireamh sular féidir ceadúnas a eisiúint.

Féadfaidh na mamaigh bheaga thuas taisteal díreach isteach in Éirinn ar choinníoll:

- Go dtógtar an t-ainmhí (na hainmhithe) go díreach chun a (n-)ionad nua cónaithe nuair a thagann sé/siad go hÉirinn.
- Ní mór teastas sláinte ó Thréidlia Cláraithe a scríobhadh laistigh de chúig lá roimh imeacht dó/di/dóibh a bheith in éineacht leis an bpeata (na peataí) ag deimhniú go raibh an peata (na peataí) saor ó gach comhartha cliniciúil a bhaineann le galar tógálach nó gabhálach agus go raibh bail mhaith air/uirthi/orthu ó thaobh taistil de;
- Ní mór dearbhú sínithe ag an úinéir a bheith leis an ainmhí/na hainmhithe freisin ag dearbhú gur rugadh na hainmhithe i mbraighdeanas agus gur coinníodh i mbraighdeanas iad ó shin;
- Caithfidh an t-úinéir nó duine gaolmhar nó cairdiúil leis/léi taisteal leis an bpeata (na peataí) go dtí an ceann scríbe.

Ba chóir foirm iarratais a chomhlánú agus a chur ar ais mí amháin ar a laghad roimh an am atá ceaptha don turas.

Is le Ceadúnas Ginearálta a dhéantar éanlaith pheata agus chaitheamh aimsire a n-allmhairiú laistigh den AE. Chuige seo ní mór Foirm Réamhfhógra a chomhlánú agus ba chóir an bunleagan a chur ar ais chuig an Roinn 24 uaire ar a laghad roimh allmhairiú. Comhlánaítear foirm dearbhaithe úinéara ar maidin lá an allmhairithe agus coinníonn an t-é atá ag taisteal leis an éanlaith é.

Tá ceadúnas allmhairithe riachtanach chun éanlaith pheata agus chaitheamh aimsire a allmhairiú ó Thríú Tíortha agus athraítear na coinníollacha a bhaineann leis de réir stádas galair na tíre sin.

Ba cheart ceisteanna faoina leithéid d'allmhairithe a chur chuig An Rannóg Trádála Beo, an Rannóg Sláinte agus Leasa Ainmhithe, Urlár 3 Lár, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072000.

ALLMHAIRIÚ TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHITHE

Bíonn dhá phríomhchatagóir de tháirgí de bhunadh ainmhithe – iad siúd atá ceaptha le haghaidh tomhaltas daonna agus iad siúd a sainmhínítear mar fhotháirgí ainmhithe*. Déantar comhchuibhiú ar thrádáil idirphobail agus allmhairiú ó Thríú Tíortha ar an dá chatagóir táirgí de bhunadh ainmhithe seo de réir Rialacháin an Chomhphobail lena chinntiú go gcosnaítear sláinte ainmhithe agus daonna.

Seo a leanas na príomhchoinníollacha a bhíonn i bhfeidhm maidir le trádáil agus allmhairiú:

Tomhaltas Daonna:

- Do thrádáil taobh istigh den AE caithfidh táirgí teacht ó áitreabh formheasta sna Ballstáit agus a bheith lipéadaithe sláinte agus pacáistithe go hoiriúnach;
- Caithfidh cáipéis tráchtála a bheith in éindí le táirgí atá á thrádáil a thugann sonraí faoin áitreabh formheasta bunaidh agus an coinsíní ar mhaithe le hinrianaitheacht;
- Caithfidh allmhairí teacht ó Thríú Thír atá formheasta agus liostaithe ag an gCoimisiún Eorpach d'onnmhairiú an speicis/catagóire sin de tháirge. Chomh maith leis sin caithfidh sé teacht ó bhunaíocht fhormheasta, .i. seamlas, monarcha gearradh, monarcha próiseála nó stór fuar atá tar éis a bheith formheasta agus liostaithe d'onnmhairiú chuig an AE den táirge atá i gceist;
- Ní féidir coinsíneachtaí ó Thríú Tíortha a allmhairiú chuig críoch an Chomhphobail ach amháin trí phost cigireachta teorann formheasta ag an AE. Is iad na poist cigireachta teorann in Éirinn ná Calafort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne;
- Tá sé riachtanach don allmhaireoir an Post Cigireachta Teorann a sholáthar le fógra roimh ré faoi gach coinsíneacht atá le hallmhairiú atá ag teacht isteach;
- Tar éis di teacht isteach caithfidh an teastas sláinte samhail oiriúnach a theastaíonn faoi dlí an AE a bheith leis an gcoinsíneacht, lena n-áirítear, i gcás táirgí de bhunadh speicis ainmhithe a d'fhéadfadh BSE a tholgadh, an dearbhú riachtanach maidir le BSE;
- Caithfidh allmhaireoirí uile de tháirgí ainmhí isteach in Éirinn a bheith cláraithe leis an Roinn.

Fotháirgí Ainmhithe:

- Tá cosc ginearálta ar bheathú fotháirgí ainmhithe go hainmhithe feirme sa slabhra bia;
- Tá trádáil agus allmhairiú ar fhotháirgí ainmhithe neamhphróiseáilte teoranta do bhunaíochtaí le formheas ar leith.
- Caithfear táirgí ainmhithe atá críochnaithe agus táirgí próiseáilte a bheith clúdaithe, lipéadaithe agus iompartha go hoiriúnach, agus cáipéis tráchtála a bheith leo.

- Caithfidh allmhairí teacht ó Thríú Tír atá formheasta agus liostaithe ag an gCoimisiún Eorpach d'onnmhairiú an speicis/chatagóire sin d'fhotháirge ainmhí. Chomh maith leis sin caithfidh sé teacht ó bhunaíocht fhormheasta atá tar éis a bheith formheasta d'onnmhairiú chuig an AE den fhotháirge ainmhí atá i gceist;
- Tá sé riachtanach don allmhaireoir an Post Cigireachta Teorann a sholáthar le fógra roimh ré faoi gach coinsíneacht atá le hallmhairiú atá ag teacht isteach;
- Tar éis di teacht isteach caithfidh an teastas sláinte samhail oiriúnach a theastaíonn faoi dlí an AE a bheith leis an gcoinsíneacht, lena n-áirítear, i gcás táirgí de bhunadh speicis ainmhithe a d'fhéadfadh BSE a tholgadh, an dearbhú riachtanach maidir le BSE;
- Caithfidh allmhaireoirí uile de tháirgí ainmhí isteach in Éirinn a bheith cláraithe leis an Roinn.

Nuair a bhíonn briseadh amach de ghalar ainmhí i réigiún nó i dtír is féidir go gcuirfear formheas chun trádáil a dhéanamh sna táirgí atá faoi thionchar aige sin le Cinntí Cosanta don réigiún atá i gceist nó don tír iomlán de réir mar is cuí go dtí go gheofar réidh le baol an ghalair.

Tá foirmeacha um chlárú mar allmhaireoir agus tuilleadh eolais faoi allmhairiú ar fáil ón Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, (Rannóg na nAllmhairí), An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072892/6072896. Tá eolas freisin ar shuíomh idirlín na Roinne: www.agriculture.gov.ie faoi 'Trádáil agus Onnmhairí'.

Is féidir eolas faoi fhormheas do bhunaíochtaí d'fhotháirgí ainmhí a fháil ón Rannóg Sláinteachas Feola agus Fotháirgí Ainmhí, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Ionad Gnó Grattan, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 8694348

**Áiríonn táirgí do thomhaltas daonna feoil úr ó bheithígh, mhuca, chaoirigh, ghabhair nó ainmhithe crúbacha tí (.i. capaill), feoil éanlaithe, feoil an choinín agus feoil ghéim a ndearnadh feirmeoireacht uirthi, táirgí agus ullmhúcháin feola, bainne agus táirgí bainne, uibheacha agus táirgí uibhe, cásáil ainmhí, mil, cosa froig, seilidí, éisc agus táirgí iascaigh.*

Áiríonn fotháirgí ainmhí seithí/craicne neamhúdaraithe, bia do pheataí, cnámha agus táirgí cnáimhe, próitéin ainmhí próiseáilte (.i. min éisc agus min fhola), fuil agus táirgí fola, séiream, blonag agus saillte rindreáilte, amhábhar chun táirgí do pheataí nó táirgí teicniúla a dhéanamh, comhraimh géime, leasú neamhphróiseáilte, leasú próiseáilte agus táirgí leasú próiseáilte, táirgí beachadóireachta próiseáilte, olann, gruaig, guairí, agus cleití neamhphróiseáilte.

ALLMHAIRIÚ PEARSANTA DE THÁIRGÍ AINMHITHE – COMHAIRLE DO THAISTEALAITHE

Ó Thíortha an AE

Chun an leibhéal ard cosanta do shláinte ainmhí agus poiblí a choinneáil ní fhéadfaí ach táirgí ainmhithe, atá tar éis a bheith táirgthe faoi réir rialacha AE a allmhairiú ar mhaithe le tomhailt féin agus ansin caithfidh sé a bheith coinnithe i mbagáiste pearsanta na dtaistealaithe agus ceaptha dá dtomhailt pearsanta nó teaghlaigh. Go ginearálta, baineann sé seo le táirgí ainmhithe atá ar díol don phobal sa Bhallstát bunaidh atá tar éis a bheith pacáistithe go hoiriúnach agus go bhfuil marc sláinte aitheantais an AE acu.

Ó Thíortha Neamh-AE

Tá an allmhaire phearsanta de tháirgí feola agus bainne ar mhaithe le tomhailt féin ó nach mór gach tír neamh-AE, i do bhagáiste pearsanta, coiscthe faoi rialacháin AE agus náisiúnta.

Le haghaidh eolas níos sainiúla féach le do thoil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie nó déan teagmháil leis an Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, (Rannóg na nAllmhairí), An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072892/6072896

BEARTA COSANTA

Nuair a bhíonn buarthaí ann maidir le héifeachtúlacht na rialuithe atá i bhfeidhm i dTríú Thír atá formheasta chun ainmhí nó táirgí ainmhí a onnmhairiú chuig an AE, nó áit a tharlaíonn ráig de ghalar ainmhí i dtír nó i réigiúin den tír sin, tugann an AE isteach bearta cosanta sa chás go mbíonn baol ann do shláinte daonna agus ainmhithe ó allmhairí de ainmhithe nó de tháirgí ainmhithe a d'fhéadfadh an galar sin a tholgadh ón limistéar atá i gceist. Is féidir leis na bearta seo, a tugtar isteach trí Chinneadh Choimisiún an AE iad, allmhairí ar ainmhí nó táirgí ainmhithe ón limistéar a d'fhéadfadh an galar a tholgadh a chosc nó a rialú go dtí go mbeidh deireadh leis an mbaol do shláinte an AE. Cuirtear bearta cosanta i bhfeidhm, a dhéanann trádáil ó thír nó ó réigiún an AE a theorannú nó a chosc, sa chás, mar shampla, go bhféadfadh éifeacht thromchúiseach a bheith ar tháirgeadh agus thrádáil san AE de bharr riochtaí an bhriste amach den ghalar ainmhí.

Le haghaidh eolas níos sainiúla féach le do thoil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie nó déan teagmháil leis an Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, (Rannóg na nAllmhairí Táirge Bia), An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072892/6072896

LEAS AINMHITHE

Tá caighdeáin leasa níos doichte d'ainmhithe feirme i bhfeidhm anois agus caithfear iad a chur i bhfeidhm go mór ag leibhéal na feirme. Chuir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Leas ainmhithe feirme) 2008, I.R. Uimh. 14 de 2008 leis an Acht um Chosaint Ainmhithe a Choinnítear Le hAghaidh Feirmeoireachta, 1984. Téann na Rialacháin seo in ionad rialacháin roimhe seo i réimse an leasa ainmhithe agus tugann siad éifeacht do roinnt treoracha leasa Eorpacha a bhaineann le hainmhithe feirme a chosaint, ina measc béaróga, laonna agus muca agus ainmhithe a maraítear. Cuireann na Rialacháin iachall ar dhaoine na céimeanna riachtanacha ar fad a thógáil chun leas ainmhí atá i seilbh acu a chinntiú agus leagann siad amach na coinníollacha faoina gcaithfear ainmhí a choinneáil.

AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH AR LEAS AINMHITHE FEIRME

I 2002, bhunaigh an tAire an Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) a thug le chéile, don chéad uair in Éirinn, ionadaithe na ngeallsealbhóirí príomha (ó eagraíochtaí leasa ainmhithe go heagrais feirmeoireachta - ó Thuaidh agus ó Dheas - go heagrais ionadaíochta tréidlianna) in eagras comhairleach chuig an Aire ag a bhfuil sainordú leathan agus clár oibre mórthaibhseach.

I 2004 thug FAWAC isteach an Rabhadh Luath/Córas Idirghabhála do Chásanna Leasa Ainmhithe leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus an Cumann Éireannach um Fhóirithint ar Ainmhithe. Is í aidhm an chórais seo ná chun creat a sholáthair inar féidir fadhbanna a aithint sula n-éiríonn siad criticiúil nó treascrach. Éascóidh sí seo idirghabháil thráthúil, éifeachtach agus íogair nó an soláthar cúnaimh trí ghníomhaireachtaí poiblí, chomharsana, eagrais feirmeoireachta agus grúpaí leasa, de réir mar atá oiriúnach. Ceadóidh an córas nua do dhaoine imníoch dul chuig a n-ionadaithe IFA áitiúla, a SPCA áitiúil nó gan dabht an

Roinn agus a fhios acu go ndéileálfar leis an t-ábhar sa tslí is éifeachtaí, is tráthúla agus is íogaire. Ní féidir le seo ach a bheith chuig leas na n-ainmhithe féin agus na ndaoine i gceist. Mar sin féin, san áit go bhfuil sé riachtanach, tá sé aitheanta go bhféadfadh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ionchúisimh a thógáil. Tá ról an Gharda Síochána faoin Acht um Chosaint Ainmhithe 1911 (arna leasú) admhaithe freisin.

Chuir FAWAC leabhrán ar fáil i 2007 dar teideal 'Best Practice for the Welfare of Animals during TRANSPORT'. Cuireadh na treoirlínte seo ar fáil chun spreagadh agus cúnamh a thabhairt dóibh siúd ar fad a bhfuil baint acu le hainmhithe beo a iompar chun na caighdeáin is airde de leas ainmhithe a ghlacadh orthu féin agus a choinneáil roimh, le linn agus tar éis iompair. Tá FAWAC tar éis ceithre leabhrán Treoirlínte Leasa Ainmhithe eile a tháirgeadh cheana féin le haghaidh feirmeoirí Mairteola, Caoirigh, Déiríochta agus Eachaí. Tá sé beartaithe treoirlínte comhchosúla a fhoilsiú maidir le sicíní gríoscacháin a choinneáil.

Tá cóipeanna de na foilseacháin seo ar fáil ón Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 - Teil. 01-6072706.

COISTE COMHAIRLEACH EOLAÍOCHTA AR SHLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Freisin bhunaigh an tAire in 2002 an Coiste Comhairleach ar Shláinte agus Leas Ainmhithe (SACAHW). Tá SACAHW cuimsithe de shaineolaithe eolaíochta atá ar fáil chun comhairle a chur ar an Aire maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann le sláinte agus leas ainmhithe, a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

COSAINT AINMHITHE LE LINN IOMPAIR

Leagann Rialacháin 1 de 2005 ó Chomhairle an AE ar chosaint ainmhithe le linn iompair amach caighdeáin dhochta la haghaidh láimhseáil ainmhithe agus staid na feithicle agus sláinteachas agus, ar thurais fhada, caighdeáin do bheathú, uisciú, thréimhsí sosa, amanna na dturas agus dlúis stócála le linn iompair. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm ar 5 Eanáir 2007 agus thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Ainmhithe agus Post Rialaithe) 2006 (I.R. Uimh. 675 de 2006) éifeacht dhlíthiúil dó in Éirinn. Baineann Rialachán na Comhairle le hiompar ainmhithe beo, lena n-áirítear eallach, caoirigh, gabhair, muca, éanlaithe agus capaill agus leagtar amach na coinníollacha mar seo a leanas:

- Ar leas ainmhithe, modh iompair agus áiseanna lódála le bheith comhlíonta ag iompróirí uile d'ainmhithe is cuma cén fad a taistealaíodh;
- Oiliúint agus údarú duine a iompraíonn ainmhithe beo thar fad níos mó ná 65km ar mhaithe le trádáil;
- Caithfidh oibreoirí ionaid tionóil a chinntiú go bhfuil ainmhithe cóireáilte faoi réir rialacha teicniúla an Rialacháin;
- Cigireacht na bhfeithiclí agus coinneáil taifid de dhaoine a iompraíonn ainmhithe ar thurais fhada (sainmhínithe mar os cionn ocht n-uaire). Caithfidh a leithéid d'fheithiclí córais loingseoireachta bunaithe ar shatailít a bheith curtha isteach laistigh den spriocdhátaí atá leagtha síos sa Rialachán.

Thug an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia faoi fheasacht ar na riachtanais dhlíthiúla a mhéadú i measc iad siúd atá i gceannas ar ainmhithe le linn iompair. Tá córas cigireachtaí feithicle i bhfeidhm, faoin reachtaíocht thuasluaite. Clúdaíonn na cigireachtaí a thugann baill foirne na Roinne fúthu, ar fud na tíre, gach cineál iompair ainmhithe.

Tá póstaer agus bileoga eolais curtha ar fáil saor in aisce ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia maidir le capaill agus beostoic a iompair. Chomh maith leis sin, tá leabhrán faoin gCleachtas Is Fearr Maidir Le Leas Ainmhithe Le Linn Iompar curtha ar fáil ag an gComhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC).

Tá Eagraíochtaí Feirmeoireachta, oibreoirí ionaid tionóil agus marglanna beostoic, tarlóirí agus iompróirí idirnáisiúnta tar éis a bheith curtha ar an eolas tríd an bpreas agus trí chomhfhreagras faoi riachtanais an Rialacháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Rialachán Uimh 1/2005 ón gComhairle (CE) ar chosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara agus conas cur isteach ar údarú iompair, téigh i dteagmháil le do thoil le Rannóg na Scéime Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola ag na sonraí teagmhála thíos nó logáil isteach ar ár suíomh idirlín www.agriculture.gov.ie/animaltransport.

Is féidir tuilleadh eolais ar Chosaint Ainmhithe Le Linn Iompair a fháil ó Rannóg na Scéime Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053300; Ríomhphost: transport@agriculture.gov.ie

COSC AR SCIOTA EIREABAILL BHEITHÍGH

Coisceann I.R. Uimh 263 de 2003, an tAcht um Chosaint Ainmhithe a Choinnítear le hAghaidh Feirmeoireachta 1984 (Beithígh), Rialacháin um Chosc Sciota Eireaball 2003, sciota eireaball bheithígh ach amháin i gcúinsí teoranta

LEAS AINMHITHE FEIRME, LENA N-ÁIRÍTEAR BÉARÓGA, LAONNA AGUS MUCA AGUS AINMHITHE A MHARAÍTEAR

Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leas ainmhithe feirme) 2008, I.R. Uimh. 14 de 2008 éifeacht do shraith de Threoracha Eorpacha ar leas, lena n-áirítear béaróga, laonna, muca agus ainmhithe a maraítear. Leag na Rialacháin amach coinníollach ginearálta maidir le béaróga a choinneáil agus na riachtanais íosta cóiríochta do mhuca agus laonna maidir le spás, soilsiú, aeráil, cóireáil tréidliachta srl. chun cead a thabhairt do na hainmhithe iompar nádúrtha a nochtadh. Déanann na rialacháin cur síos freisin ar riachtanais a bhaineann le cleachtais mharaithe agus leagtar amach modhanna formheasta chun ainmhithe a mharú. Tá sé riachtanach faoi na rialacháin go dtógfadh úinéir na céimeanna ar fad atá ag teastáil chun leas ainmhí atá faoina c(h)úram a chinntiú agus a chinntiú nach bhfulaingíonn an t-ainmhí pian nó gortú ar bith nach bhfuil ag teastáil.

MAOINIÚ EX-GRATIA D'EAGRAIS LEASA AINMHITHE

Ó lár na 1990í tá an cleachtas á choinneáil d'íocaíochtaí ex-gratia a sholáthar do raon eagrais leas ainmhithe ar fud na tíre chun cúnamh a thabhairt lena gcuid oibre ar feadh an 12 mhí ina dhiaidh sin le seirbhísí cúraim agus leasa a chur ar fáil go díreach d'ainmhithe. Admhaíonn gach duine atá bainteach go bhfuil na híocaíochtaí seo ina bhfíor-thairbhe phraiticiúil do na heagrais atá i gceist agus do na hainmhithe a mbíonn teagmháil acu leo.

10 rialú ábhar beathúcháin

10. RIALÚ ÁBHAR BEATHÚCHÁIN

RIALÚ DÉANTÚIS

Tá an déantús le haghaidh díolachán d'ábhair bheathaithe chomhdhúile agus meascáin mianraí do bheathú ainmhithe rialaithe go hoifigiúil. Tá ar dhéantóirí a bheith formheasta nó cláraithe ag brath ar a ngníomhaíochtaí. Chun a chinntiú go gcomhlíonann cumascóirí an reachtaíocht riachtanach agus go bhfuil na táirgí ag cloí leis na dearbhuithe lipéid ar thoilleadh chomhábhair sainiúla, déanann oifigigh na Roinne cigireacht rialta ar áitribh déantóirí agus déantar taifid ar an táirgeadh a scrúdú. Tógtar samplaí de tháirgí monaraithe ag pointí táirgthe, ag áitribh mhiondíoltóirí agus ar fheirmeacha agus cuirtear chuig an Saotharlann Stáit iad chun anailís a dhéanamh orthu. D'fhéadfaí táirgeoirí a leanann orthu ag sárú na rialachán a rialaíonn déantús bheathuithe cumaisc a ionchúiseamh.

RIACHTANAIS LIPÉADAITHE

I gcás ábhair bheathaithe uile, tá sé mar oibleagáid ar an díoltóir ráiteas reachtúil a thabhairt don cheannaitheoir. I gcás ábhair bheathaithe nó meascáin mianraí i málaí, tá an ráiteas priontáilte ar an mála nó ar lipéad greamaithe leis an mála, i gcás seachadtaí builc, caithfidh sé a bheith tugtha ar cháipéis atá in éindí le gach coinsíneacht.

Le haghaidh gach coinsíneacht d'ábhar bheathaithe comhdhúile, ba chóir don cheannaitheoir ráiteas a fháil ag taispeáint:

- Speiceas an ainmhí lena bhfuil an beathú ceaptha;
- Treoracha chun é a úsáid;
- Liosta de chomhábhair de réir ord an mheáchain atá san ábhar beathaithe anuas;
- Saol stórála íosta;
- Meáchan glan;
- Ainm agus seoladh an déantóra nó an tsoláthraí;
- Dearbhú faoi thréithe a chomhdhéanaimh.

SRIANTA AR ÚSÁID PRÓITÉINÍ ÁIRITHE

Tá cosc iomlán ar bheathú próitéiní ainmhithe le hainmhithe feirme. Coinnítear, ramhraítear nó póraítear ainmhithe feirme chun bia a tháirgeadh. Baineann an srian seo freisin le min éisc agus le fosfáit déchailciam a fhaightear ó chnámha díshaillte, ach amháin i gcás go bhfuil sé údaraithe faoi Rialachán an AE (CE) Uimh. 999/2001. Caithfidh gach duine ar mian leo min éisc nó fosfáit déchailciam a allmhairiú, a stóráil, a ionchorprú nó a thrádáil a bheith údaraithe faoin Rialachán thuas.

Is féidir foirmeacha iarratais d'údarú chun aon cheann de na próitéiní seo a úsáid a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara Teil: 01 5053575.

SLÁINTEACHAS BEATHA

Baineann Rialachán an AE (CE) Uimh. 183/2005 a leagann síos na riachtanais do shláinteachas beatha le hoibrithe beathaithe gnó uile ón 1 Eanáir 2006. Ciallaíonn an cur chuige 'feirm go forc' seo go mbaineann sé le gnóthaí uile lena n-áirítear táirgeadh príomhúil ábhair bheatha agus freisin le láimhseáil, iompar, déantús, margaíocht agus úsáid bianna ainmhithe. Tá sí mar aidhm ag na

rialacháin a chinntiú go dtógann gach duine bainteach na réamhchúraimí riachtanacha chun sábháilteacht an bheatha a chinntiú. Is iad seo a leanas príomhghnéithe na reachtaíochta:

- Tá sé riachtanach go mbeadh oibreoirí gnólachtaí beatha uile formheasta nó cláraithe dá ngníomhaíochtaí. Cuimsíonn sé seo feirmeoirí ar fad a choinníonn beostoc agus/nó a fhásann barra a d'fhéadfaí a thabhairt le n-ithe do bheostoc (Táirgeoirí Príomhúla);
- Prionsabail HACCP a ghlacfaidh oibreoirí uile leo seachas le haghaidh táirgeadh príomhúil beatha agus beathú ainmhithe feirme;
- Cur i bhfeidhm dea-chleachtas talmhaíochta ag leibhéal an táirgthe príomhúil d'ábhair bheatha agus beathú ainmhithe feirme;
- Caithfidh oibreoirí beatha a fhoinsiú ó oibreoirí atá formheasta nó cláraithe.

Is féidir foirmeacha iarratais d'fhormheas nó le clárú faoin reachtaíocht thuas a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara Teil: 01 5053576

BREISEÁIN IN ÁBHAIR BHEATHA

Leagann rialacháin bhreiseáin an AE síos rialacha sainiúla le haghaidh measúnú, cuir i gcúrsaíocht agus úsáid bhreiseáin in ábhair bheatha. Ní fhéadfaí ach breiseáin údaraithe faoi réir reachtaíocht AE a chur i gcúrsaíocht agus ní fhéadfaí iad a úsáid ach amháin má tá siad ionchorpraithe in ábhair bheathaithe faoi na coinníollacha a leagtar amach sa rialachán údaraithe. I gcás ábhair bheathaithe ina bhfuil breiseáin leighis agus vitimíní saillteuaslagtha, caithfear ainmneacha feirmeoirí a sholáthar le sonraí oiriúnacha ar nós ainm, leibhéal iniaimh agus dáta éaga de rátha an leibhéil sin agus coinníollacha úsáide freisin, .i. tréimhse aistarraingthe roimh mharú.

Is féidir foirmeacha iarratais d'fhormheas nó le clárú faoin reachtaíocht thuas a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053576

SUBSTAINTÍ NEAMH-INMHIANAITHE

Leagtar síos na huasleibhéil ceadaithe le haghaidh na cineálacha substaintí neamh-inmhianaithe níos coitianta a fhaightear in ábhair bheathaithe. I measc na substaintí seo tá miotail throma, aflatocsain, gossypol, síolta fiaile tocsaineach, srl.

LUACH COTHAITHE

Tá ráiteas ar an leibhéal amhphróitéin, amhola, garbhshnáithín, garbhluaith, agus méid taise áit ina mbíonn sé cothrom le nó os cionn 14% srl., mar threoir ar luach cothaithe an ábhair bheathaithe agus ba chóir é a áireamh go cúramach nuair atá beathú á cheannach.

SEIRBHÍS SAMPLÁLA AGUS ANAILÍSE D'FHEIRMEOIRÍ

D'fhéadfadh feirmeoir atá tar éis ábhair bheathaithe a cheannach iarratas a dhéanamh chun go mbeadh sampla tógtha agus anailísithe go hoifigiúil le haghaidh dearbhú go bhfuil na sonraí tugtha ag an díoltóir faoi reachtaíocht AE i gceart. Ba chóir iarratais a chur, mar aon leis an táille ábhartha le haghaidh gach anailís atá ag teastáil, chuig Rannóg Táirgeadh Bairr agus Sábháilteachta na Roinne laistigh de seasca lá ó sheachadadh an ábhair bheathaithe lena mbaineann an t-iarratas. Níor chóir go gcuirfí samplaí leis an iarratas, toisc go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí go dtabharfadh oifigeach údaraithe faoin sampláil i slí ordaithe. Tá sé riachtanach go mbeadh málaí nach bhfuil oscailte agus atá tar éis a bheith stóráilte i slí shásúil ar fáil le haghaidh sampláil, agus i gcás seachadtaí builc ba chóir go mbeadh eolas imleor ar fáil chun an t-oifigeach a shásamh gur ó choinsíneacht ar leith an t-ábhar beathaithe atá i gceist agus go bhfuil sé tar éis a bheith stóráilte i slí oiriúnach.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053576

11 barra agus gortóireacht

11. BARRA AGUS GORTÓIREACHT

BARRA

SCÉIM DEIMHNITHE SÍOLTA

Is scéim dearbhaithe cáilíochta é deimhniú síolta áit atá síolta atá le cur ar an margadh faoi réir ag rialú agus cigireacht oifigiúil chun ráthaíocht a thabhairt don cheannaitheoir. Is é an cuspóir láithreach atá le deimhniú síolta ná síolta d'ardchaighdeán a sholáthar d'fheirmeoirí, atá ag dul lena aitheantas, a bhfuil glaine agus cumas péactha ard iontu agus atá saor ó chineálacha áirithe de speicis fiaile, lotnaid agus galair. Is é caighdeán na síolta is tábhachtaí i dtáirgeadh barr, mar gheall go bhfuil síolta d'ardchaighdeán riachtanach chun teip barr a laghdú agus barr maith d'ardchaighdeán a chinntiú. Rinneadh síolta eorna, coirce, cruithneachta, triteacál, seagalach ilbhliantúil, pónairí páirce, ráib síl ola agus prátaí póir a dheimhniú i 2007.

Is córas oifigiúil é an Scéim Deimhnithe Síolta a bhfuil tacaíocht aige ó reachtaíocht an AE agus náisiúnta agus prótacail Idirnáisiúnta le cinntiú go ndéantar síolta a tháirgeadh, a iolrú agus a chur ar an margadh de réir chaighdeáin agus chórais réamhchinntithe, chomh maith le sláine ghéiniteach an táirge a choinneáil. Is cuid de chóras níos leithne de thrádáil idirnáisiúnta é, a chuimsíonn pórú plandaí, cearta póraitheoirí plandaí, achmhainní géiniteacha plandaí agus bithéagsúlacht. Faoi dhlí an AE agus dhlí na hÉireann, tá sé mídhleathach síolta neamhdheimhnithe a chur ar an margadh.

Tá seacht Treoracha um Shíolta an AE ann, a dhéanann foráil do chomhchaighdeáin do dheimhniú síolta thar Ballstáit an AE, agus, go ginearálta, saorghluaiseacht ar shíolta deimhnithe. Is é an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-údarás ainmnithe chun an Scéim Deimhnithe Síolta a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Caithfear conradh a bhunú idir an saothróir agus an ceannaí síolta chun síolta deimhnithe de bharra gur féidir iad a chomhcheangail a tháirgeadh. Tá roinnt coinníollacha ordaithe maidir le hoiriúnacht an tsuímh chun barr síolta a fhás. Déantar maoirseacht ar tháirgeadh síolta le cigireachtaí agus sampláil oifigiúil sna céimeanna páirce, tógála isteach síolta, pacáistithe agus lipéadaithe den táirgeadh.

PRÁTAÍ PÓIR

Is riachtanas dlíthiúil é go gcaithfidh na prátaí póir ar fad atá le cur a bheith deimhnithe. Caithfidh saothróirí ar mian leo a gcuid prátaí póir féin a tháirgeadh a gcuid barra a chur isteach chun iad a dheimhniú. Is é an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-údarás deimhnithe do phrátaí póir in Éirinn.

Déantar an t-ábhar foinse bunaidh do phrátaí póir a tháirgeadh faoi staid saotharlainne lena chinntiú go bhfuil sé saor ó ghalar. Déantar an t-ábhar seo a iolrú thar roinnt glúine sa pháirc chun síolta a fháil chun barra tráchtála a chur. Tá sé mar aidhm ag deimhniú a chinntiú go gcomhlíonann prátaí póir caighdeáin sainithe ag gach céim den phróiseas iolraithe seo. Caithfear prátaí póir a fhás ar thalamh atá saor ó PCN (péist lúbánach). Caithfidh an barr atá ag fás agus tiúbair araon éirigh leo i gcigireacht de chuid oifigigh na Roinne sula ndéantar síolta a dheimhniú. Tugadh táillí isteach don tseirbhís seo i 2005.

Is iad tiúbair síl galracha an príomhbhealach lena scaiptear go leor galair phrátaí thromchúiseacha. Faoi reachtaíocht an AE agus náisiúnta, tugtar faoi chlár leathan samplála agus tástála do roinnt galair phrátaí thromchúiseacha gach bliain. Caithfear fógra a thabhairt roimh ré do gach coinsíneacht de phrátaí póir a tugtar isteach sa tír.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342

CÚNAMH DEONTAIS (PRÁTAÍ PÓIR)

Tá cúnamh deontais ar fáil faoin Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Rannóg na bPrátaí (Prátaí Póir). Tá an scéim dírithe ar na táirgeoirí prátaí póir chun forbairt ar earnáil táirgeadh síl inmharthana ar bhonn tráchtála a spreagadh. Tagann an clár faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Tá pacáiste deontais de 35% i bhfeidhm faoin scéim.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053328

CLÁRUITHE CINEÁIL

Faoi reachtaíocht an AE ní féidir ach síol de chineálacha atá cláraithe sa Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta nó i gCatalóg Chomónta an AE a bheith margaithe anseo, agus caithfidh gach síol margaithe, lena n-áirítear meascáin síol féir, a bheith deimhnithe go hoifigiúil. Caithfidh cineálacha a bheidh san áireamh sa Chatalóg Náisiúnta a bheith tástáilte faoi rialú oifigiúil agus faoi réir riachtanais an AE.

Foilsítear an Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta gach bliain agus tá cóipeanna ar fáil ar chostas €3.81 ón Rannóg Táirgeadh Barr agus Sábháilteacht, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053328

SEIRBHÍS TÁSTÁLA SÍL

D'fhéadfadh feirmeoirí agus ceannaithe síolta a thástáil le haghaidh glaine agus péacadh agus méid síolta fiaile, méid taise, tástáil bhithcheimiceach d'inmharthanacht, meáchan heictilítir srl., ag Saotharlann Tástála Síl na Roinne. Gearrtar táille le haghaidh na tástálacha seo.

Tugtar faoi thástálacha do roinnt orgánaigh coraintín ag an Saotharlann Sláinte Plandaí i mBacastún freisin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Saotharlann Tástála Síl, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Campas Bhacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara. Teil: 01 6157521

CLÁR LUACHÁLA CINEÁLACHA BARR

Faoi réir Threoracha an AE agus Reachtaíocht Náisiúnta araon is é an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-údarás inniúil in Éirinn chun tabhairt faoi thrialacha V.C.U. (Luach do Shaothrú agus Úsáid) do chineálacha bairr a bhaint amach. Tugtar stádas dearfach V.C.U. do chineálacha nua a thaispeánann feidhmíocht níos fearr do shaothrú nó maidir leis na húsáidí gur féidir a bhaint as na barra nó táirgí a ndéantar astu sin.

Déantar na trialacha seo, ar a dtugtar **Trialacha um Liosta Náisiúnta** thar íostréimhse de dhá bhliain, go príomha ag Ionaid Measúnaithe Chineál Bairr na Roinne ag Feirm Bhacastúin (Ceanncheathrú), Moorepark, Baile Átha an Rí, Cill Daltún agus Ráth Bhoth. Tá cineálacha a chomhlíonann caighdeáin inghlactha do VCU (agus DUS*) araon incháilithe le bheith cláraithe sa Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta.

**Ní thugtar faoi thástálacha DUS (Soiléir, Aonfhoirmeach, Seasmhach) in Éirinn ach amháin ar chineálacha prátaí, a fhástar sa bhaile go ginearálta.*

Réimnítear cineálacha dea-gheallúnacha ó na Trialacha um Liosta Náisiúnta chuig **Trialacha um Liosta Molta**, a thógann íostréimhse 3-bliana. Tugtar faoi na trialacha seo ag na hionaid thuas agus ar fheirmeacha trádála ar fud na tíre atá molta ag Oifigigh Forbartha Teagasc. Tá trialacha REPS um liosta Molta ar siúl le haghaidh cineálacha eorna an earraigh atá á mheasúnú. Caithfidh cineálacha atá san áireamh sna trialacha um Liosta Náisiúnta/Molta comhcheangailte a bheith tástáilte ar feadh íostréimhse de 3 bliana sular féidir breathnú chun iad a chur isteach sa Chatalóg Náisiúnta agus an Liosta Molta.

Faoi láthair tá trialacha á dhéanamh ar na barra seo a leanas; Arbhar (Cruithneacht, Eorna, Coirce, Triteacál), Grán Buí Foráiste, Luibhre (Féar agus Seamair), Prátaí agus Ráib Síl Ola.

Eisítear **Liostaí Molta** de na cineálacha is fearr i dtrialacha gach bliain do na príomhspeicis bhairr.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053580

ACMHAINNÍ GÉINITEACHA PLANDAÍ

Soláthraíonn an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia cúnamh airgeadais ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí agus ainmhithe. Déantar glaoch ar thionscadail oiriúnacha go bliantúil.

Freisin coinníonn an Roinn banc géine de sheanchineálacha arbhair agus prátaí agus déantar comhordú ar thacaíochtaí ó Eagraíochtaí an AE agus Idirnáisiúnta atá dírithe ar acmhainní géiniteacha a chaomhnú.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053576

PRÁTAÍ

AN TACHT UM CHLÁRÚ FÁSÓIRÍ PRÁTAÍ AGUS PACÁLAITHE PRÁTAÍ

Faoi na hAchtanna um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984 agus 2004, caithfidh gach duine atá mar sholáthróir prátaí do dhíolachán nó mar phacálaí prátaí do dhíolachán clárú leis an Roinn. Tá táille clárúcháin aonuaire de €19 le n-íoc.

Ní féidir prátaí a dhíol ach amháin más saothróir cláraithe a d'fhás iad agus pacálaí cláraithe a phacáil iad. Ní féidir le duine prátaí a dhíol i bpacáiste mura mbíonn uimhir chláraithe an tsoláthróra cláraithe agus an phacálaí cláraithe araon ar an bpacáiste.

Tá sé riachtanach mar chuid de Rialacháin a ndearnadh faoin Acht go gcoinneodh saothróirí agus pacálaithe araon taifid sonraithe ar mhéideanna a dhíoltar/a cheannaítear. Cinntíonn na taifid seo gur féidir le prátaí atá tairgthe do dhíolachán ag leibhéal an mhiondíola a rianú ar ais chuig na soláthróirí nó pacálaithe aonair.

CAIGHDEÁIN DO DHÍOLACHÁN PRÁTAÍ

Caithfidh prátaí tairgthe do dhíolachán riachtanais na Rialacháin um Chaighdeáin Bhia (Prátaí) a chomhlíonadh. Caithfidh caighdeán maith a bheith iontu agus caithfear iad a dhíol ar leithligh de réir an chineáil agus a dhíol sna réimsí méide ordaithe. Caithfidh pacáistí a bheith marcáilte leis an gcineál práta agus an réimse méide. Caithfidh pacáistiú a bheith ábalta taiseacht a ionsú agus aer a ligean isteach. Ní bhaineann na Rialacháin le prátaí i gcomhair próiseála nó prátaí atá le honnmhairiú.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342

RIALÚ FIAILÍ DÍOBHÁLACHA

Faoin Acht um Fhiaile Dhíobhálach, 1936 is cion é gan fás agus scaipeadh fiailí díobhálacha a chosc. Caithfidh úinéirí agus áititheoirí talún a chinntiú go gcloíonn siad le forálacha an achta. Is iad na fiailí díobhálacha, go gcaithfear iad a rialú, ná buachalán, feochadán, copóg agus coirce fiáin.

Le haghaidh modhanna rialaithe, téigh i dteagmháil le do thoil le do Chomhairleoir Teagasc Áitiúil, nó déan tagairt le bileog fíricí Teagasc faoi bhuachalán ar www.teagasc.ie

SCÉIMEANNA CÚNAIMH

CÚNAMH D'ÚSÁIDEOIRÍ STÁIRSE

Is scéim de chuid an AE é seo faoinar féidir le hiarratasóirí incháilithe éileamh a dhéanamh ar Aisíoc Táirgeadh le haghaidh úsáid stáirse táirgthe ó ghrán buí, chruithneacht nó rís. In Éirinn tá na príomh-úsáideoirí sna tionscail déantúis páipéar agus ceimiceacha.

SCÉIM CÚNAIMH D'FHODAR DÍHIODRÁITITHE

Is scéim de chuid an AE é seo faoinar féidir le próiseálaithe d'fhodar díhiodráitithe .i. féar triomaithe i bhfoirm mine nó millíní bia, cúnamh a éileamh. Tá sciar 5,000 tona de chuóta bliantúil an AE ag Éire.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg APS, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9163400

CÚNAMH PRÓISEÁLA DO LÍON AGUS DO GHA BUÍ A FHÁSTAR I GCOMHAIR GAIRBHSEACH

Déanann Rialacháin an AE soláthar do chúnamh próiseála do líon agus do gha buí a fhástar i gcomhair gairbhseach. Caithfidh conradh do phróiseáil a bheith curtha i gcrích ag an bpróiseálaí formheasta le saothróir. Tá sé riachtanach do shaothróirí sonraí dá mbarra lín agus ga buí a áireamh ar a n-iarratas Aoníocaíochta. Sular féidir le ga buí a bheith fásta caithfear ceadúnas a fháil ón Roinn Sláinte agus Leanaí.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Rannóg na mBeartas Barr agus Comhlachtaí Stáit, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Teil: 01 6072037

TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ

SCÉIM INFHEISTÍOCHTA DON EARNÁIL TRÁDÁLA GORTÓIREACHTA

Tá cúnamh deontais ar fáil faoin Scéim Infheistíochta don Earnáil Trádála Gortóireachta chun infheistíocht sna fiontair ghortóireachta inmharthana ar bhonn trádála a spreagadh. Go bunúsach tá an scéim dírithe orthu siúd in áiteanna tuaithe atá bainteach i dtáirgeadh nó atá ag tosú tionscnaimh táirgthe.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053580

EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEORA

Ciallaíonn Eagraíocht Táirgeora aon aonán dlíthiúil atá bunaithe ar thionscnamh shaothróirí thorthaí agus glasraí a thugann faoi a dtáirgeadh uile a chur ar an margadh tríd an eagraíocht.

Chun aitheantas a fháil caithfidh íosmhéid de 5 bhall a bheith ag Eagraíocht Táirgeora le toirt táirgeadh bliantúil de €100,000 ar a laghad. Tá cúnamh airgeadais AE ar fáil d'Eagraíochtaí Táirgeora aitheanta i dtreo costas na gclár oibriúcháin formheasta a chur i bhfeidhm.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053578

SCÉIM DEIMHNIITHE

Tá Scéim Deimhnithe i bhfeidhm d'ábhar plandaithe torthaí boga. Tá liosta déanta de tháirgeoirí deimhnithe de stoic shláintiúla de chineálacha molta de shútha talún.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053579

CAIGHDEÁIN MHARGAÍOCHTA EORPACHA DO THORTHAÍ AGUS GHLASRAÍ ÚRA

Tá Caighdeáin Mhargaíochta an Chomhphobail Eorpaigh ann do réimse leathan de thorthaí agus ghlasraí úra. Tá sé mar fheidhm ag na caighdeáin a chinntiú gur táirgí rialaithe a chuirtear ar fáil don tomhaltóir a bhfuil caighdeán inghlactha ann agus atá lipéadaithe go cruinn. Déanann na caighdeáin soláthairtí maidir le caighdeán, méid, cur i láthair agus margaíocht ar tháirge úr rialaithe. Baineann na caighdeáin seo le táirgí fásta sa bhaile agus allmhairithe a dtugtar le díol ag leibhéil mórdhíola agus miondíola ar fud na tíre agus le táirgí atá á onnmhairiú. Is ar an dtrádálaí a thiteann an fhreagracht chun a chinntiú go gcomhlíonann táirge atá díolta nó á dhíol na caighdeáin mhargaíochta. Déanann oifigigh Roinne cigireacht ar tháirge chun a chinntiú go bhfuil aird á thabhairt ar na caighdeáin. Tá pionóis ann má dhéantar na caighdeáin mhargaíochta a shárú.

Is féidir sonraí faoi na caighdeáin forordaithe le haghaidh na táirgí éagsúla a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053578

BEACHAIREACHT / MIL

Déanann rialú an AE agus náisiúnta rialú ar allmhairiú agus onnmhairiú beacha. Faoin reachtaíocht seo, tá beacha faoi réir chigireacht tréidliachta i gcomhair roinnt galair is gá a chur in iúl, deimhniúchán sláinte ag a mbunphointe sa tír onnmhairithe agus seiceáil ag a gceann scríbe sa tír allmhairithe. Is galair bheiche is gá a chur in iúl iad Galar Goir Bréan, Ciaróg Coirceoige Beach agus an fhíneog Tropilaelops.

Tá cúnamh deontais ar fáil le haghaidh sainaiseanna agus saintrealamh beachaireachta faoin Scéim Chúnamh Infheistíochta don Earnáil Trádála Gortóireachta.

Caithfidh mil a chuirtear ar fáil le díol don tomhaltóir cloí le Caighdeáin Mhargaíochta an AE le cinntiú go bhfuil caighdeán inghlactha ann agus é lipéadaithe go cruinn, go háirithe maidir lena fhoinse. Tugann an Roinn faoi chigireachtaí le cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin; bíonn pionóis i bhfeidhm áit a tharlaíonn sáruithe.

Soláthraíonn Teagasc seirbhís chomhairleach agus chun galair a aimsiú do bheachairí. Tá eolas ar fáil ó oifigí Teagasc áitiúla.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053578

SLÁINTE AGUS TRÁDÁIL PLANDAÍ/LOTNAIDICÍDÍ

Tá Éire saor ó go leor de na drochghalair agus lotnaidí go bhfuil tionchar acu ar phlandaí agus ar bhairr agus dá bharr sin tá ardchaighdeán sláinte plandaí sa tír. Feidhmíonn an Roinn rialuithe faoi reachtaíocht náisiúnta agus an AE chun an t-ardchaighdeán sláinte seo a choinneáil. Ba chóir go gcuirfí fógra láithreach maidir le tarlú galair nó lotnaidí chuig Seirbhís Cosanta Plandaí na Roinne.

RIALACHA AN AE

Feidhmíonn córas comónta de rialuithe sláinte plandaí laistigh den AE. Ceann de thréithe an chórais seo ná go gcaithfí cigireacht a dhéanamh ar ábhar (plandaí, táirgí plandaí agus rudaí áirithe eile), atá faoi réir rialú, ag leibhéal an táirgthe chun comhlíonadh na riachtanais a leagtar síos maidir le gluaiseacht laistigh den AE a sheiceáil. Caithfidh lipéad, ar a dtugtar pas phlandaí, a bheith i dteannta roinnt den ábhar seo nuair atá siad á bhogadh. Sainchiallaíonn sé seo incháilitheacht do ghluaiseacht laistigh den AE agus go sainiúil do ghluaiseacht isteach chuig agus laistigh de chriosanna cosanta ainmnithe. Caithfidh daoine a bhfuil baint acu le táirgeadh agus gluaiseacht ábhar ábhartha a bheith cláraithe leis an Roinn agus a bheith údaraithe chun pasanna plandaí a eisiúint, nuair is cuí. Ní féidir ach le hallmhaireoirí cláraithe ábhar faoi réir rialuithe sláinte plandaí atá ag teacht ó lasmuigh den AE a allmhairiú agus tá sé faoi réir chigireacht físeashláintíocha sainordaitheach agus é ag teacht isteach san AE.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais um chlárú a fháil ón Rannóg Trádála Plandaí, An Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342

TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ AGUS BITHCHÍDÍ

Comhoibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus na rialacháin éagsúla á fheidhmiú.

CLÁRÚ AGUS ÚDARÚ

Tá táirgí cosanta plandaí, nuair a úsáidtear i gceart iad, mar ghléasra sárluachmhar i dtáirgeadh bairr le haghaidh rialú fiailí, galair agus lotnaidí, ag cur ar chumas táirgeacht mhaith de bharra ardchaighdeáin a fháil. Soláthraíonn bithchídí, nuair a úsáidtear i gceart iad, modh éifeachtach dhíghalraithe agus chaomhnaithe do tháirgí, do dhromchlaí agus d'ábhair i dtionscal agus sa teaghlach. Mar sin féin, toisc go bhfuil siad gníomhach go bitheolaíochta, caithfear táirgí cosanta plandaí agus táirgí bithchídí a láimhseáil agus a úsáid go cúramach.

Feidhmíonn an Roinn rialuithe reachtúla thar táirgí cosanta plandaí agus bithchídí uile a úsáidtear in Éirinn agus ní féidir úsáid a bhaint ach as táirgí fógartha faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Táirgí Cosanta Plandaí agus Táirgí Bithchíde a Rangú, a Phacáistiú agus a Lipéadú), 2001 nó údaraithe nó cláraithe faoi réir Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Táirgí Bithchídí a Údarú, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú), 2003 arna leasú nó Rialacháin an gComhphobal Eorpacha (Táirgí Bithchídí a Údarú, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú), 2001. Is coir atá faoi réir ionchúiseamh é táirgí cosanta plandaí agus bithchídí a úsáid i slí seachas mar a dhéantar soláthar dó ar lipéid táirge .

Tugann an Roinn faoi chigireacht rialta chun a chinntiú go gcomhlíonann táirgí cosanta plandaí agus bithchídí uile atá ar an margadh agus a úsáidtear rialacháin an AE. Ba chóir d'úsáideoirí táirgí cosanta plandaí agus bithchídí na treoracha a leanúint go cúramach.

Foilsíonn an Roinn liosta de tháirgí cosanta plandaí atá údaraithe, glanta, fógartha nó ceadaithe le cur ar an margadh faoi na Rialacháin.

LEIBHÉIL FUÍLLIGH

Tá sé mídhleathach margú a dhéanamh ar tháirgí bia ina bhfuil leibhéal fuílligh lotnaidicíde níos airde ná an uasmhéid ceadaithe atá leagtha síos ag Rialacháin. Foilsíonn an Roinn tuairisc bhliantúil ar fhuílligh lotnaidicíde i mbia.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342 agus Seirbhísí Rialaithe Lotnaidicíde, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Bacastún, Co. Chill Dara. Teil: 01 6157552

AOLCHLOCH MHEILTE AGUS LEASACHÁIN

Tá caighdeáin dhlíthiúla ordaithe do dhíolachán aolchloch mheilte agus leasacháin chun a chinntiú go bhfaigheann feirmeoirí an caighdeán agus an foirmiú ceart. Caithfidh an díoltóir ráiteas a thabhairt don cheannaí ag taispeáint anailís an ábhair. Déanann an Roinn seiceálacha ar ábhar atá ar díol agus tógtar samplaí d'anailísiú oifigiúil. Tógtar gníomh oiriúnach i gcás sárú na Rialachán.

SEIRBHÍS ANAILÍTEACH

Is féidir le haon fheirmeoir a cheapann go bhféadfadh aolchloch mheilte a cheannaíodh a bheith lochtach, iarratas a chur chuig an Roinn chun go dtógfaí sampla oifigiúil d'anailísiú. Ba chóir d'iarratais ar shampláil/anailísiú oifigiúil an Roinn a shroicheadh laistigh d'ocht lá is fiche de sheachadadh an ábhair cheannaithe agus a bheith i dteannta táille de €6.35 i ngach cás.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg um Tháirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342

12 an tionscal bia agus dí

12. AN TIONSCAL BIA AGUS DÍ

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007– 2013

Tá maoiniú ar fáil chuig an tionscal bia faoi na tionscnaimh seo a leanas sa Phlean Forbartha Náisiúnta:

- **Infheistíocht Caipitil**
  Tá maoiniú riartha ag na Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail agus ag Rannóg Bia na Roinne.
- **Taighde, Teicneolaíocht, Nuálaíocht**
  - Riarann Rannóg Bia na Roinne taighde bia poiblí na n-institiúid;
  - Tugann na Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail maoiniú le haghaidh taighde agus aistriú teicneolaíochta inchomhlachta.
- **Margaíocht agus Cur Chun Cinn**
  Soláthraítear maoiniú chun tacaíocht a thabhairt d'obair chur chun cinn bia an Bhoird Bhia agus chun acmhainní margaíochta na gcomhlachtaí aonair a fheabhsú.
- **Forbairt Acmhainní Daonna**
  Láimhseálann na Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail maoiniú chun freastal ar riachtanais acmhainní daonna an tionscail, lena n-áirítear an tionscal bia, go háirithe oiliúint sna réimsí de shábháilteacht bia agus tháirgiúlacht/iomaíochas.

BEARTA FAOIN bPLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

SCÉIM INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

Tá cúnamh deontais curtha ar fáil chun cúnamh a thabhairt do roinnt tionscnaimh caipitil chun margú agus próiseáil a fheabhsú sna hearnáil gortóireachta, prátaí, uibheacha, gráinne agus beostoic, nach dtiteann laistigh de théarmaí tagartha na nGníomhaireachtaí Forbartha Tionscail agus nach bhfuil clúdaithe ag scéimeanna infheistíochta ar an bhfeirm de chuid na Roinne. Tugtar cuireadh d'iarratais go tréimhsiúil agus tá siad faoi réir phróiseas measúnaithe/roghnúcháin.

ITAIGHDE AGUS FORBAIRT INSTITIÚIDEACH

Soláthraítear tacaíocht faoin mbeart seo do thaighde "leas an phobail" a thugann institiúidí faoi, lena n-áirítear na hollscoileanna agus Teagasc. Scaiptear na torthaí go leathan do thairbhe an tionscail bhia ghinearálta. Tugtar cuireadh d'iarratais go tréimhsiúil agus tá siad faoi réir phróiseas measúnaithe/roghnúcháin. Tugtar tús áite do na téamaí de shábháilteacht bia, táirgí bia nuálaíocha nua agus feabhsú ar ábaltacht na n-institiúidí tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt i réimse bia an tomhaltóra. Clúdaíonn cúnamh deontais costais aontaithe.

Foilsíodh sonraí breise ar na bearta seo i leabhrán ar leithligh. Is féidir an leabhrán seo agus eolas breise a fháil ón Rannóg Bia, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072841

TREORACHA AGUS RIALACHÁIN BIA

Riarann an Roinn Treoracha agus Rialacháin an AE a leagann síos caighdeáin chomhshuímh/próiseála agus riachtanais lipéadaithe le haghaidh na táirgí seo a leanas:

- Fíonta;
- Biotáillí;

- Alcól Eitile;
- Deochanna Cumhraithe Fíon-bhunaithe;
- Subha, Glóthacha agus Marmaláidí;
- Súnna Torthaí agus Neachtar Torthaí;
- Cócó agus Táirgí Seacláide;
- Caife agus Táirgí Siocaire.

Tá an Roinn freagrach freisin as feidhmiú Rialacháin an AE ar chosaint comharthaí/ainmniú faoi bhunús na dtáirgí talmhaíochta agus ábhair bheathaithe agus ar theastais de nádúr sainiúil d'ábhair bheathaithe/tháirgí talmhaíochta traidisiúnta. Faoi na Rialacháin seo, déantar na hainmneacha a úsáidtear chun na táirgí seo a ainmniú nó a mhargú a chosaint ag leibhéal an Chomhphobail in aghaidh mí-úsáide nó aithris agus tá úsáid eisiach de chomhartha an Chomhphobail acu mar ráthaíocht barántúlachta.

Riarann an Roinn Rialacháin (CE) 2826/2000 agus 2702/1999 arna leasú ar bhearta eolais agus cur chun cinn do tháirgí talmhaíochta ar an Margadh Inmheánach agus i dTríú Thíortha, faoi seach. Is é cuspóir na mbeart, atá cómhaoinithe ag an gComhphobal, an trádáil agus an Ballstát, ná cur chun cinn a dhéanamh trí fheachtais théamacha nó dírithe, cáilíochtaí táirge intreacha, modhanna táirgeadh nó córais rialaithe sainiúla. Caithfidh na bearta a bheith géineasach i nádúr agus ní féidir leo a bheith bunaithe ar bhranda nó ar bhunús.

Eisítear glaonna do thograí i nDeireadh Fómhair gach bliana do Chláir Mhargadh Inmheánach agus in Eanáir do Chláir Thríú Thíortha.

Is féidir tuilleadh eolais ar aon cheann díobh seo thuas a fháil ón Rannóg Bia,
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01 6072713, 6072371 nó ar shuíomh idirlín na Roinne: www.agriculture.gov.ie

CEADÚNAIS D'ALLMHAIRIÚ FÍONA

Tá ceadúnas riachtanach chun fíon a allmhairiú ó thíortha neamh-AE áit a théann an méid os cionn 30 heictilítir.

Caithfidh iarratasóirí urrús a lóisteáil, €1.25 in aghaidh an heictilítir d'fhíonta uile. Níl urrús ar bith ag teastáil áit a mbeadh an luach €100 nó níos lú. Tá an t-urrús inaisíoctha ar fhilleadh an cheadúnais droimscríofa ag na húdaráis custaim chun a thaispeáint gur tharla allmhairiú laistigh den tréimhse cheithre mhí de bhailíocht an cheadúnais.

CEADÚNAIS D'ALLMHAIRIÚ ALCÓL EITILE

Tá ceadúnas riachtanach chun alcól eitile a allmhairiú ó thíortha neamh-AE áit a théann an méid atá á allmhairiú thar 100 heictilítir.

Caithfidh iarratasóirí urrús a lóisteáil de €1.00 in aghaidh an heictilítir (níl aon urrús riachtanach áit a mbeadh an luach €100 nó níos lú). Tá an t-urrús inaisíoctha ar fhilleadh an cheadúnais droimscríofa ag na húdaráis custaim chun a thaispeáint gur tharla allmhairiú laistigh den tréimhse cheithre mhí de bhailíocht an cheadúnais.

Is féidir tuilleadh eolais ar aon cheann díobh seo thuas a fháil ón Rannóg CPPE/Fíona,
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman.
Teil: 053 9163446, 9163448 nó ar shuíomh idirlín na Roinne: www.agriculture.gov.ie.
Ríomhphost: CPPE@agriculture.gov.ie.

13 iascaigh mhara

13. IASCAIGH MHARA

FORBAIRT AR THIONSCAIL IASC MARA AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE NA hÉIREANN

BORD IASCAIGH MHARA (BIM)

Is é BIM áisíneacht a bhfuil freagracht air as forbairt a dhéanamh ar iascaireacht Fharraige na hÉireann agus na tionscail Dobharshaothraithe (ach amháin tionscail Dobharshaothraithe sna ceantair Ghaeltachta).

Is é Bord BIM a chinneann na cláir chun dul i ngleic leis an misean seo agus leagtar amach iad laistigh den chreat bheartas Aireachta a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 (PFN), beartais an AE agus na hacmhainní atá ar fáil.

Is é príomhchuspóir bheartas BIM ná toirt, cáilíocht agus luach an aschuir ó na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe a mhéadú. Is é cur chuige BIM ná díriú ar na deiseanna fáis sna hearnálacha seo agus ag an am gcéanna iarracht a dhéanamh laincisí atá mar bhac roimh fhorbairt a mhaolú.

Cuireann BIM raon seirbhísí ar fáil lena n-áirítear tacaíochtaí comhairleacha, airgeadais, teicniúla, margaíochta agus oiliúna do na hearnálacha ar fad de thionscal bhia mara na hÉireann. Cuireann na ceithre rannóg forbartha i BIM na seirbhísí seo ar fáil trí roinnt chláir chomhtháite. Maoinítear na cláir seo ón Státchiste, An Coimisiún Eorpach agus táillí i gcomhair seirbhísí.

Scéimeanna le Maoiniú PFN/AE a Fhaigheann Tacaíocht ó BIM:

- Díchoimisiúnú an Chabhlaigh;
- Athnuachan & Nuachóiriú an Chabhlaigh;
- Forbairt Dobharshaothraithe;
- Córais Bhainistíochta Chomhshaoil.

I gcomhair tuilleadh sonraí téigh i dteagmháil le: B.I.M., Bosca Poist 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Teil: 01 2144100, Ríomhphost: info@bim.ie

ÚDARÁS NA GAELTACTHA

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha na Gaeltachta. Spreagann an tÚdarás infheistíocht sa Ghaeltacht le raon de thionscnaimh fhlaithiúla d'fhiontair nua agus le tacaíocht agus cúnamh do ghnólachtaí reatha.

Is é an tÚdarás an áisíneacht chur i bhfeidhm d'fhorbairt na dtionscadal Dobharshaothraithe sna ceantair Ghaeltachta agus oibríonn sé go dlúth le BIM agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia lena chinntiú go ndéantar tionscadail a fhaigheann maoiniú ó chistí PFN/AE a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú gan tuisliú.

I gcomhair tuilleadh sonraí téigh i dteagmháil le: Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-503100; Facs: 091-503101; Ríomhphost: eolas@udaras.ie

RIALÚ THIONSCAIL IASC MARA AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE NA hÉIREANN

BÁID IASCAIREACHTA MARA A CHEADÚNÚ

Tá iascaireacht mhara tráchtála rialaithe ag na hAchtanna Iascaigh 1959 go 2006. Tá ceadúnas ag teastáil ó bhád ar bith, a bhfuiltear ag iarraidh é a úsáid le haghaidh iascaireachta mar sin, faoi Alt 4 den Acht Iascaigh (Leasú), 2003 (arna chur isteach ag Alt 97 den Acht Iascaigh Mara agus Dlínse Muirí, 2006), agus is cion é dul i mbun iascaireachta gan an t-údarú seo.

CLÁRÚ NA MBÁD IASCAIREACHTA MARA

Caithfear na báid iascaireachta uile, laistigh den chiall sna Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú na mBád Iascaireachta), 2005 a iontráil ar Chlár na mBád Iascaireachta a choinníonn an Roinn i gcomhréir leis na Rialacháin sin. Ní féidir ach báid iascaireachta a bhfuil ceadúnú acu i gcomhréir le hAlt 4 den Acht Iascaigh (Leasú), 2003 (arna chur isteach ag Alt 97 den Acht Iascaigh Mara agus Dlínse Muirí, 2006), a iontráil ar an gClár.

Chun tuilleadh sonraí a fháil téigh i dteagmháil leis an Rannóg Riaracháin Iascaigh Mhara, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Bloc C, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. Teil: 1890 252741, nó ríomhphost: fisheryharbour@agriculture.gov.ie

CEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Faoi Alt 6 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 tá sé in aghaidh an dlí dul i mbun dobharshaothraithe gan Ceadúnas Dobharshaothraithe cuí a bheith agat. Cuimsíonn dobharshaothrú saothrú nó feirmeoireacht ar éisc, inveirteabraigh uisceacha, plandaí uisceacha nó foirm uisceach ar bith de bhia atá oiriúnach chun éisc a chothú. D'fhéadfadh sé go mbeadh cead pleanála agus ceadúnas urscaoilte ón údarás áitiúil ag teastáil do dhobharshaothrú atá bunaithe ar thalamh.

Déanann an Rannóg Bhainistíocht Chrios an Chósta sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ceadúnú dobharshaothraithe a riaradh; déanann an Rannóg ceadúnais urthrá a théann leo atá ag teastáil d'oibríochtaí dobharshaothraithe ar an gcósta a phróiseáil freisin. Déanann an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia cinneadh ar iarratais a dhéantar leis an Rannóg ar an bhfoirm iarratais formheasta agus a bhfuil na táillí oiriúnacha leo. Is féidir duine ar bith a théann i mbun dobharshaothraithe gan ceadúnas nó a sháraíonn téarmaí ceadúnais a ionchúiseamh sna Cúirteanna. Is féidir le pionóis a bheith dian agus chomh maith le fíneálacha a ghearrtar sa Chúirt, d'fhéadfadh an tAire, trí Ordú, iachall a chur ar an duine ciontaithe struchtúir agus/nó trealamh ar bith a bhaint.

Is féidir foirm iarratais i gcomhair ceadúnas dobharshaothraithe a fháil ón Rannóg Ceadúnaithe Dobharshaothraithe, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Bloc C, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí; Teil: 1890 25 27.

NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Déanann an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe neamhspleách, a bunaíodh ar an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, an nós imeachta Achomhairc do cheadúnú dobharshaothraithe a láimhseáil. Fostaítear na comhaltaí Boird uile ar bhonn páirtaimseartha. Is féidir le custaiméirí, an pobal nó eagraíochtaí comhshaoil atá míshásta le cinneadh an Aire faoi iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe, nó faoi aisghairm nó leasú ar cheadúnas dobharshaothraithe, iarratas a dhéanamh taobh istigh de mhí amháin tar éis é a fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó fógra a fháil faoi (i gcás aisghairme/leasaithe).

Caithfear gach achomharc a dhéanamh i scríbhinn ar an bhfoirm iarratais achomhairc, ag leagadh amach forais an achomhairc agus é a sheoladh chuig: An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, Teach Holbrook, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 662 0331, ríomhphost: info@alab.ie

CEADÚNAIS AGUS LÉASANNA URTHRÁ

Sainmhínítear an urthrá mar an talamh agus grinneall na farraige idir taoide lán de ghnáth nó meántaoide (a thaispeántar le HWM ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis) agus an teorann dhá mhíle dhéag (tá 12 mhíle farraige cothrom le thart ar 22.24 ciliméadar). Faoi Ailt 2 agus 3 den Acht Imeall Trágha, 1933 is féidir leis an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia léas nó ceadúnas a eisiúint de réir mar is cuí chun struchtúir a chur nó dul i mbun gníomhaíochta ar nó os cionn an urthrá.

Déanann Rannóg Bhainistíocht Chrios an Chósta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia riarachán ar iarratais ar léas nó ceadúnas urthrá. Déanann an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia cinneadh ar iarratais a dhéantar leis an Rannóg ar an bhfoirm iarratais formheasta agus a bhfuil na táillí oiriúnacha leo. Is féidir duine ar bith a chuireann struchtúr san urthrá gan léas nó a théann i mbun gníomhaíochta gan ceadúnas nó a sháraíonn téarmaí léasa/ceadúnais a ionchúiseamh sna Cúirteanna. Is féidir le pionóis a bheith dian agus chomh maith le fíneálacha a ghearrtar sa Chúirt, d'fhéadfadh an tAire, trí Ordú, iachall a chur ar an duine ciontaithe struchtúir agus/nó trealamh ar bith a bhaint.

Is féidir foirm iarratais i gcomhair léas nó ceadúnas urthrá a fháil ón Rannóg Urthrá, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Bloc C, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí; Teil: 1890 25 27 41.

CEADANNA UM DHUMPÁIL AR FARRAIGE

Tá dumpáil ar farraige rialaithe faoi na Achtanna um Dhumpáil ar Farraige, 1996 agus 2004 a chuireann cosc a dhumpáil ar farraige ó shoithí, aerárthaigh nó fearas amach ón gcósta de shubstaint nó ábhar, agus soithí, aerárthaigh nó fearas amach ón gcósta a dhumpáil ar farraige, ach amháin má tá cead ón Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Mar a sainmhínítear san Acht seo, ciallaíonn dumpáil "diúscairt d'aon ghnó sa cheantar muirí (lena n-áirítear dreidireacht caite ón taobh, dreidireacht treafa, dreidireacht inteilgin uisce agus teicnící dreidireachta eile mar sin) de shubstaint nó ábhar ó nó in éindí le soitheach nó aerárthach nó fearas amach ón gcósta".

Deonaítear ceadanna um Dhumpáil ar Fharraige chun ábhar dreidireachta a dhiúscairt ó phoirt, ó chalafoirt agus ó mhuiríní (mura bhfuil modhanna athúsáide agus diúscartha oiriúnacha eile ann).

Ní cheadaítear soithí, aerárthaigh, fearas amach ón gcósta, sludach séarachais, conablaigh ainmhithe, páirteanna d'ainmhithe, táirgí ainmhithe agus dramhaíl éisc a dhumpáil.

Déanann Rannóg Bhainistíocht Chrios an Chósta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia riarachán ar Cheadanna um Dhumpáil ar Farraige.

Is féidir foirm iarratais i gcomhair Cead um Dhumpáil ar Farraige a fháil ón Rannóg Urthrá, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Bloc C, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí; Teil: 1890 25 27 41.

14 comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit

14. COMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT

TEAGASC

Is é Teagasc – an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia – an t-eagras náisiúnta le freagracht do sheirbhísí comhairleoireachta, oiliúna, taighde agus forbartha a sholáthar atá dírithe ar an dtionscal bia agus talmhaíochta Éireannach agus pobail tuaithe.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Soláthraítear seirbhísí taighde, comhairleoireachta agus oiliúna comhtháite trí ocht nIonad taighde, naoi gcoláiste agus líonra náisiúnta d'ionaid traenála agus oifigí comhairleoireachta contae agus áitiúla (féach Aguisín 2 do na sonraí iomlána). Tá taighde gortóireachta lonnaithe ag Ionad Kinsealy, Bóthar Mullach Íde, Baile Átha Cliath 17. (Féach An Rannóg Oiliúna agus Forbartha).

Príomhoifig: Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach, Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 9182097. Stiúrthóir: An tOllamh Gerry Boyle; Suíomh Idirlín: www.teagasc.ie

SEIRBHÍSÍ TAIGHDE TALMHAÍOCHTA

Ceann na Stiúrthóireachta: An Dr Seamus Crosse; ríomhphost: seamus.crosse@teagasc.ie
An Stiúrthóir Cúnta um Thaighde Talmhaíochta: An Dr Frank O'Mara; ríomhphost: frank.omara@teagasc.ie

Baintear amach taighde ar ghnéithe uile na talmhaíochta, na heacnamaíochta agus na forbartha tuaithe ag sé ionad taighde, mar seo a leanas:

Mairteoil
Ionad Taighde Mairteola na Gráinsí,
Teagasc, An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co. na Mí.
Ceann an Ionaid: An Dr Eddie O'Riordan
Teil: (046) 9061100; Facs: (046) 9026154
Ríomhphost: edward.oriordan@teagasc.ie

Déiríocht
Ionad Taighde Táirgthe Moorepark,
Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.
Ceann an Ionaid: An Dr Pat Dillon
Teil: (025) 42222; Facs: (025) 42340
Ríomhphost: pat.dillon@teagasc.ie

Curaíocht
Ionad Taighde Barr Pháirc Darach,
Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach
Ceann an Ionaid: An Dr James Burke
Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 9142423
Ríomhphost: jim.burke@teagasc.ie

Caoirigh
An tIonad Taighde um Tháirgeadh Ainmhithe,
Teagasc, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe
Ceann na Roinne: An Dr Seamus Hanrahan
Ríomhphost: seamus.hanrahan@teagasc.ie

Eacnamaíocht/ Forbairt Tuaithe An tIonad Taighde um Eacnamaíocht Tuaithe, Teagasc, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe
Ceann an Ionaid: An Dr Cathal O'Donoghue
Teil. (091) 845200; Facs. (091) 844296
Ríomhphost: cathal.odonoghue@teagasc.ie

Comhshaol Ionad Taighde Comhshaoil Eastáit Chaisleáin Bhaile Sheonach, Teagasc, Caisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman,
Ceann an Ionaid: An Dr Noel Culleton
Teil: (053) 9171200; Facs: (053) 9142213
Ríomphost: noel.culleton@teagasc.ie

Chun sonraí a fháil faoi Ghortóireacht, thaighde Muc agus Foraoiseachta, féach an Rannóg Oiliúna agus Forbartha

TAIGHDE BIA

Tugtar faoi thaighde agus fhorbairt bia ag dhá ionad:

Ionad Taighde Bia Bhaile na Fuinseoige, Teagasc, Baile na Fuinseoige, Baile Átha Cliath 15, Teil. (01) 8059500, Facs (01) 8059550. Ceann an Ionaid: An Dr Declan Troy; ríomhphost: declan.troy@teagasc.ie

Ionad Taighde Bia Moorepark, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co Chorcaí, Teil. (025) 42222, Facs. (025) 42340, a bhrásálann Moorepark Technology Ltd, an monarcha treorach do thaighde agus fhorbairt. Ceann na Stiúrthóireachta - An tOllamh Liam Donnelly; ríomhphost: liam.donnelly@teagasc.ie

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA

Is é príomhról na Seirbhíse Comhairleoireachta ná iarracht a dhéanamh ioncam agus inbhuanaitheacht teaghlaigh feirmeoireachta laistigh den phobail tuaithe a uasmhéadú trí na cláir seo a leanas a chur i bhfeidhm:

An Clár Gnó agus Teicneolaíochta. Beidh sé mar phríomhthosaíocht buntáiste iomaíochais fheirmeoirí tráchtála na hÉireann a choinneáil agus barr feabhais a chur air i staid mhargaidh a bheidh níos oscailte tar éis díchúpláil. Is iad na príomhtháirgeoirí den amhábhar do thionscal bia na hÉireann a bheidh mar chliaint don Chlár Gnó agus Teicneolaíochta. Beidh an clár ag díriú ar bhainistíocht gnó agus feirmeoirí ag úsáid teicneolaíochta le cinntiú gur féidir leo dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus leas a bhaint as na deiseanna a chuireann díchúpláil ar fáil.

An Clár Comhshaoil agus Dea-chleachtais Feirme. Is ceann de na príomhspriocanna i Ráiteas Straitéise Teagasc é Córais Inbhuanaithe Talmhaíochta a Bhaint Amach. Tá forbairt déanta ag Teagasc ar an gClár Comhshaoil agus Dea-chleachtais Feirme chun díriú ar sheirbhísí comhshaoil agus ar chomhairle agus ar na riachtanais theicneolaíochta atá ag feirmeoirí nach bhfuil dírithe an oiread sin ar fhorbairt. Cuirfidh an tseirbhís an chomhairle is fearr, bunaithe ar eolaíocht, ar fáil chun cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí réiteach a fháil idir éilimh na feirmeoireachta iomaíoch brabúsach agus an chomhshaoil, a bhíonn i gcoimhlint lena chéile go minic. Cé go mbeidh an tseirbhís ag díriú ar chliaint go príomhúil, tá an raon gníomhaíochtaí deartha chun feasacht chomhshaoil a ardú i measc feirmeoirí go ginearálta.

An Clár um Fhorbairt Tuaithe. Cuirfidh an clár seo comhairle ar fáil ar éagsúlacht d'fhiontair agus gnólachtaí malartacha, lena n-áirítear turasóireacht tuaithe, bia ceardaithe, feirmeoireacht orgánach, táirgeadh capaill spóirt, táirgeadh fianna, éanlaith chlóis saor-raoin, agus feirmeoireacht ar ghabhair. Tá seirbhís curtha ar bun do dhaoine tuaithe a bhfuil sé i gceist acu a ngnólacht féin a bhunú, a chuireann seirbhísí oiliúna agus meantóireachta ar fáil, chomh maithe le cúnamh maidir le maoiniú, margaíocht, pleanáil gnó agus caidreamh poiblí. Beartaítear go mbeidh Clár Anailís ar Roghanna mar théama lárnach sna Cláir Chomhairleoireachta ar fad. Tabharfar tacaíocht do chliaint a bhfuil ceisteanna forbartha nó inmharthanachta suntasacha acu le próiseas foirmiúil pleanála chun déileáil leis na dúshláin a bheidh rompu.

An Clár Oiliúna agus Foghlama ar Feadh an tSaoil do Dhaoine Fásta. Is é an dúshlán don chlár seo ná an béim ar an gcomhshaol, leas ainmhithe, sábháilteacht bhia agus TFC atá ag dul i méid, chomh maith leis an riachtanas choinneáil suas chun dáta leis na teicneolaíochtaí táirgthe agus bhainistíocht airgeadais is déanaí. Cuireann Teagasc clár oiliúna cuimsitheach ar fáil chun riachtanais éagsúla agus athraitheacha a gcliaint a chomhlíonadh.

Pearsanra Comhairleoireachta Ríthábhachtacha
Ceann na Stiúrthóireachta: Pat Boyle, Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach. Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 918 2097: Ríomhphost: pat.boyle@teagasc.ie

Stiúrthóirí Cúnta:
Pat Murphy, Teagasc Páirc Darach, Ceatharlach. Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 918 2097; Ríomhphost: pat.murphy@teagasc.ie

James McGrath, Teagasc, Oifig Chomhairleach Bhaile Átha an Rí, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Teil. (091) 845800 Facs: (091) 845830; Ríomhphost: james.mcgrath@teagasc.ie

Dermot McCarthy, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil: (025) 42244; Facs: (025) 42384; Ríomhphost: dermot.mccarthy@teagasc.ie

Bainisteoirí Cláir Fiontair
Déiríocht: Matt Ryan, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil (024) 42244 Facs: (025) 42384; Ríomhphost: matt.ryan@teagasc.ie

Stoc Tirim: Bernard Smyth, Teagasc, An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co. na Mí. Teil: (046) 906 1100; Facs: (046) 902 6154; Ríomhphost: bernard.smyth@teagasc.ie

Curaíocht: Jim O'Mahony, Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach. Teil: (059) 9170200 Facs: (059) 9142423; Ríomhphost: jim.omahony@teagasc.ie

Comhshaol: Sean Regan, Teagasc, Ionad Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Teil. (091) 845200 Facs (091) 844296; Ríomhphost: sean.regan@teagasc.ie

Teicneolaíocht & Bainistíocht Feirme: An Dr Tom Kelly, Teagasc, Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Teil: (051) 644000 Facs: (051) 643446; Ríomhphost: tom.kelly@teagasc.ie

Forbairt Tuaithe: Gerry Scully, Teagasc, Ionad Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Teil: 091 845200; Ríomhphost: gerry.scully@teagasc.ie

PLEANÁIL REPS

Feidhmíonn Teagasc seirbhís pleanála na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) atá oscailte do chliaint fheirmeora uile. Cinntíonn an tseirbhís go ndéantar ioncam a bharrfheabhsú trí REPS a chomhcheangal le cleachtais feirmeoireachta éifeachtacha chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú an phlean uaidh sin ag laghdú an baol de phionóis.

Ceann na Seirbhísí REPS: Eugene Ryan, Teagasc, Caisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman, Teil: (053) 9171200; Facs: (053) 9142004; ríomhphost: eugene.ryan@teagasc.ie

SEIRBHÍSÍ DON AGRAGHNÓ

Soláthraíonn Teagasc réimse de sheirbhísí comhairleoireachta, oiliúna agus sainchomhairliúcháin speisialaithe chuig an earnáil agraghnó. Tá clár chomhfhorbartha i bhfeidhm anois le próiseálaithe déiríochta, próiseálaithe feola, marglanna beostoic agus agraghnóthaí eile.

Ba chóir do chliaint chorparáideacha gur mian leo tairbhe a bhaint astu seo nó aon cheann de sheirbhísí comhairleoireachta, oiliúna, taighde nó saotharlainne de chuid Teagasc dul i dteagmháil le Bainisteoirí Ceantair ag an gCeanncheathrú Aonad Ceantair.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Áiríonn an Stiúrthóireacht Oiliúna agus Forbartha aonaid forbartha ar Dheimhniú Churaclaim agus Cáilíochta, ar Ghortóireacht, ar Fhoraoiseacht agus ar Mhuca. I gcás Foraoiseacht, Muca agus Gortóireacht, tá comhairle agus taighde comhtháthaithe i mbainistíocht na haonaid nuabhunaithe seo.

Ceann na Stiúrthóireachta: Donal Carey, Teagasc, Kinsealy, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17. Teil: 01 8459000; Facs: 01 8460524; Ríomhphost: donal.carey@teagasc.ie

Stiúrthóir Cúnta: Paddy Browne, Teagasc, Príomhoifig, Páirc Darach, Ceatharlach. Teil: 059 9170200; Facs: 059 9182097; Ríomhphost: paddy.browne@teagasc.ie

Ceann an Aonaid Dearbhaithe Cáilíochta & Curaclaim: Eamon Tully, Teagasc, Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Teil: 051-644400; Facs 051-643446; Ríomhphost: eamonn.tully@teagasc.ie

Ceann an Aonaid um Fhorbairt Foraoiseachta: An Dr Nuala Ní Fhlatharta, Teagasc, An tIonad Forbartha, Campas Mellows, Baile Átha na Rí, Co. na Gaillimhe. Teil: (091) 845200 Facs (091) 844296; Ríomhphost: nuala.nifhlatharta@teagasc.ie

Ceann an Aonaid um Fhorbairt Muice: An Dr Brendan Lynch, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil: (025) 42222 Facs: (025) 42340; ríomhphost: brendan.lynch@teagasc.ie

Ceann an Aonaid um Fhorbairt Gortóireachta: Lorcan O'Toole, Teagasc, Ionad Kinsealy, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17. Teil: (01) 8459000 Facs: (01) 8459591 Ríomhphost: lorcan.otoole@teagasc.ie

SEIRBHÍSÍ ANAILÍSEACHA

Soláthraíonn Teagasc seirbhís anailíseach neamhspleách d'fheirmeoirí agus don tionscal mar seo a leanas:

Ithreacha
Ionad Taighde Comhshaoil Chaisleáin Bhaile Sheonach, Loch Garman, Teil: (053) 71200 Facs: (053) 42213.

Lotnaidí agus Galair Plandaí.
Ionad Taighde Barr Pháirc Darach, Ceatharlach, Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 9142423

SEIRBHÍSÍ TEICNEOLAÍOCHTA BIA

Soláthraíonn Teagasc seirbhísí comhairliúcháin agus taighde ar conradh do chomhlachtaí bia óna ionaid taighde bia mar seo a leanas:

Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15. Teil: 01-8059500; Facs: 01- 8059550; agus

Ionad Taighde Bia Moorepark, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil: 025-42222; Facs: 025-42340.

Soláthraíonn Teagasc seirbhísí monarcha treorach do chomhlachtaí bia óna fhochomhlacht Moorepark Technology Ltd., Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil: 025-42222; Facs: 025-42340.

OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Soláthraíonn Teagasc sraith oiliúna d'iontrálaithe óga, fheirmeoirí, ghnó-eagraithe agus fheidhmeannaigh/oibrithe sa tionscal bia. Tá acmhainn ag Teagasc de os cionn 200 múinteoir agus traenálaí ag feidhmiú ó choláistí, ionaid oiliúna áitiúla agus ionaid taighde. Freastalaíonn os cionn 10,000 duine ar chúrsaí oiliúna Teagasc gach bliain.

Le déanaí tá measúnú, uasghrádú agus tagarmharcáil déanta ar na cláir oideachais agus oiliúna uile chuig na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr.

Is iad tréithe tábhachtacha na bhforbairtí nua seo ná:

CREIDIÚNÚ NÁISIÚNTA

Tá an creidiúnú ar chláir oideachais agus oiliúna Teagasc laistigh de chreat Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí tar éis seasamh chúrsaí Teagasc a ardú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

CÚRSA ARDOIDEACHAIS

Soláthraítear cláir ardoideachais i dtalmhaíocht, i ngortóireacht, in agraghnó agus i staidéar eachaí, le hearcaíocht trí chóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), i gcomhpháirt leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta.

DUL CHUN CINN

Is féidir le mic léinn a fhaigheann dámhachtain dul ar aghaidh go leibhéal na céime.

CÚRSAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Tá cláir bhreisoideachais agus oiliúna ar fáil ar thalmhaíocht, ar ghortóireacht, ar fhoraoiseacht agus ar chapaill. Tá na cúrsaí seo ar fáil in ocht gcoláiste agus in ionaid áitiúla de chuid Teagasc ag brath ar éileamh. Chun freastal ar riachtanais líon na bhfeirmeoirí páirtaimseartha atá ag fás, soláthraítear roinnt cúrsaí istoíche, ag deireadh seachtainí agus le linn tréimhsí saoire bliantúla ag roinnt ionaid

SCÉIM NA NASC ARDOIDEACHAIS

Ligeann Scéim na Nasc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtain bhreisoideachais iarratas a chur isteach ar chuóta de chúrsaí ardoideachais. Tá cúrsaí breisoideachais ar leith nasctha le cúrsaí ardoideachais ar leith. Déantar iarratais ar chúrsa ardoideachais, atá clúdaithe ag an scéim, trí fhoirm chaighdeánach an CAO.

CÚRSAÍ ARDOIDEACHAIS

Anois tá aon chlár déag tríú leibhéal le feiceáil ar an liosta CAO agus beidh sé seo ag méadú sna blianta atá le teacht. Tá na cúrsaí uile seo faoi stiúir ag coláistí Teagasc i gcomhpháirt le hInstitiúidí Teicneolaíochta, mar sin baintear an úsáid is fearr as príomhinniúlacht gach ceann de na hinstitiúidí comhpháirteacha.

Tá na cúrsaí seo creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus tá an deis acu siúd a dhéanann na cúrsaí dul ar aghaidh go leibhéal na céime. Tá earcaíocht chuig na cúrsaí ann trí chóras an CAO le roinnt áiteanna curtha in áirithe do mhic léinn lánfhásta agus do shealbhóirí dámhachtainí de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC).

Ardteastas sa Talmhaíocht
Cuireann an cheithre chomhpháirtíocht seo a leanas an cúrsa dhá bhliain seo ar fáil le hArdteastas sa Talmhaíocht mar thoradh air:

- Coláiste Chloich na Coillte, Co. Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Cód an Chúrsa CR010;
- Coláiste Chill Daltún, Co. Chill Chainnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Cód an Chúrsa WD098;
- Coláiste an Chréagáin, Co. na Gaillimhe agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo;
- Coláiste Bhéal Átha hÉis, Co. an Chabháin agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Cód an Chúrsa DK075.

Cuir iarratas isteach tríd an CAO

Tá sealbhóirí an Ardteastais HETAC i dTalmhaíocht le pas le tuillteanas nó gradam incháilithe chun iarratas a chur isteach ar bhreisiú HETAC do Bhaitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíocht nó do Bhaitsiléir in Eolaíocht na Talmhaíochta ag UCD.

Baitsiléir Eolaíochta i nGortóireacht
Is cúrsa trí bliana é an Baitsiléir Eolaíochta Gortóireachta atá curtha ar fáil ar bhonn comhpháirtíochta ag na coláistí gortóireachta agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta seo a leanas:

- Coláiste Chill Daltún, Co. Chill Chainnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Cód CAO an Chúrsa: WD096;
- Coláiste de Ghortóireacht Taitneamhachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath agus an Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath. Cód CAO an Chúrsa: BN008;
- Coláiste Gortóireachta Salesian, Baile an Uairnigh, Co. na Mí agus an Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath. Cód CAO an Chúrsa: BN007.

Cuir iarratas isteach tríd an CAO

Ardteastas san Eolaíocht Talmhaíochta
Tá an cúrsa dhá bhliain seo curtha ar fáil ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gcomhpháirt le Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Cuir iarratas isteach tríd an CAO.

Ardteastas in Agraghnó
Tá an cúrsa dhá bhliain seo curtha ar fáil ag Coláiste na mBráithre Proinsiasaigh, An Creagán agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo. Cuir iarratas isteach tríd an CAO.

Ardteastas i Meicniú Talmhaíochta
Tá an cúrsa dhá bhliain seo curtha ar fáil ar bhonn comhpháirtíochta ag Coláiste Talmhaíochta Salesian, Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Cuir iarratas isteach tríd an CAO.

Ardteastas i Staidéir Eachaí
Tá an cúrsa dhá bhliain seo curtha ar fáil ag Coláiste Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann i gcomhpháirt le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Cuir iarratas isteach chuig an CAO.

BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Tá tagarmharcáil agus uasghrádú déanta ar chúrsaí breisoideachais agus oiliúna uile de chuid Teagasc agus iad anois creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC).

Tá na cúrsaí seo oiriúnach do dhaoine gur mian leo gairm a bheith acu i dtalmhaíocht, i ngortóireacht, i gcapaill nó i bhforaoiseacht ach nach mian leo cúrsa tríú leibhéal a chomhlíonadh. Níl aon íos-riachtanas iontrála oideachais ach is ea is dóchúla ná go bhfaighidh siad siúd atá tar éis an Ardteistiméireacht a bhaint amach tairbhe as. Osclaíonn na cúrsaí seo réimse leathan de roghanna gairme do rannpháirtithe. Fillfidh go leor daoine ar fheirmeoireacht ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha ach tá ionchais fostaíochta iontacha sna hearnálacha gortóireachta taitneamhachta agus foraoiseachta atá ag forleathnú.

Tá taithí oibre iníoctha ina chuid lárnach de na cúrsaí seo ina bhfuil an deis ag rannpháirtithe forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann lena ngairm roghnaithe.

D'fhéadfadh rannpháirtithe a bhaineann amach na torthaí riachtanacha aistriú go díreach nó trí Scéim na Nasc Ardoideachais go cúrsaí tríú leibhéal nasctha.

Príomhtheastas sa Talmhaíocht
Is cúrsa 2 nó 2½ bliana é seo, le hArdteastas FETAC sa Talmhaíocht mar thoradh air, atá á thairiscint ag sé choláiste talmhaíochta - Béal Átha hÉis, Cloich na Coillte, Goirtín, Cill Daltún, An Creagán agus Pailís Chaonraí. Tá an cúrsa á thairiscint freisin, ar bhonn páirtaimseartha, ag roinnt ionaid oiliúna Teagasc. Déantar é a thairiscint istoíche agus ag an deireadh seachtaine do dhaoine a bhfuil poist pháirtaimseartha acu.

Príomhtheastas i nGortóireacht
Tá an cúrsa seo, a eagraítear thar dhá bhliain, á sholáthar ag trí choláiste gortóireachta - Garraithe na Lus, Cill Daltún agus Baile an Bhairínigh.

Teastas i Scileanna Gortóireachta
Tá an réamhchúrsa bliana i scileanna gortóireachta seo, urraithe ag FÁS, ar siúl ag Ionad Teagasc Kinsealy, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17.

Teastas i Maoirseacht Plásóige
Soláthraíonn an bloc chúrsa dhá bhliain seo, bunús daingean i scileanna agus eolas praiticiúil agus teicniúil sa réimse de mhaoirseacht plásóige agus é curtha ar fáil ag an gColáiste de Ghortóireacht Taitneamhachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath.

Príomhtheastas i mBainistíocht Tréada Déiríochta
Tá an cúrsa dhá bhliain seo á thairiscint ag Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte agus Coláiste Talmhaíochta Chill Daltún. Tá cuid d'obair an chúrsa á chur ar fáil ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT).

Príomhtheastas i mBainistíocht Barr agus Innealra
Tá an cúrsa seo curtha ar fáil ag Coláiste Talmhaíochta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Tá cuid d'obair an chúrsa á sholáthar ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Príomhtheastas i mBainistíocht Stoic Thirim
Tá an cúrsa seo curtha ar fáil ag Coláiste Talmhaíochta Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann. Tá cuid d'obair an chúrsa á sholáthar ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

Príomhtheastas i mBainistíocht Feirme
Tugann an clár trí bliana seo, ar mháistir-fheirmeacha formheasta, comhcheangailte le hobair tionscnaimh agus cúrsaí blocscaoilte ag Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna do bhainistíocht feirme a fháil.

Príomhtheastas i Marcaíocht
Tá an cúrsa dhá bhliain seo curtha ar fáil ag Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.

Príomhtheastas i bhForaoiseacht
Tá an cúrsa dhá bhliain seo curtha ar fáil ag Coláiste Teagasc, Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin.

OILIÚINT AOSAIGH AGUS OIDEACHAIS

Tá foghlaim ar feadh an tsaoil tábhachtach do gach duine agus ní eisceacht ar bith iad feirmeoirí agus cónaitheoirí tuaithe. Chun freastal ar an éileamh seo, soláthraíonn Teagasc raon cuimsitheach de chláir oiliúna ag oifigí áitiúla i ngach contae agus ag coláistí.

Gach bliain glacann os cionn 10,000 feirmeoir agus/nó a bpáirtithe páirt i gcúrsaí a mhaireann ó 12.5 uair suas go 100 uair. Cuirtear na cúrsaí ar fáil i modúil d'fhaid 12.5 nó 25 uair.

Tá na cúrsaí creidiúnaithe go náisiúnta ag FETAC agus tá an rogha ag rannpháirtithe modúil a thiomsú agus dul ar aghaidh chun dámhachtainí FETAC a bhaint amach.

Cúrsaí faoi:

Thalmhaíocht

- Príomhtheastas sa Talmhaíocht (clár athsholáthair 180 uair);
- Modúil faoi Theicneolaíocht agus Ghnó;
- Modúil faoi Inmharthanacht Tuaithe;
- Modúil faoi Theicneolaíocht Faisnéise;
- Modúil faoin gComhshaol/faoi Shábháilteacht Bhia;
- Grúpaí Díospóireachta.

Éagsúlú Tuaithe

- Teastas i mBláthadóireacht;
- Teastas i bhFáilteachas Baile Éireannach;
- Modúl faoi Fhiontar Malartach.

CÚRSAÍ AN TIONSCAIL BHIA

Caithfidh tionscal bia na hÉireann a bheith ábalta caighdeán an táirge atá á sholáthar do thomhaltóirí sár-idirdhealaitheach a chinntiú. Chun suíomh an mhargaidh a choinneáil agus a fheabhsú, caithfidh cuideachtaí bia a bheith tiomanta a bpearsanra a oiliúint i dteicneolaíochtaí atá riachtanach i ndéantús bia nua-aimseartha.

Tá Teagasc mar an bpríomhsholáthraí oiliúna chuig an earnáil próiseáil bia agus miondíola i sábháilteacht bhia agus córais cáilíochta, nuálaíocht bia agus forbairt táirgí nua. Soláthraíonn Teagasc traenáil sna gnéithe uile de cháilíocht agus shábháilteacht bhia d'fhonn cúnamh a thabhairt do ghnóthaí bia chun freastal ar dhualgais dhlíthiúla, riachtanais chustaiméirí agus dea-chleachtas tionscail.

Tagann príomhláidreachtaí Teagasc ó thaithí leathan san earnáil bia agus nádúr feidhmithe na gclár oiliúna a chuirtear ar fáil. Bíonn gné phraiticiúil i mbun poist mar ghné i go leor dár gcláir chun an t-aistriú eolais a bharrfheabhsú agus feidhmiú a uasmhéadú.

Tá oiliúint an tionscail bhia Teagasc curtha ar fáil ag dhá phríomhionad, Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Teagasc, Baile an Ásaigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15, agus ag Ionad Taighde Bia Moorepark, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Cuirtear oiliúint ar fáil freisin ag leibhéal áitiúil agus ar an láthair, áit a meastar go bhfuil sé sin oiriúnach.

EOLAS FAOI CHÚRSAÍ

Tá eolas mionsonraithe faoi chúrsaí Teagasc uile ar fáil ón Stiúrthóireacht Oiliúna agus Forbartha, Teagasc, Ionad Kinsealy, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17 agus Príomhoifig Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach chomh maith le coláistí agus oifigí áitiúla Teagasc.

Tá Réamheolaire bliantúil de Chúrsaí Teagasc, ina bhfuil próifílí d'iar-mhic léinn ar fáil freisin, ar fáil ó aon cheann de na láithreacha thuas.

Tá eolas cuimsitheach ar oiliúint Teagasc ar fáil freisin ar shuíomh idirlín Teagasc ag www.teagasc.ie

FOILSEACHÁIN

Tá raon leathan foilseachán – lámhleabhair, bileoga, feasacháin airgeadais, leatháin taifeadta agus físéipeanna – ar fáil ó Teagasc.

Is féidir sonraí iomlána na bhfoilseachán seo a fháil ó oifigí áitiúla Teagasc nó Oifig na bhFoilseachán, Teagasc, An Phríomhoifig, Páirc Darach, Ceatharlach. Teil: 059 9183409, Facs: 059 9183498, Ríomhphost: publications@teagasc.ie

BORD BIA

Is é Bord Bia gníomhaireacht forbartha trádála, eolais agus cur chun cinn de chuid tionscal bia, dí agus gortóireachta na hÉireann. Is é an misean atá aige ná seirbhísí forbartha margaidh, cur chun cinn agus eolais éifeachtach nuálaíoch a chur ar fáil chun cúnamh a thabhairt do chuideachtaí fás agus gnó nua a bhaint amach.

Oibríonn Bord Bia i gcomhpháirtíocht leis an dtionscal seo chun díolacháin agus onnmhairiú de bhia, deoch agus gortóireacht Éireannach a mhéadú trí chaidrimh fhadtéarmacha a fhorbairt idir chuideachtaí Éireannach agus ceannaitheoirí trádála. Baintear é seo amach trí phríomhsheirbhísí a chur ar fáil don chustaiméir - ceannaitheoirí trádála - agus do chuideachtaí bia, dí agus gortóireachta (lena n-áirítear gortóireacht taitneamhacht) na hÉireann.

Feidhmíonn Bord Bia cláir chun caidreamh idir cheannaitheoirí agus chuideachtaí Éireannacha a fhorbairt agus a chothú, lena n-áirítear rannpháirtíocht faoin mbranda 'Éire Oileán an Bhia' ag taispeántais trádála idirnáisiúnta, agus turais cheannach isteach a chomhordú.

Déantar forbairt ar chláir cur chun cinn chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí margaíochta, ag tairiscint raon réitigh chun éagsúlacht agus buntáiste iomaíochta a sholáthair do tháirgí Éireannach trí fhógraíocht, chumarsáid meáin agus ábhar an phointe díolacháin agus uirlisí eile.

Braitheann rath trádála ar eolas agus conarthaí straitéiseacha iontaofa. Tá tuiscint domhain ag Bord Bia ar chumas agus straitéisí na gcuideachtaí bia, dí agus gortóireachta Éireannacha. Do chuideachtaí Éireannacha, soláthraíonn Bord Bia eolas agus léargas cuimsitheach ar nósanna margaidh domhanda.

Tá an clú atá bainte amach ag bia, deoch agus gortóireacht na hÉireann ríthábhachtach dá rath. Tá Bord Bia tar éis Scéimeanna Dearbhú Cáilíochta a fhorbairt do mhairteoil, do mhuiceoil, d'uibheacha agus d'éanlaith chlóis. San earnáil ghortóireachta cuimsíonn an clár na príomhearnálacha uile de tháirgeadh lena n-áirítear glasraí páirce, beacáin, torthaí boga agus torthaí uachtaracha, barra cosanta agus prátaí. Tá clár do tháirgeoirí chruastoic phlandlainne, plandaí pota agus plandaí ceapaí i bhfeidhm freisin.

Tá cúnamh airgeadais dírithe ar fáil chun cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí incháilithe chun a bpleananna agus a ngníomhaíochtaí a fhorbairt. Tá clár dheontas airgeadais i bhfeidhm ag Bord Bia ar a dtugtar an Clár Chúnamh Margaíochta (MAP), a thugann tacaíocht d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann atá ag iarraidh a gcumas margaíochta a fheabhsú.

Fostaíonn Bord Bia 91 ball foirne, tá a Phríomhoifig i mBaile Átha Cliath agus naoi n-oifig lonnaithe go straitéiseach i margaí onnmhairithe ríthábhachtacha. Tá na hoifigí lonnaithe in Amstardam, i bhFrankfurt, i Londain, i Maidrid, i Milano, i Moscó, i Nua-Eabhrac, i bPáras agus i Shanghai.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil leis an Aonad Faisnéise, Bord Bia, Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6685155. Ríomhphost: info@bordbia.ie Suíomh idirlín: www.bordbia.ie

CUIDEACHTA NÁISIÚNTA GRAÍ NA HÉIREANN TEORANTA

Coinníonn Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teo raon staileanna den scoth d'fhonn fholaíocht d'ardchaighdeán a chur ar fáil chuig tionscal na gcapall folaíochta in Éirinn. Tá na Garraithe Seapánacha agus Garraí Naomh Fiachra, iad araon lonnaithe ar thailte na Graí, chomh maith leis an deis do chuairteoirí seasamh na gcapall ag an nGraí a fheiceáil mar dhíol mór spéise do thurasóirí tríd na blianta. Glacann an Graí páirt freisin i ngníomhaíochtaí feirmeoireachta agus tugtar oiliúint do dhaoine chun dul i mbun fostaíochta san earnáil fholaíochta.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Graí Náisiúnta na hÉireann, An Tulaigh, Cill Dara. Teil: 045 521251; Ríomhphost: stud@irish-national-stud.ie, Suíomh idirlín: www.irish-national-stud.ie

AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA BAINNE

Leanann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne ar aghaidh ag rialú, ar bhonn náisiúnta, an soláthar bainne do thomhaltas leachta. Tá an ghníomhaireacht seo freagrach as soláthraithe agus lucht paistéartha bhainne óil a chlárú agus as na conarthaí soláthair a dhéantar eatarthu leis an gcuspóir de chinntiú go bhfuil soláthar bhainne óil iontaofa ag an gcustaiméir ar fud na bliana.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne, Teach IPC, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4. Teil: 01 6603396; Suíomh idirlín: www.nationalmilkagency.ie

COMHAIRLE TRÉIDLIANNA NA hÉIREANN

Bunaíodh Comhairle Tréidlianna na hÉireann, a rialaíonn cleachtas na míochaine tréidliachta, ar an 1 Eanáir 2006 faoi Alt 11 den Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005. Tá 19 comhalta ag Comhairle Tréidlianna na hÉireann, a léiríonn suimeanna cosúil le hoideachas, leas ainmhithe, tomhaltóirí agus sábháilteacht bhia agus cothromaíocht idir thréidlianna agus daoine eile.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Comhairle Tréidlianna na hÉireann, 53 Bóthar Lansdún, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Teil: 6684402, Suíomh idirlín: www.vci.ie

COILLTE TEORANTA

Is cuideachta phríobháideach theoranta é Coillte Teoranta, a fheidhmíonn i bhforaoiseacht agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara ar bhonn tráchtála. Tá an chuideachta faoi chomh-úinéireacht an Aire Airgeadais agus an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Bunaíodh an chuideachta faoin Acht Foraoiseachta, 1988 a leagann amach a cuid aidhmeanna agus dualgais.

Príomhaidhmeanna:

- Feidhmiú ar bhonn tráchtála agus de réir cleachtais foraoiseolaíochta éifeachtacha;
- Bainistiú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil i slí atá comhsheasmhach le haidhmeanna na cuideachta;
- Chun tionscail coillearnaí a bhunú agus rannpháirtíocht le dreamanna eile i bhforaoiseacht agus i ngníomhaíochtaí coibhneasacha chun feidhmiú brabúsach an chomhlachta a fheabhsú.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Coillte, Bord Foraoiseachta na hÉireann, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin. Teil: 01 2011111, Suíomh idirlín: www.coillte.ie

COFORD (AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA DO THAIGHDE AGUS FHORBAIRT FORAOISE)

Is gníomhaireacht neamhreachtúil é COFORD faoi scáth na Roinne. Is iad téarmaí tagartha COFORD ná tionscadail forbartha agus taighde a mhaoiniú agus a chomhordú leis an aidhm d'fhorbairt a dhéanamh ar an tionscal foraoiseachta trí nuálaíocht theicniúil agus dea-chleachtas foraoiseolaíochta.

Is iad aidhmeanna foriomlána COFORD ná:

- Chun naisc idir inniúlacht taighde agus riachtanais tionsclaíoch a bhunú agus a láidriú;
- Riachtanais taighde foraoise a aithint chun iomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil;
- Fostaíocht inbhuanaithe a sholáthar, nuálaíocht a spreagadh agus teacht le chéile comhshaoil a fheabhsú;
- Chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn taighde agus teicneolaíocht aistrithe chun uas-leas a chinntiú.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le COFORD, Tigh Arena, Bóthar Arena, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18. Teil: 01 2130725, Suíomh idirlín: www.coford.ie

BORD IASCAIGH MHARA (BIM)

Is é BIM gníomhaireacht an stáit a bhfuil an príomhdhualgas aige as forbairt inbhuanaithe ar thionscadal éisc mhara agus dobharshaothraithe na hÉireann ar farraige agus istír araon, agus éagsúlú gheilleagar an chósta chun fostaíocht, ioncam agus leas na ndaoine i réigiúin an chósta agus an méid a chuireann siad leis an ngeilleagar náisiúnta a fheabhsú.

Cuireann BIM raon leathan seirbhísí airgeadais, teicniúla, oideachais, margaíochta, forbairt acmhainne agus soláthar oighir don earnáil táirgthe chomh maith leis na hearnálacha próiseála agus margaíochta.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi BIM féach caibidil 13 ar Iascaigh Mhara

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le B.I.M., Bosca Poist 12, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Teil: 01 2144100, Suíomh idirlín: www.bim.ie

FORAS NA MARA

Tá Foras na Mara freagrach as taighde mara a chur ar fáil agus is é an comhlacht chur i ngníomh do Bhearta maidir le Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht Mara faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, a bhfuil sé mar phíomhaidhm aige tacaíocht a thabhairt do nasc láidir idir taighde agus nuálaíocht agus tionscal chun forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá Foras na Mara i gceannas ar an straitéis nua taighde eolais agus nuálaíochta náisiúnta "***Sea Change***", freisin, a seoladh i mí na Feabhra 2007, a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú go mbaineann Éire leas iomlán as an méid a chuireann a cuid acmhainní mara léi go heacnamaíoch, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Foras na Mara, Rinn Mhaoile, Órán Mór, Co. na Gaillimhe.Teil: 091 387200, Suíomh idirlín: www.marine.ie

AN tÚDARÁS UM CHOSAINT IASCAIGH MHARA

Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) ar 1 Eanáir 2007. Tá sé freagrach as Rialacháin Náisiúnta agus AE ar Chosaint Iascaigh Mhara agus Sábháilteacht Bhia Mara a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Oibríonn Oifigigh Iascaigh Mhara go dlúth le gníomhaireachtaí Rialtais eile cosúil leis an tSeirbhís Chabhlaigh, an tÚdarás Sábháilteachta Bia agus Foras na Mara, chun cláir rialaithe iascaigh agus sábháilteachta bia mara a chur i bhfeidhm.

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh i dteagmháil le Ceanncheathrú an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. Teil: 023 59300, Suíomh Idirlín: www.sfpa.ie

15 seirbhísí rialtais eile

15. SEIRBHÍSÍ RIAILTAIS EILE

AN ROINN EALAÍON, SPÓIRT AGUS TURASÓIREACHTA

BORD NA gCON

Bunaíodh Bord na gCon ar 28 Bealtaine 1958 faoi Acht Tionscail na gCon, 1958 chun rásaíocht na gcon a rialú agus chun tionscal na gcon a fheabhsú agus a fhorbairt.

Feidhmeanna

- Rialú, cur chun cinn agus feidhmiú rásaíocht na gcon;
- Feidhmiú ghealltóireacht suimitheora;
- Rialú dhíolacháin phoiblí na gcon;
- Deontais a dhéanamh do dhuaisairgead agus riaradh deontais chun na háiseanna ag raonta a fheabhsú;
- Ceadúnú raonta na gcon agus a n-oifigigh;
- Údarú na ngeallghlacadóirí chun gnó a reáchtáil ag raonta agus an bailiúchán de thobhaigh ar gheallta cúrsa;
- Onnmhairithe con a chur chun cinn;
- An rialú foriomlán de chúrsáil.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Bord na gCon – Bord na gCon, 104, Sráid Anraí, Luimneach Teil: 061 316788 Facs: 061 316739 ríomhphost: admin@igb.ie Suíomh Idirlín: www.igb.ie

RÁSAÍOCHT CAPALL ÉIREANN (HRI)

Bunaíodh HRI ar 18 Nollaig 2001 faoi sholáthairtí an Achta um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994 agus an Achta um Rásaíocht Capall agus Con 2001 chun áit Údarás Rásaíochta Capall na hÉireann a thógáil lena n-áirítear a Ráschúrsaí, Tote agus fochomhlachtaí Margú Capaill Fholúla na hÉireann agus chun ionchorprú a dhéanamh ar fheidhmeanna riaracháin áirithe an Irish Turf Club. Mar sin leagtar cúram air as riarachán iomlán, cur chun cinn agus forbairt an tionscail rásaíochta capall.

Functions

- Forbairt agus cur chun cinn rásaíocht chapall na hÉireann;
- Cur chun cinn an chapaill fholúil Éireannaigh;
- Riaradh socruithe rása, cláir agus duaisairgead;
- Idirbheartaíocht díolachán cearta na meán agus sonraí;
- Feidhmiú suimitheoir ag cruinnithe rása;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar rásaíocht na hÉireann go hidirnáisiúnta;
- Forbairt ráschúrsaí údaraithe;
- Feidhmiú ráschúrsaí atá faoi úinéireacht ag HRI;
- Rialú an fheidhmithe de gheallghlacadóirí údaraithe;
- Tacaíocht airgeadais agus eile chun cúnamh a thabhairt do riachtanais traenála agus oideachais an tionscail;
- Geallsealbhóireacht de dhuaismhaoiniú lena n-áirítear táillí iontrála agus urraíocht;

- Ag ráthú costas na seirbhísí ionracais;
- Riarachán foriomlán de rásaíocht na hÉireann seachas na feidhmeanna sin atá sainithe i reachtaíocht le bheith bainte amach ag an gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta;
- Clárú aitheantas, ainmneacha, úinéirí, dathanna agus glacadh le hiontrálacha agus dearbhuithe na gcapall;
- Tiomsú agus foilsiú an fhéilire rásaíochta agus an leabhair reachta;
- Soláthar agus cothabháil trealamh raoin soghluaiste, lena n-áirítear moilliú tosaithe, fótachríoch agus trealamh patróil ceamara.

Do thuilleadh eolais déan teagmháil le Rásaíocht Capall Éireann, Thoroughbred County House, An Chill, Co. Chill Dara. Teil: 045 842800 Facs: 045 842801
ríomhphost: info@horseracingireland.ie suíomh idirlín: www.goracing.ie

AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA

CLÁR UM FHORBAIRT TUAITHE IN ÉIRINN 2000-2013, AGUISÍN 3 AGUS 4

Méadóidh an maoiniú a bheidh ar fáil le gníomhaíochtaí a bhaineann le LEADER a sheachadadh faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013 beagnach faoi thrí ó €150m le haghaidh na tréimhse 2000-2006 go €425.4m le haghaidh na tréimhse 2007-2013. Déanfaidh an Clár nua an maoiniú eile d'fhorbairt tuaithe a chuireann an Roinn ar fáil a chomhlánú agus is iad na príomhghnéithe a bheidh i gceist leis an gClár ná an Straitéis Caitheamh Aimsire Tuaithe a chur i bhfeidhm agus forbairt leanúnach ar earnáil an táirgeoir beag bia chomh maith le hearnálacha na ceardaíochta agus na turasóireachta tuaithe.

Beidh sé mar aidhm ag na bearta cuspóirí lárnacha an Chláir a chomhlíonadh mar atá an caighdeán maireachtála a fheabhsú i gceantair tuaithe agus eacnamaíocht na tuaithe a éagsúlú trí:

- Gníomhaíocht eacnamaíochta agus rátaí fostaíochta a mhéadú in eacnamaíocht níos leithne na tuaithe trí éagsúlú ar an bhfeirm i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta a mholadh;
- Tacú le cruthú agus forbairt micreafhiontar in eacnamaíocht níos leithne na tuaithe;
- Turasóireacht tuaithe atá bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha, oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha na hÉireann a spreagadh;
- Rochtain ar sheirbhísí bunúsacha ag muintir na tuaithe a fheabhsú, trí dhul i ngleic le saoráidí caitheamh aimsire neamhdhóthanacha, mar shampla;
- Sráidbhailte agus na ceantair timpeall orthu a athghiniúint trína gcuid deiseanna eacnamaíochta agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú;
- An oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chothabháil, a athchóiriú agus a uasghrádú.

Déanfar an Clár a sheachadadh ag leibhéal áitiúil trí ghrúpaí a bheidh lonnaithe i gceantair. D'aontaigh an Coimisiún Eorpach ar Chlár na hÉireann ar 24ú Iúil 2007 agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús go luath leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh na nGrúpaí a dhéanfaidh an Clár a sheachadadh.

Seo a leanas na bearta a bheidh maoinithe faoin gClár:

- Éagsúlú i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta do theaghlaigh feirme;
- Tacú do chruthú agus forbairt gnó;;
- Gníomhaíochtaí turasóireachta a spreagadh;;
- Seirbhísí bunúsacha don eacnamaíocht agus do dhaonra na tuaithe;;
- Athnuachan agus forbairt sráidbhailte;;
- Caomhnú agus uasghrádú oidhreacht na tuaithe;;
- Oiliúint agus eolas ar scileanna oiriúnaithe agus nua;

CLÁR

Tugadh an clár CLÁR isteach in 2001 chun freastal ar bhánú, chomh maith leis an laghdú agus easpa seirbhísí i limistéir tuaithe. Déanann an clár comhordú ar fhoinsí reatha de mhaoiniú poiblí agus príobháideach agus cuireann sé maoiniú breise ar fáil le bonneagar eacnamaíochta agus sóisialta ar scála beag a chur ar fáil le cabhrú le pobail tuaithe.

Roghnaíodh limistéir in 18 dtíortha, le daonra de 362,000 faoin gclár ar dtús. Tar éis don Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásanailís (NIRSA) ag OÉ Maigh Nuad anailís a dhéanamh ar shonraí daonáireamh 2002 rinneadh ceantair CLÁR a leathnú in Eanáir 2003 agus arís in Aibreán 2006. Feidhmíonn an clár CLÁR i 23 contae anois agus freastalaíonn sé ar dhaonra de beagnach 727,000. Bíonn na ceantair a chlúdaítear bunaithe ar meánlaghdú daonra de 35% in aghaidh contae idir 1926 agus 2002 ach amháin leithinis Chuaille a cuireadh san áireamh mar gheall ar na deacrachtaí áirithe a d'fhulaing an ceantar sin de bharr an Ghalar Crúibe is Béil.

Maoiníonn nó comh-mhaoiníonn CLÁR, i dteannta le Ranna eile, gníomhaireachtaí Stát agus údaráis áitiúla, infheistíocht i bhforbairtí tosaíochta roghnaithe. Tacaíonn na hinfheistíochtaí sin le bonneagar fisiciúil, eacnamaíoch agus sóisialta thar réimse leathan de bhearta. Léirítear na hábhair thosaíochta a d'aithin na pobail sna ceantair roghnaithe sna bearta a tugadh isteach faoin gclár. Clúdaíonn scéimeanna CLÁR réimse leathan d'fhorbairtí mar fheabhsú sráidbhailte, tithíochta agus scoileanna, tiontú/suiteáil leictreachais, bóithre, soláthar uisce, scéimeanna séarachais, sláinte, cósta, spórt agus tionscadal pobail.

I 2006 caitheadh €23.06m ar na bearta éagsúla. Sna blianta 2002-2006 caitheadh €71m ar infheistíochtaí faoi na cláir agus caiteachas bainteach poiblí agus príobháideach de thart ar €61m. Riaradh buiséad de €18.6m chuig an gclár do 2007.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó CLÁR, Rannóg Forbartha Tuaithe 1, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Sráid Teeling, Tobar an Choire, Co. Shligigh.
Teil: 071 9186700

AN SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE (SST)

AIDHM NA SCÉIME

Is iad aidhmeanna na scéime na tacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus d'iascairí atá ag fáil íocaíochtaí sonracha leasa shóisialaigh faoi láthair, agus seirbhísí áirithe a mbainfear leas astu a sholáthar do phobail tuaithe mar chothabháil timpeallachta, caomhnú fuinnimh, cúram sóisialta agus cúram daoine aosta trí leas a bhaint as na scileanna agus na buanna atá ar fáil i measc na bhfeirmeoirí agus na n-iascairí.

OBAIR A TUGADH FÚITHI AR AN SST

Bainfidh an pobal áitiúil leas as an obair go léir a dhéanfaidh rannpháirtithe sa Scéim Shóisialta Tuaithe. Is cosúil gurb iad na cineálacha tionscadal a bheidh i gceist ná:

- Cothabháil agus feabhsú ar shlite slímharcáilte, siúlóidí aontaithe agus bóithre portaigh;
- Obair um chaomhnú fuinnimh do dhaoine aosta agus gan puinn airgid;
- Tionscnaimh feabhsúcháin bailte agus tuaithe;
- Cúram sóisialta agus cúram na n-aosach, cúram comhphobail do ghrúpaí réamhscoile agus tar éis na scoile;
- Obair chothabhála comhshaoil – cothabháil agus airíochas d'áiseanna comhphobail agus spóirt;
- Tionscnaimh bainte le hionaid chultúrtha agus oidhreachta neamh-bhrabúsacha;
- Aon tionscadal pobail cuí eile a aithneofar le linn na Scéime.

Tabhair Faoi Deara le do Thoil: Coimeádtar na catagóirí thuas de thionscadail faoi athbhreithniú.

CÉ ATÁ INCHÁILITHE?

Tá an scéim dírithe, go príomha, ar fheirmeoirí agus iascairí atá ag fáil íocaíochtaí sonracha áirithe leasa shóisialaigh.

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh ar an SST ní mór go mbeadh duine ag fáil Cúnamh Feirme/Iascaireachta
nó
Ní mór go gcomhlíonfadh sé/sí na critéir cháilitheachta atá leagtha amach d'fheirmeoir nó iascaire, agus ní mór go mbeadh sé/sí ag fáil ceann de na híocaíochtaí cáilitheacha ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Baineann eisceachtaí do na critéir cháilitheachta thuas ar chúinsí áirithe i. i gcás linbh/siblín nó céile cleithiúnach go príomha. Is féidir sonraí a fháil ar na critéir iomlána cáilitheachta, lena n-áirítear na híocaíochtaí cáilitheacha leasa shóisialaigh chomh maith le haon eolas eile ón gComhlacht áitiúil LEADER nó ó Údarás na Gaeltachta (.i. na Comhlachtaí Forfheidhmithe), toisc gurb iadsan a bhainistíonn an Scéim ag leibhéal áitiúil, ar son na Roinne.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AN SST

Oibreoidh rannpháirtithe 19.5 uair in aghaidh na seachtaine ar sceideal a bheidh cairdiúil le feirmeoirí/iascairí faoi réir riachtanais an tionscadail a mbeidh siad ag obair air. Déanfar teidlíocht chun Saoire Bliantúla a ríomh de réir théarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997. Ceadófar do rannpháirtithe ar an SST tabhairt faoi fhostaíocht bhreise ar choinníoll go bhfanann siad laistigh den tairseach ioncaim, a bhaineann lena n-íocaíocht fhorluiteach Leasa Shóisialaigh. D'fhéadfadh go rachadh tuilleamh sa bhreis ar an teorainn sin i bhfeidhm ar a rannpháirteachas leantach sa SST. Níl sé beartaithe go mbeifí rannpháirteach go buan sa SST agus déantar rannpháirteachas a athbhreithniú go bliantúil in Iúil.

Ba cheart sonrú go bhfuil rannpháirtithe faoin SST ina bhfostaithe ar a gComhlacht Forfheidhmithe.

CÉ MHÉID A ÍOCFAR LE RANNPHÁIRTITHE AR AN SST?

Tá an ráta íocaíochta ar an SST bunaithe ar an íocaíocht cháilitheach Leasa Shóisialaigh i dteannta le cúinsí teaghlaigh. Tugann an tábla seo a leanas sonraí ar uasluach na híocaíochta iomláine in aghaidh na seachtaine;

Catagóir Rannpháirtí	Íocaíocht Iomlán Sheachtainiúil
Rannpháirtí gan Chleithiúnaí Aosaithe	€222.20
Rannpháirtí le Cleithiúnaí Aosaithe	€353.50
Gach Cleithiúnaí Linbh (Ráta Iomlán)	€24.00
Gach Cleithiúnaí Linbh (Leathráta)	€12.00

Nóta; Tá an rátaí sin i gceart le héifeacht ó 1u Eanáir 2008 agus d'fhéadfaí iad a athrú de réir aon méaduithe buiséid.

I roinnt cásanna, ag brath ar an íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh, ní bheidh rannpháirtithe ina gcliaint ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh a thuilleadh agus íocfar iad ag an SST amháin, agus i gcásanna eile, bheidh rannpháirtithe fós ag fáil a n-íocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh agus gheobhaidh siad íocaíocht bhreise freisin ón SST.

Toisc go bhféadfadh aon athrú ar chúinsí dul i bhfeidhm ar ráta íocaíochta rannpháirtí, tá an dualgas ar an rannpháirtí a Maoirseoir/Comhlacht Forfheidhmithe a chur ar a n-eolas faoi aon athruithe mar sin chomh luath agus a thagann siad chun cinn.

Toisc go mbeidh an scéim seo riartha ar leibhéal áitiúil, ba chóir duit i ngach cás dul i dteagmháil le d'oifig áitiúil de chuid LEADER, nó Údarás na Gaeltachta le haghaidh tuilleadh eolais, nó le haghaidh foirm iarratais.

Le tuilleadh sonraí a fháil ar an Scéim Shóisialta Tuaithe chomh maith le sonraí teagmhála gach Comhlachta Forfheidhmithe: Teil: 01 4484841, ríomhphost:eolas@pobail.ie, suíomh idirlín: www.pobail.ie

AN ROINN FIONTAIR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA/ AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA CEARTA FOSTAÍOCHTA

ÍOSMHÉID ÍOCAÍOCHTA AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA D'OIBRITHE TALMHAÍOCHTA

Tá íosrátaí pá agus coinníollacha fostaíochta dlíthiúla d'oibrithe talmhaíochta leagtha síos ag an gCúirt Oibreachais ar mholadh Chomhchiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta. Tá sé mar dhualgas ar fhostaithe, faoi phionóis, rátaí pá a íoc agus aird a thabhairt ar choinníollacha fostaíochta, atá chomh fabhrach agus iad a shainigh an tOrdú Rialaithe Fostaíochta a rinne an Chúirt. Tá na hoibleagáidí a leag ginearáltacht reachtaíochta fostaíochta eile orthu freisin m.sh. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, An tAcht um Chosaint Daoine Óga agus An tAcht um Íoc Pá agus srl.

Clúdaíonn an t-Ordú Rialaithe Fostaíochta oibrithe talmhaíochta atá i mbun feirmeoireachta déiríochta, feirmeoireachta éanlaithe, úsáide talaimh mar thalamh féaraigh nó talamh úlloird nó saileánaigh nó coillearnaí, nó do ghairdíní margaidh, ghairdíní príobháideacha, talamh plandlainne nó talamh spóirt, gairneoireacht, táirgeadh aon táirgí inchaite a fhástar le díol nó aon úsáid eile, cúram nó tógáil nó oiliúint ainmhithe agus aon ghníomhaíochtaí teagmhasacha a bhaineann le talmhaíocht.

Tá dualgas ar fhostóir aon oibrí (i. oibrithe atá clúdaithe ag an Ordú), faoi phionóis, taifead a choimeád ar phá, íocaíocht, uaireanta oibre agus srl. agus ní mór dó nó di na taifid sin a choimeád ar feadh trí bliana.

Cuireann Cigirí on Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta forálacha an Ordú Rialaithe Fostaíochta, agus forálacha reachtaíochta fostaíochta go ginearálta i bhfeidhm. Bíonn cumhacht ag cigirí dul isteach in áitribh, leathanaigh pá agus taifid eile a scrúdú, agallamh a chur ar na fostóirí agus na hoibrithe atá i gceist agus tús a chur le himeachtaí dlí (más gá).

Tá cóipeanna d'Orduithe Rialacháin Fostaíochta Comhchiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta ar fáil ón Chúirt Oibreachais, Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Teil: 01 6136666 agus ó NERA, an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach Teil: 1890 808090 nó ríomhphost: info@employmentrights.ie suíomh idirlín: www.employmentrights.ie Is féidir fógra faoi ghearáin maidir le sárú an Orduithe agus sárú na reachtaíochta fostaíochta a chur chuig Seirbhísí Cigireachta NERA, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Teil: 1890 22010 nó ríomhphost: inspection@employmentrights.ie

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL

CÁNACHAS TARRACÓIRÍ

Is é an ráta caighdeánach mótarchánachais do tharracóir tarlaithe ghinearálta ná €253 aghaidh na bliana, ach féadann an t-úinéir arbh é feirmeoireacht an t-aon ghairm amháin nó príomhghairm atá aige nó aici, nuair a íocann sé nó sí ráta laghdaithe go mór de €78 in aghaidh na bliana, a t(h)arracóir a úsáid do tharlú a t(h)áirgí talmhaíochta féin, earraí atá ag teastáil dá f(h)eirm féin, teach feirme agus foirgnimh san áireamh, agus earraí cosúlacha do fheirmeoir eile ar choinníoll nach bhfuil luach saothair á fháil d'iad a iompar.

Cuireann lamháltais bhreise atá ar fáil d'úinéirí tarracóirí a ghearrtar cáin orthu ag an ráta €78 ar chumas na n-úinéirí sin:

- tarlú, le haghaidh luach saothair, bainne chuig uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair, bainne deighilte ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair, nó soithigh bainne chuig agus ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair;
- tarlú, le haghaidh luach saothair, beostoc le duine a chónaíonn gan níos faide ná dhá mhíle ó áit chónaithe an tarraingeora, chuig nó ó fheirm agus chuig nó ó cheant, mhargadh nó aonach beostoc. Coinnítear an lamháltas seo do laethanta ar a tharlaíonn an ceant, margadh nó aonach agus tá sé teoranta do fhaid fiche míle ag bóthar poiblí ó áit chónaithe an tarraingeora.

Leathnaíonn an ráta cánach €78 freisin do tharracóirí le comharchumainn thalmhaíochta agus a úsáidtear do:

- tarlú do fheirmeoirí, ar choinníoll nach luach saothair lena aghaidh, táirgí a bhfeirmeacha agus earraí atá ag teastáil do na feirmeacha;
- tarlú do fheirmeoirí, le haghaidh luach saothair, bainne chuig uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair, bainne deighilte ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair agus soithigh bainne chuig agus ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair.

Níl trucailí, veaineanna, jípeanna agus feithiclí eile gearrtha síos dá leithéid rangaithe mar tharracóirí talmhaíochta fiú amháin má tá innill nó giarbhoscaí athchóirithe acu.

CLÁR UISCE TUAITHE

Riarann na húdaráis áitiúla an Clár Uisce Tuaithe agus tá sé déanta suas de roinnt beart chun dul i ngleic le heaspaí i:

- Scéimeanna uisce tuaithe;
- Córais bheaga uisce poiblí agus séarachais i sráidbhailte tuaithe;
- Soláthair phríobháideacha aonar áit nach bhfuil soláthar grúpa nó poiblí eile ar fáil.

Seo a leanas na deontais agus fóirdheontais atá ceaptha chun scéimeanna grúpa a bhfuil easpa cáilíochta iontu a thógáil suas le caighdeán sásúil agus forbairt agus méadú na hearnála uisce grúpa a chothú:

SCÉIMEANNA UISCE GRÚPA

- Suas le 100% de chostas trealamh riachtanach cóireála agus díghalraithe uisce áit a bhfuil sé sin á gcur ar fáil trí mheán conartha Dear Tóg Oibrigh (Design, Build, Operate, DBO);
- Deontas caipitil do scéimeanna nua agus uasghrádú scéimeanna reatha suas le 85% de chostas faoi réir uaschostais de €7,618.43 in aghaidh tí a dhéantar freastal air.

FÓIRDHEONTAS I DTREO COSTAS OIBRIÚCHÁIN SCÉIMEANNA UISCE GRÚPA

Beidh méid an fhóirdheontais ionann le 100% den chaiteachas cáilithe mar atá faofa ag an údarás áitiúil, faoi réir teorann de :

- €50.79 do gach teach a sholáthraítear dó ó fhoinse údaráis áitiúil;
- €101.58 do gach teach a sholáthraítear dó ó fhoinse phríobháideach;
- €196.81 do gach teach áit a chuirtear díghalrú agus/nó cóireáil uisce ar fáil faoi chonradh Dear, Tóg, Oibrigh nó áit a bhfuil an plána díghalraithe/cóireála uisce oibrithe ag coimeádta ag conraitheoir trí mheán Conartha bona fide Oibriúcháin agus Cothabhála.

SOLÁTHAIRTÍ UISCE AONAR

Tá deontais ar fáil do sholáthar nó fheabhsú soláthar aonar i dtithe, atá níos mó ná 7 mbliana d'aois nach bhfuil ceangailte do sholáthar uisce scéime poiblí nó grúpa. Is é an t-uasdeontas teaghlaigh ná €2,031.58 faoi réir uasmhéid de 75% den chostas.

Tá Foirmeacha Iarratais agus Meamraim Mhínitheacha ag rialú coinníollacha na scéimeanna seo ar fáil trí theagmháil a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh an Chláir Uisce Tuaithe ag do Chomhairle Contae áitiúil.

DEONTAIS EILE

Íocann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an deontas seo a leanas go díreach freisin:

An deontas um athnuachan agus dheisiú díonta tuí tithe.

Is féidir sonraí an deontais seo a fháil ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar 01 8882000, 096 24200 nó ar an uimhir Ghlao áitiúil: 1890 305030

Ina theannta, cuireann an Roinn maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun cur ar a gcumas réimse roghanna tithíochta sóisialta a fheidhmiú, lena n-áirítear tionscnaimh tithíochta deonaí, clár tithíochta údaráis áitiúil, scéimeanna tithíochta inacmhainne, an scéim úinéireachta roinnte, iasachtaí céannachta agus feabhsúcháin tí, deontas um dhaoine faoi mhíchumas agus dheisiúcháin riachtanacha agus an scéim oibreacha feabhsúcháin in áit tithíocht údaráis áitiúil.

Tá sonraí na roghanna tithíochta sóisialta ar fáil ó d'údarás áitiúil

AN ROINN IOMPAIR

SÁBHÁILTEACHT TARRACÓRA

Déantar tarracóirí a rialú ag gnáthdlíthe ar thrácht ar bhóithre maidir le ceadúnú tiománaí, árachas, mótarchánachas agus soilsiú feithicle. Ní mór go mbeadh frámaí sábháilteachta feistithe ar gach tarracóir a úsáidtear in áit phoiblí. Is é cuspóir an fhráma ná an tiománaí a chosaint ó bhrú má iompaíonn an tarracóir. Ní mór go gcloífeadh an fráma leis na caighdeáin faofa. Is faoin úinéir nó tiománaí cábán sábháilteachta a fheistiú.

Ní mór do tharracóirí ábhar scaoilte mar shadhlas, sciodar, gaineamh nó ghairbhéal a iompar go cúramach ionas nach ndoirteann ábhar ar bhóthar poiblí agus nach dtarlaíonn timpiste dá bharr. Ba cheart ualaigh teile nó ábhair dheannachúla nó conamar nó ábhair urghránna eile a chlúdach ina n-iomlán le tarpól.

Níor cheart d'fheirmeoirí, atá ag úsáid tarracóirí agus leantóirí talmhaíochta chun táirgí talmhaíochta a tharlú an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Frámaí an-arda a úsáid ar leantóirí –chun ualú táirgí a éascú ar ard a d'fhéadfadh seasmhacht, tiomáint agus cosc meascán tarracóra agus leantóra talmhaíochta a chur i mbaol;
- Dul thar an uasmheáchan feithicle atá ceadaithe go dlíthiúil nó ollmheáchan feithicle an dearaidh

TARRACÓIRÍ AR AN MBÓTHAR

Ní mór do tharracóir a úsáidtear in áit phoiblí cloí leis na dlíthe a rialaíonn trácht ar bhóithre. Má tá tú ag tiomáint tarracóra, ba cheart duit fanacht ar chlé le ligean do thrácht níos tapa dul thart. Ní mór go dtabharfadh do scáthán tiomána radharc soiléir ar an mbóthar taobh thiar díot. Ná hiompair paisinéir ach má tá an tarracóir feistithe le paisinéir a iompar.

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar Ghlao áitiúil 1890 50 60 80.

SCÉIM NA bhFEABHSÚCHÁN ÁITIÚIL: OIBREACHA BÓTHAIR FEIRME

Faoin Scéim Fheabhsúcháin Áitiúla, cuirtear deontais stáit ar fáil do Chomhairlí Contae chun cur ar a gcumas bóithre garaíochta neamhphoiblí a fheabhsú. Iarrtar ar na tairbhithe, eatarthu, cur le cuid de chostais na scéimeanna. Tá Comhairlí Contae freagrach as an Scéim a riar, as an ranníocaíocht a bhailiú agus as oibreacha incháilithe a roghnú agus a thabhairt chun críche.

Mar sin ba cheart iarratais ar eolas, foirmeacha iarratais agus srl. a chur chuig an gComhairle ábhartha.

AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Tá talmhaíocht agus tógáil i measc na gceithre earnálacha in eacnamaíocht na hÉireann is mó a bhfuil riosca ag baint leo fós. De ghnáth, tarlaíonn breis is 55% de gach bás sa láthair oibre in aon bhliain sa dá earnáil sin. Tharla 18 bás ar an meán ar fheirmeacha na hÉireann gach bliain sna deich bliana seo caite. Le 2 go 3 bliana anuas bhí breis is leath de na daoine a maraíodh ar fheirmeacha na hÉireann thar 65 bliain d'aois. D'fhulaing níos mó daoine díobhálacha troma a raibh éagumas buan mar thoradh orthu go minic.

Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) leagtha amach ar oibriú i gcomhpháirtíocht leis an bpobal feirmeoireachta chun an líon bás agus timpistí ar fheirmeacha a laghdú. Ní tharlaíonn cleachtas maith sláinte agus sábháilteacht gan aon iarracht, ní mór am a chaitheamh air agus iarracht a dhéanamh ach tá an luach saothair mór. Déan cinnte go dtugann tú an tús áite atá tuillte aige don tásc tábhachtach sin agus choinneoimis go léir slán ar an bhfeirm!

Is é an pointe tosaithe do bhainistíocht mhaith sláinte agus sábháilteachta ar fheirm ná ráiteas sábháilteachta a réiteach nó Cód Cleachtais um Shábháilteacht ar an bhFeirm a líonadh áit a bhfuil triúir nó níos lú fostaithe ar an bhfeirm. De réir dlí caithfidh ráiteas sábháilteachta nó Cód Cleachtais líonta a bheith ag gach feirm. Aithníonn an próiseas na guaiseacha ar an bhfeirm agus leagann sé amach na céimeanna nach mór don fheirmeoir a thógáil chun na rioscaí sin a laghdú. D'fhéadfadh go ndéanfaí duine a ionchúiseamh muna gcloítear leis an gceanglas sin maidir le ráiteas sábháilteachta nó cód cleachtais.

Seoladh an Cód Cleachtais um Shábháilteacht ar an bhFeirm i 2006 agus cuireadh chuig gach teaghlach feirme é. Bhí trí dhoiciméad agus DVD fairsing ar shábháilteacht ar an bhfeirm sa Chód Cleachtais. Ba iad na doiciméid a bhí ann ná doiciméad treorach ar Chód Cleachtais le húsáid mar dhoiciméad tagartha, doiciméad ar mheasúnú riosca le líonadh agus le síniú ag an bhfeirmeoir agus picteagram SSWP, ar measúnú riosca é i bhfoirm picteagraim. Tá an Plean um Chóras Sábháilte Oibre (SSWP) ceaptha le húsáid uair amháin sa bhliain ar a laghad leis na doiciméid a choimeád suas le dáta.

Moltar d'fheirmeoirí nach bhfuair cóip den Chód Cleachtais um Shábháilteacht ar an bhFeirm, nó a chaill a gcóip, cóip a fháil ó Rannóg na bhFoilseachán ar shuíomh idirlín an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta; www.hsa.ie. Moltar d'fheirmeoirí freastal ar chúrsa oiliúna leathlae ar conas an Cód Cleachtais um Shábháilteacht ar an bhFeirm a úsáid. Cuireann Teagasc na cúrsaí sin ar fáil agus ba cheart do gach feirmeoir (fiú iad siúd nach bhfuil ina gcliaint ag Teagasc) teagmháil a dhéanamh lena n-oifig Teagasc áitiúil agus áit a fháil dóibh féin sa chéad chúrsa eile a bheidh ar fáil.

CLÁRLANN NA TALÚN

Tá oifigí ag Clárlann na Talún i mBaile Átha Cliath (ag Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7 ag Ionad Setanta, Sráid Nassau, Baile Átha Cliath 2, agus ag Bloc 1, Ionad Irish Life, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1) agus i bPort Láirge, ar Bhóthar Chorcaí, Port Láirge.

Ó 4ú Samhain 2006, tá Clárlann na Talún faoi smacht an Údaráis Cláraithe Maoine. Cuireann Clárlann na Talún an chéad chlárú de gach maoin sa Stát ar fáil agus cláraíonn sé plé leis an maoin ina dhiaidh sin. Coimeádann an Chlárlann cláir d'úinéireacht talamh ruílse, leasa léasacha agus cearta agus dualgais a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhaoin.

Sráid na Seansaireachta:	Íosghlao 1890 333001 nó Teileafón 01 6707500 An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, An Longfort, Lú, An Mhí, Muineachán agus an Iarmhí.
Ionad Setanta:	Íosghlao 1890 333001 nó Teileafón 01 6707500 Baile Átha Cliath, An Clár, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach.
Irish Life:	Íosghlao 1890 333001 nó Teileafón 01 6707500 Cill Dara agus Cill Mhantáin
Port Láirge:	Íosghlao 1890 333002 nó Teileafón 051 303000 Corcaigh, Ceatharlach, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Port Láirge.

I dteannta leis na hoifigí sin, tá oifig áitiúil i ngach contae (ach amháin Baile Átha Cliath agus Port Láirge) atá ceangailte le hOifig na Cúirte Cuarda. Cuireann gach oifig áitiúil bealach rochtana ar fáil do gach Fóilió, Léarscáil Plean Comhdaithe agus Innéacs Ainmneacha do gach contae.

Féadann sealbhóirí cuntas an t-eolas sin a fháil trí sheirbhís ar líne Chlárlann na Talún ***landdirect.ie.*** Le tuilleadh eolais a fháil ar ***landdirect.ie.*** breathnaigh le do thoil ar ár suíomh idirlín www.prai.ie.

Féadann an t-úinéir cláraithe iarracht a dhéanamh ar aon cháipéis atá comhdaithe sa lár-oifig faoina ndéantar clárú a théann i bhfeidhm ar a m(h)aoin a scrúdú. Faoi théarmaí an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, éireoidh an tÚdarás Cláraithe Maoine as Deimhnithe a eisiúint nó a atheisiúint ón 1ú Eanáir 2007 ar aghaidh. Tar éis tréimhse 3 bliana ón dáta sin, ní bheidh feidhm ná éifeacht ag aon Deimhniú Talún a bheidh fágtha gan a bheith curtha ar ceal cheana. Le tuilleadh eolais a fháil féach ar ár suíomh idirlín www.prai.iele do thoil.

Coimeádtar léarscáil Clárlainne sa lár-oifig, ar a bhfuil gabháltais léirithe agus ar a bhfuil cearta, mar chearta slí sainithe. Is féidir an léarscáil Clárlainne a scrúdú agus is féidir léarscáileanna cóipe, a léiríonn pleananna faoi leith, a fháil.

Riartar an Scéim Céannachta Bunchíosa ó Chlárlann na Talún san Ionad Irish Life (Teileafón 01 6707500 nó Íosghlao 1890 333001).

Is féidir tuilleadh eolais ar Chlárlann na Talún a fháil ó shuíomh idirlín Chlárlann na Talún ag www.prai.ie

MET ÉIREANN

RAIDIÓ

Tugtar réamhhaisnéisí aimsire 'beo' sonraithe roinnt uaireanta gach lá ar RTÉ Raidió 1. Clúdaíonn an réamhaisnéis a tugtar ag 07.55 an tréimhse ar feadh 5 lae. Freisin áirítear réamhaisnéisí Met Éireann le Feasacháin Nuachta ar RTÉ Raidió 1, RTÉ 2FM, Today FM agus an chuid is mó de na stáisiúin raidió áitiúla.

TEILIFÍS

Cuirtear réamhaisnéisí aimsire Met Éireann i láthair ar RTÉ 1 agus RTÉ 2 go leor uaireanta sa lá agus bíonn cuid acu ar siúl ag an am céanna leis na príomhamanna nuachta. Tugann an láithreachas roimh 14.00 ar an Domhnach réamhaisnéis don tseachtain atá romhainn agus tá sé dírithe go príomha ar fheirmeoireacht. Bíonn réamhaisnéis ghearr aimsire ag an gcuid is mó d'achoimrí nuachta teilifíse.

RABHAIDH

Áirítear rabhaidh seaca do shaothraitheoirí torthaí in Aibreán agus Bealtaine leis na gnáth-réamhaisnéisí nuair is gá. Cuirtear rabhaidh faoi choinníollacha aimsire atá oiriúnach do scaipeadh dúchan phrátaí leis na príomh-réamhaisnéisí, áit a bhfuil sé cuí, idir Bealtaine agus Meán Fómhair. Eisítear foláirimh aimsire troime do bháisteach an-trom (tuilte), ghaotha láidre agus sneachta.

WEATHERDIAL Ó MET ÉIREANN

Déantar nuashonrú ar an eolas aimsire is deireanaí 3 huaire sa lá, gach lá ach glaoch ar "1550 123" móide an uimhir do do limistéar:

MUMHAN	850
LAIGHEAN	851
CONNACHT	852
ULADH	853
BAILE ÁTHA CLIATH	854
CEANTAR NA FARRAIGE /RABHAIDH GÁLA	855

Réamhaisnéisí/cairteacha/táirgí eitlíochta trí fhacs. 1570 131 838
(Dialaigh ón tonfhón atá ceangailte le do mheaisín facs)

Cosnaíonn glaonna €0.95 (guth) in aghaidh an nóiméid, €1.75 (facs). CBL san áireamh.
S.P: iTouch, 3050 Céide an Locha, Páirc Dhigiteach Iarthar na Cathrach, Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 01 411 2021

Do réamhaisnéisí deartha go speisialta (inmhuirir): Teil: 01 8064255, Facs: 01 8064275.

PÁIPÉIR NUACHTA

Foilsítear réamhaisnéis don tseachtain romhainn, d'fheirmeoirí go speisialta, i roinnt nuachtáin sheachtainiúla náisiúnta, feirmeoireachta agus áitiúil.

OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM

IMPLEACHTAÍ CÁNACHA SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA

Dlitear cáin ar an aoníocaíocht mar ioncam. Gearrfar cáin uirthi faoi Sceideal D, cé acu Cás I nó Cás IV, ag brath ar imthosca. Is sócmhainn inmhuirir í an teidlíocht íocaíochta chun críocha **gnóthachan caipitiúil**. Is féidir í a dhiúscairt trína díol, trína bronnadh srl. ach a sealbhaítear í. Na gnóthachain inmhuirir a eascraíonn ó idirbhearta sa teidlíocht íocaíochta; is leis an CGC ar an ngnáthbhealach a ghearrfar iad.

Dlitear cáin **fháltais caipitiúil** dála aon sócmhainne eile ar aistrithe na teidlíochta íocaíochta, bídís trí bhronntanas nó trí oidhreacht, agus tagann siad faoi réir ghnáthrialacha na cánach fáltais caipitiúil. Is amhlaidh ámh a aithneofar aistrithe na teidlíochta íocaíochta mar aistrithe maoine talmhaíochta chun críche Fhaoiseamh Talmhaíochta na cánach fáltais caipitiúil.

Is maoin do thadhaill í an teidlíocht íocaíochta chun críocha **dhleacht stampa** agus tiocfaidh dliteanas don dleacht stampa ag na rátaí maoine neamhchonaithí aníos ar ionstraim aistrithe teidlíochta íocaíochta ar an gcomaoin a bheidh iníoctha as aistriú na teidlíochta íocaíochta nó as luach margaidh na teidlíochta íocaíochta i gcás an bhronntanais. Féadann dliteanas i leith an dleachta stampa éirí aníos freisin faoi alt 31 de Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, ar chonradh i leith dhíola teidlíochta íocaíochta.

Ní fheidhmíonn aoníocaíocht mar chomaoin as aon soláthar idir an feirmeoir agus an Stát, agus is amhlaidh dá réir í a bheith lasmuigh de scóip na **CBL**. Tá cúinsí ann ina dtiocfaidh dliteanas CBL aníos, ámh, óir an teidlíocht íocaíochta a bheith inaistrithe leis an talamh nó gan é.

CÁIN IONCAIM/CÁIN CHORPARÁIDE/CÁIN GHNÓTHACHAN CAIPITIÚIL

Bíonn na brabúis ó cheird/thrádáil na feirmeoireachta agus ó ghnóthachain chaipitiúla ar dhiúscairt sócmhainní áirithe inmheasta os coinne/i leith na cánach ioncaim agus na cánach gnóthachan caipitiúil, faoi seach; mar ar trádálaí aonair é an feirmeoir. Bíonn na brabúis agus na gnóthachain sin inmheasta os coinne na cánach corparáide i gcás na gcuideachtaí feirmeoireachta, seachas sa chás go ndéanann an chuideachta talamh a dhiúscairt, mar a mbaineann an muirear le cáin ghnóthachan caipitiúil.

FAOISEAMH TALMHAÍOCHTA Ó CHÁIN FHÁLTAIS CAIPITIÚIL

Alt 89 den Acht Comhdhlúite Cánach Gnóthachan Caipitiúil 2003 atá Infheidhmithe i leith Bronntanas agus Oidhreachta Araon

1) Sainmhínítear "Maoin Talmhaíochta" mar "thalamh talmhaíochta, féarach agus coillearnach atá suite sa Stát agus barra, crainn agus scrobarnach ag fás ar an talamh sin, agus áirítear léi na foirgnimh fheirme, tithe feirme agus tithe móra úd (i dteannta leis na tailte lena ngabhann) a n-oireann a gcarachtar go hiomchuí leis an maoin, agus innealra feirme, beostoc agus eallach folaíochta ar an talamh sin, agus teidlíocht íocaíochta."
2) Chun críocha an fhaoisimh, ciallaíonn "feirmeoir" duine aonair ar maoin talmhaíochta sa Stát é 80% d'oll-luach margaidh a maoine tar éis dóibh bronntanas nó oidhreacht a thógáil. Ní dhéantar aon déaduchtú ó luach margaidh na maoine i gcomhair aon fhiach nó eirí seachas fiacha nó eirí i dtaobh teach cónaithe, arb é príomháit chónaithe an duine aonair nó an t-aon áit chónaithe atá aige/aici. Ní fheidhmíonn an tástáil "80%" i gcás na maoine talmhaíochta ar crainn agus scrobarnach atá uirthi.
3) Ríomhtar an faoiseamh i leith bronntanas agus oidhreachta an 23 Eanáir 1997 nó ina dhiaidh trí luach margaidh na "Maoine Talmhaíochta" a laghdú ag bunráta de 90%.

4) Aistarraingítear an faoiseamh má dhíoltar an mhaoin nó má soláthraítear go héigeantach é laistigh de shé bliana ó dháta an bhronntanais/na hoidhreachta, agus nach n-athcheannaítear maoin talmhaíochta eile laistigh d'aon bhliain amháin nó laistigh de shé bliana ón soláthar éigeantach, **nó nach bhfuil an tairbhí ina gcónaí sa Stát ar feadh na dtrí bliana cánach go léir díreach tar éis na bliana cánach a dtarlaíonn an dáta luachana.**

Tá bileog mhínitheach (Faoiseamh Talmhaíochta - CGC 5) ina leagtar amach na sonraí iomlána ar fáil ó Oifig CGC áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim i gceantar an Íocóra Cánach.

DLEACHTANNA STAMPÁLA

Is cánacha inmhuirir iad na Dleachtanna Stampála ar cháipéisí tráchtála agus dlíthiúla áirithe. Seasann stampaí múnlaithe ar cháipéisí don dleacht féin. Mura stampáiltear go cuí gníomhas lena n-aistrítear an úinéireacht, ní féidir brath air le teideal don mhaoin a chruthú. Is iad na dleachtanna stampála is mó aithne ag daoine orthu na dleachtanna stampála ar iníoctha iad ar sheiceanna, 30c, agus an dleacht stampa ar iníoctha é ar dhíol na dtithe agus an talaimh. Bíonn impleachtaí dleachta stampála ann i gcónaí le breithniú pé uair a cheannaítear maoin, ar nós talaimh agus foirgneamh. Gearrtar an dleacht ar an luach nó an chomaoin, a íoctar ar mhaoin nó, i gcás bronntanais, ar a luach margaidh oscailte. Ba cheart an CBL a eisiamh de réir mar is infheidhmithe ón gcomaoin inmhuirir. Is iad na rátaí reatha ar aistriú dhíol maoine seachas scaireanna nó urrúis indíolta:

DLEACHT STAMPÁLA AR MHAOIN CHÓNAITHEACH

Sáraíonn an Chomaoin Chomhiomlán €127,000	**Ráta le haghaidh ionstraimí a cuireadh i gcrích ar 5 Samhain 2007 nó ina dhiaidh.**
An chéad €125,000	Neamhní
An chéad €875,000 An eile	7%
Barraíocht thar €1,000,000	9%

Tá Ceannaitheoirí Céad Uaire díolmhaithe ó mhuirear um dhleacht stampála nuair atá siad ag ceannach a bpríomháit chónaithe (PAC).

DLEACHT STAMPÁLA AR MHAOIN NEAMHCHÓNAITHEACH

Comaoin Chomhiomlán	Ráta
Nach sáraíonn €10,000	Díolmhaithe
€10,001 - €20,000	1%
€20,001 - €30,000	2%
€30,001 - €40,000	3%
€40,001 - €70,000	4%
€70,001 - €80,000	5%
€80,001 - €100,000	6%
€100,001 - €120,000	7%
€120,001 - €150,000	8%
Níos mó ná €150,000	9%

Gearrtar an Dleacht Stampála freisin ar na nithe seo a leanas:

- Seiceanna ag 30c in aghaidh an tseic;
- Cártaí ATM ag €5 in aghaidh na bliana;
- Cártaí Dochair ag €5 in aghaidh na bliana;
- Comhchártaí ATM/Dochair ag €10 in aghaidh na bliana;
- Cártaí creidmheasa agus muirir ag €30.

Bíonn an dleacht stampála iníoctha nuair a aistrítear maoin laistigh den neasteaghlach (liosta ar fáil ag www.revenue.ie/revguide/stampduty.htm), ach gearrtar é ag leath den ghnáthráta a fheidhmítear.

Cuir i gcás: má aistríonn feirmeoir a fheirm de luach neamhchónaitheach ar an margadh oscailte de €200,000 chuig a mhac/iníon, bíonn dleacht stampála inmhuirir ann ar €200,000 ag ráta éifeachtach de 4.5% (os coinne na 9% a luaitear sna rátaí féin.)

Ní bhíonn aon dleacht stampála ar mhaoin a aistrítear trí mheán na n-oidhreachtaí.

Ní bhíonn dleacht stampála inmhuirir ann i leith aistrithe aon mhaoine idir céilí.

Tagann pionóis i bhfeidhm mura stampáiltear in am na cáipéisí inmhuirir don dleacht stampála.

Níl aon dleacht stampála ann trí chéile ar aistrithe beostoic agus innealra feirme, ach sa chás go n-aistrítear an mhaoin sin in éineacht leis an talamh, is féidir méid an dleachta is iníoctha a mhéadú. Mar shampla, má cheannaíonn feirmeoir feirm ar €65,000 tiocfaidh muirear ar dhleacht stampála ón ngníomhas aistrithe ag ráta neamhchónaitheach 4%, .i. €2,600. Má cheannaíonn sé/sí stoc agus innealra ag an am céanna agus mar chuid de cheannach na feirme, ámh; agus luach tuairim €20,000 aige, beidh an dleacht iníoctha ansin ar €65,000 ag 6% i. €3,900. Is amhlaidh é seo de bharr na comaoine iomláine a íocadh ar an tsraith idirbheart a bheith idir €80,001 agus €100,000.

FAOISEAMH UM SHUÍOMH A AISTRIÚ GO LEANBH

Forálann Alt 83B um dhíolmhú ó dhleacht stampála nuair a aistrítear suíomh, mar shampla ó thuismitheoir go leanbh chun críocha príomháit chónaithe an linbh a thógáil. Ní mór nach sáródh uasluach an tsuímh €500,000 ach nach sáródh an méid .4047 heicteár (1 acra).

FAOISEAMH DON FHEIRMEOIR ÓG ATÁ OILTE

Foráiltear in alt 81AA den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 d'fhaoiseamh ó dhleacht stampála ar aistriú, trí mheán bronntanais nó díola talaimh thalmhaíochta (lena n-áirítear foirgnimh) d'fheirmeoirí óga oilte a shásaíonn coinníollacha áirithe. Feidhmíonn an faoiseamh do ghníomhais a cuireadh i gcrích ar nó tar éis 2 Aibreán 2007 agus ar nó tar éis 31 Nollaig 2008.

Ní fheidhmítear an faoiseamh i leith léasanna nó mar a mbíonn cumhacht cúlghairme ann. Is ann don fhaoiseamh seo trí laghdú 100% sa dleacht stampa a chaithfí a íoc murach é. Caithfidh an t-aistrí a bheith ina fheirmeoir óg oilte, de réir mar a shainítear san Acht, le cáiliú Ní foláir do na daoine sin, tráth an dáta a ritheadh an ionstraim féin:

- Bheith faoi bhun 35 bliain d'aois;
- Bheith i seilbh ceann de na cáilíochtaí mar a leagtar amach san fhoirm SD2B(www.revenue.ie/leaflets/sd2b.pdf) atá ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim ó aon cheann de na 3 hoifig a liostaítear thíos nó ar www.revenue.ie faoin gceannteideal 'Leaflets and Guides' - 'Stamp Duty' – 'SD 2B'; agus
- Dearbhú a thabhairt leis an éifeacht ar feadh na tréimhse cúig bliana ó dháta rite an aistrithe:
  - Nach gcaithfidh sé nó sí níos lú ná 50% dá g(h)náthuaireanta oibre ag obair ar an talamh féin;
  - Go gcoinneoidh sé nó sí úinéireacht na talún;
  - Go dtabharfaidh sé nó sí a (h)uimhir PSP.

I dteannta na gcoinníollacha sin, ní foláir teastas a bheith sa ghníomhas aistrithe leis an mbrí go bhfeidhmítear forálacha Alt 81AA den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 don aistriú. Foráiltear san alt freisin d'aisíoc an dleachta a íocadh i líon teoranta imthosca.

FAOISEAMH COMHDHLÚITE FEIRME

Is in Alt 81C den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála 1999 a fhaightear na forálacha a bhaineann leis an bhFaoiseamh Comhdhlúite Feirme. Is é cuspóir an fhaoisimh ná comhdhlúthú gabháltas feirme a spreagadh le go ndéanfaí ilroinnt a laghdú agus go gcuirfí feabhas ar oibriú agus inmharthanacht na feirme/na bhfeirmeacha atá i gceist. Feidhmíonn an faoiseamh d'ionstraimí a cuireadh i gcrích ar nó tar éis 1 Iúil 2007 agus ar nó tar éis 30 Meitheamh 2009 ("an tréimhse ábhartha").

Rinne an tAire Airgeadais Ordú Tosaithe (I.R. Uimh. 783 de 2007) maidir le halt 81C ar 3 Nollaig 2007. Baineann an faoiseamh seo le bronntanais agus malairtí freisin áit a gcomhlíontar coinníollacha alt 81C.

Forálann an faoiseamh áit a n-eisíonn Teagasc deimhniú comhdhlúite bailí maidir le díol agus ceannach tailte, a tharla laistigh de 18 mí óna chéile agus laistigh den tréimhse ábhartha, ní íocfar dleacht stampála ar an gceannach ach sa mhéid is go sáraíonn luach na dtailte a ceannaíodh luach na dtailte a díoladh. Má tharlaíonn an díol roimh an gceannach, tabharfar an faoiseamh nuair a cheannófar tailte. Ach má cheannaítear talamh ar dtús, ní mór dleacht stampála a íoc, agus féadfar éileamh a dhéanamh ar aisíoc an dleachta nuair a dhíolfar talamh.

AISTRITHE FEIRME TEAGHLAIGH

Foráiltear le Alt 83B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála do dhíolmhú ó dhleacht stampála d'aistriú talamh feirme go leanbh ó thuismitheoir i gcomhthéacs socruithe áirithe teaghlaigh a mbaineann forálacha alt 599 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (mar atá leasaithe ag alt 52 den Acht Airgeadais, 2007) leo chun críocha cánach gnóthachan caipitiúil. Chun críocha alt 599 is é atá i gceist le leanbh ná leanbh le leanbh marbh, nianna agus neachtanna áirithe agus leanaí altrama.

Bíonn gá le breithniú áit a n-éilítear an faoiseamh sin.

Tuilleadh eolais
Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó na seoltaí agus na huimhreacha teileafóin atá liostaithe thíos. Is féidir gach bileog/foirm a íoslódáil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim:www.revenue.ie.

Ceantar Stampála Bhaile Átha Cliath, Réigiún Bhaile Átha Cliath, An Foirgneamh Stampála, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2. ***Íosghlao: 1890 48 25 82***	***Oifig Dleacht Stampála Chorcaí,*** An Réigiún Thiar Theas, Tithe an Rialtais, Cé Uí Shúilleabháin, Corcaigh. ***Teil (021) 43 25 000***	***Oifig Dleacht Stampála na Gaillimhe,*** Réigiún Teorann Lár na Tíre an Iarthair Teach an Chustaim, Sráid Flood, Gaillimh. ***Teil (091) 53 63 00***

CÁIN BHREISLUACHA

Is cáin ar chaitheamh na dtomhaltóirí í an Cháin Bhreisluacha (CBL). Is iad trádálaithe atá cláraithe i gcomhair CBL a bhailíonn í ar a soláthairtí earraí agus seirbhísí dá gcuid custaiméirí. Gearrann gach trádálaí sa slabhra soláthair ón táirgeoir go dtí an miondíoltóir CBL ar d(h)íolacháin inchánach, agus bíonn sé/sí i dteideal an CBL a íocadh ar c(h)eannacháin ghnó a asbhaint den tsuim sin (cé is moite de roinnt eisceachtaí m.sh. cairr, peitreal, béilí agus caiteachais siamsaíochta).

Chun críocha na CBL is feirmeoir é an duine a théann i mbun ghníomhaíochtaí táirgthe talmhaíochta ar thalamh leis/léi nó atá ina s(h)eilbh sa Stát. Tagraíonn 'táirgeadh talmhaíochta' chun críocha ginearálta na CBL, do tháirgeadh na n-earraí talmhaíochta (m.sh. táirgeadh barr; feirmeoireacht ghinearálta stoic; feirmeoireacht éanlaithe; an fhoraoiseacht; agus iascaigh) agus/nó soláthar seirbhísí talmhaíochta (m.sh. cur agus plandú; spraeáil barr; baint; aoireacht stoic, tógáil agus ramhrú; agus leagan crann).

RÁTAÍ CBL

Ní mór don fheirmeoir atá cláraithe i gcomhair CBL, CBL a ghearradh ag an ráta iomchuí ar a soláthairtí d'earraí agus seirbhísí inchánach. Taispeántar na rátaí a fheidhmíonn d'earraí agus seirbhísí éagsúla talmhaíochta sa tábla seo a leanas:

Ráta CBL	Earraí agus seirbhísí Talmhaíochta
Ráta nialais	Plandaí/síolta/bleibeanna don táirgeadh bia; Plandú/cur don táirgeadh bia.
4.8%	Eallach, caoirigh, muca, capaill, fianna, gabhair agus cúnna beo.
13.5%	Obair thógála feirme; draenáil agus míntíriú talaimh; Plandú/cur seachas don táirgeadh bia; Spraeáil barr; Baint; Aoireacht stoic; tógáil agus ramhrú; Leagan crann; Seamhan buaibheach; Síolta, bleibeanna, riosóim agus soláthairtí cosúlacha a úsáidtear chun táirgeadh talmhaíochta barra bithbhreosla.
21%	Fruiliú innealra; Léasú cuóta bainne (gan talamh); Iompar; Stóráil.

FEIRMEOIRÍ - DUALGAS CHUN CLÁRÚ DO CBL

Ní mór d'fheirmeoir clárú i gcomhair CBL má sháraíonn a láimhdeachas ó sholáthairtí áirithe, nó más dócha go sáróidh siad, an tairseach ábhartha do na soláthairtí úd thar thréimhse dhá mhí dhéag. Is iad seo a leanas na soláthairtí sin, in éineacht leis na tairseacha láimhdeachais ábhartha:

(a) Soláthairtí seirbhísí talmhaíochta (seachas seirbhísí inseamhnaithe, aoireacht stoic nó tógáil stoic) a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad €37,500;

(b) Soláthairtí seamhain bheostoic, seachas d'fheirmeoirí atá ceadúnaithe mar ionad don Inseamhnú Saorga; do dhuine faoi riail an fheirmeora, agus a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh, €75,000;

(c) Soláthairtí táirgí gairneoireachta miondíola a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad, €75,000;

Nóta: Nóta: Áit a bhfuil soláthairtí an fheirmeora ina seirbhísí á dtagraítear dóibh in (a) chomh maith leis na hearraí a dtagraítear dóibh in (b) nó (c) is é an tairseach ábhartha ná €37,500.

(d) Éadálacha Inphobail[1] a sháraíonn nó ar dócha go sáróidh €41,000;

(e) Seirbhísí an Cheathrú Sceidil[2], beag beann ar a luach;

(f) Soláthairtí d'earraí inchánach, seachas earraí talmhaíochta, a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad €75,000;

(g) Soláthairtí seirbhísí inchánach, seachas seirbhísí talmhaíochta, a sháraíonn nó ar dócha go sáróidh siad €35,000.

[1] Is earraí iad 'éadálacha In-Phobail' ó trádálaithe atá cláraithe do CBL i mBallstáit eile an AE. Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi éadálacha in-phobal maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta, féach ar dhuilleog eolais na gCoimisinéirí Ioncaim, *Farmers and Intra-EU Transactions* (CBL uimh. 12/01).

[2] Is seirbhísí áirithe iad 'seirbhísí an Ceathrún Sceidil' a fhaightear ó thar lear agus atá san áireamh ar liosta na seirbhísí a fhoráladh sa Cheathrú Sceideal don Acht CBL, 1972. Is samplaí iad ar a leithéid de sheirbhísí gur féidir leo a bheith faighte ón iasacht le linn gníomhaíochta feirmeoireachta naí seirbhísí cuntasaíochta seirbhísí dlí innealtóireacht/ailtireacht seirbhísí comhairliúcháin seirbhísí teileachumarsáide agus fruiliú innealra agus trealamh. Le tuilleadh sonraí a fháil féach bileog eolais na gCoimisinéirí Ioncaim *Seirbhísí na Ceathrún Sceidil* (Uimh. CBL 2/04).

Má tá dualgas ar fheirmeoir éigin clárú i leith a s(h)eirbhísí Cheathrú Sceideal (dá dtagraíonn alt (e)), ní foláir dó/di cuntas a thabhairt don CBL freisin i ndáil lena n-éadálacha in-Phobail (dá dtagraíonn alt (d)), beag beann ar luach na n-éadálacha in-Phobail.

Má tá dualgas ar fheirmeoir clárú i leith a (h)éadálacha in-Phobail ar sheirbhísí Cheathrú Sceideal, déantar an clárú sin a 'imfhálú' go héifeachtach i leith na n-éadálacha in-Phobail agus/nó na seirbhísí Cheathrú Sceideal. Níl aon dualgas ar an bhfeirmeoir clárú i leith a g(h)níomhaíochtaí feirmeoireachta.

Ar ndóigh, sa chás go bhfuil dualgas ar fheirmeoir clárú don CBL i ndáil le soláthairtí aon earraí nó seirbhísí eile, mar a imlínítear in ailt (a), (b), (c), (f) agus (g) thuas, ní mór dó/di cuntas a thabhairt don CBL i ndáil le gach gníomhaíocht dá c(h)uid, lena n-áirítear an fheirmeoireacht.

FEIRMEOIRÍ - ROGHA CHUN CLÁRÚ DON CBL

I gcás feirmeora nach gá dó/di clárú i gcomhair CBL, is féidir leo roghnú chun clárú.

Más mian le feirmeoir a roghnaigh chun clárú i gcomhair CBL a c(h)lárú a chealú ina dhiaidh sin, féadann sé/sí cealú trí shocrú lena c(h)eantar áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadann na Coimisinéirí Ioncaim aisghabháil chuid éigin nó iomlán na CBL glaine a aisíocadh leis an bhfeirmeoir le linn na tréimhse ar roghnaigh sé/sí clárú ina leith ag na Coimisinéirí Ioncaim teacht as seo, ámh.

TAIFID AGUS ASCHUIR

Tá iallach ar fheirmeoir CBL-cláraithe chun taifid a choinneáil ar cheannacháin agus dhíolacháin ionas gur féidir leis/léi aischuir CBL démhíosúil a chríochnú (m.sh. Eanáir/Feabhra, Márta/Aibreán, Bealtaine/Meitheamh, Iúil/Lúnasa, Meán Fómhair/ Deireadh Fómhair agus Samhain/Nollaig). Tá aischur CBL do gach tréimhse dé-mhíosúil dlite ar an 19ú lá den mhí i ndiaidh deireadh na tréimhse ábhartha. Má sháraíonn CBL gearrtha ar dhíolachán an CBL a tabhaíodh ar cheannacháin, ba chóir íocaíocht a bheith in éineacht leis an aischur mar atá iomchuí. Má sháraíonn an CBL a tabhaíodh ar cheannacháin an CBL gearrtha ar dhíolacháin, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aisíoc ar an difir, mar atá iomchuí.

'MÉID BREISE AR RÁTA COMHRÉIR'

Níl feirmeoirí nach bhfuil cláraithe do CBL i dteideal aisghabháil a dhéanamh ar an CBL a gearradh ar a gcuid costais feirmeoireachta (m.sh. innealra feirme, leictreachas srl.) I gcoitinne, tugtar cúiteamh do a leithéid de fheirmeoirí as ucht na táillí CBL trí úsáid méid ar ráta comhréidh (5.2% faoi láthair) a bhíonn á chur leis na praghsanna lena dhíolann siad a gcuid táirgí agus seirbhísí le daoine atá CBL-cláraithe (m.sh. margaí, comharchumainn talmhaíochta agus monarchana feoil). Cuirtear an 'méid breise ar ráta comhréidh' ar an méid cúitimh seo agus níl sé mar an gcéanna leis an ráta CBL atá infheidhmithe do ghníomhaíochtaí feirme. Cuirtear 'feirmeoirí ar ráta comhréidh' ar fheirmeoirí nach bhfuil cláraithe do CBL, agus atá i dteideal íocaíochta an mhéid bhreise ar ráta comhréidh dá réir sin.

Mar shampla,

Díolann feirmeoir ar ráta comhréidh méid áirithe bainne a tháirgeadh óna t(h)réad déiríochta le comharchumann talmhaíochta atá cláraithe do CBL do €1,000.

Is é an méid breise ar ráta comhréidh ag 5.2% ná €52

Gearrann an feirmeoir €1,052 ar an gcomharchumann.

AISÍOCAÍOCHTAÍ CBL AR FHOIRGNIMH FEIRME AGUS OIBREACHA DRAENÁLA TALAIMH

I gcoitinne, tá sé de theideal feirmeora ar ráta comhréidh aisíoc a fháil ar CBL a dhéanann sé/sí maidir le caiteachas ar fhoirgnimh feirme agus oibreacha draenála talaimh.

Caithfidh éilimh do aisíoc a bheith críochnaithe ar an bhfoirm iomchuí (Foirm CBL 58). Bíonn éilimh singil a thagann chuig níos lú ná €125 neamhcheadaithe. D'fhéadfadh go mbeadh a leithéid d'éilimh léirithe le héilimh eile ón éilitheoir céanna chomh fada agus a sháraíonn an comhluach an éilimh iomlán €125.

Má tá feirmeoir ar ráta comhréidh cláraithe do CBL maidir le héadálacha In-Phobal agus/nó seirbhísí an Cheathrú Sceidil amháin, bheadh sé/sí fós i dteideal aisíoc CBL a rinne sé maidir lena leithéid d'oibreacha. É sin ráite, seachas a bheith ag déanamh éilimh faoi leith d'aisíoc, ba chóir don aisíoc a bheith éilithe mar asbhaint ón méid CBL iníoctha ag an bhfeirmeoir lena (h)aischur tréimhsiúil CBL.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TÁIRGTHE BAINNE

D'fhéadfadh go bhfaigheadh feirmeoir ar bith atá ag smaoineamh ar Chomhpháirtíocht Táirgthe Bainne a bhunú é a bheith úsáideach chun bileog eolais na gCoimisinéirí Ioncaim *"VAT Issues for Milk Production Partnerships" a léamh* (Uimh. CBL 1/04).

Is féidir tuilleadh eolais ar seo nó ar aon cheist eile a fháil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie nó ó do réigiún áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

AN PLEAN BAINISTÍOCHTA COTHAITHE FEIRME FAOI ALT 659 DEN ACHT UM CHOMHDHLÚTHÚ CÁNACHA, 1997

Is féidir le gach feirmeoir ag leanúint Plean Bainistíochta Cothaithe Feirme leas a bhaint as an liúntas rialaithe truaillithe feirme do chaiteachas caipitiúil in Alt 659 den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha, 1997 faoi réir srianta áirithe.

Beidh Plean Bainistíochta Cothaithe na Feirme de réir ceann díobh seo a leanas:

- Plean Agra-thimpeallachta arna ullmhú faoin Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- Plean arna ullmhú faoin Scéim Bainistíochta Cothaithe Dobharcheantair na hÉirne;
- Plean Bainistíochta Cothaithe Feirme arna ullmhú de réir na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn.

Is féidir Treoirlínte ar Phlean Bainistíochta Feirme a ullmhú a fháil ó Oifigí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúr (AES) na Roinne (féach an liosta d'oifigí AES ag Aguisín 1B). Is féidir tuilleadh eolais maidir le foráil Alt 659 den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha, 1997 a fháil ó oifigí áitiúla na gCoimisinéirí Ioncaim.

SUIRBHÉIREACHT ORDÁNAIS NA hÉIREANN

Tairgeann Suirbhéireacht Ordanáis Éireann raon leathan de léarscáilíocht i bhformáid páipéir agus digiteach. Is iad ár gcuid léarscáileanna ar scála-mór de cheantair tuaithe na rudaí is mó spéise don phobal feirmeoireachta – tá na léarscáileanna seo ar scála 1:2500/ 1:5000 do cheantair tuaithe agus cheantair leath-tuaithe agus ar scála 1:10,000 do réigiúin sléibhtiúla. Tá an tír go léir clúdaithe beagnach ag léarscáilíocht ar scála 1:2500 le léarscáileanna níos sin ar scála 1:2500 athchurtha anois ag léarscáilíocht nua ar scála 1:5000. Mar shampla, clúdaíonn gach 1:2500 ceantar atá **thart ar** 300 heicteár agus léiríonn sé foirgnimh, fálta, draenacha, aibhneacha agus bóithre srl. Os rud é go léiríonn léarscáileanna 1:2500 ceantair pháirceanna is féidir leo a bheith fíor-úsáideach mar bhunús do phleanáil feirme: is féidir úsáid a bhaint astu chun taifid a choinneáil ar churaíocht, ar shuíomh na ndraenacha nó seochanna faoi thalamh agus ar thorthaí an tsuirbhé chré. Is táirgí iad aerfótagrafaíocht agus aera-ortagrafadóireacht gur féidir úsáid a bheith bainte astu mar fhoinse eolais don phobal feirmeoireachta, is féidir le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann clúdach náisiúnta a sholáthar d'aerfótagrafaíocht agus aera-ortagrafadóireacht a tógadh i 1995 (D/B) agus 2000 (ildaite) óna oifigí díolacháin i bPáirc an Fhionnuisce.

Is féidir le léarscáilíocht a bheith curtha ar fáil ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus a ngréasán de ghníomhairí mar dhuillíní caighdeánacha nó mar sheirbhís suímh lárnaigh de réir éilimh, i bhfoirm páipéir nó digiteach.

I measc na roghanna tá:

- Scála ar bith;
- Ceapa páipéir nó i roinnt formáidí digiteacha éagsúla;
- Léarscáileanna ilchodacha;
- Páipéar de mhéid A4 go A0;
- Téamaí roghnaithe do tháirgí digiteacha;
- Pacáistí Pleanála.

Tá léarscáileanna stairiúla de 6 orlach agus 25 orlach ar fáil chomh maith, ach ní thaispeánann na léarscáileanna 6 orlach dáileachtaí talún áfach.

SONRAÍ Ó LÉARSCÁILEANNA DIGITEACHA

Tá sonraí den tsaghais Íomhá Digiteach (rastar) agus sonraí den tsaghais Gnéithe Digiteach (veicteoir) ar fáil i roinnt formáidí caighdeánacha tionsclaíocha agus cuirtear ar fáil iad i roinnt roghanna meáin. Is féidir leis na sonraí den tsaghas veicteoir agus rastair digiteach chur in oiriúint do shonraíochtaí an chustaiméara. Ó 2006 i leith, beidh gréasán gníomhairí Léarscáileanna Áite de chuid Suirbhéireacht Ordanáis Éireann in ann léarscáilíocht a sholáthar i bhformáid digiteach. Beidh sé indéanta léarscáilíocht digiteach a cheannach chomh maith ó phríomhoifig díolacháin de chuid Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ag Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath.

AERFÓTAGRAFAÍOCHT

Tá clúdach náisiúnta ar scála-ghrianghrafadóireachta 1:30,000 agus 1:40,000 ar fáil. Tógadh an ghrianghrafadóireacht seo i 1995 agus 2000 agus le linn 2005/06; tá ceantair roghnaithe eile ar fáil idir scála-ghrianghrafadóireachta 1:5000 go 1:20,000. Tá aerfótagrafaíocht ar fáil mar phriontaí dubh agus bán agus ildaite araon.

CONAS LÉARSCÁILEANNA NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS A FHÁIL

Tá gníomhairí Léarscáileanna Áite Suirbhéireachta Ordanáis i mBaile Átha Cliath, sa Mhuileann gCearr, i bPort Láirge, i gCill Chainnigh, i gCill Airne, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, sa Chabhán, i mBaile Átha Luain agus i Sord ina bhfuil léarscáilíocht i bhformáid páipéir nó digiteach ar fáil le ceannach, glacann cuid mhaith de na daoine seo le horduithe trí ghuthán agus facs. Mura bhfuil a leithéid indéanta, is féidir léarscáilíocht a fháil ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Teil: 01 8025349, Facs: 01 8220979. Nuair a ordaíonn tú léarscáileanna ar scála mór - léarscáileanna ar scála 1:1000, 1:2500, 1:5000, 25 orlach nó 6 orlach, bíonn sé riachtanach ionad an ghabháltais a shonrú nó gnéithe eile atá á chlúdach ag an léarscáil, bheadh sé níos fearr má shonraítear an baile fearainn ina bhfuil an gabháltas.

Is féidir le raon táirgí Turasóireachta agus Áineasa ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a cheannach ar líne ónár siopa léarscáileanna ar líne www.irishmaps.ie agus ó siopaí leabhair maithe.

Is féidir níos mó eolais a fháil maidir lenár gcuid táirgí agus seirbhísí ónár suíomh idirlín www.osi.ie nó trí theagmháil a dhéanamh lenár Roinn Díolachán Léarscáileanna - Teil: 01 8025349.

Is féidir ainmneacha agus seoltaí ár ngníomhairí Léarscáileanna Áite a fháil ar ár suíomh idirlín nó trí ghlao a chur ar ár láthair fáiltithe i bPáirc an Fhionnuisce. Teil: 01 8025300

AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH

AN SCÉIM UM CHÚNAMH FEIRME

Cad is Cúnamh Feirme ann?
Is é is brí le cúnamh feirme ná íocaíocht sheachtainiúil faoi réir thástáil acmhainne d'fheirmeoirí ar ioncam íseal.

Cé is féidir leo a bheith incháilithe do Chúnamh Feirme?
Beidh tú incháilithe má:

- Tá tú i d'fheirmeoir;
- Tá tú idir 18 agus 66 bliana d'aois;
- Shásaíonn tú tástáil acmhainne.

Conas a oibríonn an tástáil acmhainne?
D'fhonn cáiliú do Chúnamh Feirme, caithfidh tú tástáil acmhainne a shásamh, is é sin, go bhfuil do chuid acmhainní faoi bhun leibhéal áirithe. San áireamh le d'acmhainní tá:

- Ioncam ar bith atá agat féin nó ag do chéile/pháirtí;
- Maoin atá agat féin nó ag do chéile/pháirtí (seachas do theach);
- Sócmhainn(í) eile a d'fhéadfadh ioncam a fhoráil duit.

Cé mhéid is féidir liom a fháil?
Má cháilíonn tú, cuimseoidh d'íocaíocht ráta pearsanta duit féin le méideanna breise do dhuine fásta cáilithe agus cleithiúnaithe leanaí. Ríomhtar do ráta seachtainiúil íocaíochta trí do mheasúnú acmhainne seachtainiúil a bhaint ón uasráta Cúnaimh Feirme a bheadh iníoctha duit mura raibh acmhainní ar bith agat.

Is iad na rátaí seachtainiúla do Chúnamh Feirme ná:

	€
Uasráta Pearsanta	197.80
Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe (*)	131.30
Gach Cleithiúnaí Linbh Lán Ráta (**)	24.00
Leath-Ráta	12.00

Nóta:

(1) (*) Níl liúntas do Dhuine Fásta cáilithe iníoctha má tá do pháirtí/chéile ag fáil íocaíocht Leasa Sóisialaigh nó íocaíocht ón HSE nó ar chúrsa oiliúna lánaimseartha VTOS nó FÁS agus liúntas á fháil acu. Má tá do chéile/pháirtí ar liúntas cúramóra leath-ráta tá liúntas do dhuine fásta cáilithe iomlán iníoctha.

(2) (**) Tá méadú de €24.00 iníoctha do gach leanbh cleithiúnach má fhaigheann tú méadú do dhuine fásta cáilithe. I gcás nach gcáilíonn tú dá leithéid de mhéadú d'fhéadfadh go mbeadh méaduithe ar leath-ráta do leanbh cleithiúnach iníoctha.

Conas a íoctar é?
Má cháilíonn tú, déanfar íocaíochtaí ar bhonn seachtainiúil. Is féidir leat rogha a dhéanamh chun d'airgead a bheith íoctha go díreach i do chuntas bainc (Aistriú Ciste Leictreonaigh) nó trí Dhréacht Poist ag d'Oifig Phoist áitiúil.

Conas a chuirfidh mé iarratas isteach?
Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Chúnamh Feirme tríd an bhfoirm iarratais, FARM 1, a chomhlánú, atá ar fáil ó:

- Do Oifig Leasa Shóisialaigh Áitiúil;
- Líne Ísosghlao na Roinne do Bhileoga - 1890 20 23 23;
- www.welfare.ie le híoslódáil

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Chúnamh Feirme déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh Áitiúil (féach an t-eolaí teileafóin áitiúil le haghaidh sonraí). Tá eolas ar fáil freisin ar shuíomh idirlín na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, www.welfare.ie

Ranníocaíochtaí Iníoctha
Ón 1 Eanáir 2007 d'fhéadfadh custaiméirí Chúnamh Feirme féinfhostaithe a bheith faoi dhliteanas ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh ar a gcuid ioncaim ón bhféinfhostaíocht. Is féidir le custaiméir Chúnamh Feirme féinfhostaithe nach bhfuil dliteanas air/uirthi ÁSPC a íoc a bheith ina ranníocóir deonach má chomhlíonann sé/sí roinnt coinníollacha.

Le haghaidh tuilleadh sonraí déan teagmháil le Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Bóthar Chorcaí, Port Láirge Teil: 051 356000

ÁSPC DO CHÉILÍ FEIRME

Céilí Feirme & ÁSPC: An Seasamh Ginearálta Reatha
Tá eisiamh ar leith ó ranníocaíochtaí árachas sóisialta do chéilí ranníocóir féinfhostaithe. Aithníonn an t-eisiamh seo na deacrachtaí praiticiúla i socrú nádúir chaidrimh fostaíochta dílis in imthosca áirithe mar shampla nuair a rangaítear duine a fhostaítear faoi chonradh seirbhíse (m.sh. mar fhostaí) ag a c(h)éile mar ranníocóir "eisiata" faoi dhlí an leasa shóisialaigh. Mar thoradh ar sin, ní féidir le céilí feirmeoireachta ÁSPC a íoc ach amháin má tá siad bainteach le ceann de thrí chás.

I dtosach, caitear le céilí atá fostaithe go gníomhach i gcomhpháirtíocht tráchtála (seachas de bheith mar chomhúinéirí maoin) mar ranníocóirí féinfhostaithe aonair agus mar sin tá siad faoi dhliteanas ranníocaíochtaí árachas sóisialta. Cumasaíonn na ranníocaíochtaí seo dóibh, a dhéantar faoi Aicme ÁSPC S, taifid árachais a chur le chéile de réir a cheart féin agus chun sochair fabhraíochta a fháil. I gcoitinne tuigtear comhpháirtíocht mar cheangal idir bheirt nó níos mó daoine d'fhonn gnóthachain nó roinnt a dhéanamh ar obair agus brabúis fhiontair. Níl dliteanas do ranníocaíochtaí ÁSPC teagmhasach ar úinéireacht maoine ach ar nádúr na socruithe gnó idir an bheirt acu. Ní chruthaíonn comhúinéireacht maoine comhpháirtíocht ann féin.

Sa dara dul síos, má tá gnó teaghlaigh ionchorpraithe mar chomhlacht teoranta, is féidir le céilí bainteacht leis an ngnó taifead árachais shóisialaigh a bhunú mar fhostaithe nó mar ranníocóirí féinfhostaithe – ag brath ar cé acu a bhfuil conradh seirbhíse ann.

Sa tríú dul síos, tá sé ar eolas go bhfuil daoine fostaithe i bhfeirmeoireacht ag glacadh le fostaíocht "as-feirme" ar bhonn méadaitheach. Cuireann sé seo le cumas céilí feirmeoireachta nach mbeadh faoi árachas murab sin taifead árachas sóisialta a fhorbairt de réir a saothair "as-feirme". Chomh maith leis sin, is féidir le céilí feirmeoireachta a bhí fostaithe roimhe sin clúdach árachas sóisialta a chothú sa fhadtréimhse trí ranníocaíocht a dhéanamh leis an scéim ranníocaíochta deonaigh ÁSPC.

Tá athbhreithniú déanta ar an reachtaíocht a thugann eisiamh do chéilí a thugann cúnamh i bhfiontair theaghlaigh, cosúil le feirmeoireacht, ó árachas sóisialta ar roinnt uaireanta. I 2002, agus mar aitheantas ar an riachtanas breithniú a dhéanamh ar an cheist níos sainiúla de ranníocaíochta árachas sóisialta do chéilí feirme, tionóladh grúpa idir-Rannach leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe ina cathaoirleach air. Is é an chonclúid a bhí aige ná "*trí chomhpháirtíochtaí gnó a bhunú tugtar bealach rochtana láithreach do chlúdach árachas sóisialta mar gheall go bhfuil sé bunaithe ar reachtaíocht reatha. Ní chuirfeadh socruithe mar sin aon chostas suntasach riaracháin breise ar ghnólachtaí feirme: mar shampla, leanfaidh cúpla atá faoi dhliteanas cháin ioncaim faoi chómheasúnú nó measúnú ar leithligh ar aghaidh ag déanamh aon tuairisc chánach amháin gach bliain, is é an t-aon athrú a bheadh ann ná go mbeidh ioncam fhiontar na feirme á chionroinnt de réir na socruithe comhpháirtíochta…*".

Le déanaí, i 2005, rinne an grúpa 'Samhail Árachas Sóisialta Uilechuimsitheach) (SÁSU), a bunaíodh faoin 'Clár um Rathúnas agus Cothroime' – agus a athbhunaíodh faoin gcomhaontú náisiúnta 'Dul Chun Cinn a Choinneáil' chun iniúchadh a dhéanamh ar bhearta dírithe ar samhail árachas sóisialta uilechuimsitheach a fhorbairt, nóta faoi shuntas an rogha comhpháirtíochta chun ligean d'oibrithe feirme, agus go háirithe céilí, taifead árachas sóisialta dá gcuid féin a thógáil. Mhol sé go gcuirfí tuilleadh eolais faoi na himpleachtaí cánach agus leasa sóisialaigh de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht nó i gcuideachta theoranta ar fáil do theaghlaigh féinfhostaithe trí chomhbhileog ceaptha agus foilsithe ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh araon. Tá sé beartaithe go mbeidh an foilseachán seo ar fáil don phobal go luath i 2008.

Tá forálacha reachtaíochta reatha sa réimse seo cosúil le heisiamh comhchosúla i reachtaíocht chun fostaíocht a chosaint atá cumhdaithe san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus san Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.

Níl pleananna ann faoi láthair chun na forálacha reatha a athrú.

COMHPHÁIRTÍOCHT FEIRME

Má tá comhpháirtíocht dhílis ar fheirm is féidir leis an dá chéile a bheith measta de bheith i bhféinfhostaíocht inárachais go haonarach ar mhaithe le hÁrachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC). Chomh luath agus a sháraíonn ioncam gach comhpháirtí ón bhfiontar feirme tairseach de **€3,174** in aghaidh na bliana bheadh an t-ioncam seo inmheasta ar mhaithe le ÁSPC agus bheadh ranníocaíochtaí ÁSPC iníoctha ag ráta **3%**, nó **€253 in aghaidh na bliana, pé ceann atá níos mó, i gcás a bhfuil ioncam faoi bhun €26,000 in aghaidh na bliana** agus ag ráta **5% de gach ioncam seachas sin** (.i. an Ranníocaíocht Sláinte san áireamh).

Ní thabharfadh ioncam faoin tairseach de €3,174 in aon bhliain amháin dliteanas ranníocaíochta. Stadfadh an duine de bheith faoi árachas maidir leis an mbliain sin (faoi réir coinníollacha áirithe, d'fhéadfadh duine ina leithéid de imthosca iarratas a dhéanamh chun a bheith ina ranníocóir deonach d'fhonn clúdach árachas sóisialta a choinneáil). Leanfadh ranníocaíochtaí níos luaithe nó iarmhartacha, ar ndóigh, de bheith inmheasta do shochair agus do phinsin ÁSPC Aicme S.

Cad is comhpháirtíocht ann?

Is comhpháirtíocht é an caidreamh atá ann idir dhaoine a dhéanann gnó le chéile d'fhonn brabús a dhéanamh. Is féidir go mbeadh teacht ar chuid den bhrabús ag duine inmheasta mar fhianaise go bhfuil an té i gceist mar chomhpháirtí i ngnó.

- **Caithfidh** an chomhpháirtíocht a bheith dílis agus á thacú ag an bhfianaise doiciméadach iomchuí cosúil leis, an t-eiseadh de chomhchuntais ghnó leis na bainc srl. Ba chóir go mbeadh fianaise ann chomh go bhfuil na gníomhaíochtaí gnó cláraithe i gcomhainmneacha lena n-áirítear sonraisc, cuntais mhargaidh, cuntais uachtarlainne, cuntais íoc is iompair, iarratais um deontais fheirme, uimhreacha tréada, polasaithe árachas gnó srl.
- Is é an táscaire is tábhachtaí de eiseadh comhpháirtíochta gnó ná roinnt na mbrabús (nó na gcailliúintí). Ba chóir go mbeadh fáil ar Thuairisceán Cháin Ioncaim gach comhpháirtí ag léiriú a c(h)uid den bhrabúis. I gcás lánúin phósta atá ag déanamh tuairisceán cháin ioncaim faoi chómheasúnú nó faoi mheasúnú ar leith, caithfear ioncaim na beirte a thaispeáint.

- Ba chóir go mbeadh an tuairisceán cháin ioncaim déanta i gceart ar bhonn na bliana reatha – ní ghlactar le hiarratais do shiardhátú an stádais Chomhpháirtíochta.

Ríomhtar ranníocaíochtaí ÁSPC de réir sonraí ioncaim a choinnítear i dtuairisceán Cháin Ioncaim.

Moltar gur chóir do dhaoine aonaracha a théann i mbun comhaontú comhpháirtíochta comhairle dlí a lorg sula ndéantar é.

Cad iad na Sochair?

Clúdaíonn Aicme ÁSPC S an ranníocóir do na sochair seo a leanas:

- An Pinsean Stáit (Ranníocach) – a thugtaí an Pinsean (Ranníocach) Seanaoise air roimhe seo;
- Pinsean Baintrí agus Baintrí Fir (Ranníocach);
- Sochar Máithreachais;
- Sochar Uchtála;
- An Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) – a thugtaí an Liúntas (Ranníocach) Dílleachta air roimhe seo, agus
- An Deontas Méala – a thugtaí an Deontas Báis air roimhe seo.

Nóta: *Ní chuireann scéimeanna agus cláir a riarann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia constaic roimh chomhpháirtíochtaí gnó aon-fheirme a bhunú.*

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi na cúrsaí seo, déan teagmháil le Seirbhís Faisnéise na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1 Teil: 01-704-3274; ríomhphost: info@welfare.ie; suíomh idirlín: www.welfare.ie.

COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR (CFI)

Bunaíodh CFI mar ghníomhaireacht reachtúil i 1999 chun forbairt eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn, a chothú agus a spreagadh i Réigiún an Iarthair, ina n-áirítear na contaetha seo: Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, Maigh Eo, Gaillimh agus an Clár.

AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA

Is iad cúig sprioc straitéiseach CFI ná:

- Cur le forbairt réigiúnach chothromaithe trí chinntiú go mbaineann réigiún an iarthair an leas is mó as a chumas d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta;
- Na leasanna atá le bheith i do chónaí, ag obair agus dul i mbun gnó san iarthar a chur chun cinn;
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe ar gheilleagar na tuaithe;
- Caipiteal riosca a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta;
- An CFI a oibriú mar eagraíocht chumasach éifeachtach.

Further information can be obtained from the Western Development Commission, Dillon House, Ballaghaderreen, Co. Roscommon, Website: www.wdc.ie Tel: 094 9861441 Email: info@wdc.ie

aguisíní

AGUISÍN 1A

AN ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA - PRÍOMHOIFIGÍ

Príomhoifig - An Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Íosghlao: 1890 200 510 nó 01 6072000

Oifig an Chabháin - Foirgnimh Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán.
Íosghlao: 1890 200 508 nó 049 4368200

Oifig Mhaigh Nuad - Campas Gnó Mhaigh Nuad, Bloc B, Maigh Nuad Co. Chill Dara.
Teil: 01 5053300

Oifig Phort Laoise - Tithe Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise.
Íosghlao: 1890 200 506 nó 057 8674400

Línte Cabhracha do Cheisteanna Bunaithe ar Cheantair agus Ceisteanna Gaolmhara Eile a eascraíonn as Iarratas Aonfocaíochta
Íosghlao 1890 252 242: Cill Dara, Laois, Liatroim, An Longfort, Port Láirge agus Cill Mhantáin
Íosghlao 1890 252 243: Ceatharlach, Cill Chainnigh, Lú, Muineachán agus Sligeach.
Íosghlao 1890 252 244: Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Uíbh Fhailí agus Loch Garman.
Íosghlao 1890 252 235: An Clár, An Cabhán agus Luimneach.
Íosghlao 1890 252 236: Corcaigh agus an Iarmhí
Íosghlao 1890 200 502: Gaillimh, Ciarraí, Maigh Eo, An Mhí agus Ros Comáin.
Íosghlao 1890 252 598: Tiobraid Árann, Préimh Dhéiríochta agus Cúiteamh Bhiatas Siúcra.

Línte Cabhracha do Cheisteanna Teidlíochtaí Aonair
Íosghlao 1890 252 240: Comhdhlúthú Teidlíochtaí
Íosghlao 1890 200 560: Trádáil agus Aistriú Teidlíochtaí (2006 agus 2007)
Íosghlao 1890 252 051: An Cúlchiste Náisiúnta
Íosghlao 1890 252 611: Cásanna Neamhréitithe 2005

Scéimeanna na mBarr Fuinnimh agus Cur i Leataobh Neamhbhia
057 867 8701 agus 057 867 8709

An Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste
Íosghlao 1890 200 114

Oifig Loch Garman - Eastát Chaisleáin Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.
Íosghlao: 1890 200 509 agus 053 9163400

Oifig Chloich na Coillte - Iascaigh Mhara, Aonad C, Lárionad Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. *Íosghlao: 1890 252 741 nó 023 59500*

Rannóg	Gach uimhir ag tosú le (01) ach Áit a léirítear a mhalairt
An Rannóg Cóiríochta	6072883/6072878
Rannóg na gCuntas, An Cabhán	049 4368200
Rannóg na Struchtúr Talmhaíochta, Loch Garman	053 9163400
An Rannóg Comhshaoil	
An Scéim um Scor ó Fheirmeoireacht; ríomhphost: ers@agriculture.gov.ie	
An tAonad Feirmeoireachta Orgánaí; ríomhphost: organics@agriculture.gov.ie	Íosghlao 1890 200 509
An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath; ríomhphost: reps@agriculture.gov.ie	
An Rannóg um Chúnamh do Stóráil Phríobháideach, Loch Garman	053 9163400
An Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhinsin, Port Laoise	057 8667167
	Íosghlao 1890 671 671

Rannóg	Gach uimhir ag tosú le (01) ach Áit a léirítear a mhalairt
An Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe	
Líne Chabhrach Fliú Éanúil	Íosghlao 1890 252 283
Leas Ainmhithe/Údarás Áitiúil/Seirbhísí Tréidliachta/Triosc	6072049
Seirbhísí Saotharlainne Tréidliachta/Galair Aicme B/Imscrúduithe Sláinte Ainmhithe	6072859
Rialú Capall	074 9145035
Galair Aicme A	6072862
TSE (BSE/An Scráibeach)	6072407/6072574
Aitheantas Caoirigh/Muice	6072901
Iompórtáil/Easpórtáil Cat agus Madraí	6072827
Iompórtáil/Easpórtáil Beostoic, Capall, Éan – Nósanna Imeachta Coraintín	6072862
Gearb Caorach	6072000 Folíne 3000
Íocaíochtaí do Scráibeach	6072989
An tSaotharlann Lárnach Rialaithe Feola, Coimpléasc Saotharlann Bacastún	6157368
An Rannóg Bailiúcháin, An Cabhán	049 4361022
Bailiúchán Íocaíochtaí Ainmhithe Tite, Loch Garman	053 9170327
Rannóg na nGnóthaí Corparáideacha	
An Oifig Phreasa	6072190
Eolas	6072802
Comhordú	6072544
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, Port Laoise	057 8694327
An tAonad um Sheirbhís Chustaiméara Ardchaighdeáin, Port Laoise	057 8694330
An tAonad Fiosrúchán	6072690
Rannóg na mBeartas Barr agus Comhlachtaí Stáit	6072852
Aonad na mBeartas Bithbhreoslaí, Port Laoise	057 8692231
Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr	
Ábhair Bheathaithe d'Ainmhithe	5053576
Tástáil Éagsúlachta Síolta Gránbharr agus Deimhniú Síolta	5053580
Trádáil Leasacháin agus Plandaí	5053579
Gortóireacht	5053578
Cúnamh Deontais PFN (Gortóireacht, Prátaí agus Stóráil Grán)	5053580
Lotnaidicídí	5053579
Prátaí	5053342
Trádáil Plandaí	5053579
Rannóg Measúnaithe Cineál Bairr, Coimpléasc Saotharlann Bacastúin	6302900
An tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta, Coimpléasc Saotharlann Bacastúin	6157465
An Rannóg Eacnamaíochta agus Pleanála	6072927
Rannóg ERAD, Maigh Nuad	5053497/5053472
Ceadúnú agus Úsáid Leigheasanna Ainmhithe	5053318
Rannóg Trádála an AE	6072724
An Rannóg Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta, Loch Garman	053 9163400
An Rannóg Airgeadais	6072799
An Rannóg Bia	6072841

Rannóg	Gach uimhir ag tosú le (01) ach Áit a léirítear a mhalairt
An Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia	
Allmhairiú Táirgí de Bhunadh Ainmhithe	6072892/6072896
Idirchaidreamh Sábháilteachta Bia	6072046/6072443
An Rannóg Foraoiseachta, Loch Garman	
Ceaduithe, Deontais 2ú Tráthchoda, Préimheanna Iartheachtacha, Pinsin, Leasú ón Aer agus Scéim Choillearnach Dhúchasach	053 9176002
Céad Dheontas agus Céad Phréimheanna	053 9160193
2ú Tráthchuid, Préimheanna	053 9165533
Beartas Oibriúcháin	053 9163435
Athrú Iarrthóra	053 9160213
Leagadh	053 9160170
Bainistíocht Airgeadais	053 9160187
Pleanáil agus Forbairt Foraoiseachta	053 9160180
Aonad na mBeartas	053 9160216
Cur Chun Cinn agus Oiliúint Foraoiseachta	053 9160178
An tAonad Achomhairc	053 9165587
Rialú Coillte, Coillte & COFORD, Tailte	053 9160171
Comhordú agus Athbhreithniú Reachtaíochta	053 9176013
Traschomhlíonadh	053 9160184
Rannóg na gCóras Faisnéise	6072922
An tAonad Iniúchta Inmheánaigh	6072459
Rannóg na nOibríochtaí Idirghabhála, Loch Garman	053 9163437
Bord na gCapall, Maigh Nuad	5053584
An Rannóg Bainistíochta Tionscadail ISO	6072120
An Rannóg um Sheirbhísí Dlí	6072542
Rannóg na dTailte, An Cabhán	049 4368259
Oifig an Scrúdaitheora & an Chláraitheora	6072097
Oifig an Aturnae	6072814
An Brainse Taifead, Clárlann na Talún (Áitreabh na Cartlainne Náisiúnta), Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8	4750766/4750767
An Brainse Suirbhéanna, Clárlann na Talún (Áitreabh na Cartlainne Náisiúnta), Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8	4750769/4750770
An Rannóg um Phórú Beostoic, An Cabhán	049 4368200
An Rannóg Seirbhísí Bainistíochta, Port Laoise	057 8694306
An Rannóg Sláinteachas Feola agus Fothairgí Ainmhithe, Port Laoise	
Sláinteachas Feola/Monarchana Feola	057 8694101
Fothairgí Ainmhithe	057 8694343
Rannóg na mBeartas Feola	
Beartas Mairteola	6072880
An Lárionad Táillí, Port Laoise	057 8694334
Caoireoil	6072935
Muiceoil	6072700
Éanlaith Chlóis/Uibheacha	6072064
Rannóg na mBeartas Bainne	6072856/6072857

Rannóg	Gach uimhir ag tosú le (01) ach Áit a léirítear a mhalairt
Rannóg na bhFóirdheontas Bainne, Loch Garman	053 9163405
Rannóg na nGealltanas Mairteola Náisiúnta, Maigh Nuad	5053300
Rannóg na Scéimeanna Infheistíochta Ar An bhFeirm, Loch Garman	
An Scéim um Shuiteáil Feirmeoirí Óga	053 9170323
An Scéim Tithíochta Cránach (Leas Ainmhithe)	053 9170382
An Rannóg Pearsanra	
An Fhoireann Riaracháin	6072806
Oifigigh Talmhaíochta	6072811
An Fhoireann Cigireachta	6072944
Oiliúint agus Forbairt Foirne	6072783
Foireann Tréidliachta/Dhlíthiúil	6072252
An tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí, Coimpléasc Saotharlann Bacastúin	6157552
An Rannóg Forbartha Tuaithe	
Beartas Forbartha Tuaithe	6072885
Iascaigh Mhara, Cloich na Coillte	023 59500 nó Íosghlao 1890 252741
Bainistíocht Chrios an Chósta	
Riarachán Iascaigh Mhara	
Calafoirt Iascaigh/Cosaint an Chósta	
Ceadúnú/Clárú	
Beartas agus Forbairt Bia Mara	
An Rannóg Deimhnithe Síolta	
Saotharlann Tástála Síl, Coimpléasc Saotharlann Bacastúin	6157518
Ionad Prátaí Tops	074 9145488
Rannóg Scéim na hAoníocaíochta, Port Laoise	057 8674400 or Lo-call: 1890 200 506
Saotharlann Taighde Tréidliachta, Coimpléasc Saotharlann Bacastúin	6157106

AGUISÍN 1B

OIFIGÍ ÁITIÚLA NA ROINNE

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil roinnt seirbhísí Roinne scoilte laistigh de chontae nó go gclúdaíonn siad cuid de chontae eile sna cásanna atá marcáilte le réiltín (*) thíos. Tá an scoilt bunaithe de réir raonta uimhir tréada a liostaítear ag deireadh Aguisín 1B.

CONTAE	SEOLADH	TEILEAFÓN
CEATHARLACH Tréidliacht Beostoc AES	Eastáit Tionsclaíochta, Bóthar Bhaile Átha Í, Ceatharlach.	059 9170022
AN CABHÁN Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán.	049 4368200
AN CLÁR Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Bóthar Chill Rois, Inis, Co. an Chláir.	065 6866042
CORCAIGH Corcaigh Thoir-Thuaidh * Tréidliacht Beostoc	Hibernian House, 80 An Meal Theas, Corcaigh.	021 4851400
AES (Mala/Mainistir Fhear Maí an Iarthuaiscirt)	Cnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí.	022 21153
Corcaigh Láir * Tréidliacht Beostoc AES	Hibernian House, 80 An Meal Theas, Corcaigh.	021 4851400
Corcaigh Thiar * Tréidliacht Beostoc AES	Dairbhre, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.	023 36200
DÚN NA nGALL Tréidliacht Beostoc	Sráid Theach an Tionóil, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall.	074 9145990
AES (Dún na nGall Theas)	Ionad na Seirbhíse Poiblí, Droim Lonnachair, Baile Dhún na nGall.	074 9721048
AES (Dún na nGall Thuaidh)	Oifigí an Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.	074 9122199

CONTAE	SEOLADH	TEILEAFÓN
BAILE ÁTHA CLIATH Tréidliacht (Baile Átha Cliath & Cill Mhantáin Thoir*) Beostoc (Baile Átha Cliath & Cill Mhantáin Thoir*) AES (Baile Átha Cliath)	Teach Naomh Eoin, An tSráid Mhór, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	01 4149900
GAILLIMH Tréidliacht Beostoc AES (Gaillimh Thiar)	Foirgneamh Dockgate, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh.	091 507600
AES (Gaillimh Thuaidh)	An Meal, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	093 24257
AES (Gaillimh Thoir & Theas)	An Phríomhshráid, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	091 841098
CIARRAÍ Tréidliacht Beostoc AES (Ciarraí Thuaidh)	Oifigí an Rialtais, Bóthar an Spá, Trá Lí, Co. Chiarraí.	066 7145052
AES (Ciarraí Theas)	Foirgneamh an Chomhair Chreidmheasa Bóthar na Feá, Cill Airne, Co. Chiarraí.	064 31013
CILL DARA Tréidliacht (Cill Dara & Cill Mhantáin Thiar*) Beostoc (Cill Dara & Cill Mhantáin Thiar*)	Teach na Poibleoige, Cearnóg na Poibleoige, An Nás, Co. Chill Dara.	045 873035
AES	Teach Gharraí an Earraigh, Bóthar Sallins, An Nás, Co. Chill Dara.	045 894044
CILL CHAINNIGH Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh.	056 7772400
LAOIS Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise.	057 8674400
LIATROIM Tréidliacht Beostoc	An Phríomhshráid, Droim Seanbhó, Co. Liatroma.	071 9682000
AES	Oifigí an Rialtais, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma.	071 9620030 071 9620066

CONTAE	SEOLADH	TEILEAFÓN
LUIMNEACH Tréidliacht Beostoc AES	Halla Houston, Ascaill Bhaile an Choimín, Eastáit Tionsclaíochta an Ráithín, An Ráithín, Luimneach.	061 500900
AN LONGFORT Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Bóthar Bhéal Átha na Lao, An Longfort	043 50020
LÚ Tréidliacht Beostoc	An Ché Thuaidh, Droichead Átha, Co. Lú.	041 9870086
AES	Oifigí an Rialtais, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú.	042 9334342
MAIGH EO Tréidliacht Beostoc AES (Maigh Eo Thiar)	Teach Michael Davitt, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.	094 9035300
AES (Maigh Eo Thoir)	An Chearnóg, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo.	094 9371490
AES (Maigh Eo Thuaidh)	Oifigí an Rialtais, Sráid Humbert, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.	096 22161
AN MHÍ Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Áth Luimnigh, Cill an Chairn, An Uaimh, Co. na Mí.	046 9079030
MUINEACHÁN Tréidliacht Beostoc	An Phríomhshráid, Béal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin.	042 9748800
AES	Seanbheairic na nGardaí, Muineachán.	047 81452
UÍBH FHAILÍ Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Cluain Minse, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.	057 9346037
ROS COMÁIN Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin.	090 6630100

CONTAE	SEOLADH	TEILEAFÓN
SLIGEACH Tréidliacht Beostoc AES	Oifigí an Rialtais, Bóthar an Chrainn Mhóir, Sligeach.	071 9155030
TIOBRAID ÁRANN Tréidliacht & Beostoc (Tiobraid Árann Theas*)	Oifigí an Rialtais, Sráid Davis, Tiobraid Árann.	062 80100
Tréidliacht, Beostoc & AES (Tiobraid Árann Thuaidh*)	Oifigí an Rialtais, Bóthar Naomh Conláin, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.	067 50014
AES (Tiobraid Árann Láir)	Cearnóg na Saoirse Durlas, Co. Thiobraid Árann.	0504 21664
AES (Tiobraid Árann Theas)	Oifigí an Rialtais, An Ché Nua, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann.	052 21717
PORT LÁIRGE Tréidliacht Beostoc AES (Port Láirge Thoir)	An Ghleann, Port Láirge.	051 301700
AES (Port Láirge Thiar)	Na hOifigí Nua Cathartha, Cé Davitt, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.	058 41279
AN IARMHÍ Tréidliacht Beostoc	Bellview, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.	044 9339034
AES	Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.	090 6494439
LOCH GARMAN Tréidliacht Beostoc AES	Lána Chnoc Fhíodh na gCaor, Teampall Sheanáin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman.	053 9242008
CILL MHANTÁIN AES	Uimh. 2, The Murrough, Baile Chill Mhantáin.	0404 25000
Cill Mhantáin Thoir* Tréidliacht Beostoc	Féach Co. Bhaile Átha Cliath.	
Cill Mhantáin Thiar* Tréidliacht Beostoc	Féach Co. Chill Dara	

*Dualgais cheantair de sheirbhísí Tréidliachta agus Beostoic in oifigí áitiúla áirithe

Oifig	Raonta Uimhreacha Tréada
Corcaigh Thoir-Thuaidh	D269001 – D270999 D272001 – D277999 D297001 – D298999 D308001 – D311999 D322001 – D415999
Corcaigh Láir	D198001 – D224999 D233001 – D268999 D271001 D278001 – D296999 D299001 – D307999 D312001 – D321999
Corcaigh Thiar	D101001 – D197999 D225001 – D232999
Tiobraid Árann Theas	V177001 – V263999
Tiobraid Árann Thuaidh	V101001 – V176300
Cill Mhantáin Thiar (Cill Dara)	Z201001 – Z226999
Cill Mhantáin Thoir (Baile Átha Cliath)	Z101001 – Z148999

AGUISÍN 1C

CIGIREACHT NA SEIRBHÍSE FORAOISEACHTA

POST	CIGIRE	SEOLADH	TEILEAFÓN	FACS/RÍOMHPHOST
Príomhchigire Foraoiseachta	Diarmuid McAree	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01-6072651 087-2551491	01-6072545 diarmuid.mcaree@agriculture.gov.ie
An tArdchigire (Foraoiseacht)	John Connelly	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01-6072917 087-2549699	01-6072545 john.connelly@agriculture.gov.ie
Cigire Rannóige Rannóg I An Deisceart	Fergus Moore Grád I	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman	053-91- 60207 087- 6750700	053-91- 43834 fergus.moore@agriculture.gov.ie.
Cigire Rannóige Rannóg II An Tuaisceart	Séamus Dunne Grád I	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01- 607 2275 087-2515524	01 6072545 seamus.dunne@agriculture.gov.ie
Cigire Rannóige (Iniúchóir Comhshaoil)	Noel Foley Grád I	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgneamh Leasa Shóisialaigh, Bóthar Oliver Plunkett, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	074 -91-21848 087-2515525	074-91-22791 noel.foley@agriculture.gov.ie
Cigire Rannóige (Fardal Foraoiseachta)	Christy O'Donovan Grád I	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Na hOifigí Cathartha, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge	058-45845 087-2536567	058-45808 christy.odonovan@agriculture.gov.ie

POST	CIGIRE	SEOLADH	TEILEAFÓN	FACS/RÍOMHPHOST
Cigire Rannóige Cosaint Foraoise, Ábhar Atáirgthe Foraoise, ISPM 15	Gerard Cahalane Grád I	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01- 6072932 087-2515521	01- 6072545 gerard.cahalane@ agriculture.gov.ie

RANNÓG I - LIMISTÉIR				
3. Ceatharlach, Cill Chainnigh Thuaidh (S.O. 1-21), Laois Thoir (S. O. 5, 9, 14, 19, 20, 25, 26, 31, 32, 36, 37), Cill Dara	Billy Murren Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid na hEaglaise, Graig Chuillin. Ceatharlach	059-91- 42710 087-2536563	059 –91- 42711 billy.murren@ agriculture.gov.ie
4. Port Láirge, Cill Chainnigh Theas (S.O. 22- 47)	Robert Hamilton Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach an Chustaim, An Ché, Port Láirge	051-858722 087-6697072	051-858710 robert.hamilton@ agriculture.gov.ie
5. Corcaigh Thuaidh & Thoir (S.O. 1-56, 60-67, 71-78, 83-89, 95-100, 109-113, 124-125, 137)	Brian Mahoney Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgneamh Irish Life, An Meal Theas, Corcaigh.	021-4274233 087-6395423	021-4272114 brian.mahoney@ agriculture.gov.ie
6. Corcaigh Thiar Theas (S.O. 57-59, 68-70, 79-82, 90-94, 101-108, 114-123, 126-136, 138-153 / Ciarraí Theas (S.O. 69-75,79-112)	Eugene Curran Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, 27 Sráid Chnoc na Lobhar, An Sciobairín, Co. Chorcaí.	028-23400 087-2536576	028-23401 eugene.curran@ agriculture.gov.ie
7. Luimneach, Tiobraid Árann Thiar Thuaidh (S.O. 9-11, 13-16, 19-21, 25-27,31-32, 37-38)	John Madden Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Halla Houston, Ascaill Ballycummin, Eastát Tionsclaíochta an Ráithín, An Ráithín, Luimneach	061-306819 087-2536561	061-306815 john.madden@ agriculture.gov.ie

9. An Clár	Kevin Keary Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Phroinsais, Inis, Co. an Chláir	065- 6865986 087-6331852	065- 6865982 kevin.keary@ agriculture.gov.ie
15. Thiobraid Árann Theas agus Láir (S.O. 12,17, 18, 22-24, 28-30, 33-36, 39-91)	Seamus Kennedy Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach ACC, Cearnóg na Saoirse Durlas, Co. Thiobraid Árann	0504- 90599 087-6468522	0504- 90852 seamus.kennedy@ agriculture.gov.ie
17. Ciarraí Thuaidh/Thiar (S.O. 1-68, 76-77)	Ciarán Nugent Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Ionad an Oileáin, Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí	066-7142706 087-9682040	066-7142707 ciaran.nugent@ agriculture.gov.ie
18. Loch Garman Theas (S.O. 18- 54) Traschomhlíonadh /Straitéis Fhoraoiseachta Thascach /GIS.	Frank Barrett Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman	053- 91- 60217 087 - 2191029	053-91-76010 frank.barrett@ agriculture.gov.ie

RANNÓG II – LIMISTÉIR				
1.Baile Átha Cliath Thuaidh (S.O. 1-19), Lú, Muineachán, An Mhí (ach amháin S.O. 8, 9, 10, 14, 15, 16, 22, 23)	Folúntas	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.		
2. Baile Átha Cliath Theas (S.O. 20-28) Cill Mhantáin, Loch Garman Thuaidh (S.O. 1-17)	Kevin Collins Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar,An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01-6072502 087-2229200	01-6072545 kevin.collins@ agriculture.gov.ie

8. Uíbh Fhailí/Laois Thiar (ach amháin S.O. 5, 9,14, 19, 20, 25, 26, 31, 32, 36, 37) Tiobraid Árann Thuaidh (S.O. 1- 8)	Charles Fahy	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach Hamilton, Sráid Emmet, Biorra, Co. Uíbh Fhailí.	057-91-21805 087-2536569	057-91-21806 charles.fahy@ agriculture.gov.ie
10. Gaillimh	Donal Keegan Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach Ross, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh	091- 539560 087-6296088	091- 539561 donal.keegan@ agriculture.gov.ie
11. Maigh Eo	Tom Kavanagh Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach Michael Davitt,Caisleán an Bharraigh Co. Mhaigh Eo	094- 90- 35390 087-2284265	094- 90-23633 tom.kavanagh@ agriculture.gov.ie
12. Sligeach, Liatroim, An Cabhán Thiar (S.O. 1-16, 19)	Senan Kelly Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Tithe an Rialtais, Bóthar an Chrainn Mhóir, Sligeach	071-91- 41283 087-2691150	071 –91- 41351 senan.kelly@ agriculture.gov.ie
13. Dún na nGall	Martin Regan Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Bóthar an Mhuilinn, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	074- 95 - 51852 087-2536562	074- 95 - 51853 martin.regan@ agriculture.gov.ie
14. An Cabhán (ach amháin S.O. 1-16, 19), An Longfort, An Iarmhí, An Mhí Thiar (S.O. 8-10, 14-16, 22-23)	Eddie Healy Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Bellview, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	044-49993 087-2536573	044-44062 eddie.healy@ agriculture.gov.ie

16. Ros Comáin	Matt Fallon Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid an Eaglais, Ros Comáin	090 66 30149 087-2536575	090 66-27269 matt.fallon@ agriculture.gov.ie

COSAINT FORAOISE, ÁBHAR ATÁIRGTHE FORAOISE, ISPM 15				
Cosaint Foraoise, Ábhar Atáirgthe Foraoise, ISPM 15	Tom McDonald Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01-6072286 087-6697106	01-6072545 tom.mcdonald@ agriculture.gov.ie
Cosaint Foraoise, Ábhar Atáirgthe Foraoise, ISPM 15	Cormac O'Flynn Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgneamh an Chríochfoirt, Calafort Tivioli, Corcaigh.	021-4501632 087 6219877	021- 4501633 cormac.oflynn@ agriculture.gov.ie
Cosaint Foraoise, Ábhar Atáirgthe Foraoise ISPM 15	Cathal Ryan Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01- 6072242 087 270 9970	01- 6072545 cathal.ryan@ agriculture.gov.ie
Cosaint Foraoise, Ábhar Atáirgthe Foraoise, ISPM 15	Folúntas Grád III			
Cosaint Foraoise, Ábhar Atáirgthe Foraoise, ISPM 15	Folúntas Grád III			

AN COMHSHAOL				
An Comhshaol	Pat O'Callaghan Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Muileann, Sráid na hEaglaise, An Chathair, Co. Thiobraid Árann	052-45768 087-2536564	052-45771 pat.ocallaghan@agriculture.gov.ie
An Comhshaol	Folúntas Grád III			
Éiceolaí Foraoiseachta	Orla Fahy Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Teach Davitt, Caisleán an Bharraigh Co. Mhaigh Eo	094- 90- 35393 087-6206458	094- 90-23633 orla.fahy@agriculture.gov.ie
Seandálaí	Emmet Byrnes Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, 3 Thiar, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.	01-6072229 087-2283697	01-6072545 emmet.byrnes@agriculture.gov.ie

FARDAL FORAOISÍ AGUS TÍRDHREACH				
Fardal Foraoiseachta	Mark Twomey Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, 2A Foirgneamh Irish Life, An Meal Theas, Corcaigh.	021- 4905334 087-2786095	021- 4272114 mark.twomey@agriculture.gov.ie
Fardal Foraoiseachta	John J. Redmond Grád III	An tSeirbhís Foraoiseachta An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman	053-91- 60215 087 9956782	053- 91- 76010 Johnj.redmond@agriculture.gov.ie
Tírdhreach agus Dearadh	Pat Farrington Grád II	An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman	053-91- 53501 087-2283696	053- 91- 76010 pat.farrington@agriculture.gov.ie

AGUISÍN 1D

SAOTHARLANNA AGUS STÁISIÚIN ALLAMUIGH

	Seoladh	Teileafón
An tSaotharlann Tástála Fola	Bóthar na Modh-Fheirme, Corcaigh	021 4545377
An tSaotharlann Lárnach Rialaithe Feola	Coimpléasc Saotharlann Bacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara	01 6157368
An tSaotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta	Coimpléasc Saotharlann Bacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara	01 6157106
Measúnú an Chineáil Bhairr	f/ch Teagasc, Feirm Bhaile idir Dhá Abhainn, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí	025 27530
An tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta	Coimpléasc Saotharlann Bacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara	01 6157465
An tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta	Bóthar na Modh-Fheirme, Corcaigh	021 4543300
An tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta	Bóthar Chill Liaile, Luimneach	061 452444
Measúnú Náisiúnta an Chineáil Ionad Bhairr	Feirm Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara	01 6302900
Seirbhís Rialaithe Lotnaidicídí	Coimpléasc Saotharlann Bacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara	01 6157552
An tSaotharlann Sláinte Plandaí	Coimpléasc Saotharlann Bacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara	01 6157504
Feirm Prátaí & Saotharlann	Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall	074 9145490
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach	Bóthar na Modh-Fheirme, Corcaigh	021 4543931
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach	Ráth an Leigéadaigh, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	056 7721688
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach	Cnoc an Lisín, Luimneach	061 452911
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach	Droichead Fawcetts, Dún Aille, Sligeach	071 9142191
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach	Cuasán, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí	0906 475514
Saotharlann Tástála Síl	Coimpléasc Saotharlann Bacastúin, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara	01 6157518

AGUISÍN 1E

FOIREANN UM DHEIMHNIÚ TEICNIÚIL PRÁTA PÓIR

An tUasal Michael Murray, Maoirseoir Limistéir
Ionad Measúnaithe Náisiúnta an Chineáil Bhairr,
Feirm Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara.

Teil: 01 6302925/086 8123679

CIGIRÍ PÓIR AGUS FEITHEOIRÍ CEANTAIR (F. C.)

Ceantar	Ainm agus Seoladh	Teileafón
	An tUasal R Treacy (F.C.) Dún Mhaoile, Bealach Féich Co. Dhún na nGall	**074 9131069**
An Baile Nua/Bealach Féich	An tUasal H Gallagher, 41 Garrán an Úlloird, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.	074 9126362
Leifear Uimh. 1	An tUasal T Patton, Lána na Croiche, Leifear, Co. Dhún na nGall.	074 9141542
Leifear Uimh. 2	An tUasal S Given, Teach Burnview, Rossigier, Leifear, Co. Dhún na nGall.	074 9141060
	An tUasal P Clarke (F.C.) Oifigí an Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	**074 9122591**
Fánaid	An tUasal. J.V. Kelly, Baile na Bó, Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall.	074 9158311
Ráth Mealtain	An tUasal J.P. Crawford, An Ardaidh, Ráth Mealtain, Co. Dhún na nGall.	074 9151187
Bun an Phobail/Magh/Bun Cranncha	An tUasal H Holmes, Ballyratten Bun an Phobail, Leifear, Co. Dhún na nGall.	074 9382602
Ráth an Tóiteáin	An tUasal P Gallagher Oifigí an Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	074 9122591

Ceantar	Ainm agus Seoladh	Teileafón
	An tUasal R. Kirby (F. C.) An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia Áth Luimnigh, Cill an Chairn, An Uaimh, Co. na Mí	**046 9082975**
Cill Dara, Baile Átha Cliath Agus Cill Mhantáin Thuaidh	An tUasal T Cunniffe, 3 Ard Knockcullen Cnoc Lín, Baile Átha Cliath 16.	01 4944613
Lú agus Muineachán	Malachy Quigley, Éadan Ceall Crois an Mhaoir, Dún Dealgan, Co. Lú	042 93775413
Baile Átha Cliath agus An Mhí	(Folúntas)	
	An tUasal M. McDonagh (F. C.) Bóthar Bhaile an Tóchair, Lahassaragh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	**067 41664**
Ceatharlach, Loch Garman, Cill Mhantáin, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann agus Oirthear Phort Láirge	**(Folúntas)**	
Ros Comáin, An Clár, Gaillimh, Sligeach, Maigh Eo, Laois, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, An Longfort, Tiobraid Árann Thuaidh	An tUasal P Finnerty, Talamh Falmaireach Órán Mór, Co. na Gaillimhe	091 794561
Port Láirge, Oirthear Chorcaí agus Tiobraid Árann Theas	An tUasal J Casey, Saotharlann Tástála Fola, Bóthar na Modh-Fheirme, Corcaigh	021 4545377
Ciarraí, Iarthar Chorcaí agus Luimneach	An tUasal M Stafford, Malindi, Farnahoe Inis Eonáin, Co. Chorcaí.	021 4775518

AGUISÍN 1F

CIGIRÍ SLÁINTE PLANDAÍ

Baile Átha Cliath, An Mhí, Lú, Cill Mhantáin agus Loch Garman Barry Delany	Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053355 Facs: 01 5053564
Cill Dara, Laois, Uíbh Fhailí Sheila Nolan	Feirm Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara. Teil: 01 6302914 Facs: 01 6280634
Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, An Clár William Larkin	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Saotharlann Tástála Fola, Bóthar na Modh-Fheirme, Baile an Easpaig, Corcaigh. Teil: 021 4545377 Facs: 021 4545694
Cill Chainnigh, Port Láirge, Ceatharlach agus Tiobraid Árann Mairead Fanning	Coláiste Talmhaíochta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Teil: 051 644554 Facs: 051 643446
Muineachán, An Cabhán, An Longfort agus An Iarmhí Jerome Walsh	Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053360 Facs: 01 5053564
Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo agus Gaillimh Christy Quinn	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Tithe an Rialtais, Lóiste na Sionainne, Cora Droma Rúisc Teil: 078 20095 Facs: 078 21810

AGUISÍN 1G

AN RANNÓG INNEALTÓIREACHTA MUIRÍ

Cuireann an Rannóg Innealtóireachta seirbhís chomhairleach, chigireachta, deartha agus tógála ar fáil don Roinn agus don Rialtas Láir go ginearálta ar na gnéithe uile d'Innealtóireacht Mhuirí.

Bíonn raon oibre curtha ar fáil ag an Rannóg Innealtóireachta, idir obair chomhshaoil sna timpeallachtaí muirí agus fionnuisce, obair a bhaineann le hiascaigh in aibhneacha agus locha, obair a bhaineann le dobharshaothrú, obair ar fhorbairtí urthrá a chur i bhfeidhm, obair chosanta chósta agus seirbhís chomhairleach, deartha agus tógála maidir le forbairtí calafoirt.

Príomhoifig Lána Líosain Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6782000 Facs: 01 6616798	**Réigiún an Oirthir** Lána Líosain Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6782000 Facs: 01 6616798
Réigiún an Iarthair Teach Ross, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh Teil: 091 564514 Facs: 091 568316	**Réigiún an Iarthuaiscirt** An Phríomhshráid Uachtarach, Béal Átha Seanaidh Co. Dhún na nGall Teil: 071 9852561 Facs: 071 9852563
Réigiún an Iardheiscirt 3 Ardán Greenview Cé an Phrionsa Trá Lí Co. Chiarraí Teil: 066 7127235 Facs: 066 7128213	**Réigiún an Deiscirt** Teach Darach, Bóthar Bessboro Machain Corcaigh. Teil: 021 4515100 Facs: 021 4515122

AGUISÍN 2 - TEAGASC

COLÁISTÍ TALMHAÍOCHTA AGUS GAIRNEOIREACHTA

COLÁISTÍ TALMHAÍOCHTA

Coláiste Talmhaíochta, Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin.
Teil: 049 4338108, Facs: 049 4338540
Príomhoide: An tUasal Felix McCabe
felix.mccabe@teagasc.ie

Coláiste Talmhaíochta, Dairbhre, Cloich na Coillte, Co Chorcaí.
Teil: 023 33302, Facs: 023 34449
Príomhoide: An tUasal JJ Harty
jj.harty@teagasc.ie

Coláiste Talmhaíochta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh
Teil: 051 644400, Facs: 051 643797
Príomhoide: An tUasal Frank Murphy
frank.murphy@teagasc.ie

Coláiste Talmhaíochta Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann.
Teil: 067 21282, Facs: 067 21290
Príomhoide: An tUasal Michael Pearson
principal@gurteencollege.ie

Coláiste Talmhaíochta Bráithre Proinsiasaigh, An Creagán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 090 9679205, Facs: 090 9679276
Príomhoide: An tUasal Tom Burke
tburke@agbellewosf.ie

Coláiste Talmhaíochta Salesian, Pailís Chaonraí, Co Luimnigh.
Teil: 061 393100, Facs: 061 393005
Príomhoide: An tUasal John McCarthy
info@pallaskenry.com

COLÁISTÍ GAIRNEOIREACHTA

Coláiste Gairneoireachta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.
Teil: 051 643105, Facs: 051 643797.
Leas-Phríomhoide: An tUasal Ciaran Walsh
ciaran.walsh@teagasc.ie

Coláiste Gairneoireachta Taitneamhachta, Garraithe Náisiúnta na Lus Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.
Teil: 01 8374388, Facs: 01 8377329.
Príomhoide: An Dr Paul Cusack
college@botanic.teagasc.ie

Coláiste Gairneoireachta Salesian, Baile an Bhairínigh, Droim Rí, Co. na Mí.
Teil: 01 8259392, Facs: 01 8259632.
Príomhoide: Harold Lawlor
hlawlor@warrenstowncollege.ie

AN STIÚRTHÓIREACHT NÁISIÚNTA UM SHEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA

AONAD CHEANTAR AN CABHÁIN/MHUINEACHÁIN

OIFIGÍ: Oifig Chomhairleach Teagasc, Coláiste Bhéal Átha hÉis, Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin *[Ceanncheathrú]*
Teil: 049 4338300 Facs: 049 4338304.

Teagasc, Teach na Marglainne, Bóthar Ghránaird, Baile Shéamais Dhuibh, Co. an Chabháin.
Teil: 049 8544499 Facs: 049 8544063

Teagasc, Cúil Seannach, Muineachán.
Teil: 047 81188/81170 Facs: 047 81408

Teagasc, Radharc an Locha, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin.
Teil: 042 9740072 Facs: 042 9746659

AONAD CHEANTAR AN CHLÁIR

OIFIGÍ: Teagasc, Bóthar an Stáisiúin, Inis, Co. an Chláir *[Ceanncheathrú]*
Teil: 065 6828676 Facs: 065 6828301

Teagasc, Fossabeg, An Scairbh, Co. an Chláir.
Teil: 061 921093/921311 Facs: 061 921525

Teagasc, Ard na Coille, Inis Díomáin, Co. an Chláir.
Teil: 065 7071077/7071635 Facs: 065 7071261

Teagasc, Baile Urradh, Cill Rois, Co. an Chláir.
Teil: 065 9051189/9051676 Facs: 065 9051459

AONAD CHEANTAR CHORCAÍ THOIR

OIFIGÍ: Teagasc, Bóthar an Fhearainn Léith, Corcaigh *[Ceanncheathrú]*
Teil: 021 4545055/4545489 Facs: 021 4343598

Teagasc, Knockgriffen, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí.
Teil: 021 4631898/4631184 Facs: 021 4631745

Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.
Teil: 025 42244 Facs: 025 42384

Teagasc, Sandfield, Mala, Co. Chorcaí.
Teil: 022 21936/21898 Facs: 022 42657

Institiúid Shéamais Uí Chaoimh, Áth Trasna, Co. Chorcaí.
Teil: 029 60220/60671 Facs: 029 60675

Teagasc, Halla Carnegie, Sráid an Mhuilinn, Co. Chorcaí.
Teil: 029 70031/70489 Facs: 029 70886

Teagasc, An Linn Ghorm, Ceann Toirc, Co. Chorcaí.
Teil: 029 50164/50565 Facs: 029 51181

AONAD CHEANTAR CHORCAÍ THIAR

OIFIGÍ: Teagasc, Bóthar Chill Bharra, Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 023 45113/45406 Facs: 023 45161

Teagasc, Códrom, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.
Teil: 026 41604/41605 Facs: 026 42317

Teagasc, Áras Beanntraí, An Chearnóg, Beanntraí, Co. Chorcaí.
Teil: 027 50265/51344 Facs: 027 51869

Teagasc, Sráid Uí Chonghaile, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí.
Teil: 023 41589/41104 Facs: 023 44038

Teagasc, Cora an Fhéich, An Sciobairín, Co. Chorcaí.
Teil: 028 21574/21888 Facs: 028 22398

Teagasc, Oifig Chomhairleach, Coláiste Dhaibhre, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí.
Teil: 023 33118 Facs: 023 34449

AONAD CHEANTAR DHÚN NA nGALL

OIFIGÍ: Teagasc, Bealach Féich, Co. Dhún na nGall *[Ceanncheathrú]*
Teil: 074 9131189/9131520/9131733 Facs: 074 9132062

Teagasc, Carnamuggagh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Teil: 074 9121555/9121595/9121053 Facs: 074 9126659

Teagasc, An Dúnán, Dún na nGall.
Teil: 074 9721231 Facs: 074 9721918

Teagasc, Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Mhalainn, Carn Domhnaigh, Co. Dhún na nGall.
Teil: 074 9373700 Facs: 074 9374233

AONAD CHEANTAR NA GAILLIMHE

OIFIGÍ: Teagasc, Ionad Acmhainne, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 091 845800 Facs: 091 845830

Teagasc, Páirc Mhiondíola Terryland, Bóthar Átha Chinn, Gaillimh.
Teil: 091 562101 Facs: 091 561353.

Teagasc, f./ch M Keady, An Chearnóg, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe.
Teil: 093 35563 Facs: 093 35210

Teagasc, Páirc an Fhia, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.
Teil: 090 9642456 Facs: 090 9642973

Teagasc, Sráid Bhreandán, Port Omna, Co. na Gaillimhe.
Teil: 090 9741124/41369 Facs: 090 9741118

Teagasc, Bóthar Bhaile Átha Cliath Uachtarach, Tuaim, Co. na Gaillimhe.
Teil: 093 28123 Facs: 093 28895

AONAD CHEANTAR CHIARRAÍ

OIFIGÍ: Teagasc, An Pailliún, Páirc Aibhistín de Staic, Trá Lí, Co. Chiarraí. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 066 7125077 Facs: 066 7125558

Teagasc, Clieveragh, Lios Tuathail, Co. Chiarraí.
Teil: 068 21266/21792 Facs: 068 22700

Teagasc, Cleeney, Cill Airne, Co. Chiarraí.
Teil: 064 32344/32345 Facs: 064 32366

Teagasc, An Teach Cúirte, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí.
Teil: 066 9472452. Facs: 066 9472937

AONAD CHEANTAR CHILL CHAINNIGH/PHORT LÁIRGE

OIFIGÍ: Teagasc, Bóthar Cheanannais, Cill Chainnigh. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 056 7721153 Facs: 056 7721852

Teagasc, Muileann an Bhata, Co. Chill Chainnigh.
Teil: 051 898137 Facs: 051 898204

Teagasc, An Seandún, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.
Teil: 058 41211/41265 Facs: 058 43551

Teagasc, An tSráid Mhór Thiar, Lios Mór, Co. Phort Láirge.
Teil: 058 54181/54489 Facs: 058 53522

Teagasc, Aonad 101, Ionad Fiontraíochta Dhún Aill, Dún Aill, Co. Phort Láirge.
Teil: 051 396688 Facs: 051 396522

AONAD CHEANTAR LAOISE/CHILL DARA

OIFIGÍ: Teagasc, 1 Bailtíní na Páirce, Port Laoise, Co. Laoise. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 057 8621326/8621507 Facs: 057 8622974

Teagasc, Knockiel, Rath an Domhnaigh, Co. Laoise.
Teil: 0505 46451/46169 Facs: 0505 46601

Teagasc, Bóthar na Mainistreach, An Nás, Co. Chill Dara.
Teil: 045 879203/897205 Facs: 045 879093

Teagasc, Rathstewart, Baile Átha Í, Co. Chill Dara.
Teil: 059 8631719/8631710/8631256 Facs: 059 8639261

AONAD CHEANTAR LUIMNIGH

OIFIGÍ: Teagasc, Sráid Phairnéil, Luimneach. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 061 415922 Facs: 061 310835

Teagasc, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh.
Teil: 063 98039 Facs: 063 98580

Teagasc, An Gort Buí, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh.
Teil: 069 61444 Facs: 069 61094

AONAD CHEANTAR MHAIGH EO

OIFIGÍ: Teagasc, Teach Michael Davitt, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 094 9021944/9021132 Facs: 094 9024572

Teagasc, Bóthar Bunree, Ard na Ria, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 096 22335/22077 Facs: 096 71188

Teagasc, Bóthar an Phoirt Nua, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 098 28333/28334 Facs: 098 27295

Teagasc, Bóthar na Mainistreach, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 094 9541125/9541342 Facs: 094 9541869

Teagasc, Bóthar Shéamais Íochtarach, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 094 9371360/9371434 Facs: 094 9371913

Teagasc, Sráid an Droichid, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 094 9251157 Facs: 094 9252305

Teagasc, Bóthar an Chladaigh, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 097 81104 Facs: 097 82302

AONAD CHEANTAR NA MÍ/BHAILE ÁTHA CLIATH/LÚ

OIFIGÍ: Teagasc, Bóthar Cheanannais, An Uaimh, Co. na Mí. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 046 9021792/9021793 Facs: 046 9022811

Teagasc, Gort na Sailí, Bóthar na hUaimhe, Na Cealla, Co. na Mí.
Teil: 046 9240039/9240895 Facs: 046 9240312

Teagasc, Oifig Chomhairleach na Gráinsí, An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co. na Mí.
Teil: 046 9025214 Facs: 046 9026154

Teagasc, Oifig Chomhairleach Bhaile Átha Cliath, Ionad Cheann Sáile,
Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17.
Teil: 01 8460644 Facs: 01 8461218

Teagasc, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Co Lú.
Teil: 042 9332263 Facs: 042 9332316

Teagasc, Bóthar na Sláine, Droichead Átha, Co. Lú.
Teil: 041 9833006 Facs: 041 9838024

OIFIG CHEANTAR ROS COMÁIN/AN LONGFOIRT

OIFIGÍ: Teagasc, Sráid na Mainistreach, Ros Comáin. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 090 6626166 Facs: 090 6625494

Teagasc, Sráid Naomh Pádraig, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin.
Teil: 094 9620160/9620486 Facs: 094 9620917

Teagasc, Bóthar na hArmlainne, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin.
Teil: 090 6494109 Facs: 090 6494636

Teagasc, An Corrán, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin.
Teil: 071 9662189 Facs: 071 9662586

Teagasc, Lár an Bhaile, An Longfort.
Teil: 043 410214 Facs: 043 41025

AONAD CHEANTAR SHLIGIGH/LIATROMA

OIFIGÍ: Teagasc, Cois Abhann, Sligeach. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 071 9142286/9145903 Facs: 071 9142677

Teagasc, Ceathrú na Neanta, Baile an Mhóta, Co. Shligigh.
Teil: 071 9183369/9183101 Facs: 071 9183246

Teagasc, Sráid an Droichid, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma.
Teil: 071 9620028 Facs: 071 9621363

Teagasc, Sráid an Chnoic, Maothail, Co. Liatroma.
Teil: 071 9631076 Facs: 071 9631989

Teagasc, Bóthar Shligigh, Cluainín, Co. Liatroma.
Teil: 071 9855107 Facs: 071 9856151

AONAD CHEANTAR THIOBRAID ÁRANN

OIFIGÍ: Teagasc, An Carraigín, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 052 21300/21548 Facs: 052 21199

Teagasc, Bóthar an Dáibhisigh, Tiobraid Árann.
Teil: 062 51844/51845/31003 Facs: 062 51180

Teagasc, Bóthar na Dromann, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.
Teil: 067 31225/31821/31370 Facs: 067 31130

Teagasc, Castlemeadows, Durlas, Co. Thiobraid Árann.
Teil: 0504 21777/21091 Facs: 0504 21405

AONAD CHEANTAR NA HIARMHÍ/UÍBH FHAILÍ

OIFIGÍ: Teagasc, Bellview, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 044 40721 Facs: 044 40327

Teagasc, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Móta, Co na hIarmhí.
Teil: 090 6481167 Facs: 0902 6482085

Teagasc, Cluain Minse, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
Teil: 057 9321405/9321008 Facs: 057 9321659

Teagasc, Teach Naomh Breandán, Meal Bhaile na Lochlannach, Biorra, Co Uíbh Fhailí.
Teil: 057 9120284/20285/20286/20932 Facs: 057 9121630

AONAD CHEANTAR LOCH GARMAN

OIFIGÍ: Teagasc, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. *[Ceanncheathrú]*
Teil: 054 39210 Facs: 054 33830

Teagasc, Ionad Comhairleoireachta & Oiliúna, Caisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman.
Teil: 053 71350 Facs: 053 45880

Teagasc, Páirc an Bharóidigh, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman.
Teil: 051 426430 Facs: 051 425490

Teagasc, Showgrounds, Guaire, Co. Loch Garman.
Teil: 055 21333 Facs: 055 21548

AONAD CHEANTAR CHILL MHANTÁIN/CHEATHARLACH

OIFIGÍ: Teagasc, Coolruss, Tigh na hÉille, Co. Chill Mhantáin *[Ceanncheathrú]*
Teil: 0402 38171/38233 Facs: 0402 38640

Teagasc, Bóthar Kiltegan, Bealach Conglais, Co. Chill Mhantáin.
Teil: 059 6481200 Facs: 059 6481432

Teagasc, Aonad 4B, The Anchorage, Cé Thuaidh, Baile Chill Mhantáin.
Teil: 0404 60195/60196/60197 Facs: 0404 69898

Teagasc, The Green, An Tulach, Co. Cheatharlach.
Teil: 059 9151210/9151301 Facs: 059 9151931

Teagasc, Sráid Bhairéid, Muine Bheag, Co. Cheatharlach.
Teil: 059 9721267/9721305 Facs: 059 9721537

NÓTAÍ

NÓTAÍ

Department of
Agriculture, Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia